




Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Tuarascáil Bhliantúil 2020 agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2020-2021



Clár na nÁbhar

Forléargas ar an mBanc Ceannais.....	2
Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2020.....	12
Cuid 2: Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2020 – 2021.....	86
Gluais.....	128
Cuid 3: Oibríochtaí Airgeadais.....	131

Cé muid féin, cad a dhéanaimid, & conas a dhéanaimid é.

Is muidne banc ceannais na hÉireann agus táimid freagrach as cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá **cosaint daoine** i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre. Socraímid caighdeáin chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomhforfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córais íocaíochta na hÉireann agus as airgeadra na tíre a sholáthar.

Is í **an fhís atá againn** go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

Creidimid go diongbháilte i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus **tá an-dóchas againn astu**. Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú chun muid a neartú mar dhaoine agus mar eagraíocht. Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá **ár luachanna** mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:



Ionracas agus bá, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;



Misneach agus umhlaíocht, sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;



Obair foirne agus sármhaitheas, sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea **leas mhuintir na hÉireann**.

Is muidne **Banc Ceannais na hÉireann**.



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Ár Luachanna

Tá ár luachanna mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbíimid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal.



Ionracas & Bá

sa chaoi go ndéanfaimid an rud ceart, go ndéanfaimid beart de réir ár mbriathair & go mbeidh bá againn le daoine



Misneach & Umhlaíocht

sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe & go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim



Obair Foirne & Sármhaitheas

sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh & trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach

“”

An Gobharnóir
Gabriel Makhlouf



Réamhrá ón nGobharnóir

Sa Tuarascáil Bhliantúil agus sa Ráiteas Feidhmíochta seo, breathnaítear ar ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais sa bhliain 2020, bliain urghnách d'Éirinn agus don chuid eile den domhan.

Ní fhacthas géarchéim amhail an ghéarchéim a bhí le sárú againn go léir anuraidh riamh roimhe, agus roghnaigh rialtais a gcuid geilleagar a “dhúnadh síos” i bhfianaise na paidéime. Ba thréimhse mhíshocair agus éiginnte í do dhaoine ar fud na tíre.

Is í an tosaíocht le linn na paidéime seo saoránaigh a chosaint, agus bíonn cosaint daoine i gcroílár gach a ndéanaimid sa Bhanc Ceannais. Is é ár misean cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chosaint agus a chinntiú go bhfeidhmíonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne. Mar a dúirt mé i réamhrá na bliana seo caite – frása a fuarthas ónár reachtaíocht bhunaidh – “is é leas an phobail i gcoitinne is príomhchuspóir buan” don Bhanc Ceannais.

Leagtar amach sa tuarascáil seo gníomhartha fhoireann an Bhainc Ceannais mar fhreagairt ar an ngéarchéim chomh maith lenár gcuid obair leanúnach chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras airgeadais. Ar ndóigh, ní oibrímid inár n-aonar, oibrímid i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe intíre agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, chun tomhaltóirí, teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint.

Ba é anuraidh an dara bliain as na trí bliana a chlúdaítear faoinár bPlean Straitéiseach is déanaí (2019-2021). Cé gur athraigh an phaindéim an comhthéacs ó tugadh an plean chun críche sa bhliain 2018, leanamar orainn ag seachadadh ár gcúig phríomhthéama: athléimneacht a neartú, cosaint tomhaltóirí a neartú, cumas eagraíochtúil a fheabhsú, rannpháirtíocht agus tionchar, agus Brexit.

Ar ndóigh, ba théama thar a bheith tábhachtach é an athléimneacht anuraidh agus dhíríomar ar a chinntiú go raibh an córas airgeadais in ann turraing COVID-19 a mhaolú in ionad é a mhéadú, agus go mbeadh sé réidh freisin chun tacú leis an téarnamh. D'oibríomar chun tionchair mhacra-airgeadais na géarchéime a thuiscint, mar aon le hathléimneacht airgeadais agus oibríochtúil agus cumas téarnaimh gnólachtaí, cistí agus margaí rialáilte. D'fhorbair muid sraith nua táscairí chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar a raibh ar siúl sa gheilleagar. Rinneamar an méid sin fad a bhí rioscaí don chóras airgeadais a mbainistiú againn freisin le linn na hidirthréimhse tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ag deireadh mhí Eanáir 2020.

Tá sainordú leathan ag an mBanc Ceannais agus tá ár bhfreagrachtaí fite fuaite ina chéile. An chuid is mó de na réimsí a bhfuilimid freagrach astu – ar nós chóras íocaíochtaí na hÉireann nó anailís eacnamaíoch agus staidreamh a sholáthar nó rialáil na mbanc – idirghníomhaíonn siad lena chéile. Ach is é an téama comhsheasmhach i ngach ceann acu "leas an phobail i gcoitinne"; is cuma cé acu atá ann – ár dtaighde nó ár gcóid reachtúla iompair, cumhachtaí sásaimh agus gníomhartha forfheidhmiúcháin nó cobhsaíocht praghsanna a chinntiú, institiúidí airgeadais athléimneacha agus rialacha macrastuamachta oiriúnach don fheidhm, baineann siad go léir le daoine a chosaint. Agus chun go gcuirfear iad i gcríoch go maith, ní mór dúinn teagmháil a dhéanamh leis an bpobal ina iomláine.

Tá dea-rannpháirtíocht le daoine agus le gnólachtaí ar fud na tíre mar thosaíocht agam ó ceapadh mé i mo Ghobharnóir. Leanamar orainn ag cur lenár rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara anuraidh, agus ghlacamar páirt in imeachtaí (fíorúla den chuid is mó) ar fud na tíre, d'éisteamar le réimse tuairimí agus d'fhoghlaimíomar ó dhearcthaí éagsúla ar nós cruinnithe le comhlachais tráchtála ar fud na tíre agus plé le comhlachtaí na sochaí sibhialta. Sheolamar comhairliúchán níos luaithe i mbliana a bhfuil sé mar aidhm aige cur leis na heispéiris sin trí rannpháirtíocht níos struchtúrtha.

Dála go leor eagraíochtaí eile, bhí an t-aistriú chuig cianobair i mí an Mhárta 2020 ina dhúshlán dár gcumas, dár gcultúr agus dár n-acmhainní. Táim thar a bheith bródúil as an gcaoi ar fhreagair ár bhfoireann. Léirigh an bhliain seo caite, trí thurgnamh nádúrtha gan choinne, na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcianobair rialta ar scála an-mhór ar feadh tréimhse fhada ama. Is léir na tairbhí (solúbthacht níos mó do dhaoine aonair agus gan comaitéireacht a bheith riachtanach); mar sin féin, níl an tionchar chomh soiléir céanna ó thaobh an chomhoibrithe, comhroinnt eolais agus forbairt chaipiteal sóisialta agus intleachtúil na heagraíochta – rudaí a mbíonn tionchar acu ar éifeachtacht fhadtéarmach. Ach is léir go mbeidh an obair sa todhchaí dhifriúil. Agus amach anseo, beidh ár luachanna nuachinntithe – ionracas agus cúram, misneach agus umhlaíocht, obair foirne agus sármhaitheas – fós mar bhonn agus mar thaca ag an gcaoi a n-oibrímid, rud a léiríonn ár mianta dúinn féin agus don phobal.

Beidh an bhliain 2021 chomh dúshlánach agus chomh gnóthach céanna. Leanfaimid orainn ag obair lenár gcomhghleacaithe san Eoraip agus níos faide i gcéin chun creat macrastuamachta níos cuimsithí a fhorbairt agus a oibríochtú, lena n-áirítear le haghaidh maoiniú margadhbhunaithe. Ag an BCE, cuirfimid ár n-athbhreithniú i gcrích chun a chinntiú go bhfuil straitéis ár mbeartais airgeadaíochta oiriúnach don fheidhm, agus déanfaimid cinneadh freisin maidir leis na chéad chéimeanna eile i bhforbairt an euro dhigitigh. Agus ar ndóigh, déanfaimid ár bpáirt maidir le dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide, mar shampla inár ngníomhartha féin, chomh maith lenár sainordú a chomhlíonadh chun a chinntiú go mbeidh an córas airgeadais athléimneach i gcoinne rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus réidh chun tacú leis an aistriú chuig domhan níos inbhuanaithe.

Garsprioc thar a bheith tábhachtach a bheidh i bhforbairt ár bplean straitéisigh nua i mbliana. Tá na dúshláin atá romhainn casta – do gheilleagair i gcoitinne agus do chórais airgeadais go háirithe. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfoghlaimímid ceachtanna ón am atá thart agus muid ag obair chun an meascán is fearr beartais agus rialála a fhorbairt le haghaidh cobhsú maicreacnamaíoch i dtodhchaí dhifriúil.

Ar deireadh, tháinig athruithe ar bhallraíocht Choimisiún an Bhainc Ceannais anuraidh. D'fhágamar slán ag John FitzGerald agus Alan Ahearne agus chuireamar fáilte roimh Shay Cody, Sarah Keane agus David Miles. Táim ag tnúth le bheith ag obair leo agus le comhghleacaithe ar fud an Bhainc Ceannais chun ár bhfís a chur i bhfeidhm – is é sin muinín ag an bpobal asainn, meas ag ár bpiaraí orainn agus ionad oibre sásúil dár bhfoireann.

Ag an mBanc Ceannais, ní féidir linn ár misean a fhíorú ach amháin trínár bhfoireann. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo as a gcuid dúthrachta agus as a dtiomantas freastal ar an bpobal le linn bliana a bhí urghnách.



Gabriel Makhoul
An Gobharnóir
XX Aibreán 2021

Súil Siar ar 2020

Cobhsaíocht Airgeadais

Bearta morgáiste gan athrú

Cúlchiste Fritimthriallach (CCyB) laghdaithe ó

1% to 0%

Míniú ar an obair a dhéanaimid

840,000

amharc ar ár sraith físeán COVID-19

331

Cheist Pharlaiminteach faighte

11,600

ceist ón bpobal trínár líne chabhrach do thomhaltóirí

Daoine

Ag deireadh 2020, ba é

2,021.3

coibhéis fostaithe lánaimseartha

Beartas Airgeadaíochta

Bhí príomhrátaí úis BCE íseal in 2020

Bhunaigh BCE Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime,

€1,850bn

san iomlán go dtí Márta 2022 ar a laghad

247

n-oibríocht chun leachtacht a sholáthar

Íocaíochtaí

741,427

n-idirbheart próiseáilte ag TARGET2-Ireland

Anailís Eacnamaíoch

Sheolamar

6

chleachtadh um réamhaisnéisiú maicreacnamaíoch agus d'fhoilsíomar

15

Litir Eacnamaíoch

10

Nóta Cobhsaíochta Airgeadais

13

Pháipéar Theicniúla Taighde

An Príomh-Chlár Creidmheasa

1.7m

tuarascáil chreidmheasa iarrtha ag iasachtóirí

15.7k

tuarascáil chreidmheasa tugtha d'iasachtaithe

Maoirseacht

3,569

ngnólacht rialáilte san iomlán, seachas cistí

Úsáid Fuinnimh & an Comhshaol

Laghdú

62%

ar fhuinneamh ó 2009 i leith (chun tosaigh ar an sprioc de 33%)

Laghdú

54%

ar astaíochtaí carbóin ó 2015 i leith (chun tosaigh ar an sprioc de 50%)

Forfheidhmiú

€24.6m

i bhfíneálacha forfheidhmiúcháin

86

fhógra rabhaidh foilsithe

1

fhiosrúchán tugtha chun críche

202

nochtadh cosanta

Nuálaíocht Airgeadais

90

rannpháirtíocht tríd an Mol Nuálaíochta

Idirbhearta Rialála

37,834

thuairisceán rialála

3,553

iarratas ar Fheidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach measúnaithe

Cúrsaí Pobail

Obair dheonach fhíorúil le príomhpháirtithe leasmhara:

- Junior Achievement Ireland
- Tionscnamh na Luathfhoghlama
- Temple Bar Gallery + Studios

180

beartán bia tugtha amach do dhaoine gan dídean ó mhí na Nollag

Coimisiún an Bhainc Ceannais



Gabriel Makhoul*
Gobharnóir an
Bhainc Ceannais
(Cathaoirleach)



Patricia Byron
Athcheaptha
Eanáir 2019 go ceann 5
bliana



Shay Cody
Ceaptha
Nollaig 2020 go ceann
5 bliana




Sharon Donnery*
Leas-Gobharnóir
Baincéireacht
Cheannais




Sarah Keane
Ceaptha
Nollaig 2020 go ceann
5 bliana



David Miles
Ceaptha
Nollaig 2020 go ceann
5 bliana




Niamh Moloney
Ceaptha
MF 2018 go ceann 5
bliana



Derek Moran*
Ard-Rúnaí
na Roinne
Airgeadais



Ed Sibley*
Leas-Gobharnóir
Rialáil Stiuamachta



John Trethowan
Ceaptha
MF 2018 go ceann 5
bliana




Neil Whoriskey
Rúnaí
an Bhainc Ceannais

* Comhalta ex-officio

Is é an tAire Airgeadais a cheapann na comhaltaí eile go léir den Choimisiún

Cairt Eagraíochta



* Ex-officio.

*Tuarasciú an Rannáin um Inléigheacht Imheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuairiscíonn sé don Stiúrthóir ar Straitéis & Rialachas ach amháin i ndáil le nithe riaracháin nó buiséidacha.

x Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Beartas & Riosca le hobair an dá phléir ar aird an Airgeadais (chun críocha riaracháin).

Cuid 1:
**Tuarascáil
Bhliantúil 2020**

Clár na nÁbhar

Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2020 13

2020: Sracfhéachaint ar an mBanc Ceannais 13

2020: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann 15

Caibidil 1: Athbhreithniú ar 2020 19

Athléimneacht a Neartú 19

Brexit 32

Cosaint Tomhaltóirí a Neartú 32

Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt 39

Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú 44

Caibidil 2: Ár bhFreagrachtaí Reachtúla a Chomhlíonadh 49

Cobhsaíocht Praghsanna 48

Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh 54

Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra 57

Caibidil 3: Ag Tacú lenár nEagraíocht 65

Teicneolaíocht 65

Cumarsáid 66

Freagracht Shóisialta Chorporáideach 67

Dlí 68

Áitribh agus Saoráidí 69


Punann Infheistíochta a Bhainistiú 71

Caibidil 4: Ráiteas ó Iniúchóireacht Inmheánach 77

Caibidil 5: Rialachas 79

Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2020

2020: Sracfhéachaint ar an mBanc Ceannais



190

MILLIÚN NÓTA &



52

MILLIÚN BONN
EISITHE IN 2020


665.7

MILLIÚN IN
IONCAM BARRACHAIS
ÍOCHTA LEIS AN
STÁTCHISTE
IN 2020


141.5

BILLIÚN I
SÓCMHAINNÍ
IOMLÁNA IN 2020

2020: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do laghdaithe, d'urrúsú, agus d'aistrithe chuig GNBS, etc.

Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe Náisiúnta


Athrú Céatadánach Bliantúil



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh


Fiachas Rialtais Ghinearálta agus Bun-larmhéid Rialtais Ghinearálta (mar % den Ollioncam Náisiúnta)


Fiachas Rialtais Ghinearálta (ar dheis) — Bun-larmhéid Rialtais Ghinearálta (ar chlé)



Foinse: An Roinn Airgeadais, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Banc Ceannais na hÉireann
Seasann e do mheastachán

Ráta Dífhostaíochta






Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta: Is ionann na sonraí do 2020 agus an meán do na chéad 3 ráithe de 2020.

Nóta: Úsáidtear OTI go minic mar athróg ionadach ar chumas teaghlach agus gnóthaí fiachas a aisíoc ach mar gheall ar shaobhadh a chruthaítear le fiontair ilnáisiúnta, tá seans ann nach léireofar é sin go beacht in OTI na hÉireann. Cé go ndéantar OIN* a choigeartú i leith saofa ó fhiontair ilnáisiúnta i dtéarmaí ioncaim (ainmneoir), tá fiachas na hearnála príobháidí (uimhreoir) in Éirinn á shaobhadh go mór ag fiontair ilnáisiúnta freisin, agus ní dhéantar coigeartú ina leith sin




Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta: Is ionann na sonraí do 2020 agus an meán do na chéad 3 ráithe de 2020.



Caibidil 1: **Athbhreithniú ar 2020**

Caibidil 1: Athbhreithniú ar 2020



Athléimneacht a Neartú

Is é aidhm an Bhainc Ceannais a chinntiú gur fearr atá an córas airgeadais in ann turraingí seachtracha agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh. Is í an athléimneacht an rud a chabhraíonn le pobail an saobhadh a éiríonn as athrú, mar aon leis na haistrithe eacnamaíocha ina mairimid sa lá atá inniu ann a bhainistiú. Sa bhliain 2020, ba í an athléimneacht an rud a chosain teaghlaigh, gnólachtaí agus pobail i gcoinne na ngnéithe ba mheasa de ghéarchéim COVID-19. Mar fhreagra ar an bpaindéim, ghníomhaigh an Banc Ceannais go tapa chun a chuid oibre a athdhíriú ar athléimneacht. Bhunaíomar Tascfhórsa Covid-19, a thug tús áite do shruthanna oibre ar rioscaí airgeadais agus oibriúcháin do ghnólachtaí agus d'earnálacha, ar chosaint tomhaltóirí, agus ar chobhsaíocht an chórais airgeadais i gcoitinne agus chomhordaigh sé freagairt bheartas foriomlán an Bhainc Ceannais i dtaca leis an bpaindéim, ag iarraidh a chinntiú gur lean an córas airgeadais air ag freastal ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí.

Cobhsaíocht Airgeadais

Féachann gníomhartha beartais an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear gníomhartha beartais macrastuamachta, chuige go gcinntítear go bhfuil an córas airgeadais athléimneach, i.e., gur féidir leis seirbhísí a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí Éireannacha, i ndea-thréimhsí agus i ndrochthréimhsí araon. Sa bhliain 2020, bhí an córas baincéireachta in ann éifeachtaí COVID-19 a mhaolú in ionad iad a mhéadú. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh mar gheall ar an athléimneacht atá forbartha ag an gcóras ón ngéarchéim airgeadais dhomhanda i leith, in éineacht le gníomhartha beartais tacúla a rinneadh sa bhliain 2020 (féach Bosca 2).

Toradh Inmhianaithe:

Gur fearr a láimhseálann an córas airgeadais turraingí seachtracha agus géarchéimeanna sa todhchaí.

Taighde agus Foilseacháin maidir le Cobhsaíocht Airgeadais

D'fhoilsigh an Banc Ceannais dhá Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais (FSRs) sa bhliain 2020.¹ Déanann an FSR measúnú ar na príomhrioscaí a bhaineann leis an gcóras airgeadais agus déanann sé measúnú ar athléimneacht an chórais airgeadais i gcoinne na rioscaí sin. Tá an Banc Ceannais tiomanta don trédhearcacht i leith a chuid breithiúnas i dtaca le cobhsaíocht airgeadais. San fhoilseachán seo, míníonn an Banc Ceannais na gníomhartha beartais a dhéantar, laistigh dá shainordú, chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint.

Áiríodh leis an dara FSR sa bhliain 2020, a foilsíodh i mí na Nollag, measúnú réamhbhreathnaitheach ar athléimneacht earnáil baincéireachta na hÉireann i gcásanna difriúla maicreacnamaíocha. Ba é tátal an mheasúnaithe gur leor ina hiomláine acmhainneacht mhaolaithe chaillteanais an chórais bhainc chun turraingí a mhaolú, a bhí níos measa ó thaobh acmhainní de ná na réamh-mheastacháin bhonnlíne mhacra-airgeadais a rinneadh ag tráth na tuairisce. Mar sin féin, ní raibh an acmhainn mhaolaithe chaillteanais sin gan teorainn, agus ba cheart d'iasachtóirí ullmhú le haghaidh réimse leathan torthaí féideartha, i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le toradh macra-airgeadais i gcomhthéacs na paindéime.

Foilsíodh eagrán speisialta de [Tuarascáil Margaidh na bhFiontar Beag agus Meánmhéide \(FBManna\) 2020](#) i mí Iúil. Sa tuarascáil sin, míníodh an comhthéacs, agus cuireadh eolas tráthúil agus athbhreithniú ar fáil, maidir leis na dúshláin a bhí ann do FBManna na hÉireann mar gheall ar COVID-19. Agus an bhéim arís ar COVID-19, d'fhoilsigh an Banc Ceannais tuarascáil [Margadh Creidmheasa Teaghlaigh 2020](#) i mí Dheireadh Fómhair.

Sa bhliain 2020, lean an Banc Ceannais dá chumarsáid ar ábhair a bhain le cobhsaíocht airgeadais, agus trédhearcacht ina leith, trí shraith Nótaí ar Chobhsaíocht Airgeadais a fhoilsiú. Ba é impleachtaí COVID-19 ar athléimneacht teaghlach, gnólachtaí, banc agus margáí an ghné ba shuntasáí sna topaicí a clúdaíodh sna Nótaí sin.

Maoiniú Margadhbhunaithe

In FSR mhí na Nollag 2020, tugtar forbheathnú ar na rioscaí intíre a d'fhéadfadh teacht as an earnáil airgeadais mhargadhbhunaithe.

I gcomparáid le méid an gheilleagair, tá ceann de na hearnálacha airgeadais margadhbhunaithe is mó ar domhan in Éirinn. Bíonn fócas idirnáisiúnta ag na heintitis sin de ghnáth, ach bíonn nascthaí tábhachtacha intíre acu. Sa chomhthéacs seo, aithníonn an Banc Ceannais gur gá na gníomhartha san

¹ [Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2020 I](#) agus [Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2020 II](#)

earnáil seo a thuiscint agus anailís a dhéanamh orthu chun cur leis an gcobhsaíocht airgeadais dhomhanda. Áirítear orthu sin, rannchuidiú le tionscnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh agus le tionscnaimh dhomhanda a dhíríonn ar athléimneacht an airgeadais mhargadhbhunaithe a neartú, tríd an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (ESRB), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB). Rinne an Banc Ceannais méid suntasach oibre go hidirnáisiúnta ar na 'ceachtanna a foghlaimíodh' ó ghéarchéim COVID-19 agus ar athléimneacht na hearnála airgeadais margadhbhunaithe (go háirithe cistí margadh airgid agus cistí eile neamhiata le tréimhsí gearra fuascailte agus neamhchosaint ar líon níos lú sócmhainní leachtachta) (féach Bosca 7).

Ina cháil mar bhall de Ghrúpa Saineolaithe Faireacháin Neamhbhainc (NMEG) an FSB, chuidigh an Banc Ceannais le tuarascáil bhliantúil an FSB i leith faireachán domhanda ar idirghabháil airgeadais neamhbhainc (IANB), a foilsíodh i mí Eanáir 2021.² Déantar measúnacht sa tuarascáil ar na treochtaí agus ar na rioscaí domhanda a bhaineann le hidirghabháil airgeadais neamhbhainc. Tá an luach atá ar shócmhainní institiúidí airgeadais eile na hÉireann (nach bainc iad den chuid is mó lena n-eisiatar corparáidí árachais agus cistí pinsin) tá sé 22 uair níos mó ná an tOllioncam Náisiúnta a fhágann Éire sa tríú háit i rangú na 29 dlínse a ndéantar faireachán orthu.

Bosca 1: Freagra an Bhainc Ceannais ar COVID-19

Nuair a cuireadh tús le paindéim COVID-19 go luath sa bhliain 2020 – agus mar gheall ar na bearta riachtanacha chun an tsláinte phoiblí a chosaint – chonacthas saobhadh gan fasach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar fud an domhain agus in Éirinn araon.

Sa bhliain 2020, dhírigh an Banc Ceannais ar láimhseáil éifeachtaí láithreacha agus fadtéarmacha COVID-19 ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais agus ar thomhaltóirí. Ba mhian linn a chinntiú gur fearr is féidir leis an gcóras airgeadais éifeachtaí COVID-19 a mhaolú, seachas a mhéadú, agus go leanann sé air ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí le linn na tréimhse deacra seo.

² Cuimsíonn beart cúnng NBFI an FSB foshraith d'eintitis na hearnála a bhfuil measúnú déanta ag na húdaráis orthu mar eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí idirghabhála creidmheasa a d'fhéadfadh a bheith ina rioscaí cobhsaíochta airgeadais den chineál céanna a bhíonn ag bainc (i.e. idirghabháil chreidmheasa lena mbaineann claochlú aibíochta/leachtachta, gearáil nó aistriú riosca creidmheasa neamhfhoirfe) agus/nó arbatráiste rialála, de réir na teorach modheolaíochta agus aicmithe a úsáidtear i gcleachtadh bliantúil faireacháin an FBS. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar <https://www.fsb.org/wp-content/uploads/P161220.pdf>

I mí an Mhárta 2020, thionscain an Banc Ceannais a chuid socruithe bainistíochta géarchéime agus bhunaigh sé Tascfhórsa COVID-19 um Fhreagairt ar Ghéarchéim (Tascfhórsa COVID-19). Déanann an Tascfhórsa maoirseacht ar fhreagairt an Bhainc Ceannais ar COVID-19, i ngach réimse dá shainordú. Le bliain anuas, dhírigh an Tascfhórsa ar na réimsí seo a leanas.

- **Tionchar macra-airgeadais COVID-19:** Cur lenár gcuid tuisceana ar thionchar agus ar fhorbairt na turrainge ar an ngeilleagar de réir mar a leanann an phaindéim ar aghaidh, lena n-áirítear tionchar na srianta sláinte agus na dtacaí rialtais. Dhírigh ár gcuid oibre freisin ar fhaireachán fíor-ama ar fhorbairtí i margaí creidmheasa intíre chun tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairt an tsoláthair chreidmheasa agus an éilimh chreidmheasa. Chuir an obair seo bonn eolais faoi fhreagairtí beartais macrastuamachta an Bhainc Ceannais ar thurraing COVID-19 (féach Bosca 10).
- **Athléimneacht airgeadais agus cumas téarnaimh gnólachtaí rialáilte:** Dlúthfhaireachán a dhéanamh ar staid airgeadais gnólachtaí rialáilte agus feabhas a chur ar ullmhacht an Bhainc Ceannais gníomhú más gá. I bhfianaise na héiginnteachta maidir leis an ionchas macra-airgeadais, chlúdaigh ár gcuid oibre réimse iarmhairtí gearrthéarmacha ar staid airgeadais gnólachtaí rialáilte, chomh maith le measúnú réamhbhreathnaitheach ar staid airgeadais na hearnála baincéireachta agus na hearnála árachais faoi chásanna macra-airgeadais féideartha éagsúla. Rinneamar dlúth-theagmháil le gnólachtaí maidir lena measúnú féin ar thionchar na paindéime agus ar a n-ullmhacht a fheabhsú tuilleadh chun freagairt do thurraingí a d'fhéadfadh a bheith ann.
- **Athléimneacht oibríochtúil an chórais airgeadais:** Teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí maidir le socruithe teagmhasacha COVID-19 chun leanúnachas oibríochtúil seirbhísí airgeadais a chinntiú, ón gcéad dianghlasáil i mí an Mhárta agus ó oscailtí agus srianta ina dhiaidh sin. Oibriú le príomhghnólachtaí chun a chinntiú go bhfuil tuiscint níos fearr acu ar na hionchuir agus ar na próisis ó cheann go ceann dá mórseirbhísí gnó agus chun a chinntiú gur féidir leo teipeanna agus príomhrioscaí a aithint (e.g. cibear-rioscaí breise a bhaineann le hobair chianda) agus acmhainní a dhíriú chun dul i ngleic leo sin.
- **Faireachán ar mhargaí agus tionchar na turrainge ar earnáil na gcistí:** Measúnú a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar mhargaí agus ar chistí in Éirinn agus dul i dteagmháil le cistí chun a n-ullmhacht féin do shuaití amach anseo a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú leachtachta. Ár dtuiscint a fhorbairt ar an tionchar a bhí ag iompraíocht earnáil na

gcistí le linn na tréimhse ba mheasa de COVID-19 ar fheidhmiú an mhargaidh agus, ar a bharr sin, cur le tionscnaimh Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le forbairtí beartais COVID-19 i gcistí (féach Bosca 7).

- **Fiachas Anásta (lena n-áirítear sosanna íocaíochta):** A chinntiú go gcuireann gnólachtaí tacaí oiriúnacha i bhfeidhm chun cabhrú le hiasachtaithe a mbíonn turraingí ioncaim ag cur isteach orthu de bharr na paindéime agus go leanann iasachtóirí orthu ag iarraidh réiteach a fháil ar iasachtaí atá i riaráiste fadtéarmach cheana féin ar bhonn inbhuanaithe. Ár n-ionchais maidir leis an gcaoi ar chóir caitheamh le hiasachtaithe a shoiléiriú agus conas ba chóir d'iasachtóirí dul i dteagmháil le hiasachtaithe chun a chinntiú go gcuirtear in áit réitigh atá iomchuí agus saincheaptha do dhálaí an iasachtaí. Dul i dteagmháil le réimse páirtithe leasmhara tomhaltóra, gnó agus tionscail agus éisteacht go haireach le hionadaithe iasachtaithe de réir mar dhéanaimid dul chun cinn lenár gcuid oibre.
- **Árachas in aghaidh Briseadh Gnó:** Obair a dhéanamh chun a chinntiú go gcaitheann gnólachtaí a sholáthraíonn árachas in aghaidh briseadh gnó go cothrom lena gcuid custaiméirí, lena n-áirítear creat maoirseachta a fhoilsiú ina leagfar amach ár n-ionchas i leith árachóirí agus ár straitéis mhéadúcháin. Dul i dteagmháil le gnólachtaí a sholáthraíonn árachas in aghaidh briseadh gnó maidir lena bpleananna chun custaiméirí a chúiteamh de réir na socruithe beartais agus ag cur cinntí cúirte san áireamh.
- **Solúbthacht rialála agus oibríochtúil do ghnólachtaí i gcomhthéacs COVID-19:** Creat comhsheasmhach trasearnála a bhunú le haghaidh solúbthacht rialála agus oibríochtúil do ghnólachtaí, lena n-áirítear ceanglais stuamachta agus tuairiscithe, chun go mbeidh gnólachtaí rialáilte in ann tosaíocht a thabhairt dá gcustaiméirí le linn na paindéime. Áiríodh leis sin dul i dteagmháil le húdaráis Eorpacha eile maidir le socruithe solúbthachta rialála, mar a ba chuí.

Cumarsáid agus teagmháil le linn COVID

Sa bhliain 2020, leag an Banc Ceannais béim shuntasach ar chumarsáid agus ar theagmháil a dhéanamh le gnólachtaí, le tomhaltóirí agus leis an bpobal faoi ábhair a bhaineann le COVID-19; lena n-áirítear tabhairt isteach sosanna íocaíochta, tacaíocht mhorgáiste, árachas in aghaidh briseadh gnó, agus solúbthacht rialála. Bhí cumarsáid dhigiteach ina cumasóir rithabhachtach chun feachtas a mhéadú ar impleachtaí airgeadais/eacnamaíochta COVID-19 agus ar na tacaí a thug Banc Ceannais na hÉireann agus an BCE isteach. Forbraíodh [mol faisnéise nua COVID-19](#) agus chuir Gobharnóir Makhoulf tús le [blag](#) chun a chuid

smaointe féin ar an bpaindéim a roinnt, agus chabhraigh taighde tráthúil agus réamhaisnéisí eacnamaíocha le heolas a chur ar fáil don phobal agus do ghnólachtaí maidir le tionchar COVID-19 (féach Bosca 6).

Ar leibhéal náisiúnta, d'oibrigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais agus le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19, faoi choimirce [an Ghrúpa um chobhsaíocht Airgeadais](#) (FSG). I mí an Mhárta 2020, tionscnaíodh socruithe bainistíochta géarchéime de chuid FSG chun comhordú a dhéanamh ar an obair idirghníomhaireachta maidir le tionchar COVID-19 ar an ngeilleagar, ar mhargaí agus ar an gcóras airgeadais.

Ghlac an Banc Ceannais páirt sa fhreagairt Eorpach trí rannchuidiú le tionscnaimh chun na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais, don gheilleagar agus do thomhaltóirí i dtaca le paindéim COVID-19 a mhaolú. Lean an Banc Ceannais air ag obair le hinstiúidí idirnáisiúnta eile (lena n-áirítear an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) agus an FSB) maidir leis an tuiscint dhomhanda agus leis an bhfreagairt ar an bpaindéim.

Cinnteoireacht um Chobhsaíocht Airgeadais

Chomh maith leis an obair a rinne Tascfhórsa COVID-19, tá dhá choiste – an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais, agus an Coiste um Bearta Macrastuamachta - atá mar bhonn faoi chinnteoireacht um chobhsaíocht airgeadais sa Bhanc Ceannais.

Ghlac an Banc Ceannais páirt ghníomhach freisin i gcoistí ábhartha Eorpacha a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais le linn 2020. Áiríodh orthu sin an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais (FSC) de chuid an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC), agus a fhostruchtúir maidir le hanailís ar an macrastuamacht, beartas agus tástáil struis.

Bosca 2: An Creat Macrastuamachta

Sa bhliain 2020, tar éis roinnt blianta inar díródh an beartas macrastuamachta ar athléimneacht a fheabhsú, aistríodh an fócas i dtreo chumas na hearnála baincéireachta turraing COVID-19 a mhaolú ionas go mbeadh sí in ann leanúint ar aghaidh ag freastal ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí.

Laghdaíodh an cúlchiste fritimthriallach (CCyB) ó 1% go 0% i mí Aibreáin 2020. Ba é aidhm an scaoileadh sin cabhrú leis na bainc soláthar inbhuanaithe creidmheasa a chur ar fáil don gheilleagar. I mí na Samhna, mhínigh an Banc Ceannais, i bhfianaise an ionchais mhacra-airgeadais, nach raibh sé ag súil le méadú ar an CCyB sa bhliain 2021.

Leag an Banc Ceannais béim ar úsáid mhaolán na nInstitiúidí Eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo chun caillteanais a mhaolú. Is ceanglas caipitil institiúid-sonrach é an maolán seo a dhíríonn ar an dóchúlacht a laghdú go dteipfidh ar na hInstitiúidí sin. Níor tháinig aon athrú ar na sé Institiúid a bhfuil Tábhacht Shistéamach eile leo san athbhreithniú bliantúil. Tháinig méadú ar rátaí maolánacha aonair 0.5-1.5% de réir a chéile sa bhliain 2022.

Chuir an Banc Ceannais in iúl freisin nach dtabharfaí isteach maolán um riosca sistéamach faoi láthair. Bhí an maolán um riosca sistéamach mar chuid de ghrúpa uirlisí macrastuamachta an Bhainc Ceannais le trasú na Teorach maidir le Ceanglais Chaipitil V i ndlí na hÉireann.

Fuarthas amach in athbhreithniú 2020 ar na bearta morgáiste go raibh siad éifeachtach ó thaobh athléimneacht na mbanc agus na n-iasachtaíthe a neartú agus léirítear na buntáistí a bhaineann leis an athléimneacht sin le linn struis. Chinn an Banc Ceannais nach mbeadh aon athrú ar an teorainn iasachta in aghaidh luacha nó an teorainn iasachta in aghaidh ioncaim, ná ar na liúntais ghaolmhara, sa bhliain 2021.

Maoirseacht Éifeachtach ar Ghnólachtaí agus ar Mhargáí

Mar thoradh ar COVID-19, cuireadh béim níos mó ar ár gcuid comhoibre ó thaobh athléimneachta de. D'aistrigh an fócas ó thréimhse ina dtógtar athléimneacht de réir a chéile le linn tréimhse feidhmíocht mhaicreacnamaíoch láidir, go dtí tréimhse ina bhfuiltear ag súil go gcreimfear an athléimneacht charntha diaidh ar ndiaidh de réir mar a iompraíonn an córas airgeadais tionchar thurraing COVID-19. Rinneadh athfhócasú iomlán ar an obair faireacháin ar bhagairtí don chobhsaíocht airgeadais (arna comhordú den chuid is mó trí obair Thascfhórsa COVID-19) chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar láithreach agus leanúnach ar an ngeilleagar; é sin a aistriú go measúnú ar staid airgeadais réamhbhreathnaitheach de chuid codanna éagsúla den chóras airgeadais; agus machnamh a dhéanamh ar na céimeanna is gá a ghlacadh anois chun go gcumasófar níos fearr don córas airgeadais tacú leis an ngeilleagar.

Bhí maoirseoirí ag comhoibriú lena chéile chun torthaí comhroinnte a bhaint amach i réimsí lena n-áirítear athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil, téarnamh agus réiteach fiachais anásta, agus staonadh. D'ainneoin gníomhaíochtaí áirithe a chur siar amhail cigireachtaí ar an

láthair, i dtéarmaí torthaí, chuir an phaindéim dlús le gnéithe dár gcuid oibre agus lenár dtuiscint ar athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil fhoriomlán na n-earnálacha baincéireachta agus árachais.

Mar thoradh ar na rioscaí a sainaithníodh trí obair Thascfhórsa COVID-19, bunaíodh Grúpa Oibre um Fhiachas Anásta chun obair ar iasachtaí nua neamhthuillmheacha a chomhordú agus ar leagáid fiachais anásta.

Réiteach agus Ullmhacht i leith Géarchéime

Sásra Réitigh Aonair

Bhunaigh an Sásra Réitigh Aonair (SRA) comhlacht lárnach cinnteoireachta do Limistéar an Aontais Baincéireachta, is é sin, an Bord Réitigh Aonair (BRA), chomh maith le socrú maoiniúcháin réitigh, is é sin, an Ciste Réitigh Aonair (CRA), chun bainistíocht a dhéanamh ar réiteach banc nó grúpaí banc atá i mbéal cliseadh. Chuige sin, oibríonn an BRA i gcomhar le húdaráis réitigh náisiúnta.

Mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, chuir an BRA lena ullmhacht ghéarchéime féin agus d'oibrigh sé go dlúth le húdaráis réitigh náisiúnta agus le húdaráis mhaoirseachta chun faireachán a dhéanamh ar na hiarmhairtí ar earnáil baincéireachta an Aontais Eorpaigh. Chuaigh an BRA agus an Banc Ceannais i dteagmháil le bainc chun na hualaí oibríochtúla láithreacha a mhaolú, agus thug siad roinnt solúbthachta maidir le híoscseanglais na mbanc i dtaca le cistí dílse agus dlíteanais cháilithe (MREL), gan tionchar ábhartha a bheith acu ar fhorbairt an phlean réitigh.

Tá ról ríthábhachtach go fóill ag an mBanc Ceannais i bhforbairt leanúnach chreat bainistíochta géarchéime na tíre agus an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear a rannpháirtíocht ar choistí agus ar ghrúpaí oibre BRA agus an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), agus i soláthar tacaíochta agus comhairle teicniúla don Roinn Airgeadais. Sa bhliain 2020, rinneadh Pacáiste Athchóirithe Baincéireachta um Bearta Laghdú Riosca de chuid an Aontais Eorpaigh a thrasú ina reachtaíocht náisiúnta, agus cuireadh béim ar athchóiriú ar chreat Bainistíochta Géarchéime agus Árachais Taiscí de chuid an Aontais Eorpaigh, ar chéim mhór í i dtreo an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích.

Pleanáil Réitigh & Inréiteacht Fheabhsaithe

Príomhghné de phleanáil réitigh is ea a chinntiú go bhfuil bainc na hÉireann inréitithe, agus is próiseas dinimiciúil agus ilchisealach é sin. Rinneadh dul chun cinn ar inréiteacht bhainc na hÉireann i roinnt réimsí sa bhliain 2020. Leanann bainc na hÉireann orthu ag cur le cumas oiriúnach iompartha caillteanais chun comhlíonadh MREL a chinntiú agus chun úsáid na huirlise um réiteach tarrthála inmheánaí a éascú, má theastaíonn sé (Féach Bosca 3). Tá dul chun cinn déanta ag bainc freisin maidir le leanúnachas oibríochtúil i réiteach a chinntiú, go háirithe i dtéarmaí seirbhísí criticiúla

atá mar bhunús le feidhmeanna criticiúla a sholáthar agus rochtain theagmhasach ar bhonneagar an mhargaidh airgeadais.


Bosca 3: Comhlíonadh MREL

Is príomhghné é cumas na mbanc caillteanais a mhaolú agus athchaipitliú chun réiteach ordúil a bhaint amach agus an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais a ísliú.

Tugadh MREL isteach i gcreat réitigh an Aontais Eorpaigh agus é mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil go leor caipiteal agus dliteanas ag institiúidí is féidir a tharrtháil go himmheánach, más gá. Tá sé de chúram ar an SRB spriocanna MREL a leagan síos d'Institiúidí Suntasacha agus déanann an Banc Ceannais cinneadh ar MREL d'Institiúidí is lú Suntas agus do ghnólachtaí infheistíochta laistigh den scóip.

Cé gur lean bainc na hÉireann orthu ag déanamh dul chun cinn maidir lena gcumas iompartha caillteanais a mhéadú agus spriocanna MREL a chomhlíonadh sa bhliain 2020, beidh gá leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn sin de réir mar a athróidh cláir chomhardaithe na mbanc sna blianta beaga amach romhainn.

Cairt 1: Dul chun cinn na mBanc Miondíola i dtreo spriocanna MREL



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann.

Stoic agus easnaimh MREL ó spriocanna MREL san earnáil baincéireachta miondíola in Éirinn. Léiríonn an líne leanúnach comhiomlán easnaimh/bharrachais charnacha na n-institiúidí uile sa sampla, fad a léiríonn an líne bhriste an t-easnamh comhiomlán gan tras-fhóirdheonú bharrachas MREL. Féadfaidh nach léireoidh easnamh carnach de nialas staid gach bainc aonair sa sampla.

Gníomhaíochtaí Réitigh

Thug an Banc Ceannais faoi dhá ghníomhaíocht réitigh i gcoinne eintitis rialáilte sa bhliain 2020. Ar an 12 Márta 2020, chuir an Banc Ceannais achainí faoi bhráid na hArd-Chúirte chun leachtaitheoir a cheapadh ar CBL Insurance Europe Dac (CBLIE). Thug an Banc Ceannais údarás do CBLIE gnó árachais neamhshaoil a sheoladh agus bhí sé á riaradh ó mhí Feabhra 2018. Bhí gá leis an ngníomhaíocht seo mar nár éirigh leis an riarthóir an chuideachta a chur ar ais ar bhonn fóna.

Ar an 2 Iúil 2020, rinne an Banc Ceannais iarratas chuig an Ard-Chúirt chun leachtaitheoirí sealadacha a cheapadh chuig Comhar Creidmheasa Dhroim Conrach & Dúiche (DDCU). [Deimhníodh an ceapachán](#) an 17 Iúil 2020. Bhí DDCU i staid airgeadais anásta agus ní raibh sé in ann a chúlchiste a ardú go dtí an ceanglas rialála arb ionann é agus 10% ar a laghad agus a choinneáil ag an leibhéal sin. Rinneadh an Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) a thionscnamh tar éis an cheapacháin seo agus go dtí seo tá a gcuid íocaíochtaí cúitimh faighte ag 99% de na taisceoirí a bhí i dteideal na n-íocaíochtaí sin.

Brexit

Taighde agus Anailís Bunaithe ar Fhianaise maidir le Rioscaí

Ba réimse tábhachtach fócais iad na rioscaí don gheilleagar de thoradh imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ar an 31 Eanáir 2020 agus de thoradh dheireadh na hidirthréimhse ar an 31 Nollaig 2020 ina dhiaidh sin.

Ag tógáil ar an obair fairsing a rinneadh le blianta beaga anuas mar ullmhúchán d'imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, lean an Banc Ceannais lena fhócas in 2020 chun a chinntiú go mbeadh tuiscint a oiread agus ab fhéidir ar na rioscaí a bhí ag bagairt ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais, ar an gcreat rialála agus ar chosaint tomhaltóirí tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

I rith na bliana, d'fhoilsigh an Banc Ceannais bailiúchán taighde ina ndearnadh anailís ar rioscaí Brexit ag céimeanna éagsúla de phróiseas idirbheartaíochta an Aontais Eorpaigh - na Ríochta Aontaithe, agus rinneadh measúnú ar na cásanna Brexit is dóichí. Bhí forbairtí móra sa phróiseas idirbheartaíochta lárnach sa chur chuige agus sa chreat samhaltaithe le heagraín éagsúla den Fhaisnéis Ráithiúil ina raibh cásanna bunlíne agus réamhaisnéisí tromchúiseacha ag brath ar thorthaí Brexit.

Scrúdaíodh sa phríomhbhailiúchán oibre na hiarmhairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag Comhaontú Saorthrádála (FTA) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ar gheilleagar na hÉireann agus áiríodh ann an t-eolas is deireanaí chun measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bheadh ann dá mbeifí ag trádáil de réir théarmaí na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) ó tharla nár cuireadh síneadh leis an idirthréimhse. I bhfianaise na neamhchinnteachta suntasaí a bhaineann leis na meastacháin chomhiomlána de thoradh an tionchair ar an ngeilleagar ar bhonn na hEagraíochta Domhanda Trádála nó ar bhonn Comhaontaithe Saorthrádála, rinneadh anailís ar na rioscaí a bhaineann le srianta neamhtharaifí d'allmhaireoirí agus d'onnmhaireoirí Éireannacha araon. Rinneadh measúnú breise ar dhúshláin eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 agus ar a chuid éifeachtaí ar Brexit.

An Creat Rialála a Fheabhsú

Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEanna) agus le páirtithe leasmhara eile an Aontais Eorpaigh maidir le hábhair earnála a bhaineann le Brexit chun a chinntiú go réiteofaí

Toradh Inmhianaithe:

Go maolaítear na rioscaí a bhaineann le tionchar Brexit ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais, ar an timpeallacht rialála agus ar chosaint tomhaltóirí.

go cuí aon rioscaí a éiríonn as Brexit don chreat rialála agus d'earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann.³

Lean an Banc Ceannais air ag plé le húdaráis mhaoirseachta ábhartha na Ríochta Aontaithe ar réimse ábhar d'fhonn comhar maoirseachta éifeachtach a chinntiú tar éis dheireadh na hidirthréimhse. Go hinmheánach, rinne an Banc Ceannais ullmhúcháin maidir le forghníomhú Meabhrán Tuisceana a comhaontaíodh idir na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Díríonn na Meabhráin Tuisceana atá sonrach d'earnálacha ar leith ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhar maoirseachta i maoirseacht stuamachta agus iompair idir údaráis an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe.

Sa chríoch baile, chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras sealadach intíre d'árachóirí agus do bhróicéirí, chun an riosca a mhaolú go gcuirfí isteach ar leanúnachas conarthaí árachais ón Ríocht Aontaithe go hÉirinn, a foilsíodh mar chuid d'Acht Omnibus Brexit 2020.

Ullmhacht na nGnólachtaí

De bharr obair chomhordaithe an Bhainc Ceannais le linn 2020 (agus sna blianta roimhe seo), bhí gnólachtaí maoirsithe ullmhaithe go cuí do dheireadh na hidirthréimhse.

Tugadh aghaidh ar rioscaí tromchúiseacha agus tháinig gnólachtaí a bhí ag iarraidh a bheith údaraithe in Éirinn faoi réir próisis údaraithe ionas go mbeidís ullmhaithe do na cúinsí nua, próisis a bhí ar ardchaighdeán, dian agus tráthúil. I dtaca leis sin, chomhlíon an Banc Ceannais a ról mar gheatóir trí leanúint de mheasúnú docht a dhéanamh ar 'ghnó mar is gnách' agus ar iarratais ar údarú a bhaineann le Brexit.

Chuaigh maoirseoirí i dteagmháil le heintitis nua-údaraithe chun ceisteanna a fhreagairt, chun a chinntiú gur cuireadh tuairisceáin airgeadais isteach i gceart agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha údarúcháin.

Ina theannta sin, d'oibrigh na rudaí seo a leanas go maith le measúnuithe agus le gníomhartha athléimneachta dírithe ar COVID-19: measúnuithe éifeachtacha riosca agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhartha maoirseachta a spreagann athrú trí rannpháirtíocht le heintitis rialáilte.

³ Mar shampla, rinne an Banc Ceannais dlúth-theagmháil leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí chun a chinntiú go maolófaí na rioscaí a bhaineann le Brexit do mhargadh urrús na hÉireann a mhéid agus is féidir, lena n-áirítear foilsíú ráitis ó ESMA ina ndéantar soiléiriú ar chur i bhfeidhm oibleagáid trádála scaireanna an Rialacháin maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, agus an t-aitheantas sealadach tríú tír a dheonaigh ESMA do thaisclann lárnach urrús na Ríochta Aontaithe.

D'éirigh go maith leis an gcumarsáid agus leis an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, ag treisiú léargas ón mbliain 2019.

Cé gur chuir an obair i gcomhthéacs fhreagairt na paindéime lenár dtuiscint agus lenár gcur chuige i dtaca leis na hathruithe i gcóras airgeadais na hÉireann mar thoradh ar Brexit, tá obair le déanamh fós i réimsí amhail riosca iompair na hearnála mórdhíola agus na hearnála méadaithí neamhbhainc in Éirinn. Beidh gá leis an obair sin a thabhairt ar aghaidh mar chuid den obair leanúnach sna hearnálacha seo in ionad a bheith ag féachaint orthu i gcomhthéacs Brexit.

Tháinig feabhas ar an tionscadal um aistriú na taisclainne lárnaí urrúis sa bhliain 2020. Is é Euroclear, i gcomhar le margadh urrús na hÉireann, a thionscain aistriú urrúis chorporáideacha na hÉireann ó Euroclear UK & Ireland (EUI) go Banc Euroclear. D'oibrigh an Banc Ceannais go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an aistrithe agus cuireadh é seo i gcrích go rathúil ar an 15 Márta 2021.

Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

An Creat um Chosaint Tomhaltóirí a Neartú

Bhí an Banc Ceannais ag obair chun tomhaltóirí agus infheisteoirí a raibh drochthionchar airgeadais ag paidéim COVID-19 orthu a chosaint, trína ionchais ar bhainistíocht rioscaí a bhaineann le COVID-19 a chur in iúl do ghnólachtaí rialáilte ar fud na n-earnálacha uile. I measc na bpríomhréimsí ar cuireadh béim orthu, rinneadh teagmháil le gnólachtaí rialáilte chun a chinntiú gur réitigh dírithe ar thomhaltóirí a bheadh ann i réimsí fiachais anásta, agus lacáistí agus éilimh ar pholasaithe árachais agus chun acmhainneacht airgeadais agus oibríochtúil gnólachtaí rialáilte a cheistiú ar fud go leor earnálacha.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hathbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí, lena chinntiú go bhfeabhsaítear é chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Ach an t-athbhreithniú a chríochnú, foilseoidh an Banc Ceannais páipéar comhairliúcháin, le dréacht-rialacháin tacaíochta, a dhéanfaidh tagairt do na réimsí ina neartófar an Cód.

I dtaca le cosaint na n-infheisteoirí, ghníomhaigh an Banc Ceannais ar leibhéal náisiúnta agus mar chuid den Eurochóras agus é ag iarraidh a chinntiú go raibh acmhainneacht an chórais airgeadais in ann turraing COVID-19 a iompar. Áiríodh leis seo gníomh chun saincheistanna leachtachta i margaí airgeadais a mhaolú.

Ar leith uaidh sin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais, [toradh](#) an athbhreithnithe ar chomhlíonadh a chreata rialachais, bainistíochta agus maoirseachta ag cuideachtaí bainistíochta riosca (Páipéar Comhairliúcháin (CP) 86).

Scrúdaigh an t-athbhreithniú an raibh na córais riachtanacha rialachais i bhfeidhm chun leas infheisteoirí a chosaint. Nuair a aithníodh easnaimh, d'ordaigh an Banc Ceannais go ndéanfaí iad sin a athbhreithniú mar ábhar tosaíochta agus lean sé air ag déanamh athbhreithniú leanúnach sa réimse sin.

I réimse an fhrithsciúrtha airgid (AML) agus an chomhraic i gcoinne maoiniú sceimhlitheoireachta (CFT), leanadh le clár oibre an Bhainc Ceannais agus cuireadh i gcrích é trí bhithin cigireachtaí, rannpháirteachais agus for-rochtana. Ba ghné thábhachtach den obair sin é foilsiú [Feasachán AML le haghaidh faireachán a dhéanamh ar idirbhearta](#).

Lean an Banc Ceannais air ag dul i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais maidir leis an gCreat Freagrachta Aonair, a mbeidh sé mar aidhm aige, nuair a chuirfear i bhfeidhm é, rialachas agus caighdeán iompair daoine aonair agus gnólachta a fheabhsú.

Toradh Inmhianaithe:

Go gcosnaítear leas na dtomhaltóirí agus go neartaítear muinín sa chóras airgeadais trí rialáil éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí.

Bosca 4: Athbhreithniú ar Phraghsáil Dhifreálach

Is é atá i gceist le praghsáil dhifreálach ná préimheanna difriúla a ghearradh ar chustaiméirí a bhfuil riosca agus costas seirbhíse comhchosúil acu ar chúiseanna nach mbaineann le riosca ná le costas seirbhíse. Mar gheall ar an riosca féideartha do thomhaltóirí a eascraíonn as an gcleachtas seo, sheol an Banc Ceannais Athbhreithniú ar Phraghsáil Dhifreálach sna Margáí Árachas Gluaisteán agus Baile Príobháideach (an tAthbhreithniú) sa bhliain 2020.

Is í aidhm an Athbhreithnithe:

- Tionchar na praghsála difreálaí ar thomhaltóirí a bhunú.
- Measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuireann na cleachtais phraghsála sin le torthaí atá i gcomhréir leis an gCód um Chosaint Tomhaltóirí.
- Na cúiseanna le hiompar tomhaltóirí a aithint, lena n-áirítear an chaoi a dtéann tomhaltóirí i dteagmháil leis an tionscal árachais.
- Measúnú a dhéanamh ar rialachas agus ar mhaoirseacht na praghsála difreálaí i dtionscal an árachais.

Tugadh faoin Athbhreithniú i dtrí chéim:

- Céim 1: Anailís Margaidh.
- Céim 2: Anailís Chainníochtúil agus Léargais Tomhaltóirí.
- Céim 3: Conclúidí agus Moltaí.

Tar éis na hanailíse margaidh, d'eisigh an Banc Ceannais [litir 'Dear CEO'](#) don earnáil árachais i Meán Fómhair 2020. Sa litir sin, leagadh amach na breathnuithe tosaigh, na chéad chéimeanna eile agus na riachtanais maidir le laigí a aithníodh i dtaca le rialachas, cultúr, iompar agus measúnú ar an tionchar ar chustaiméirí.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais [tuarascáil eatramhach](#) i Mí na Nollag 2020, ina raibh breathnuithe breise ón anailís margaidh, lena n-áirítear anailís mhionsonraithe sonraí agus taighde faoi stiúir tomhaltóirí. Cuirfidh na breathnuithe sin, mar aon leo siúd a leagadh amach sa litir 'Dear CEO', bonn eolais faoin obair atá fós le déanamh ag an mBanc Ceannais. Nuair a bheidh sé críochnaithe, foilseoidh an Banc Ceannais tuarascáil agus / nó

páipéar comhairliúcháin ar mholtaí le haghaidh athchóirithe, de réir mar is cuí, sa bhliain 2021

Tomhaltóirí atá i bhFiacha Anásta a Chosaint

Le linn 2020, lean an Banc Ceannais air ag cinntiú go soláthraíonn gnólachtaí rialáilte tacaíocht chomhsheasmhach éifeachtach d'iasachtaithe i riaráistí, lena n-áirítear riaráistí morgáiste (fiachas anásta).

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, bhí deacrachtaí airgeadais ag go leor iasachtaithe agus ní raibh siad in ann a gcuid íocaíochtaí iasachta a choinneáil cothrom le dáta. I mí an Mhárta 2020, thug an tionscal airgeadais sos íocaíochta COVID-19 isteach ar feadh trí mhí isteach, agus síneadh é sin go sé mhí i mí Aibreáin. Cuireadh na sosanna íocaíochta COVID-19 seo i bhfeidhm i ngach earnáil agus thugadar sin tacaíocht shuntasach láithreach do dhaoine sna chéad laethanta den phaindéim. Shoiléirigh an Banc Ceannais nach raibh sosanna íocaíochta COVID-19 le taifeadadh mar theagmhais athstruchtúraithe ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Ag an mbuaicphointe i Meitheamh 2020, bhí beagnach 159,000 sos íocaíochta cláraithe ag an tionscal airgeadais le haghaidh iasachtaithe Éireannacha. Cé go bhfuil formhór na n-iasachtaithe a bhain leas as sosanna íocaíochta tar éis filleadh ar aisíocaíochtaí iomlána, tá tacaíocht bhreise fós ag teastáil ó roinnt iasachtaithe.

Leathnaigh rannpháirtíocht mhaoirseachta an Bhainc Ceannais maidir le sosanna íocaíochta COVID-19 ar fud na hearnála baincéireachta, na hearnála creidmheasa miondíola agus na hearnála seirbhísithe creidmheasa. Leag an Banc Ceannais amach go soiléir a chuid ionchas maidir le gnólachtaí rialáilte, chun cosaint chuí a thabhairt do leas na n-iasachtaithe a bhí thíos leis an bpaindéim. Eisíodh litreacha *Dear CEO i Meitheamh 2020* agus i *Samhain 2020*. D'oibrigh an Banc Ceannais lena chinntiú go raibh gnólachtaí rialáilte sásta aistriú ó shosanna íocaíochta ar fud an chórais go measúnuithe cás ar chás chun tacú leo siúd nach bhféadfadh filleadh ar aisíocaíochtaí iomlána.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais faisnéis do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí ar a [mol COVID-19](#), lena n-áirítear taighde agus sonraí maidir leis an tairbhe a baineadh as sosanna íocaíochta COVID-19 agus maidir le riaráistí fadtéarmacha morgáiste.

Déanann an Banc Ceannais iarracht a chinntiú go leanann gnólachtaí rialáilte orthu ag plé go héifeachtach agus go báúil le hiasachtaithe i bhfiachas anásta agus de réir an chreata agus na gcód rialála ábhartha. Is é an cuspóir a chinntiú go seachadann gnólachtaí rialáilte réitigh chuí

inbhuanaithe lena gcumasófar don oiread iasachtaithe agus is féidir a gcuid fiach a aisíoc arís.

Tá fiachas anásta mar phríomhthosaíocht ag an mBanc Ceannais don bhliain 2021.

A chinntiú go gCaitear go Cóir le hiasachtaithe i Riaráistí Morgáiste

Le linn 2020, lean an Banc Ceannais air ag déanamh measúnaithe ar iarratais ar údarú gnólachtaí seirbhísithe creidmheasa nach raibh rialáilte roimhe seo, agus tugadh údarú iomlán do roinnt acu faoi dheireadh na bliana. Leanfaidh an Banc Ceannais air ag obair leis na gnólachtaí idirthréimhseacha atá fágtha, agus le daoine aonair a bhfuil poist shinsearacha acu i ngnólachtaí rialáilte, chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin agus na riachtanais údaráithe riachtanacha, le béim ar leith ar a straitéis chun a chinntiú go gcaitear go cóir le hiasachtaithe i riaráistí.

Chomh maith leis sin, tar éis idirghabháil mhaoirseachta ón mBanc Ceannais, chuir 13 ghnólacht rialáilte deireadh leis an gcleachtas costais a bhaineann leis an bpróiseas dlí a fheidhmiú (lena n-áirítear costais tríú páirtí agus ús a ghearradh ar aon chostais nua a thabhaítear) ar chuntais iasachtaithe i riaráistí morgáiste. Tá nó beidh na 13 ghnólacht rialáilte seo ag tabhairt faoi thionscadail feabhais chun na costais a feidhmíodh roimhe seo ar chuntais a mhaolú agus chun ús a gearradh ar na costais a aisíoc chuig c.30,000 cuntas iasachtaithe a bhí thíos leis, agus costais €75m le leachtú ag gnólachtaí rialáilte agus ús c. €15m le haisíoc.

Bosca 5: Cur isteach ar Ghnó

De dheasca ráig COVID-19 in Éirinn agus na dtionscnamh gaolmhar sláinte phoiblí a bhí riachtanach chun stop a chur lena scaipeadh tríd an bpobal, tharla cur isteach agus corraíl eacnamaíoch shuntasach.

Is saincheist lárnach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta í an cheist cé acu a thugann beartais árachais áirithe cumhdach ar chur isteach gnó do na caillteanais a eascraíonn as srianta a chuireann rialtais ar ghnólachtaí. Bíonn an Banc Ceannais i mbun rannpháirtíochta mhaoirseachta fairsing agus anailís dlí maidir leis na saincheisteanna sin.

Ar an 5 Lúnasa 2020, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a Chreat Maoirseachta Árachais i leith COVID-19 agus Cur isteach ar Ghnó (an Creat). Is é aidhm an Chreata saincheisteanna a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chustaiméirí a shainaithint agus a réiteach go luath, agus cúrsaí a shoiléiriú do ghnólachtaí a mbaineann sé leo chomh tapa agus is féidir.

Leagtar amach sa Chreat cur chuige maoirseachta foriomlán an Bhainc Ceannais agus an straitéis ghéaraithe ghinearálta maidir le hidirghabháil chun aghaidh a thabhairt ar dhíobháil do chustaiméirí nuair is gá. Sa Chreat sin, soiléirítear agus treisítear ionchais an Bhainc Ceannais go mbeadh gnólachtaí ag caitheamh go cóir lena gcustaiméirí, go réiteoidís éilimh bhailí go tapa, agus an chaoi ar chóir dóibh dul i mbun na dlíthíochta, ag aithint ualach na dlíthíochta sin ar na gnóthais a bhraith gur ghá dóibh dul ina ceann.

Bíonn an Banc Ceannais ag obair i gcónaí chun a chinntiú go seachadtar cuspóirí an Chreata gan aon fhadhb d'fhonn cúrsaí a shoiléiriú do ghnólachtaí a mbaineann sé leo chomh tapa agus is féidir.

Frithsciúradh Airgid agus Comhrach in aghaidh Maoiniú Sceimhlitheoireachta

Tá ról lárnach ag an mBanc Ceannais sa chomhrach i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, trí mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí AML / CFT ag eintitis rialáilte, agus trí chur le forbairt reachtaíochta agus beartais intíre agus idirnáisiúnta sa réimse sin. Is féidir sonraí faoina ghníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta a fháil [anseo](#).

Lean an Banc Ceannais de chur chuige grádaithe riosca-bhunaithe a chur i bhfeidhm maidir le maoirseacht AML / CFT i rith 2020. Is féidir sonraí faoi chur chuige riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais maidir le maoirseacht a fháil [anseo](#).

Le linn 2020, in ainneoin iarmhairtí na paindéime, lean an Banc Ceannais air ag tabhairt faoi mhaoirseacht láidir riosca-bhunaithe ar eintitis rialáilte, lena n-áirítear 57 cigireacht, 100 cruinniú athbhreithnithe agus 400 Ceistneoir um Meastóireacht Riosca (REQs) a eisiúint do ghnólachtaí.

Léirigh teipeanna AML / CFT san Aontas Eorpach le blianta beaga anuas nárbh ann do chreat comhchoiteann le haghaidh comhoibriú maoirseachta agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla ar ábhair AML / CFT. Dá bharr sin, d'eisigh na ÚMEanna treoirlínte chun tacú le comhoibriú maoirseachta agus malartú faisnéise, agus chun creat comhchoiteann a chruthú chun maoirseacht éifeachtach ar ghrúpaí trasteorann a chinntiú ó thaobh AML / CFT de. Mar chuid lárnach de sin, bunaíodh coláistí maoirseachta AML / CFT. Sa bhliain 2020, d'fhreastail an Banc Ceannais ar roinnt coláistí maoirseachta AML / CFT le húdaráis inniúla ó gach cearn den Eoraip.

Mar chuid dá chlár For-rochtana chun treoir a thabhairt do thionscail ar ábhair inní, d'eisigh an Banc Ceannais roinnt foilseachán le linn 2020. Sampla amháin de na foilseacháin sin ba ea an [feasachán ar fhaireachán](#)

[idirbheart](#) ina leagtar amach ionchais an Bhainc Ceannais maidir le rialuithe um fhaireachán ar idirbhearta a chur i bhfeidhm. D'eisigh an Banc Ceannais litir '[Dear CEO](#)' chuig Gnólachtaí Sceideal 2 i ndáil comhlíonadh oibleagáidí faoin [Acht um Cheartas Coiriúil \(Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta\) 2010](#) (CJA 2010) ag na gnólachtaí sin. Sa litir sin, a bhí mar thoradh ar rannpháirtíocht mhaoirseachta, tugadh breac-chuntas ar ionchais an Bhainc Ceannais ó ghnólachtaí maidir le ceanglais AML / CFT agus Smachtbhannaí Airgeadais (FS), agus bearta leantacha mionsonraithe a bheadh le déanamh ag Príomhfheidhmeannaigh agus ag boird mar fhreagairt ar na torthaí sin. Sna rannpháirtíochtaí maoirseachta sin, leagadh béim ar easpa comhlíontachta i ngach réimse de chreat rialaithe AML / CFT.

Cuireadh cúnamh teicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais agus don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an gCúigiú Treoir AE maidir le Frithsciúradh Airgid (5AMLD) a thrasú i ndlí na hÉireann, treoir atá le trasú go luath sa bhliain 2021. Leag an Banc Ceannais béim ar leith ar an ngá lena chinntiú go socródh an reachtaíocht córas láidir clárúcháin agus maoirseachta AML / CFT do Sholáthraithe Seirbhíse Sócmhainní Fíorúla.

Bhí ionchur suntasach ag an mBanc Ceannais i bhforbairtí AML / CFT ar leibhéal Eorpach trína rannpháirtíocht i mBuanchoiste nuabhunaithe an ÚBE ar AML / CFT, agus trí [fhreagra foirmiúil](#) a thabhairt ar chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin Eorpaigh ar a Phlean Gníomhaíochta AML. Lean an Banc Ceannais ar aghaidh ag feabhsú agus ag cur le forbairtí beartais idirnáisiúnta AML / CFT trína rannpháirtíocht sa Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, áit ar dhírigh a chuid oibre ar fhorbairtí i maoirseacht agus i rialáil Soláthraithe Seirbhíse Sócmhainní Fíorúla. Ina theannta sin, ar leibhéal intíre, lean an Banc Ceannais lena rannpháirtíocht sa choiste náisiúnta AML / CFT, lena n-áirítear a bheith ag cur le nuashonrú an mheasúnaithe riosca ar an gcuid den Mheasúnú Riosca Náisiúnta bhaineann le Daoine Dlíthiúla agus Socruithe Dlíthiúla.

Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt

Le linn 2020, lean an Banc Ceannais air ag iarraidh rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara a fheabhsú agus ghabh chuige féin cineálacha cuir chuige nua chun a chinntiú go leanfaí den chumarsáid agus den rannpháirtíocht in ainneoin COVID-19. Chuaigh ceannairí sinsearacha i dteagmháil le réimse éagsúil páirtithe leasmhara trí sheimineáir ghréasáin a óstáil agus caidreamh fíorúil a chruthú le grúpaí amhail ionadaithe gnó, an tsochaí shibhialta, an saol acadúil, mic léinn, na meáin agus ionadaithe poiblí.

Rannpháirtíocht leis an bPobal

Le linn 2020, d'fhreastail an Gobharnóir agus baill eile den fhoireann shinsearach ar roinnt imeachtaí le príomhpháirtithe leasmhara intíre chun tuiscint ar obair an Bhainc Ceannais a chothú agus chun éisteacht le réimse tuairimí ó pháirtithe leasmhara ar fud na tíre. I measc na n-imeachtaí seo bhí cruinnithe le comhlachais tráchtála ar fud na tíre agus cainteanna le comhlachtaí amhail Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus Comhlachas na nGnólachtaí Beaga.

Cé gur cuireadh go leor imeachtaí poiblí seachtracha ar ceal sa bhliain 2020, d'aimsigh an Banc Ceannais bealaí lena chinntiú go gcaomhnófaí leibhéal ard for-rochtana agus go gceiliúrfai príomhimeachtaí trí rannpháirtíocht ar líne; mar shampla, taispeánadh clár faisnéise gairid le Robert Ballagh “[Dearadh sraith Nótaí Bainc C](#)” le haghaidh Oíche Chultúir.



Gabháil scáileáin d'fhíseán Robert Ballagh

Lean an Banc Ceannais dá urraíocht ar Ghradam an Bhainc Ceannais arís mar chuid dá chomhpháirtíocht le comórtas Eacnamaí Óg na Bliana. Lean an Banc Ceannais lena rannpháirtíocht i nGlúin an Euro – Duais na nDaltaí.

Cumarsáid Dhigiteach

Toradh Inmhianaithe:

Go bpléimid agus go n-éistimid leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre agus chun cur lena muinín as an mBanc Ceannais agus lena dtuiscint air.

Go mbíonn tionchar straitéiseach againn agus go dtéimid i gcion ar phríomhchinntí agus ar bheartais san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

Tá ábhar amhairc agus teanga shimplí fós lárnach i gcumarsáid dhigiteach an Bhainc Ceannais. Le linn 2020, díriodh go leanúnach ar ábhar a fheabhsú ar www.centralbank.ie agus an príomhfhócas ar thionchar COVID-19 ar an ngeilleagar, ar thomhaltóirí agus ar an gcóras airgeadais. Bhí Brexit ina ábhar tábhachtach freisin fad a bhí deireadh na hidirthréimhse ar an 31 Nollaig 2020 ag druidim linn.

Cuireadh fáilte mhór roimh [an tsraith de mhíniúcháin bheoite](#). Bhuaigh an tsraith seo roinnt gradaim náisiúnta sa bhliain 2020.



Alex ón tSraith de Mhíniúcháin Bheoite ag glacadh le gradam sa bhliain 2020

Chabhraigh grafaicí faisnéise lefeasacht agus tuiscint bhreise a chothú ar thaighde agus ar fhoilseacháin an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear an Fhaisnéis Ráithiúil agus na hAthbhreithnithe ar Chobhsaíocht Airgeadais.


Sa tríú scéim teanga de chuid an Bhainc Ceannais a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2019, leagtar béim ar thiomantas an Bhainc Ceannais don Ghaeilge. Tá réimse leathan ábhar atá dírithe ar thomhaltóirí ar fáil ar an [leagan Gaeilge den suíomh gréasáin](#).

Bosca 6: Mol Faisnéise agus Sraith d'Fhíseáin COVID-19

Mar thoradh ar dhúshláin COVID-19 don gheilleagar agus do shlí mhaireachtála daoine, bhí cumarsáid dhigiteach ríthábhachtach chunfeasacht a mhéadú ar impleachtaí airgeadais/eacnamaíocha COVID-19 agus ar na tacaí a chuir an Banc Ceannais agus an BCE i bhfeidhm.

D'fhorbair an Banc Ceannais [Mol faisnéise COVID-19](#) le Ceisteanna Coitianta do thomhaltóirí, do FBManna agus do ghnólachtaí rialáilte. Tá [blag](#) rialta ón nGobharnóir Makhoul le feiceáil sa Mhol freisin.

D'fhéach os cionn 840,000 duine ar an tsraith físeán seo a bhaineann úsáid as gnáth-theanga agus a bhuaigh an catagóir 'Feachtas Físeáin an Fhorais Phoiblí' ag Gradaim na Meán Sóisialta in 2020.



Rannpháirtíocht le Príomhpháirtithe Leasmhara Intíre

Caidreamh le Páirtithe Leasmhara agus leis na Meáin

An chuid ba mhó de ghníomhaíochtaí caidrimh an Bhainc Ceannais leis na meáin agus le páirtithe leasmhara in 2020, bhain sé le COVID-19 agus a thionchar ar an gcóras airgeadais. I rith na bliana, ghlac an Banc Ceannais páirt i dtrí éisteacht de chuid an Choiste Oireachtais um Airgeadas agus COVID-19. Chabhraigh an Banc Ceannais le píosáí nua reachtaíochta agus chuir sé cúnamh agus tuairimí ar fáil do roinnt ranna rialtais. Freagraíodh 331 Ceist Pharlaiminte agus foilsíodh 15 fhreagra ar chomhfhreagras agus iarratais ar thuairimí an Bhainc Ceannais ó chomhaltaí agus ó choistí an Oireachtais ar shuíomh Gréasáin an Bhainc Ceannais.

Lean an Banc Ceannais dá chaidreamh réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide intíre agus idirnáisiúnta le linn 2020 d'fhonn tuiscint a chothú ar ról an Bhainc Ceannais. I rith na bliana, d'éascaigh an Banc Ceannais 76 agallamh agus cruinniú faisnéise agus d'fhoilsigh sé 179 preasráiteas.

Rannpháirtíocht agus Déanamh Beartais san Eoraip

Le linn 2020, chuireamar feabhas ar ár gcreat straitéiseach maidir le rannpháirtíocht leis an Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta. Tacaíonn an creat le comhordú agus beartú tosaíochta ar fud an Bhainc i ndáil le coistí CEBC, SAM, ÚMEanna agus BERS, ag cur san áireamh cineál forluiteach agus trasghearrtha na rannpháirtíochta ar leibhéal an Aontais.

Príomhspríoc dár rannpháirtíocht is ea caidreamh déthaobhach níos láidre a fhorbairt san Eoraip agus go hidirnáisiúnta. Déanfar an creat a bheachtú tuilleadh sa bhliain 2021 agus cuideoidh sé sin le rannpháirtíocht a threorú amach anseo.

Le linn 2020, leag an Banc Ceannais béim ar rannpháirtíocht ghníomhach agus ceannaireacht in institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus mar thoradh air sin bhí roinnt príomhéachtaí ag teacht lena chuspóirí straitéiseacha.

Chuir an Banc Ceannais le príomhdhíospóireachtaí a bhaineann le beartas airgeadaíochta trí bhallraíocht an Ghobharnóra ar an gComhairle Rialaithe agus trí rannpháirtíocht i gcoistí CEBC. Cuidíonn na coistí sin le comhlachtaí cinnteoireachta an BCE, agus cuireann siad go mór le comhar laistigh den CEBC. I gcomhthéacs na timpeallachta macra-airgeadais, thionchar eacnamaíoch na paidéime agus athbhreithniú straitéis an BCE (Féach Bosca 11), mhéadaigh an rannpháirtíocht seo i dtaca le réimse saincheistanna le linn 2020.

Bhí an Banc Ceannais ina chomhchathaoirleach ar Bhuanchóiste an ÚBE um Rialáil agus Beartas, a rinne, *inter alia*, maoirseacht ar fhorbairt chomhairle nuashonraithe an ÚBE don Choimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme Basel III, chomh maith le freagra beartais COVID-19 an ÚBE.

Bhí páirt nach beag ag an mBanc Ceannais freisin i múnlu comhairle ar Shócmhainneacht II le haghaidh an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), trí ionchur i bplé teicniúil agus beartais agus ar leibhéal an Bhoird Maoirseoirí araon.

Mar bhall de Bhord Bainistíochta agus de Bhord Maoirseoirí ESMA, mhol an Banc Ceannais cur chuige níos riosca-bhunaithe i leith na hoibre um chóineasú maoirseachta, atá á leanúint ag ESMA anois.

Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil le comhghleacaithe SAM, rud a léiríodh sa rannpháirtíocht ghníomhach ar leibhéal na meithle agus, trí ról an Leas-Ghobharnóra, Rialacháil Stuaamachta, ar Bhord Maoirseachta SAM. Chlúdaigh an teagmháil sin go leor réimsí lena n-áirítear maoirseacht, anailísíocht stuaamachta agus beartas.

Mar fhreagairt ar phatrún athraitheach na rioscaí a d'eascair as COVID-19, ghlac an Banc Ceannais páirt i bhfóraim BERS. Áiríodh leis sin tosú ar obair BERS maidir le neamhleachtacht an mhargaidh agus impleachtaí do bhainisteoirí sócmhainne agus árachóirí, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

Bosca 7: Freagra Rialála Idirnáisiúnta ar Imní maidir le Riosca Sistéamach an Chiste Margaidh Airgid

Bhí imní ann maidir le hathléimneacht sistéamach ghnéithe d'earnáil an chiste margaidh airgid (MMF) nuair a bhí strus margaidh COVID-19 ag a bhuaicphointe i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin. Tharla sé sin mar gheall

ar mhéid suntasach eis-sreafaí ó chineálacha áirithe MMFanna, go háirithe iad siúd a infheistíodh i bhfiachas neamh-earnála poiblí.

Tugadh faoi roinnt tionscnamh rialála ina dhiaidh sin. I mí na Samhna 2020, d'fhoilsigh an IOSCO a nóta téamach ar MMFanna ina ndearnadh cur síos ar a dtaithí le linn an chuid ba mheasa den strus sa mhargadh, chomh maith le bunchúiseanna na taithí sin. Ina dhiaidh sin, chuir an BCA tús le hobair chun a fháil amach an mbeadh gá le hathchóirithe ar MMFanna dá bharr sin. Thosaigh institiúidí an Aontais Eorpaigh ag eagrú a gcuid oibre féin ar MMFanna chun forbairtí idirnáisiúnta a leanúint, ach chuir siad é in oiriúint go sonrach d'earnáil MMF an Aontais Eorpaigh agus don chreat rialála.

Bíonn páirt ghníomhach ag an mBanc Ceannais sna cainteanna sin. Beidh tábhacht le toradh na hoibre rialála sin roimh athbhreithniú sceidealta an Choimisiúin Eorpaigh ar Rialachán Chiste margaidh airgid (MMFR) san Aontas Eorpach sa bhliain 2022.⁴

⁴ Le haghaidh tuilleadh sonraí féach ar Airteagal 26 den Rialachán um Chiste Margaidh Airgid (2017/1131).

Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Straitéis Foirne

Forbraíodh Straitéis Foirne an Bhainc Ceannais chun ár bhfoireann a chur i lár na heagraíochta. Sa bhliain 2020, rinneadh pleananna an Bhainc Ceannais a shainiú chun a chinntiú go rabhthas ag tacú lgo cuí leis an bhfoireann le linn na paindéime.

Trí dhul i gcomhairle leis an bhfoireann, cuireadh luachanna an Bhainc Ceannais in iúl. Ba iad sin an bonn le haghaidh gníomhaíochtaí ceannaireachta agus cinnti eagrúcháin i rith na bliana. Cuireadh na cláir Cheannaireachta One Bank i bhfeidhm agus forbraíodh iad, agus thug níos mó ná 200 rannpháirtí faoi chlár go fíorúil, agus bhí rátaí sástachta na rannpháirtithe os cionn 90% do gach clár.

Mionathraíodh gníomhaíochtaí criticiúla lena n-áirítear earcaíocht, foghlaim agus forbairt le haghaidh timpeallacht fhíorúil. Cuireadh an cur chuige eagraíochtúil i leith bainistíocht feidhmíochta in oiriúint le béim níos mó ar chumarsáid inmheánach agus ar aiseolas leanúnach i samhail oibríochtúil cianda.

Cuireadh tuilleadh treoracha ar fáil d'fhostaithe agus do bhainisteoirí chun tacú le folláine na bhfostaithe, chun cabhrú lena dteacht aniar pearsanta, agus chun bainistíocht agus rannpháirtíocht foirne a chumasú i dtimpeallacht fhíorúil. Bronnadh creidiúnú IBW KeepWell Mark ar an mBanc Ceannais arís.

Cuireadh tús le hobair chun saineolas eagraíochtúil a fhorbairt i réimsí phleanáil straitéiseach an fhórsa saothair, bainistíocht tallainne agus forbairt scileanna agus cumais, chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar thallann an Bhainc Ceannais sna blianta amach romhainn. Cuireadh níos mó béime ar rannpháirtíocht na bhfostaithe i rith na bliana nuair a tugadh isteach suirbhéanna meoin agus an suirbhé bliantúil rannpháirtíochta i gcomhar le *Great Places to Work*, agus tháinig feabhas ar rannpháirtíocht na bhfostaithe, go háirithe i dtaca le muintín agus le hiontaoibh.

Éagsúlacht & Ionchuimsiú

Chuir an Banc Ceannais tuilleadh béime ar éagsúlacht ár bhfórsa saothair a fhorbairt agus timpeallacht a chruthú ina mbíonn luach agus meas ar dhifríocht. Sa chéad leath den bhliain, foilsíodh [Plean Gníomhaíochta Éagsúlacht & Ionchuimsiú 2020 - 2021](#) ina leagtar amach na tosaíochtaí agus na torthaí inmhianaithe don tréimhse.

I measc na bhforbairtí suntasacha i rith na bliana tugadh isteach [spriocanna maidir le hionadaíocht inscne](#) atá dírithe ar éagsúlacht a chruthú inár bhfórsa saothair ina iomláine agus inár bhfoireann cheannaireacht

Toradh Inmhianaithe:

Go gcabhróidh ár gcultúr, ár n-acmhainní agus ár gcumas le comhlíonadh éifeachtach agus éifeachtúil ár sainordaithe agus, ag an am céanna, leis na caighdeáin is airde

shinsearach. Tabharfar tuairisc ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí tar éis bliana.

Nearthaigh an Banc Ceannais na sonraí agus na bearta Éagsúlacht & Ionchuimsiú a bhí ar fáil le linn 2020 d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar chomhdhéanamh déimeagrafach a fhórsa saothair agus chun faireachán a dhéanamh ar thionchar a ghníomhartha agus a dhul chun cinn le himeacht ama.

Bhí béim leanúnach ar fheasacht agus tuiscint ar Éagsúlacht & Ionchuimsiú a fhorbairt ar fud na heagraíochta. Baineadh é sin amach trí chumarsáid leanúnach agus trí rannpháirtíocht le baill foirne agus le ceannairí ar ábhair éagsúla a bhaineann le hÉagsúlacht & Ionchuimsiú ag úsáid bealaí cumarsáide éagsúla. Cuireadh modúl ar Cheannaireacht Ionchuimsitheach ar bun go fíorúil mar chuid de Chlár Forbartha Ceannaireachta saincheaptha an Bhainc Ceannais.

Chuidigh ár gcúig [líonra fostaithe](#) le beocht a chur san fhís den Éagsúlacht & Ionchuimsiú trí chomhráite ar shaincheisteanna tábhachtacha a spreagadh, cur le forbairt beartais agus cleachtais agus trí chomhghleacaithe a thabhairt le chéile agus iad ag obair go cianda. Bhí an-áthas ar an mBanc Ceannais fáilte a chur roimh an Líonra nua ar Éagsúlacht Chultúrtha sa bhliain 2020 a dhíríonn ar éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus ar thimpeallacht chuimsitheach a chothú ina gcuirtear daoine ó gach cultúr, eitneachas agus náisiúntacht san áireamh.

Bosca 8: Tuarascáil ar an mBearna Phá ó thaobh Inscne de

Rinne an Banc Ceannais a cheathrú anailís bhliantúil ar bhearna phá ó thaobh inscne de go luath sa bhliain 2021. Breathnaítear ar an difríocht idir meánphá bliantúil na bhfear agus na mban. Cuireann struchtúir phá an Bhainc Ceannais pá comhionann ar fáil as obair chomhionann, bunaítear iad ar threoirilíní na hearnála poiblí agus tá siad go hiomlán [trédhearcach](#).

Amhail ar an 1 Eanáir 2021, bhí próifíl an phá inscne 2.2% i bhfabhar fostaithe fireanna.

- Tá an figiúr gan athrú a bheag nó a mhór ón [1 Eanáir 2020](#) (laghdú foriomlán de 0.5% ón 1 Eanáir 2018 agus 0.2% ón 1 Eanáir 2019).
- Bíonn comhghaol dlúth idir próifíl an phá inscne ag pointe ar bith agus uainiú agus tionchar gníomhaíochtaí fostaíochta, fágála agus ardú céime.
- Téann dáileadh na bhfear agus na mban ar gach leibhéal de ról na heagraíochta i bhfeidhm go mór ar chúrsaí freisin agus ar an gcaoi a socraítear ar an meánphá dá réir.

- D'fhan dáileadh inscne idir fostaithe fireanna agus bainearna ar fud na heagraíochta réasúnta seasmhach ag 52% fireann / 48% bainearna.

Tá [Tuarascáil 2021 ar an mBearna Phá ó thaobh Inscne de](#) ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus tugtar anailís níos mionsonraithe ar an bpróifíl phá agus tugtar breac-chuntas ar na bearta atá á ndéanamh ag an mBanc Ceannais chun tacú le héagsúlacht inscne agus le cuimsiú.

Straitéis Sonraí

Ceann de phríomhchuspóirí eagraíochtúla an Bhainc Ceannais is ea réiteach éifeachtach bainistíochta sonraí a bheith aige a fhreastalaíonn ar a chuid riachtanas reatha agus a chuid riachtanas sa todhchaí. Don bhliain 2020, lean an Clár Straitéise Sonraí air ag forbairt ardán lárnach (Unity) a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2019 agus a dearadh chun sláine agus luach sonraí an Bhainc Ceannais a mhéadú. Chuir an clár na rudaí seo ar fáil:

- Tairseach Aontachta nua a seoladh chuig lucht Tionscail (Insurance) i mí Lúnasa.
- Feidhmiúlacht nua maidir le bailiú, próiseáil agus bainistíocht sonraí.
- An chéad tuairisceán féinseirbhíse a forbraíodh ag úsáid inneall comhtháite Rialacha Cinntí an ardáin 'Unity'.

Bainistíocht Riosca Oibríochtúil

Cothabhálann an Banc Ceannais Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil chun a chinntiú go ndéantar measúnú, maolú agus tuairisciú comhsheasmhach ar rioscaí a bhaineann le cumas oibríochtúil maidir lena shainordú a chomhlíonadh. Faoin gcreat sin, dáiltear freagrachtaí bainistíocht riosca trí úsáid a bhaint as samhail na dtrí líne chosanta ina gcuimsítear an chéad líne de lucht bainistíochta na rannán agus na stiúthóirí, an Rannán um Riosca Eagraíochtúil agus an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach. Déanann coistí ar leibhéal Feidhmiúcháin agus Coimisiúin maoirseacht ar an bpróifíl riosca.

Lean an Banc Ceannais air ag cur feabhais ar bhainistíocht riosca oibríochtúil i rith na bliana, ag úsáid cur chuige comhtháite chun rioscaí agus teagmhais oibríochtúla a mheas. Neartaíodh an mhaoirseacht ar aicmí éagsúla riosca trí thacsanomaíocht riosca a chur i bhfeidhm a raibh tuairisciú feabhsaithe mar bhonn taca aici chun cáilíocht, trédhearcacht agus inrochtaineacht faisnéise riosca a fheabhsú.

Úsáideann an Banc Ceannais Creat tiomnaithe um Bainistíocht Leanúnachais Gnó, a fhéachann le hiarmhairtí féideartha eachtraí suaiteacha ar ghnáthoibríochtaí a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú.

Sanntar rátáil riosca forleagain do theagmhais riosca oibríochtúla a d'fhéadfadh cur isteach ar an ngnó, chun a chinneadh ar cheart Foireann Bainistíochta Teagmhais, a rialaíonn an fhreagairt bainistíochta tosaigh ar eachtraí den sórt sin, a thionscnamh. Tar éis gach tionscnaimh, déantar athbhreithniú foirmiúil ar na gníomhaíochtaí chun a chinntiú go n-aithnítear aon fhoghlaím a d'fhéadfadh cur leis an gcumas eachtraí leanúnachais a bhainistiú tuilleadh.

Bosca 9: Freagra Oibríochtúil Inmheánach ar Phaindéim COVID-19

I mí Eanáir, thosaigh an Banc Ceannais ag déanamh faireachán ar scaipeadh ráig an víris SARS-Cov-2. I mí Feabhra, eagraíodh na struchtúir bainistíochta teagmhais chun ullmhacht a chinntiú ionas agus leanúnachas oibríochtaí a chothabháil agus chun go gcosnófaí cuairteoirí ar áitribh an Bhainc Ceannais. I mí an Mhárta, rangáíodh an ráig mar phaindéim dhomhanda, rud a thug ar Rialtas na hÉireann bearta sláinte phoiblí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear dúnadh áiseanna, srian ar thaisteal agus scaradh sóisialta.

Trí phleanáil leanúnachais an Bhainc Ceannais, rinneadh socruithe ionas go dtiocfadh le formhór na foirne obair ón mbaile ó lár mhí an Mhárta 2020. Tugadh acmhainní amach láithreach lena chinntiú gur cabhraíodh leis an bhfoireann agus iad ag obair ón mbaile agus ionas go bhfanfadh an banc athléimneach i dtaca lena chumas TF. Ina dhiaidh sin, de réir mar a d'fhorbair an Rialtas a bheartais chun tionchair na paindéime a bhainistiú agus a mhaolú, rinne an Banc Ceannais measúnú ar rioscaí oibríochtúla agus thug sé isteach bearta rialaithe nua, lena n-áirítear ceanglais chun cloí le rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta.

I bhfianaise fhad na paindéime, ó mhí Aibreáin, bunaíodh Clár tiomnaithe chun leanúnachas agus éifeachtúlacht oibríochtúil a bhainistiú. Don chuid eile den bhliain 2020, rinne an Clár seo próisis, teicneolaíochtaí agus beartais oibriúcháin a fheabhsú agus a mhodhnú ionas go maolófaí na rioscaí a thagann chun cinn agus ionas go mbeadh an Banc Ceannais in ann leanúint air ag comhlíonadh oibleagáidí éigeantacha, in ainneoin na paindéime.

Caibidil 2:
Ár
bhFreagrachtaí
Reachtúla a
Chomhlíonadh

Caibidil 2: Ár bhFreagrachtaí Reachtúla a Chomhlíonadh

Cobhsaíocht Praghsanna

Cinntí Beartais Airgeadaíochta

Is é príomhchuspóir an bheartais airgeadaíochta sa limistéar euro cobhsaíocht praghsanna a chinntiú. D'fhoilligh cobhsaíocht praghsanna a chur chun cinn, féachann ab Banc Ceannais Eorpach leis an athrú bliantúil san Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí a choinneáil gar do 2% ach faoina bhun thar an meántearma.

Ba é 0.2% an ráta boilscithe ar an mean sa limistéar euro in 2020, titim shuntasach ó 1.2% sa bhliain 2019. Tharla an t-athrú frithbhoilscitheach sin ag an am céanna leis an gcúngú sa ghníomhaíocht gheilleagrach, rud a léiríonn tionchar phaindéim COVID-19.

Ag a chruinniú ar bheartas airgeadaíochta i mí Eanáir 2020, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí athbhreithniú ar straitéis bheartas airgeadaíochta an BCE (féach Bosca 11). Ag an am, cé raibh dinimic boilscithe maolaithe i gcónaí, bhí fás eacnamaíoch an limistéir euro measartha agus agus bhí sé seasmhach ar an iomlán. Tháinig athrú ar chúrsaí, áfach, de réir mar a scaip COVID-19 ar fud an domhain ag deireadh mhí Feabhra. Mar thoradh air sin, ag cruinniú ar an 12 Márta 2020, thug an Chomhairle Rialaithe pacáiste leathan isteach chun tacú leis an ngeilleagar trí na téarmaí ar oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (OASFanna) a mhaolú, trí oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha breise (OAFanna) a thabhairt isteach agus trí chlúdach breise de €120 billiún a chur leis an gclár ceannach sócmhainní (APP) go dtí deireadh na bliana.

Sna laethanta tar éis an chruinnithe, chuaigh cúrsaí in olcas go mór mar gheall ar an bpaindéim, agus cuireadh go leor tíortha sa limistéar euro faoi dhianghlasáil. Mar thoradh air sin, bhí luaineacht mhór sa mhargadh airgeadais agus d'éirigh coinníollacha maoiniúcháin níos déine. Ina choinne sin, chinn an Chomhairle Rialaithe ar an 18 Márta 2020 bearta níos láidre a chur i bhfeidhm (féach Bosca 10). Ar dtús, rinneadh ceannacháin bhreise de €750 billiún le clár ceannaigh nua le haghaidh éigeandáil na paindéime (PEPP). Ba é aidhm an chlár tacaíocht bhreise a sholáthar don gheilleagar agus d'éascaigh sé solúbthacht ar fud cineálacha sócmhainní agus dlínsí. Ar an dara dul síos, maolaíodh caighdeáin chomhthaobhachta trí pharaiméadair riosca an chreat comhthaobhachta a choigeartú. Rinne an chomhairle coinníollacha níos scaoilte maidir le hoibríochtaí OASF freisin. Faoi dheireadh, chuir an BCE línte babhtála agus athcheannaigh ar fáil do bhainc cheannais limistéar neamh-euro. Chuir na bearta seo leis an maolú

ar dhálaí airgeadais, laghdaigh sé rátaí fadtéarmacha saor ó riosca agus laghdaigh sé leathadh i dtorthaí bannaí rialtais deich mbliana na dtíortha sa limistéar euro.

I mí an Mheithimh, ba léir go raibh cúngú nach bhfacthas riamh cheana ag bagairt ar an limistéar euro, agus cailleadh go leor post agus mhéadaigh an éiginnteacht. Mar sin, chuir an Chomhairle Rialaithe maolú breise ar fáil trí phacáiste PEPP a mhéadú go dtí €1,350 billiún san iomlán, agus leathnaíodh an tréimhse do ghlancheannacháin go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021.

Tráth chruinniú na Comhairle Rialaithe i mí na Nollag 2020, d'éirigh an phaindéim ní ba mheasa arís, rud a d'fhág go raibh geilleagar an limistéir euro ag dul in olcas. Mhéadaigh an Chomhairle Rialaithe clár PEPP go dtí €1,850 billiún san iomlán, agus leathnaíodh tréimhse le haghaidh glancheannachán go dtí Márta 2022 ar a laghad. Ar an gcaoi chéanna, maolaíodh na coinníollacha maidir le hoibríochtaí OASF agus leathnaíodh bearta maolaithe comhthaobhachta go dtí Meitheamh 2022.

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta de chuid an Eurochórais

Sa bhliain 2020, chuir an tEurochóras an APP i bhfeidhm go rianúil agus cuireadh tús athuair le glancheannacháin sócmhainní i mí na Samhna 2019. Ag deireadh 2020, bhí sealúchais APP an Eurochórais ag €2,909bn, agus ba urrúis na hearnála poiblí iad €2,342bn de na sealúcháis iomlána sin. Cuireadh tús le ceannacháin faoi PEPP ag deireadh mhí an Mhárta 2020 agus bhí sealúchais iomlána an Eurochórais faoi PEPP ag €753.7bn ag deireadh 2020.

Ba é méadú de €1,325.6bn ar iasachtaíocht an Eurochórais glanéifeacht leachtachta na gceithre oibríocht sa tríú sraith de TLTROs sa bhliain 2020, tar éis aisíocaíochtaí ó oibríochtaí eile a chur san áireamh. Díríodh ar iasachtaí sa cheathrú oibríocht i mí an Mheithimh (TLTRO-III.4).

Rinneadh oibríochtaí rialta a sholáthraíonn leachtacht euro, i bhfoirm príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin seachtainiúla (PAanna) agus oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha trí mhí (OAFanna), i rith na bliana, chomh maith leis na hoibríochtaí 7 lá a sholáthraíonn leachtacht dhollar na Stát Aontaithe. Mar fhreagairt ar COVID-19, mhéadaigh minicíocht oibríochtaí 7 lá dhollar na Stát Aontaithe ó mhinicíocht sheachtainiúil go laethúil idir an 24 Márta agus an 1 Iúil, ansin d'oibrigh siad trí huaire sa tseachtain go dtí gur fhill siad ar an minicíocht sheachtainiúil rialta ón 1 Meán Fómhair. Tugadh an chuid is mó de na hiasachtaí i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin nuair a mhéadaigh an mheán-leithroinnt in aghaidh na hoibríochta go \$3.7bn, i gcomparáid le \$1bn in aghaidh na hoibríochta i rith na bliana ina hiomláine.

Mhéadaigh meánsealúchais na róleachtachta ar fud an Eurochórais ó €1,807bn sa bhliain 2019 go €2,517bn sa bhliain 2020, rud a léiríonn an méadú ar ghníomhaíocht chlár iasachta agus ceannaigh TLTRO⁵. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2019, chuir an BCE córas dhá shraith i bhfeidhm i ndáil le cúlchistí banc a chúiteamh i gcás ina mbeadh cuid dá sealúchais, i dtaca le cúlchistí farasbairr de (i.e. sealúchais chúlchiste os cionn íoscheanglais chúlchiste), díolmhaithe ón ráta diúltach úis ar an tsaoráid taisce. Baineann an córas dhá shraith le róleachtacht i gcuntais reatha atá san Eurochóras ach ní bhaineann sé le sealúchais i saoráid taisce an BCE. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an meánchúiteamh laethúil ar an tsaoráid taisce, don Eurochóras ina iomláine, ó €525bn sa bhliain 2019 go €370bn sa bhliain 2020. Tá méadú tagtha ar shealúchais chúlchiste i gcuntais reatha institiúidí creidmheasa, agus mhéadaigh na meánsealúchais os cionn na n-íoscheanglas cúlchiste go € 2,146bn in 2020 ó €1,283bn in 2019.

Bosca 10: Bearta Breise maidir le Beartas Airgeadaíochta

Thug Comhairle Rialaithe an BCE sraith de bhearta breise ar bheartais airgeadaíochta isteach mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19. Tugadh an PEPP isteach chun dul i ngleic leis na rioscaí tromchúiseacha ar shásra tarchuir beartais airgeadaíochta agus ar ionchas don limistéar euro a bhaineann leis an bpaindéim. Maidir leis na cineálacha sócmhainní atá incháilithe cheana féin le haghaidh an APP reatha, ceannaítear iad faoin PEPP agus leathnaíodh réimse aibíochta páipéar tráchtála corparáideach neamhairgeadais ionas gur féidir freisin páipéar incháilithe a bhfuil aibíocht níos giorra aige a cheannach. Ina theannta sin, tarscaoileadh na ceanglais incháilitheachta d'urrúis arna n-eisiúint ag rialtas na Gréige do PEPP agus laghdaíodh aibíocht iarmharach íosta le haghaidh urrúis na hearnála poiblí ó bhliain amháin go 70 lá. Cé gur lean ceannacháin urrúis na hearnála poiblí de bheith á dtreorú ag eochair chaipitil na mbanc ceannais náisiúnta (BCNanna), rinneadh ceannacháin faoin PEPP nua ar bhealach solúbtha, rud a cheadaigh luaineachtaí i ndáileadh sreafaí ceannaigh le himeacht ama, thar chineálacha sócmhainní, agus ar fud tíortha.

D'fhógair an BCE (in éineacht le Banc Cheanada, Banc Shasana, Banc na Seapáine, Cúlchiste Feidearálach na Stát Aontaithe agus Banc Náisiúnta na hEilvéise) go laghdófaí an phraghsáil ar shocruithe babhtála leachtachta dhollar na Stát Aontaithe, mar aon le hoibríochtaí athmhaoinithe níos minice (lena n-áirítear oibríochtaí a bhfuil aibíocht 84 lá acu) a thabhairt isteach. Tháinig iasachtaíocht faoi oibríochtaí dhollar

⁵ Ríomhtar na figiúirí maidir le leibhéal róleachtachta san Eurochóras mar seo a leanas: iarmhéideanna cuntas reatha, móide iarmhéideanna na saoráide taisce, lúide riachtanais chúlchiste iomlána, lúide iarmhéideanna na saoráide iasachta imeallaí.

na Stát Aontaithe chun buaice ag os cionn USD145bn i Meitheamh 2020, a tharla go príomha le linn oibríochtaí 84 lá.

Maolaíodh coinníollacha maidir le OASF-III le héifeacht ón gceathrú oibríocht OASF-III i mí an Mheithimh (OASF.III.4), agus tugadh isteach sraith oibríochtaí athmhaoinithe níos fadtéarmaí (OAFanna) ag téarmaí fabhracha chun teacht le riachtanais leachtachta go dtí go socrófaí OASF-III.4. Ba é €388bn an leithroinnt iomlán thar 13 OASF. Tugadh isteach oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha le haghaidh éigeandáil na paidéime (OAFEPanna), ar a raibh seacht n-oibríocht athmhaoinithe bhreise a thosaigh i mBealtaine 2020 agus a lean ar aghaidh i seicheamh céimnithe idir Iúil agus Meán Fómhair 2021.

I measc na mbeart sealadadh um maolú comhthaobhachta, chun tacú le rochtain na gcontrapháirtithe ar na hoibríochtaí athmhaoinithe thuasluaite, rinneadh athruithe ar phríomh-pharaiméadair an chreata comhthaobhachta, leathnú ar éilimh chreidmheasa bhreise inghlactha agus sócmhainní indíolta agus eistheoirí na sócmhainní sin a chomhlíon na híoscheanglais maidir le cáilíocht chreidmheasa a chomhlíonadh ar an 7 Aibreán 2020 chun incháilitheacht a choinneáil i gcás íosghrádú rátála, laistigh de pharaiméadair áirithe.

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta na hÉireann

As na ceithre chlár ceannaigh comhpháirte faoin APP, ní cheannaíonn an Banc Ceannais ach bannaí le haghaidh chlár ceannaigh na hearnála poiblí (PSPP) agus an tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (CBPP3). Is ar phriacal an Bhainc Ceannais féin a shealbhaítear sealúchais PSPP d'urrúis rialtas na hÉireann ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais agus tháinig méadú ar na sealúchais sin go €31.6bn ag deireadh 2020, ó €27.7bn ag deireadh 2019. Maidir le sealúchais bannaí faoi chumhdach faoin CBPP3, ar sealúchais chomhroinnte riosca leis an Eurochóras iad, tháinig orthu go €3.2bn ag deireadh 2020 i gcomparáid le €4bn bliain roimhe sin. B'ionann sealúchais an Bhainc Ceannais ar urrúis rialtas na hÉireann faoin PEPP agus € 9.9bn ag deireadh 2020.

Threoraigh an Banc Ceannais 247 n-oibríocht a sholáthraíonn leachtacht thar ceann an Eurochórais sa bhliain 2020, ar oibríochtaí euro iad 89 díobh agus ar oibríochtaí dhollar na Stát Aontaithe iad 158 díobh. Ina theannta sin, treoraíodh deich n-oibríocht luath-aisíocaíochta a bhaineann le OASF. Bhí 23 chontrapháirtí beartais airgeadaíochta ag an mBanc Ceannais ag deireadh 2020, an líon céanna agus a bhí aige ag deireadh 2019. B'ionann aisíocaíocht iomlán beartais airgeadaíochta ag contrapháirtithe Éireannacha agus thart ar €7.3bn ar an 31 Nollaig 2020, i gcomparáid le €2.0bn ar an 31 Nollaig 2019.

Is annamh a glacadh páirt sna PAanna seachtainiúla agus bhí an rannpháirtíocht teoranta do líon beag contrapháirtithe an Bhainc Ceannais, agus ní raibh aon rannpháirtíocht sna OAFanna 3 mhí. Bhí na leibhéil leantacha rannpháirtíochta ísle in oibríochtaí creidmheasa le linn na bliana ag tarlú i bhfianaise na róleachtachta.

Threoraigh agus shocraigh an Banc Ceannais gach oibríocht beartais airgeadaíochta i rith na bliana ar bhealach tráthúil, éifeachtúil éifeachtach i gcomhréir le creat oibríochta an Eurochórais. Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais faireachán ar chomhlíonadh íoscheanglas cúlchistí d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta BCE.

Ag teacht leis an méadú suntasach ar róleachtacht ar fud an Eurochórais, bhreathnaigh an Banc Ceannais ar mhéadú seasta ar leibhéal sealúchais cúlchistí óna chontrapháirtithe le linn 2020. Mar thoradh air sin, mhéadaigh meán na róleachtachta ó € 24.05bn i rith 2019, go €44.53bn i rith 2020.

Bosca 11: Athbhreithniú ar Straitéis BCE

Cuireadh tús le hathbhreithniú straitéise an BCE ar an 23 Eanáir 2020. Is í aidhm an athbhreithnithe straitéis an bheartais airgeadaíochta a dhéanamh oiriúnach dá feidhm, inniu agus sa todhchaí. Idir an dá linn, leanann an Chomhairle Rialaithe uirthi ag déanamh anailís ar fhorbairt an gheilleagair agus an bhoilscithe, agus ag déanamh cinntí beartais nuair ba ghá. Críochnófar an t-athbhreithniú straitéise sa dara leath de 2021.

Cuimseoidh an t-athbhreithniú straitéise gach gné den bheartas airgeadaíochta chun cabhrú linn ár sainordú maidir le cobhsaíocht praghsanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear an chaoi ina sainmhínítear 'cobhsaíocht praghsanna' agus an ráta boilscithe is mian linn a bhaint amach. Breathnaítear freisin ar an gcaoi a ndéanaimid anailís ar an ngeilleagar chun a chinntiú go ndéantar rioscaí do chobhsaíocht praghsanna a shainaithint agus gníomhú ina leith go tráthúil agus go héifeachtach. Déantar iniúchadh freisin ar cheisteanna eile atá ábhartha dár sainordú, amhail fostaíocht, domhandú, athrú aeráide agus cobhsaíocht airgeadais. Tá an Banc Ceannais ag glacadh páirte agus ag cur le raon sruthanna oibre a fhéachann ar na príomhábhair seo don athbhreithniú.⁶

Beidh an t-athbhreithniú straitéise bunaithe ar anailís chríochnúil agus tabharfar faoi ar bhealach uilechuimsitheach. Cuirfidh an BCE agus na BCNanna sraith imeachtaí éisteachta ar fáil le réimse páirtithe leasmhara

⁶ Is féidir liosta iomlán de na sruthanna oibre a fháil ag an nasc seo a leanas:
<https://www.ecb.europa.eu/home/search/review/html/workstreams.en.html>

lena n-áirítear saoránaigh, lucht acadúil, baill de Pharlaimint na hEorpa, ionadaithe ón earnáil airgeadais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Beidh an Banc Ceannais ag óstáil roinnt de na himeachtaí sin chun éisteacht le tuairimí agus ábhair imní eacnamaíocha ó réimse leathan saoránach, lucht acadúil agus lucht gnó ansin déanfaidh siad iad a mheas. Cuirfear torthaí na n-imeachtaí sin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch

Anailís Eacnamaíoch⁷

Tá ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais i bhfoirmiú beartas eacnamaíoch náisiúnta trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a chur ar fáil le tráchtairreachtaí rialta, réamhaisnéisí, taighde agus staidreamh airgeadais ar ardchaighdeán. Cuirtear iad sin i láthair trí bhithin Faisnéis Ráithiúil, páipéir thaighde agus foilseacháin litreacha eacnamaíocha, i ráitis agus óráidí ón nGobharnóir agus baill eile den lucht bainistíocht shinsearach, agus trí chomhdhálacha agus seimineáir. Tugtar cur síos mionsonraithe ar aschur taighde an Bhainc Ceannais i [bhFeasachán Taighde 2020](#).

Le linn 2020, cuireadh sé chleachtadh réamhaisnéise maicreacnamaíocha i gcrích; rinneadh dhá cheann díobh sin i gcomhthéacs Bheart Réamh-Mheastachán Leathan Maicreacnamaíoch an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFaisnéis Ráithiúil an Bhainc Ceannais. De bhreis air sin, ghlac an Banc Ceannais páirt i bhfóraithe eile réamhaisnéise agus beartais e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus an tAontas Eorpach, agus chuaigh sé i gcomhairle le misin leathbhliantúla chuartaíochta Páirtithe Seachtracha le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

Maidir le hanailís mhaicreacnamaíoch, dhírigh go leor den obair i rith na bliana ar an tionchar a bhí ag géarchéim COVID-19 ar gheilleagar na hÉireann agus measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí nach bhfacthas riamh cheana ar thomhaltas, airgeadas poiblí, beartas airgeadaíochta agus margadh an tsaothair. Chomh maith le héifeachtaí COVID-19 a thuiscint, dhírigh taighde eile ar réimse leathan ábhar amhail ionchais boilscithe, rachmas teaghlaigh, timthriallta creidmheasa agus beartais aistrithe i margadh morgáistí na hÉireann.

⁷ Tá anailís eacnamaíoch do ghníomhaíocht a bhaineann le Brexit leagtha amach san alt ar Brexit i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1.

Bosca 12: Sonraí Fíor-ama a úsáidtear chun Faireachán a dhéanamh ar Fhorbairtí i rith na Paindéime

Chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar ghníomhaíocht gheilleagrach, cé gur deacair na héifeachtaí iomlán a thuiscint mar gheall ar agaí moille i bpríomhshonraí eacnamaíocha. Baineadh úsáid as réimse leathan foinsí sonraí agus cineálacha cuir chuige anailíseacha chun cabhrú le feidhmíocht gheilleagrach fíor-ama a thuiscint níos fearr.

Thosaigh an Banc Ceannais ag bailiú Staidreamh laethúil maidir le Cártaí Creidmheasa agus Cártaí Dochair. Is luathchomhartha maidir le tomhaltas teaghlaigh agus gníomhaíocht gheilleagrach iad na sonraí idirbhearta ardmhinicíochta seo. Tháinig laghdú mór ar chaiteachas tomhaltóirí agus ar iasachtaí teaghlaigh sna chéad mhíonna den phaindéim. Tháinig feabhas ar idirbhearta i rith mhíonna an tsamhraidh de réir mar a maolaíodh na srianta, ach bhí dúshlán gheilleagracha ann mar gheall ar an mborradh i líon na gcásanna agus tabhairt isteach na srianta athuir. Mhéadaigh tasci teaghlaigh go suntasach de réir mar a chuir an phaindéim srian ar thomhaltas, agus chuidigh tacaí rialtais agus sosanna íocaíochta le brú airgeadais a mhaolú.

Beart breise de ghníomhaíocht fhíor-ama is ea an Táscaire Timthriallta Gnó (BCI), a thógtar ó shonraí eacnamaíocha agus airgeadais míosúla chun comhghluaiseachtaí a ghabháil laistigh de na sonraí seo.

Taispeánann an BCI uimhir amháin a léiríonn fás eacnamaíoch níos airde nó níos ísle ná an meán. Tháinig laghdú 1.8% ar na figiúirí i mí na Samhna mar gheall ar fhorbairtí sa mhargadh saothair agus i ndíolachán miondíola, ach d'fhan siad os cionn an laghdaithe 6.5% i mí Aibreáin ag am a raibh bearta diana srianta ann.

Faoi dheireadh, i measc tascairí fíor-ama agus ardmhinicíochta eile a forbraíodh, tá faireachán laethúil ar fhiosrúcháin chreidmheasa nua ag teaghlaigh agus ag gnólachtaí, agus tascairí laethúla maidir le breith agus dócmhainneachtaí gnólachtaí.

Staidreamh

Tá sonraí staidrimh ina gcomhchuid thábhachtach den mheasúnacht a dhéanann an Banc Ceannais ar an ngeilleagar agus ar chobhsaíocht airgeadais agus éascaíonn siad an faireachán a dhéantar ar fhorbairtí maoiniúcháin agus creidmheasa san earnáil airgeadais agus ar fud an gheilleagair intíre i gcoitinne. Bailíonn, tiomsaíonn agus scaipeann an Banc Ceannais réimse leathan staidrimh chun tacú leis an CEBC agus le húsáideoirí seachtracha, amhail rannpháirtithe margaidh, institiúidí poiblí, na meáin agus an pobal i gcoitinne.

Tugann an tsraith 'Behind the Data' léargas ar threochtaí suimiúla airgeadais agus eacnamaíocha trí fhéachaint níos géire ar shonraí a bhailíonn an Banc Ceannais. In eisiúintí na bliana 2020, rinneadh anailís ar ábhair i bhfianaise thurraing COVID-19 amhail an t-éileamh athraitheach ar iasachtaí, aicmiú sosanna íocaíochta i measc iasachtaithe agus earnálacha agus ardú leibhéal na dtaiscí teaghlaigh.

D'fhorbair an Banc Ceannais tacar sonraí nua ar chistí pinsean gairme. Tugann na sonraí seo forbhreathnú ar struchtúr uathúil na hearnála, aithnítear an líon mór eintiteas atá ann agus an áit a bhfuil go leor sócmhainní. Chomh maith le heisiúintí faisnéise staidrimh a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil, áireofar ar na chéad chéimeanna eile, chun an tacar sonraí seo a fhorbairt, imscrúdú a dhéanamh ar na miondealuithe sócmhainní de réir a n-earnála agus na tíreolaíochta chun na neamhchosaintí infheistíochta teaghlaigh seo a iniúchadh tuilleadh.

Scaoil an Banc Ceannais an dara tuarascáil dar teideal 'Private Motor Insurance Report of the National Claims Information Database (NCID)'. Bhí roinnt feabhsuithe sa tuarascáil lena n-áirítear faisnéis níos mionsonraithe ar phatrúin forbartha éileamh agus méadú ar ghráinneacht na gcainéal socraíochta. Rinneadh dul chun cinn freisin san obair ullmhúcháin chun an NCID a leathnú chuig árachas dliteanais fostóra agus poiblí. Scaoilfidh an Banc Ceannais an chéad tuarascáil ar na línte árachais seo sa bhliain 2021.

An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is é atá sa Phríomhchlár Creidmheasa (CCR) bunachar sonraí éigeantach náisiúnta maidir le faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa. Is é an Banc Ceannais a bhíonn á chothabháil agus á oibriú faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013.

Rannchuidíonn an CCR le cobhsaíocht an chórais airgeadais, cothaíonn sé athléimneacht agus cosnaíonn sé tomhaltóirí trí chinntí eolasacha creidmheasa a éascú. Soláthraíonn an CCR sonraí tábhachtacha mionsonraithe creidmheasa, rud a thacaíonn le cobhsaíocht airgeadais, le maoirseacht, agus le gníomhaíochtaí staidrimh agus gníomhaíochtaí eile. Ina theannta sin, soláthraíonn sé faisnéis iontaofa chreidmheasa d'iasachtóirí le haghaidh measúnachtaí acmhainneacht chreidmheasa. Is féidir le tomhaltóirí a dtuairisc chreidmheasa a iarraidh aon tráth, saor in aisce, agus cabhróidh sé sin le tuiscint na dtomhaltóirí a fheabhsú agus cothóidh sé cinntí eolasacha creidmheasa.

Tá sé de cheangal ar iasachtóirí faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa a chur ar fáil maidir le comhaontuithe creidmheasa agus maidir le hiarratais chreidmheasa i gcás inar suim €500 nó níos mó a bhíonn i gceist. Tá sé de cheangal ar iasachtóirí freisin rochtain a fháil ar thuairisc chreidmheasa iarratasóra nuair a bhaineann an t-iarratas creidmheasa le

suim €2,000 nó níos mó. Ina theannta sin, is féidir leo, más mian leo amhlaidh a dhéanamh, rochtain a fháil ar thuairisc chreidmheasa iarratasóra i gcás inar lú ná €2,000 an t-iarratas creidmheasa i gcás ina mbeidh riaráistí ar chomhaontú creidmheasa atá ann cheana féin nó i gcás inar sáraíodh an teorainn a ghabhann le cárta creidmheasa nó le rótharraingt. Gearrtar táille ar iasachtóirí i ndáil le gach tuarascáil chreidmheasa a bhfaightear rochtain uirthi. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an mBanc Ceannais na costais a bhaineann le bunú, cothabháil agus oibriú an CCR a chúiteamh.

Ag deireadh na bliana 2020, bhí faisnéis á cur chuig an CCR ag 583 iasachtóir (2019: 533) agus tá faisnéis i leith 5.5m taifead le fáil sa CRR (2019: 5.5m).

I rith na bliana 2020, cuireadh 1.7m tuairisc chreidmheasa ar fáil d'iasachtóirí (2019: 1.7m) agus cuireadh 9,848 tuairisc chreidmheasa ar fáil d'iasachtaithe. (2019: 9,848).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, lena n-áirítear faisnéis faoi thuairisc chreidmheasa a fháil, féach www.centralcreditregister.ie.

Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Íocaíochtaí agus Socraíochtaí

Sa bhliain 2020, níor tháinig aon athrú ar na córais / scéimeanna íocaíochta nó na córais socraíochta urrús a bhfuil ár n-íocaíochtaí leictreonacha ag brath orthu in Éirinn, ie, leanaimid orainn ag brath ar bhonneagair mhargadh airgeadais lasmuigh d'Éirinn chun íocaíochtaí agus urrúis a ghlanadh agus a shocrú.

In Aibreán 2020, d'fhoilsigh an Banc Ceannais páipéar dar teideal [“Ireland's Payment and Securities Settlement Systems Infrastructure”](#). Thug an páipéar forbhreathnú leathan ar bhonneagar na gcóras reatha íocaíochta agus socraíochta urrús in Éirinn, míníodh cad atá i gceist leis na córais íocaíochta agus socraíochta urrús, cén fáth a bhfuil siad tábhachtach agus tugtar breac-chuntas ar ról maoirseachta an Bhainc Ceannais.

I bhfianaise fhorbairt na teicneolaíochta agus forbairtí san éiceachóras íocaíochtaí le seirbhísí, táirgí agus gníomhaithe nua, chuir an Banc Ceannais leis an athbhreithniú ar chreataí atá ann cheana agus forbraíodh creat cruthúnais níos iomláine, comhoiriúnaithe, cothrom le dáta, a chuirfidh fianaise ar fáil amach anseo bunaithe ar chaighdeán mhaoirseachta aitheanta. Forbraíodh an creat maoirseachta do gach cineál ionstraim, scéim agus socrú ríomhíocaíochta (Creat PISA) i ndiaidh comhairliúchán poiblí a rinneadh i Ráithe 4, 2020.

Lean an Banc Ceannais air ag déanamh faireachán ar fhorbairtí i réimse na n-íocaíochtaí miondíola, trí leanúint ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha ar thionscnaimh a ailíníonn le straitéis íocaíochtaí miondíola an Eurochórais. Ghlac an Banc Ceannais páirt freisin i dTascfhórsa Ardleibhéil an Eurochórais le haghaidh Airgeadra Digiteach an Bhainc Ceannais (CBDC), a fhiosraíonn na buntáistí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an euro digiteach (féach Bosca 13).

Bosca 13: Euro Digiteach

De bhrí go bhfuil méadú ar dhigitiú agus ar nuálaíocht i réimse na n-íocaíochtaí miondíola, agus go bhfuil athrú tagtha ar iompar tomhaltóirí, tá BCE agus BCNann sa limistéar euro ag breathnú ar na buntáistí agus ar na rioscaí a bhaineann leis an euro digiteach.

Chinntedh euro digiteach gur féidir le saoránaigh sa limistéar euro rochtain gan chostas a fháil ar mhodh íocaíochta simplí, sábháilte, iontaofa, a nglactar leis go huilíoch. Bheadh euro digiteach ar chomhluach le nóta bainc euro - rud a thiocfaidh leis an airgead tirim in ionad teacht ina áit.

D'fhéadfadh euro digiteach cabhrú le digitiú gheilleagar na hEorpa agus nuálaíocht in íocaíochtaí miondíola a spreagadh. Bheadh dearadh idir-inoibritheach aige le réitigh íocaíochta príobháideacha, rud a d'éascódh soláthar réitigh uile-Eorpacha agus a chuirfeadh seirbhísí breise ar fáil do thomhaltóirí. Bheadh cosaint phríobháideachta mar phríomhthosaíocht.

Níor chinn an tEurochóras euro digiteach a chur ar fáil. Táimid i gcéim ullmhúcháin faoi láthair; caithfidh an coincheap a fhorbairt, turgnamh a dhéanamh, éisteacht le tuairimí an phobail agus le tuairimí páirtithe leasmhara. I lár 2021, táthar ag súil go ndéanfar cinneadh maidir le tionscadal euro digiteach a sheoladh. Chuirfeadh tionscadal den sórt sin ar ár gcumas a bheith ullamh d'eisiúint euro digiteach a d'fhéadfadh tarlú ag pointe éigin sa todhchaí.

Sa bhliain 2020, d'ardaigh idirbhearta córas TARGET i gcomparáid le blianta roimhe seo agus phróiseáil córas TARGET2 níos mó ná 232m idirbheart inar cuimsíodh níos mó ná 88.5m idirbheart ollsocráíochta fíorama (RTGS) agus 143.5m idirbheart ar Shainchuntais Airgead Tirim (DCAs).⁸ Mhéadaigh luach iomlán idirbhearta RTGS i gcomparáid leis an mbliain 2019, is é sin, méadú 5% go dtí €465.79tn agus b'ionann an meánluach laethúil agus €1.81tn.

⁸ Idirbhearta Urrúis TARGET2 (T2S) agus Íocaíochtaí Meandaracha TARGET (TIPS). Níl aon rannpháirtithe Éireannacha ag úsáid na n-ardán seo faoi láthair.

Phróiseáil comhpháirt TARGET2 na hÉireann, TARGET2-Ireland, 741,427 idirbheart; rud a léiríonn laghdú de bheagnach 16% i gcomparáid le 2019. Mar sin féin, tháinig méadú 0.02% ar luach na n-íocaíochtaí a bhain le T2S go dtí €2,998tn. Faoi am scoir gnó ar an 31 Nollaig 2020, bhí 14 rannpháirtí dhíreacha ag TARGET2-Ireland, rannpháirtí amháin níos lú ná 2019 de bhrí nach raibh rochtain ag einititeas amháin de chuid na Ríochta Aontaithe air de bharr Brexit.

I measc Sheirbhísí TARGET atá le teacht, tá Comhdhlúthú T2-T2S ar tionscadal é chun córas nua RTGS a chur in ionad TARGET2 agus chun barr feabhais a chur ar bhainistíocht leachtachta ar fud Sheirbhísí TARGET go léir. Ar an 22 Iúil 2020, cheadaigh an Chomhairle Rialaithe síneadh bliana ar amlíne thionscadal comhdhlúthaithe T2-T2S ó Shamhain 2021 go Samhain 2022 mar gheall ar dhúshláin a chruthaigh paidéim COVID-19 don tionscal airgeadais agus mar gheall ar athsceidealú ar aistriú domhanda SWIFT i dtaca le híocaíochtaí trasteorann le ISO 20022. Bhain an Banc Ceannais agus margadh na hÉireann garspriocanna uile thionscadal an Eurochórais amach le linn 2020 agus táimid in áit mhaith chun an dáta leasaithe, Samhain 2022, a bhaint amach.

Ina ról mar Chláraitheoir, déanann an Banc Ceannais íocaíochtaí díbhinne agus fuascailte le sealbhóirí cuntais ar bhannaí agus ar bhillí cisteáin arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Ag deireadh na bliana 2020, b'ionann agus €139.7bn luach ainmniúil na mbannaí sa Chlár, is é sin méadú €8bn i gcomparáid leis an luach a bhí amuigh ag deireadh na bliana 2019 (€131bn). In 2020, aibíodh dhá bhanna agus sé bhille cisteáin, agus mar thoradh air sin bhí íocaíochtaí fuascailte ann de €17bn agus €6bn faoi seach. Maidir le deich mbanna amúchta Éireannacha a fuasclaíodh go páirteach sa bhliain 2020, rinneadh íocaíochtaí fuascailte páirteacha de €19.5m. D'eisigh an GBCN trí bhanna nua Rialtais le luach ainmniúil €16bn; dhíol siad €8bn breise ar bhannaí reatha (Taps) agus €7.75bn ar Bhillí an Chisteáin. Is in Euroclear Bank, atá lonnaithe sa Bheilg, a shocraítear idirbhearta i leith Bhannaí Rialtas na hÉireann.

Airgeadra

Nótaí Bainc

Sa bhliain 2020, chuir an Banc Ceannais 190m nóta bainc (luach €6,636m) ar fáil. B'ionann é sin agus laghdú 12% i gcomparáid leis an 215m nóta bainc (luach €6,636m) a eisíodh sa bhliain 2019. Ba é laghdú éilimh ar airgead tirim ó Mhárta go Nollaig ba chúis leis an laghdú sin den chuid is mó de bhrí go raibh laghdú ar chaiteachas agus go raibh daoine ag íoc gan airgead tirim. In 2020, fuair an Banc Ceannais lóisteálacha nótaí bainc de 127m (luach €3,408m) arb ionann é agus laghdú 32% ar an 187m (luach €4,999m) a fuarthas sa bhliain 2019. Léiríonn an laghdú sin an leibhéal laghdaithe

eisiúna agus leanúint de ghníomhaíochtaí faoi stiúir an mhargaidh chun athchúrsaíocht nótaí bainc a éascú.

Tábla 1: Eisiúintí Nótaí Bainc

Líon na Nótaí Bainc (m) a eisíodh			Luach €m	
Ainmníocht	2020	2019	2020	2019
€5	22	40	108	199
€10	24	30	238	296
€20	39	39	785	785
€50	105	106	5,242	5,313
€100*	0	0	46	39
€200*	0	0	0	3
€500*	0	0	0	1
Iomlán	190	215	6,418	6,636

Nóta: Seans nach suimeoidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

* Líon iarbhír na nótaí a eisíodh:

2020	2019
€100: 455,000	€100: 385,100
€200: 2,000	€200: 13,100
**€500: 0	€500: 2,000

** Éiríodh as an nóta bainc €500 a eisiúint ón 26 Eanáir 2019

Boinn

Ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, chuir an Banc Ceannais 52m bonn (luach €33m) i gcúrsaíocht sa bhliain 2020. B'ionann é sin agus laghdú 33% ar líon na mbonn i gcomparáid leis an 77m bonn (luach 33m) a eisíodh sa bhliain 2019. Ba é an laghdú éilimh ar airgead tirim ó Mhárta go Nollaig ba chúis leis an laghdú sin den chuid is mó de bhrí go raibh laghdú ar chaiteachas agus go raibh daoine ag íoc gan airgead tirim.

Le linn na bliana 2020, lean an Banc Ceannais de bheith ag obair leis an tionscal (amhail bainc mhiondíola agus cuideachtaí 'Airgead Tirim faoi Bhealach') chun tuilleadh éifeachtúlachtaí a spreagadh ó thaobh stoc bonn sa mhargadh a bhainistiú. Is é príomhfhocas na hoibre sin cúrsaíocht mhéadaithe na mbonn atá ann cheana a chur chun cinn sa mhargadh.

Sa bhliain 2020, ghlac an Banc Ceannais páirt i malartú bonn le Ballstáit eile, toisc go dtacaíonn malartuithe den sórt sin le húsáid éifeachtach stoic farasbairr na mbonn san Eurochóras.

Tábla 2: Eisiúintí Bonn

Líon na mBonn (m)			Luach €m	
Ainmníocht	2020	2019	2020	2019
1c	2	0	0	0
2c	0	0	0	0
5c	20	31	1	2
10c	9	14	1	1
20c	5	13	1	3
50c	5	5	3	3
€1	5	3	5	3
€2	7	11	14	22
Iomlán	52	77	24	33

Nóta: Seans nach suimeoidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Boinn Inbhailithe

Déanann an Banc Ceannais imeachtaí suntasacha a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chomóradh trí réimse táirgí moneolaíochta a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Sa bhliain 2020, d'eisigh an Banc Ceannais dhá cheann d'fhoirne na bliana. Murab ionann agus blianta roimhe seo, níor eisigh an Banc Ceannais aon bhoinn uathúla inbhailithe sa bhliain 2020, mar gheall ar dhúshláin a chruthaigh paidéim COVID-19. Bíonn an Banc Ceannais tiomanta i gcónaí do tháirgí moneolaíochta a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais agus tá súil aige go mbeidh sé in ann tosú ar Bhoinn Inbhailithe a eisiúint arís níos déanaí sa bhliain 2021.



Foireann Bonn Bláthanna Fiáine i mBaol 2020

Forbairtí i dTimthriall Airgead Tirim na hÉireann

Sa bhliain 2020, lean an Banc Ceannais de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le timthriall airgead tirim d'fhonn éifeachtúlacht, éifeachtacht agus athléimneacht a chur chun cinn i dtimthriall an airgid thirim. Mar fhreagairt ar na hiarmhairtí a bhí ag COVID-19 ar an timthriall airgid, threoraigh an Banc Ceannais an Grúpa Náisiúnta Teagmhais i leith Thimthriall an Airgid Thirim chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh le soláthar airgid gan aon fhadhb trí na leibhéil éagsúla srianta de phlean an rialtais - Maireachtáil le COVID-19.

An Scéim Ráthaíochta Taiscí

Bíonn an Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) á riaradh ag an mBanc Ceannais agus á maoiniú ag na hinstiúidí creidmheasa a chumhdaítear faoin scéim. Faoin SRT, cosnaítear taisceoirí cáilithe suas go €100,000 i gcás ina gclisfidh instiúid chreidmheasa. Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015), ceanglaítear ar an SRT spriocleibhéal maoiniúcháin arb ionann é agus 0.8% de thaiscí faoi chumhdach a bhaint amach faoin mbliain 2024. Rinneadh an ceathrú bliain de ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste, arbh ionann iad san iomlán agus €111m, a thobhach ag deireadh na bliana 2020.

Mar a léirítear sa alt Athléimneacht a Neartú i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1, rinne an SRT íocaíochtaí cúitimh le taisceoirí cáilithe Chomhar Creidmheasa Dhroim Conrach agus Dúiche. Rinneadh íocaíochtaí de thart ar €12.9m, arb ionann iad agus os cionn 95% de na taiscí cáilithe a chumhdaíonn an SRT, le thart ar 4,600 ball ar an 10 Iúil 2020. Rinneadh

íocaíochtaí iomlána de €13.4m suas go deireadh na bliana 2020. I rith na bliana 2020, rinne an SRT tástálacha struis ar a gcuid córas agus próiseas i gcomhréir le treoirlínte an ÚBE maidir le tástálacha struis ar scéimeanna ráthaíochta taiscí faoi Threoir 2014/49/an Aontais Eorpaigh. Is é a bhí i gceist leis na tástálacha ionsamhlúcháin sin ó cheann go ceann réimse leathan cásanna iomchuí chun a chinntiú go mbeadh an SRT in ann cúiteamh a thabhairt do thaisceoirí i gcás inar ghá an scéim a úsáid. Tá suíomh gréasáin tiomnaithe ar a dtugtar faisnéis faoin SRT do thomhaltóirí ar fáil ag www.depositguarantee.ie.

An Ciste Cúitimh Árachais

Tar éis an tAcht Árachais (Leasú) 2018 a achtú i mí Iúil 2018, tugadh freagracht don Bhanc Ceannais i ndáil le riaradh an Chiste Cúitimh Árachais (an Ciste) a bhí á riaradh roimhe sin ag Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Déantar an Ciste a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí ó chuideachtaí árachais i leith ollphréimheanna árachais neamhshaoil. I gcás ina dtarlódh leachtú cuideachta árachais neamhshaoil, agus i gcás ina dtabharfaidh an Ard-Chúirt ceadú ina leith, déanfaidh an Banc Ceannais, ina cháil mar riarthóir an Chiste, an méid iomchuí a íoc leis an leachtaitheoir i gcás cuideachta árachais in Éirinn nó leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) i leith cuideachta árachais i mBallstát eile lena dháileadh ar na héilitheoirí. Le linn 2020, de bhun Orduithe Ard-Chúirte a eisíodh chuig an SCA, rinneadh íocaíochtaí ón gCiste chuig an SCA de €8.4m i leith *Setanta Insurance Company Limited* (faoi leachtú) agus €1.4m i leith *Enterprise Insurance Company Plc.* (faoi leachtú).

Cistí Réitigh

Tá freagrachtaí reachtúla ar an mBanc Ceannais maidir le trí chiste réitigh.

Ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh, ceanglaíodh ar bhainc atá ceadúnaithe in Éirinn ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA), atá á bhainistiú ag an mBord Réitigh Aonair (BRA). Is féidir an CRA a úsáid chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtúil uirlisí réitigh agus go bhfeidhmítear cumhachtaí réitigh a thugtar don BRA faoi rialacháin an tSásra Réitigh Aonair (SRA). Sa bhliain 2020, bhailigh an Banc Ceannais €138m ó bhainc na hÉireann thar ceann an BRA. Bhain an CRA €42bn dá sprioc iomlán de thart faoi €60bn amach, agus níor iarradh air gníomhaíochtaí réitigh a mhaoiniú go dtí seo.

Maidir le gnólachtaí infheistíochta atá ceadúnaithe in Éirinn agus brainsí Éireannacha de chuid banc atá údaraithe i ndlínsí neamh-LEE (brainsí tríú tír) agus a thagann faoi scóip chreat réitigh an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheangal orthu ranníocaíochtaí a dhéanamh le Ciste Réitigh na mBanc agus na nGnólachtaí Infheistíochta (Ciste BIFR). Bhailigh an Banc Ceannais ranníocaíochtaí tobhaigh Chiste BIFR de €9.9m i leith na tréimhse

ranníocaíochta 2020, rud a thug an ciste iomlán go €26.6m. Níor iarradh ar an gciste seo gníomhaíochtaí réitigh a mhaoiniú.

Soláthraíonn an Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (CIRF) foinse mhaoiniúcháin chun comhair chreidmheasa a réiteach faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Sa bhliain 2020, bailíodh €5m de ranníocaíochtaí tobhaigh earnáil na gcomhar creidmheasa, rud a thug an ciste iomlán go €50.5m. Mar thoradh ar leachtú Chomhar Creidmheasa Dhroim Conrach agus Dúiche, thabhaigh an CIRF costais dlí sa bhliain 2020.



Caibidil 3: **Ag Tacú lenár nEagraíocht**

Caibidil 3: Ag Tacú lenár nEagraíocht

Teicneolaíocht

Rinneadh roinnt éachtaí teicneolaíochta sa bhliain 2020 lena n-áirítear:

- An Conradh Ionad Sonraí agus Seirbhísí Bainistithe a bhronnadh ar Global Entserv Solutions Ireland Ltd. lena chinntiú go leanfar den tseirbhís ríthábhachtach seo don Bhanc Ceannais.
- Slándáil faisnéise eagraíochtúil a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar shaol bagarthach an athraithe, go háirithe i bhfianaise na paidéime.
- Sraith feabhsuithe líonra a dhéanamh sa dara cuid de 2020 lena n-áirítear feidhmíocht fheabhsaithe uirlisí comhoibrithe.
- Punann shuntasach tionscadal a chur ar fáil don eagraíocht lena n-áirítear athsholáthar ár gcórais Acmhainní Daonna, uasghrádú ar ár gcórais um bainistíocht comhthaobhachta logánta de réir threochlár straitéiseach an chórais Euro, seachadadh Threoir Réamheolaire 3 agus cur i bhfeidhm réiteach nua staidrimh na gcistí pinsin.

Cumarsáid

Rannpháirtíocht lenár bhFoireann

Le linn 2020, d'aithin an Banc Ceannais an tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann, go háirithe le linn COVID-19 agus formhór na foirne ag obair ón mbaile, cé gur lean líon beag daoine orthu ag taisteal chuig an láthair oibre chun tabhairt faoi chúrsaí tábhachtacha gnó.

Inár bpríomhchreat de theachtaireachtaí cumarsáide inmheánaí, leagadh béim ar an méid seo a leanas:

1. Príomhthosaíocht a thabhairt do shláinte agus d'fholláine na foirne.
2. Leanúnachas gnó agus oiriúnú do bhealach nua oibre.
3. Ár bhfreagra agus tábhacht ár róil sa chóras eacnamaíoch agus airgeadais i gcoitinne.

Bhí ról gníomhach ag an nGobharnóir agus ag baill eile den fhoireann shinsearach i roinnt tionscnamh lena n-áirítear ríomhphoist rialta chuig an

bhfoireann uile, glaonna físe, fóraim ceannaireachta agus cruthú Mol Faisnéise COVID-19.

Láimhseáil Gearán

Cé go bhfaightear méid suntasach comhfhreagais ón bpobal, a fhreagraítear trí na réimsí cuí, is faoin Nós Imeachta chun Déileáil le Gearáin a dhéileáil le gearáin ó dhaoine aonair chuig an mBanc Ceannais. Is féidir gearáin a dhéanamh i ndáil le ball aonair d'fhoireann an Bhainc Ceannais nó i ndáil leis an tslí ina ndéanann an Banc Ceannais a ghnó e.g. seirbhísí a fhaightear ón mBanc Ceannais. Maidir le gearáin i leith gnólachtaí rialáilte nó i leith nochtadh faisnéise faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, déileáiltear leo faoi nósanna imeachta ar leithligh.

Fuarthas 15 ghearán fhoirmiúla ó bhaill den phobal le linn 2020. Tugadh dhá ghearán eile a bhí fós ar siúl ag deireadh 2019 chun críche sa bhliain 2020. Tarraingíodh siar gearán amháin a fuarthas le linn 2020. Bhain na gearáin sin le réimse saincheistean, ach is i dtaca leis an CCR a rinneadh an líon ba mhó gearán. Sa bhliain 2020, tugadh isteach nós imeachta ar leith, ach gaolmhar, maidir le forbairt agus foilsiú Nós Imeachta Gearán atá riachtanach faoin Acht um Míchumas. Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin nós imeachta áirithe sin.

Saoráil Faisnéise

Phróiseáil an Banc Ceannais 76 iarratas ar shaoráil faisnéise i rith na bliana. Glacadh nó glacadh go páirteach le 31 iarratas agus diúltaíodh do 33 iarratas faoi fhorálacha éagsúla díolúine de chuid an Achta um Shaoráil Faisnéise. Chomh maith leis sin, rinneadh 12 iarratas a tharraingt siar nó dhéileáil rannán eile leo lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise.

Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Ar mhaithe le leas an phobail, tá an Banc Ceannais tiomanta i leith a shainordú agus a mhisean a chomhlíonadh ar mhodh atá freagrach ar bhonn sóisialta agus inbhuanaithe de. Aithnímid gur bhliain an-dúshlánach í 2020 don eagraíocht, don phobal áitiúil agus don phobal a ndéanaimid freastal orthu i gcoitinne. Seachadadh roinnt príomhthionscnamh faoi na cúig philéar um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus léirítear iadsan i mBosca 14.

Bosca 14: Feidhmiú mar Eagraíocht atá Freagrach ó thaobh Cúrsaí Sóisialta agus Inbhuanaithe de

Rialachas agus Cumarsáid

- Foilsíodh [Tuarascáil Bhliantúil CSR 2020](#) ina léirítear na príomhthionscnaimh a cuireadh i gcrích

Comhshaol

- Tháinig laghdú 53% ar astaíochtaí carbóin
- Baineadh deimhniúchán amach i dtaca le roinnt caighdeán ISO a bhaineann leis an gcomhshaol, sláinte agus sábháilteacht agus fuinneamh
- Fuarthas deimhniúchán “Sármhaith” ó BREEAM le haghaidh ár gCampais i gceantar na nDugaí.

An tIonad Oibre

- Bunaíodh tairseach COVID-19 ar ár n-inlín chun treoir agus tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil le linn na paidéime
- Cuireadh líne chabhrach Acmhainní Daonna ar fáil a thugann comhairle d’fhostaithe
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do ghréasáin foirne
- Cuireadh Treoir folláine ar fáil do bhainisteoirí líne
- Foilsíodh an dara Plean Gníomhaíochta D&I

Cúrsaí Pobail

- Deiseanna fíorúla deonacha le príomhpháirtithe lena n-áirítear *Junior Achievement Ireland*, an Tionscnamh Luathfhoghlama agus *Temple Bar Gallery + Studios*
- Tacaíocht fostaíochta sa phobal áitiúil trí Aonach Gairmréime na nDugthailte a óstáil agus trí bhithin tionscnamh eile lena n-áirítear *Bridging the Gap* agus cláir *Career LEAP*
- Tacaíocht do charthanais trí ghníomhaíochtaí an Choiste Carthanas agus an chlár cistí agus trí oibriú le *Inner City Helping Homeless*

An tIonad Margaidh

- Tá mol tomhaltóirí ar an suíomh Gréasáin inar féidir faisnéis a fháil ar fhreagairt an Bhainc Ceannais don phaindéim agus do shaincheistanna a bhaineann le Brexit
- Freagraíodh níos mó ná 11,600 ceist ó bhaill den phobal trínár líne chabhrach do thomhaltóirí
- Freagraíodh níos mó ná 14,200 iarratas ar fhaisnéis ón bpobal tríd an bPríomh-Chlár Creidmheasa
- Rinneadh teagmháil le páirtithe leasmhara trí chomhchainteanna agus seimineáir ghréasáin

Dlí

Tacaíonn acmhainní inmheánacha dlí leis an mBanc Ceannais i ndáil le bainistíocht fhoriomlán a dhéanamh ar rioscaí dlíthiúla, lena n-áirítear trí rannchuidiú go gníomhach le Coimisiún an Bhainc Ceannais agus le coistí cinnteoireachta.

Rinne an Banc Ceannais idirchaidreamh leis an Roinn Airgeadais maidir le cúrsaí reachtaíochta agus d'imir sé tionchar ar reachtaíocht phríomhúil a bhain lena shainordú agus thug sé comhairle ina leith, lena n-áirítear Bille nua an Bhainc Ceannais maidir leis an gCreat Freagrachta Daoine Aonair agus an tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2020.

Lean an Banc Ceannais den chreat rialála a neartú trí bhíthin Rialacháin an Bhainc Ceannais sa bhliain 2020 agus ullmhaíodh roinnt rialachán nua. Chabhraigh an Banc Ceannais freisin le roinnt treoracha agus rialachán an Aontais Eorpaigh a thrasú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Treoir um Théarnamh agus Réiteach Bainc II agus an Treoir um Cheanglais Chaipitil V / Rialachán um Cheanglais Chaipitil 2.

Chabhraigh acmhainní inmheánacha dlí leis an mBanc Ceannais chun na rioscaí dlí a eascraíonn as príomhthosaíochtaí a bhainistiú.

Chuir acmhainní inmheánacha dlí go straitéiseach le Coiste Dlí an CEBC, a thugann comhairle don Chomhairle Rialaithe ar chúinsí dlí.

Áitribh agus Saoráidí

Forbairt an Champais

I rith 2020, lean an Banc Ceannais air ag forbairt a straitéise fadtéarmaí maidir le cóiríocht i lár na cathrach, tá an straitéis sin bunaithe ar áitiú campais chomhtháite áitribh ag Cé an Phoirt Thuaidh (NWQ). Samhlaítear leis an straitéis sin: (i) go mbeidh áitreabh láithreach NWQ á áitiú go hiomlán, (ii) go mbeidh an t-áitreabh ar Shráid an Mhéara (in aice le háitreabh cóngarach NWQ) á áitiú go páirteach, (iii) go léasófar an spás farasbairr in áitreabh Shráid an Mhéara agus (iv) go ndíolfar an t-áitreabh atá á áitiú faoi láthair ag Duga Spencer.

Beartaíodh ar dtús go gcríochnófaí dearadh an fheistiúcháin ar áitreabh Shráid an Mhéara faoi dheireadh Ráithe 1 2020. Thug an rialtas sainordú go ndúnfar láithreáin tógála agus bhí tionchar aige sin, chomh maith le hiarmhairtí eile na paindéime, ar an gclár tógála agus feistiúcháin, sa chaoi nach dócha go mbeidh daoine in ann an t-áitreabh a úsáid roimh dheireadh Ráithe 2, 2022. Thapaigh an Banc Ceannais an deis athruithe a dhéanamh ar an dearadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige ar bhealaí oibre amach anseo. Cuireadh an t-áitreabh ar Dhuga Spencer ar díol ar an margadh i mí na Samhna 2020.

Bainistíocht Saoráidí

Ó Mhárta 2020, thug an fhoireann um Bainistíocht Saoráidí tús áite do fhreagairt an Bhainc Ceannais ar an bpaindéim, go háirithe i dtaca le cur ar chumas comhghleacaithe a bheith ag obair go héifeachtúil ón mbaile agus,

nuair is féidir, leanúint ar aghaidh ag obair go sábháilte ón oifig, d'fhonn leanúint de shainordú an Bhainc Ceannais a chomhlíonadh.

Chuaigh an Banc Ceannais i gcomhpháirtíocht lenár soláthróir lónadóireachta chun acmhainní sa bhreis a úsáid agus chuir sé clár dáilte bia i bhfeidhm le carthanas áitiúil, *Inner City Helping Homeless*, agus táirgeadh 180 beart bia go laethúil ó mhí na Nollag mar thacaíocht ar straitéis CSR an Bhainc Ceannais (féach Bosca 14).

Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht

Oibríonn an Banc Ceannais i gcomhréir le córas deimhnithe um bainistíocht Comhshaoil, Sábháilteachta agus Fuinnimh i ngach suíomh dá chuid agus coinnítear na córais sin cothrom le dáta. De bhreis ar fheidhmíocht fuinnimh an Bhainc Ceannais a bhfuil mionsonraí ina leith le fáil i dTábla 3, déantar tomhas ar an bhfeidhmíocht sin i gcomhthéacs réimse táscairí gaolmhara agus tá mionsonraí ina leith ar fáil ar [shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais](#) sa Tuarascáil Bhliantúil Feidhmíochta i leith cúrsaí Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta.

Tábla 3: Comparáid Úsáide Fuinnimh idir na blianta 2019 agus 2020

	An Lárionad Airgeadra		Láithreáin i Lár na Cathrach*		An tIomlán	
	2020 kWh	Athrú mar % d'fhigiúr iarbhair na bliana 2019	2020 kWh	Athrú mar % d'fhigiúr iarbhair na bliana 2019	2020 kWh	Athrú mar % d'fhigiúr iarbhair na bliana 2019
Leictreachas	2,280,430	-7.61%	3108712	-22.17%	5,389,142	-16.61%
Gás	2,290,228	-5.1%	2,646,994	-1.8%	4,937,222	-3.38%
Ola	220,094	+31%	51,663	+41%	271,757	+33%
Fuinneamh Iomlán	4,790,752	-5%	5,807,369	-16%	10,598,121	-11%**

*Ní airíonn na figiúirí seo úsáid fuinnimh ar an 6ú hurlár de R1-Duga Spencer toisc go ndéantar an foirgneamh sin a bhainistiú ar leithligh ó áiteanna eile.

** Rinneadh laghdú iomlán 11% ar úsáid fuinnimh sna láithreáin uilig le chéile, d'ainneoin thionchar na paidéime ar leibhéal na n-oibríochtaí ag gach láthair i.e. ní hionann 2020 agus gnáthbhliain oibríochta.

Sláinte & Sábháilteacht Comhshaoil



Astaíochtaí carbóin laghdaithe faoi

53.93%

ag Banc Ceannais na hÉireann - chun tosaigh ar an sprioc de 50% faoi 2030 ¹

¹ Gealltanais Ísealcharbóin ó Ghnó sa Phobal in Éirinn

Bosca 15: Tionscnaimh Feidhmíochta maidir le Fuinneamh, Sábháilteacht agus Comhshaoil

Chuaigh an Banc Ceannais i mbun réimse tionscnamh sa bhliain 2020 chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht ó thaobh cúrsaí fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil de lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Maidir leis an sprioc i leith laghdú úsáid fuinnimh faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2020 (NEEAP), is é sin laghdú 33%, sáraíodh an sprioc sin agus baineadh laghdú 61.8% amach.⁹
- Baineadh laghdú 53.93% amach i ndáil le hastaíochtaí carbóin scóip a haon agus scóip a dó i gcomhthéacs a Ghealltanais Ísealcharbóin faoi Ghnó sa Phobal in Éirinn chun laghdú 50% a bhaint amach faoin mbliain 2030.
- Baineadh deimhniú Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán 14001/45001/50001 amach ar fud gach láithreáin i gcóras bainistíochta comhtháite amháin.
- Rinneadh 1,329 Measúnú ar Threalamh Scáileáin Taispeána Oibre Baile (DSE) COVID-19.
- Laghdaíodh Astaíochtaí Aeir Taisteal Gnó 1,151 tonna de CO₂ (83%) i gcomparáid leis an mbliain 2019.

⁹ I gcomparáid leis an mbliain 2009, bliain bhunlíne an Bhainc Ceannais maidir le húsáid fuinnimh.

Sláinte & Sábháilteacht Comhshaoil



Mar chuid den
**Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um
Fhuinneamh Inathnuaite**, thaifead an
Banc Ceannais laghdú fuinnimh

61.8%

ó 2009 i leith, sárú 33% ar an sprioc.

Punann Infheistíochta a Bhainistiú

Tá tuilleamh agus torthaí phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais bunaithe ar an ioncam iomlán a ghineann na sócmhainní. Tá na luachanna thíos bunaithe ar luach margaidh na sócmhainní go léir mar a bhí ag deireadh na bliana.

Ag deireadh na bliana 2020, chuimsigh an phunann infheistíochta sócmhainní arbh ionann a luach agus €17.3bn, lena n-áirítear leithroinnt choibhéis €3.1bn chuig punanna in ainmníochtaí airgeadra coigríche (dollar na Stát Aontaithe, dollar na hAstráile, dollar Shingepór agus renminbi na Síne) ar mhaithe le héagsúlú.¹⁰ Trí shócmhainní éagsúlaithe den chineál sin a shealbhú, tacaítear le fáлтаis ar infheistíochtaí agus laghdaítear luaineacht san fhadtéarma, d'ainneoin go bhfuil seans éigin ann go dtarlóidh luaineacht sa ghearrthéarma ó thaobh fáлтаis de. I bhfianaise na timpeallachta dúshlánaí infheistíochta atá ann, go háirithe i margadh ioncaim sheasta an limistéir euro, leanfaidh an Banc Ceannais de scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun a shócmhainní infheistíochta a éagsúlú tuilleadh laistigh de chreat bainistíochta stuama riosca. Ba é an laghdú ar mhéid na punainne CGA ba chúis leis an titim i méid na punainne infheistíochta ó €19.4bn ag deireadh na bliana 2019.

Ina theannta sin, tá méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais faoi Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais (ANFA). Ach ní raibh baint ag na hoibleagáidí sin le haon athruithe sa bhliain 2019. Is comhaontú é ANFA idir BCNanna an limistéir euro agus an BCE lena leagtar síos rialacha agus teorainneacha maidir le sealúchais sócmhainní airgeadais a bhaineann le tascanna náisiúnta na BCNanna. Ag deireadh na bliana 2020, b'ionann agus €1.1bn glansócmhainní airgeadais (NFA) an Bhainc Ceannais faoi ANFA. Tá comhchodanna staid NFA an Bhainc Ceannais leagtha amach i dTábla 4 thíos. De bhreis air sin, déanann an BCE meán-sonraí bliantúla NFA i ndáil

¹⁰ Ní chuimsíonn an figiúr seo sealúchais óir ná leithdháileadh cothromais.

le gach BCN ar leith a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin i rith na chéad ráithe de gach bliain.¹¹

B'ionann an tuilleamh iomlán ar phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais (leithdháiltí agus cothromais) agus €208.2m sa bhliain 2020 i gcomparáid le €262.5m sa bhliain 2019.

¹¹ Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais, féach ar shuíomh Gréasáin an BCE ag www.ecb.europa.eu/explainers/tell-me-more/html/anfa_qa.en.html

Tábla 4: Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais amhail ar an 31 Nollaig 2020

Gach figiúr in EUR'000

Sócmhainní			Dlíteanais		
Mír	Cur Síos	Méid	Mír	Cur Síos	Méid
A1	Ór agus infhaighteachtaí óir	299,039	L1	Nótaí bainc i gcúrsaíocht	22,349,697
A2	Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	5,747,665	L1.1	Nótaí bainc euro	22,349,697
A3	Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro	229,401	L1.2	Nótaí bainc in airgeadraí náisiúnta an limistéir euro	0
A4	Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	2,263,577	L2	Dlíteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	62,073,627
A5	Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	7,288,900	L2.1	Taiscí Cúlchiste Íosta	48,761,443
A5.1	Príomhoibríochtaí athmhaoinithe	0	L2.2	Taiscí thar oíche	13,312,184
A5.2	Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha	7,288,900	L2.3	Taiscí ar théarma seasta	0
A5.3	Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais	0	L2.4	Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais	0
A5.4	Oibríochtaí struchtúracha droim ar ais	0	L2.5	Taiscí a bhaineann le glaonna corrlaigh	0
A5.5	Saoráid lasachta lmeallaí	0	L3	Dlíteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	3,101,460
A5.6	Creidmheasanna a bhaineann le glaonna corrlaigh	0	L4	Deimhnithe fiachais a eisíodh	0
A6	Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	3,988,928	L5	Dlíteanais in euro do chónaitheoirí eile sa limistéar euro	19,229,123
A7	Urrúis in euro de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro	72,776,455	L6	Dlíteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	186,200
A7.1	Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta	49,533,972	L7	Dlíteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro	0
A7.1.1	Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach	0	L8	Dlíteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	0
A7.1.2	Clár na Margaí Urrús	359,752	L9	Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	913,917
A7.1.3	Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2	0	L10	Dlíteanais laistigh den Eurochóras (glan)	19,681,389
A7.1.4	Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach	0	L10.1	Dlíteanais atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	0
A7.1.5	Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 3	3,213,625	L10.2	Dlíteanais a bhaineann le heisiúint dheimhnithe fiachais BCE	0
A7.1.6	Clár Ceannaigh ABS	0	L10.3	Dlíteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)	0
A7.1.7	Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Úrrúis Rialtais	31,594,062	L10.4	Dlíteanais eile a bhaineann leis na ceanglais oibríochtúla laistigh den Eurochóras	19,681,389
A7.1.8	Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Úrrúis Fhornáisiúnta	4,430,278	L11	Míreanna atá á socrú	0
A7.1.9	Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí	0	L12	Dlíteanais eile	1,827,539
A7.1.10	PEPP – Bannaí faoi Chumhdach	5,951	L13	Soláthairtí	1,304,420
A7.1.11	PEPP – Urrúis sócmhainn-bhunaithe	0	L14	Cuntais athluachála	5,838,261
A7.1.12	PEPP – Urrúis Rialtais	9,930,303	L15	Caipiteal agus cúlchistí	4,984,092
A7.1.13	PEPP – Urrúis Fhornáisiúnta	0			
A7.1.14	PEPP – Urrúis na hEarnála Corparáidí	0			
A7.2	Urrúis eile in euro de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro	23,242,483			
A8	Fiachas rialtais ghinearálta in euro	0			
A9	Éilimh laistigh den Eurochóras	47,056,242			
A9.1	Leas rannpháirteachais sa BCE	216,609			
A9.2	Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	683,175			
A9.3	Eisiúint a bhaineann le heisiúint deimhnithe fiachais BCE	0			
A9.4	Éilimh eile laistigh den CEBC (glan)	46,135,118			

A9.5	Éilimh eile a bhaineann le ceanglais oibríochtúla laistigh den Eurochóras	21,340		
A10	Míreanna atá á socrú	0		
A11	Sócmhainní eile	1,839,518		
A999	Sócmhainní iomlána	141,489,725	L999	Dlíteanais iomlána
				141,489,725

Nótaí:

1) Déantar Glansócmhainní Airgeadais (NFAanna) a ríomh mar

A1+A2+A3+A4+A5.6+A6+A7.2+A8+A9.1+A9.2+A9.3+A10+A11-L1.2-L2.5-L3-L5-L6-L7-L8-L9-L10.1-L10.2-L11-L12-L13-L14-L15 arna gcoigeartú i leith oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar arna n-ainmniú in airgeadra coigríche agus i leith an méid airgid a fuarthas mar chomhthaobhacht i ngníomhaíochtaí um iasachtú urrús a bhaineann le hurrúis ó phunanna glan amach arna sealbhú chun críocha beartas airgeadaíocht (a bhí comhionann le nialas amháil ar an 31 Nollaig 2020). Tá na míreanna sin aibhsithe i liath sa tábla.

2) Freagraíonn na figiúirí go léir do na cinn sin a thuairiscítear sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020.

3) Is ionann "Dlíteanais eile" agus suim "Dlíteanais Eile" (€958,969) & "Sochair Scoir" (€868,570) a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020.

Sócmhainní a Fuarthas mar chuid de Leachtú Chorporáid na hÉireann um Réiteach Banc

I rith na bliana 2020, tháinig laghdú go €7.5bn (luach ainmniúil) faoi dheireadh na bliana ar shealúchais sócmhainní an Bhainc Ceannais a fuarthas mar chuid de leachtú Chorporáid na hÉireann um Réiteach Banc (IBRC), dá ngairtear an Phunann Speisialta. Léirigh an laghdú sin ceannach €1.0bn de Nóta Ráta Chomhlúthaigh na hÉireann (FRN) agus €1.0bn de FRN na hÉireann 2051 (luachanna ainmniúla).

Cúlchistí an BCE

Déanann gach BCN bainistíocht ar chion de chúlchistí malairte eachtraí an BCE i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ón 1 Eanáir 2008 i leith, tá cion Mhálta de chúlchistí dhollar SAM á bhainistiú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena chion féin, tar éis dó iarratas a fháil chuige sin ó Bhanc Ceannais Mhálta. Ag deireadh na bliana 2020, bhí na cúlchistí de chuid BCE a bhí á mbainistiú ag an mBanc Ceannais comhréireach le sealúchais scála caipitil an dá thír sa BCE.

Bosca 16: Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais

Cosúil le blianta beaga anuas, ba iad cinntí agus gníomhartha beartais airgeadaíochta ba chúis le hathruithe ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais sa bhliain 2020. Chuir Comhairle Rialaithe an BCE pacáiste substaintiúil de bhearta in-chomhfhoirmeacha nua beartais airgeadaíochta i bhfeidhm i mí an Mhárta chun dul i ngleic le paindéim COVID-19. Áiríodh sna bearta sin, téarmaí iasachta níos fabhraí ar OASFanna, méadú ar an APP atá ann cheana agus PEPP nua. Ba é aidhm na mbearta beartais sin dálaí maoinithe tacaíochta a chinntiú do gach

earnáil sa gheilleagar le linn na paindéime. Le haghaidh breis faisnéise féach “[COVID-19: Monetary policy and the Irish economy](#)”.¹²

Mar thoradh ar athruithe beartais an BCE tá méadú suntasach ar na sócmhainní a choinnítear le haghaidh beartais airgeadaíochta ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais sa bhliain 2020. Ag deireadh 2020, b’ionann agus €41.5bn sealúchais chomhcheangailte d’urrúis rialtas na hÉireann faoi chlár ceannaigh na hearnála poiblí (PSPP), atá mar chuid den APP, agus faoin PEPP.

Leis na ceannacháin shuntasacha faoi na cláir seo, ardaíodh an riosca airgeadais ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear riosca méadaithe mar gheall ar neamhréir níos fadtéarmaí sa ráta úis. Fanfaidh ioncam úis ó shócmhainní an PSPP agus PEPP gan athrú ag leibhéil ísle nó leibhéil dhiúltacha fiú, agus má thagann ardú ar rátaí úis beartais, méadóidh an costas a bhaineann le dliteanais an Bhainc Ceannais. D’fhéadfadh glanchaillteanas a bheith mar thoradh air sin don Bhanc Ceannais sa toadhchá. D’fhonn tacú le neamhspleáchas airgeadais an Bhainc Ceannais, tá réimse próiseas bainistíochta riosca, lena n-áirítear a chinntiú go n-úsáidtear maoláin airgeadais chun aon chaillteanais a d’fhéadfadh teacht chun cinn a chlúdach. Chun go maolófar riosca méadaithe an chlár chomhardaithe a eascraíonn as méadú na sócmhainní a choinnítear le haghaidh beartas airgeadaíochta, mhéadaigh an Banc Ceannais a sholáthar riosca ó €0.9bn sa bhliain 2019 go dtí €1.3bn sa bhliain 2020.

¹² Holton S., Phelan G. agus Stuart R. (2020). ‘COVID-19: Monetary policy and the Irish economy’. Litir Eacnamaíoch Iml. 2020 Uimh. 2 Banc Ceannais na hÉireann

Caibidil 4:
**Ráiteas ó Iniúchóireacht
Inmheánach**

Caibidil 4: Ráiteas ó Iniúchóireacht Inmheánach

Is é is cuspóir don Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD) gníomhú mar an “tríú líne cosanta” neamhspleách laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais. Le linn déanamh amhlaidh, cuidíonn sé leis an mBanc Ceannais a chuid cuspóirí a bhaint amach trí dhianchur chuige córasach a chur i bhfeidhm maidir le héifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú.

Sa bhliain 2020, rinne IAD réimse athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta, ar fheidhmeanna baincéireachta ceannais, TF agus ar fheidhmeanna oibríochtúla eile. Le linn 2020, rinne IAD athbhreithniú ar an bPlean Iniúchóireachta chun na rioscaí méadaithe mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 a léiriú agus chuidigh sé leis an mBanc Ceannais athbhreithnithe comhairleacha a dhéanamh ar éifeachtacht na gcleachtais oibre agus an phróisis um measúnú riosca.

Chuir IAD deaiseanna faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ar bhonn tráthrialta inar tugadh mionsonraí faoi thorthaí iniúchtaí agus faoin dul chun cinn a bhí déanta ag an lucht bainistíochta chun dul i ngleic le saincheistean a bhí sainaitheanta roimhe sin. I mí na Samhna, cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta an plean rollach iniúchóireachta trí bliana.

In éineacht le comhghleacaithe ó BCNanna eile, rinne IAD iniúchtaí mar chuid de Choiste Iniúchóirí Inmheánacha (IAC) an CEBC. Tuairiscíonn IAD don Choiste Iniúchóirí Inmheánacha freisin ar thoradh na n-iniúchtaí sin agus ar stádas saincheistean oscailte. Déantar tuarascálacha ó IAC a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe an BCE agus cuirtear faoi bhráid Coistí iomchuí de chuid an CEBC iad freisin.

Chun cur le feasacht agus le tuiscint ar fhorbairtí agus ar rioscaí laistigh den eagraíocht, d’fhreastail IAD ar roinnt cruinnithe de choistí feidhmeannach sinsearach agus ar chruinnithe le hionadaithe rannacha ó gach cearn den Bhanc Ceannais. Ina theannta sin, reáchtáil IAD cruinnithe rialta leis an nGobharnóir chun ábhair a bhaineann le hiniúchóireacht a phlé.



Caibidil 5: **Rialachas**

Caibidil 5: Rialachas

Sa roinn seo, leagtar amach na próisis atá infheidhme maidir le rialachas an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2020.

Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

An 1 Feabhra 1943, bunaíodh an Banc Ceannais mar bhanc ceannais na hÉireann faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht).

Ina cháil mar chomhalta den CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais cúraimí CEBC, dá bhforáiltear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le Reacht CEBC agus BCE (Reacht CEBC). Ina theannta sin, comhlíonann sé cúraimí neamh-CEBC a shainordaítear leis an dlí náisiúnta.

Coimisiún an Bhainc Ceannais

Foráiltear leis an Acht gurb é Coimisiún an Bhainc Ceannais a bhainisteoidh agus a rialóidh gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (cé is moite d'fheidhmeanna a bhfuil freagracht ar an nGobharnóir ina leith, lena n-áirítear feidhmeanna CEBC agus feidhmeanna réitigh). Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin leagtha amach [anseo](#).

Tá a chuid Téarmaí Tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus is sna téarmaí tagartha sin a leagtar amach an bealach is fearr chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gCoimisiún le fáil i dTuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin atá mar chuid de na Cuntais Bhliantúla.

Comhaltas den Choimisiún agus Cothromaíocht Inscne

Ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, tá ceathrar comhaltaí a bhíonn ag fónamh i gcáil ex-officio - an Gobharnóir, an bheirt Leas-Ghobharnóirí, agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais - agus idir seisear agus ochtar comhaltaí a bheidh ceaptha ag an Aire Airgeadais.

Ag deireadh mhí na Nollag 2020, ba iad seo a leanas na comhaltaí ex-officio den Choimisiún, an Gobharnóir Makhlof, an Leas-Ghobharnóir Sharon Donnery, an Leas-Ghobharnóir Ed Sibley, agus Derek Moran, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Ba iad Patricia Byron, Shay Cody, Sarah Keane, David Miles, Niamh Moloney agus John Trethowan na comhaltaí ceaptha.

Cothromaíocht inscne an Choimisiúin is ea 60% fir agus 40% mná.

Cothromaíocht inscne na gcomhaltaí ceaptha is ea 50% fir agus 50% mná.

Nuair a bhí trí cheapachán nua á ndéanamh chuig an gCoimisiún in 2020, thug an tAire dá aire gur comhlíonadh an ceanglas chun aird a thabhairt ar na scileanna, an éagsúlacht agus an meascán inscne ar Bhoird Stáit, ceanglas a foilsíodh le déanaí ag an Rialtas san larscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ionchuimsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá sé curtha in iúl ag an Aire go

leanfar den chur chuige sin nuair a bheidh ceapacháin á ndéanamh chuig an gCoimisiún amach anseo.

Struchtúr Eagraíochtúil

Leis an Acht, bunaítear an Banc Ceannais mar eagraíocht, leagtar amach a chuid feidhmeanna agus déantar socrú maidir leis na struchtúir ar laistigh díobh a chuireann an Banc Ceannais na feidhmeanna sin i gcrích. Eascraíonn feidhmeanna an Bhainc Ceannais as foinsí éagsúla dlí, lena n-áirítear Conarthaí AE, Achtanna an Bhainc Ceannais agus reachtaíocht eile a bhaineann le seirbhísí airgeadais. Cé gur féidir roinnt de na feidhmeanna sin a shannadh chuig oifigigh shonracha, tá sé de chúram ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, sa chéad ásc, an chuid is mó d'fheidhmeanna an Bhainc Ceannais a chomhlíonadh (cé is moite d'fheidhmeanna an CEBC agus d'fheidhmeanna réitigh). Tá sé sin faoi réir tarmligean reachtúil agus sannadh freagrachta, áfach.

Sa [Chairt Eagraíochtúil](#), taispeántar an tslí ina bhfuil an Banc Ceannais struchtúraithe ar mhaithe lena chuspóirí a bhaint amach.

An Creat Rialachais

I gCreat Rialachais an Bhainc Ceannais, cuirtear san áireamh ceanglais Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí an Aontais Eorpaigh (lena n-áirítear an ceanglas maidir leis an mBanc Ceannais a bheith neamhspleách), an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus socruithe rialachais inmheánaigh eile sa Bhanc Ceannais.

Freagrachtaí na nArdcheannairí sa Bhanc Ceannais

I ndoiciméad an Bhainc Ceannais maidir le [Freagrachtaí na nArdcheannairí \(FAC\)](#), tugtar forléargas ar fhreagrachtaí na ndaoine sin a shealbhaíonn poist ardcheannaireachta sa Bhanc Ceannais, mar aon le forléargas ar na socruithe rialachais iomchuí atá ann chun tacú le cinnteoireacht.

Struchtúir Rialachais Inmheánaigh


Tá roinnt coistí traseagraíochtúla inmheánacha ann atá freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm beartas a chomhordú agus as comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna móra.

I struchtúr coistí an Bhainc Ceannais, cuimsítear coistí oibríochtúla agus coistí atá bainteach le sainordú na heagraíochta. Tá Téarmaí Tagartha ag gach ceann de na coistí sin agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil. Trí pháirt a ghlacadh sna coistí seo, rannchuidíonn ardbhainistíocht an Bhainc Ceannais, *inter alia*, le forbairt agus le forfheidhmiú straitéis, fhonn riosca agus chultúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais.

Is é Coiste an Ghobharnóra (a bhfuil an Gobharnóir ina chathaoirleach air) an príomhchomhlacht cinnteoireachta feidhmiúcháin. Is é ról an Choiste sin comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Ghobharnóir maidir le freagrachtaí an ról a chomhlíonadh, lena n-áirítear na feidhmeanna sin a bheidh tarmligthe chuig an nGobharnóir ag an gCoimisiún.

Faigheann Coiste an Ghobharnóra tacaíocht i leith an ról sin ó choistí ardleibhéil eile, rud a léiríonn, go páirteach, na struchtúir atá ann ar leibhéal an Choimisiúin agus ar leibhéal fhochoistí an Choimisiúin. I bhFíor 1, leagtar amach liosta coistí traseagraíochtúla amhail ag deireadh 2020.

Fíor 1: Rialachas Inmheánach an Bhainc Ceannais



Tá cur síos ar gach coiste le fáil [anseo](#).

Cuntasacht

An Plean Straitéiseach

De réir alt 32B den Acht, tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais plan straitéiseach a ullmhú agus a fhoilsiú gach trí bliana. Tar éis don Aire an Plean Straitéiseach a fháil, ní mór dó nó di é a leagan faoi bhráid an Oireachtais. A luaithe is féidir tar éis dó a fháil amach gur leagadh an Plean

Straitéiseach faoi bhráid an Oireachtais, ní mór don Banc Ceannais an plean sin a fhoilsiú agus gach beart réasúnach a dhéanamh chun é a chur i bhfeidhm. Tá Plean Straitéiseach reatha an Bhainc leagtha amach don tréimhse 2019 -2021.

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta

De réir alt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil maidir lena chuid oibríochtaí i rith na bliana agus cuireann sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh agus a dheimhniú agus tuairiscíonn sé nó sí air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil agus an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Chomh maith leis sin, déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc Ceannais, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC.

I gcomhréir le halt 32L den Acht, tá sé de cheangal ar an mBanc Ceannais Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta (APS) a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais agus an Ráiteas sin a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain. De réir an Achta, ní mór an APS a bheith roinnte ina thrí chuid:

- Plean Feidhmíochta Rialála ina leagtar amach aidhmeanna agus cuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ag Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa mar aon le haon chúrsaí ábhartha eile.
- Tuarascáil ó aon athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc faoin reachtaíocht i rith na bliana.

Laistigh d'aon mhí amháin tar éis don Aire an APS a fháil, ní mór dó nó di an Ráiteas sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ó 2019 i leith, cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta ar fáil mar aon doiciméad amháin a thugtar don Aire.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna ag an mBanc Ceannais. Ach ní fhéadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil lena fheidhmeanna CEBC.

Láithriú os comhair Coistí Oireachtais

Féadfar oibleagáid a chur ar an nGobharnóir, ar Leas-Ghobharnóir nó ar Chláraritheoir na gComhar Creidmheasa freastal os comhair Comhchoiste den Oireachtas ar a bhfuil freagracht i ndáil le scrúdú a dhéanamh ar nithe a bhaineann leis an mBanc Ceannais agus cibé faisnéis a iarrfaidh an Coiste sin a thabhairt dó, ach sin faoi réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Reacht an CEBC agus faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais i leith socréideacht agus rúndacht ghairmiúil.

Ina theannta sin, féadfar a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar Leas-Ghobharnóir freastal os comhair Coiste den Oireachtas chun faisnéis a thabhairt don Choiste sin maidir le Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta (APS) an Bhainc Ceannais. I gcásanna den sórt sin, láithreoidh an Gobharnóir nó an Leas-Ghobharnóir os comhair an Choiste agus soláthróidh sé nó sí cibé faisnéis ar féidir leis nó léi í a sholáthar a chur ar fáil don Choiste, ach sin faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais i leith socréideacht agus rúndacht ghairmiúil.

Tábla 5: Láithriú os comhair Coistí Oireachtais in 2020

Dáta	Coiste Oireachtais	Lucht Freastail
07/07/2020	An Coiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19	Gabriel Makhlouf, Gobharnóir Mark Cassidy, Stiúrthóir ar Eacnamaíocht agus Staidreamh
21/10/2020	Coiste Oireachtais um Airgeadas Rannpháirtíocht rialta leis an mBanc Ceannais	Gabriel Makhlouf, Gobharnóir Ed Sibley, Leas-Gobharnóir, Rialáil Stuamachta Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais
15/12/2020	Coiste Oireachtais um Airgeadas Saincheisteanna Baincéireachta in Éirinn	Ed Sibley, Leas-Gobharnóir, Rialáil Stuamachta Gráinne McEvoy, Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí

Fiosrúcháin Reachtúla

De réir mar is gá, iarrtar ar an mBanc Ceannais, ar a chuid oifigeach agus ar a chuid fostaithe fianaise a thabhairt d'fhiosrúcháin a bhunaítear faoi Reach. Le linn dó déileáil le haon fhiosrúchán den sórt sin, ní mór don Bhanc Ceannais na hoibleagáidí rúndachta a fhorchuirtear faoi alt 33AK d'Acht 1942 a chomhlíonadh.

Athbhreithnithe Piaráí

Ní mór don Bhanc Ceannais socrú a dhéanamh, gach ceithre bliana ar a laghad, go ndéanfaidh BCN eile nó duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag an nGobharnóir mar dhuine nó mar chomhlacht iomchuí, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire, athbhreithniú ar a chuid feidhmeanna reachtúla.

Go praiticiúil, déantar athbhreithnithe piaraí ar bhonn tráthrialta de réir na reachtaíochta. Foilsítear sonraí maidir leis na hathbhreithnithe sin ar bhonn bliantúil mar chuid den Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith a shainordú agus a mhisean a chomhlíonadh ar mhodh a bheidh freagrach go sóisialta agus a bheidh inbhuanaithe. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tá oibleagáid an Bhainc Ceannais maidir lena dhualgas earnála poiblí a chomhlíonadh ina cuid ríthábhachtach dá thiomantas i gcoitinne. Le linn Plean Straitéiseach an Bhainc Ceannais a ullmhú, rinneadh measúnacht ar shaincheisteanna i leith chearta an duine agus cúrsaí comhionannais a mhéid a bhain na nithe sin le feidhmeanna an Bhainc Ceannais.

Sa Phlean Straitéiseach, sonraítear go gcinnteoidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas:

- Go ndéanfar an Straitéis maidir le Daoine a chur chun feidhme ar mhodh ina ndéantar comhionannas agus cearta an duine, i gcomhthéacs na mball foirne, a chur chun cinn agus ina dtabharfar tacaíocht ina leith sin.
- Go mbeidh rannpháirtíocht ann leis an bpobal trí bhíthin straitéisí cumarsáide agus for-rochtana mar chuid den tiomantas i leith freagracht chorparáideach agus freagracht shóisialta.
- Go gcuirfear seirbhís ghairmiúil, éifeachtúil, cúirtéiseach ar fáil do na daoine sin den phobal a fhaigheann seirbhísí ón mBanc Ceannais, mar atá leagtha amach sa Chairt Chustaiméirí.
- Go rachfar i gcomhairle leis an bpobal maidir le forbairtí beartais an Bhainc Ceannais agus go mbreithneoidh an Banc Ceannais na hoibleagáidí faoi Acht 2014, i gcás inar iomchuí, le linn dó beartais den sórt sin a fhorbairt.¹³

In 2020, rinneadh measúnú chun dáta ar cheanglais an Bhainc Ceannais maidir le dualgas earnála poiblí. Ba é tátal an mheasúnaithe sin go bhfuil beartais agus cleachtais iomchuí i bhfeidhm i gcónaí ag an mBanc Ceannais, tríd is tríd, i ngach ceann ar leith de na réimsí a sainathnódh. Le linn 2020, rinneadh bearta éagsúla chun dul i ngleic le bearnaí a sainathnódh mar

¹³An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

chuid de mheasúnú 2019 agus tugadh roinnt tionscnamh nua isteach, amhail na cinn seo a leanas:

- Fobraíodh Plean Gníomhaíochta nua um Éagsúlacht & Iomchuimsiú do 2020-2021.
- Tugadh isteach beartas leithleach chun na Dínite san Ionad Oibre do chonraitheoirí tríú páirtí chun a chinntiú go bhfuil sásraí iomchuí tacaíochta agus tuairiscithe acu.
- Seoladh Líonra nua um Éagsúlacht Cultúir atá treoraithe ag an bhfoireann.
- Bunaíodh an Clár um Fhreagra ar an bPaindéim chun a chinntiú go bhfuil aon athruithe ar sheachadadh seirbhíse comhréireach lenár luachanna agus go gcomhlíonann siad an dlí.
- Forbraíodh sonraí feabhsaithe ar fud na heagraíochta maidir leis an gcaoi ina mbíonn an Banc Ceannais ag plé go díreach le daoine den phobal.
- Foilsíodh Cairt Custaiméirí & Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe 2020-2022.
- Tugadh isteach Nós Imeachta Láimhseála Gearán nua faoin Acht um Míchumas.

Tugtar é seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann.

Gabriel Makhoul
An Gobhórnóir

30 Aibreán 2021

Neil Whoriskey
Rúnaí

30 Aibreán 2021

Cuid 2:
Ráiteas Bliantúil
Feidhmíochta 2020 –
2021


Clár na nÁbhar

Cuid 2: Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta.....	88
Caibidil 1: Freagrachtaí Straitéiseacha a baineadh amach in 2020.....	91
Cosaint Tomhaltóirí.....	92
Maoirseacht agus Forfheidhmiú.....	95
Beartas Rialála agus Creat Maoirseachta.....	111
Caibidil 2: Tosaíochtaí Straitéiseacha do 2021.....	118
Caibidil 3: Athbhreithnithe Piaráí Idirnáisiúnta.....	126
Gluais.....	128

Cuid 2: Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2020-2021

Réamhrá

Is é cuspóir na rialála airgeadais córas airgeadais athléimneach iontaofa a chruthú, a fhreastalaíonn go hinbhuanaithe ar riachtanais an gheilleagair agus ar a chustaiméirí, ina gcloíonn gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothroime agus ardchaighdeán. Comhlíonaimid ár ndualgais le creat rialála ar ardchaighdeán, a chuireann geataireacht éifeachtach agus maoirseacht theallúsach ar fáil a mbeidh bagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca aige.




† Ina theannta sin, déanann an Banc Ceannais rialáil ar ghnéithe sonracha de ghníomhaíochtaí raon rannpháirtithe sa mhargadh urrús, eisitheoirí agus contrapháirtithe margaidh san áireamh.


* Á rialáil mar chuid den SMA.

+ Bíonn an gnólacht seo á rialáil mar riarthóir tagarmharcanna freisin.

Gnólachtaí Rialáilte Iomlána (seachas Cistí) 2016-2020




Institiúidí Creidmheasa




Comhair Chreidmheasa




Árachas




Scéimeanna Comhinfheistíochta



Idirghabhálaithe Miondíola



Gnólachtaí Infheistíochta & Soláthraithe Seirbhísí Cistí




■ Soláthraithe Seirbhísí Cistí

Gnólachtaí Bainistíochta Fiachais



Iasachtóirí Airgid




Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais



Aistritheoirí Airgid agus Bureaux de Change




Institiúidí Íocaíochta



Bróicéirí Airgid



Institiúidí Ríomh-Airgid



Caibidil 1:
**Freagrachtaí
Straitéiseacha a
baineadh amach in 2020**

Caibidil 1: Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí Rialála in 2020

Cosaint Tomhaltóirí

Mar a leagadh amach san alt faoi Chosaint Tomhaltóirí a Neartú i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1, tá ról lárnach ag an mBanc Ceannais a chinntiú go ndéantar leas is fearr na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí a chosaint agus muinín sa chóras airgeadais a neartú trí rialáil éifeachtach. Comhlíonann an Banc Ceannais freagrachtaí cosanta tomhaltóirí ar fud a shainordaithe iomláin, úsáideann sé beartas leathan comhchoiteann agus saineolas teicniúil oibre chun tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint.

Tá cur chuige treallúsach, riosca-bhunaithe, anailíseach ag an mBanc Ceannais agus leagtar béim ar thorthaí i leith cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí. Díritear ar ghnólachtaí agus ar tháirgí rialáilte de réir leibhéal an riosca atá acu do thomhaltóirí. Táimid soiléir inár n-ionchais i leith gnólachtaí agus faoin gcaoi a gcaitheann siad lena gcustaiméirí. Éistimid freisin le heispéiris agus le tuairimí na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí. Déanaimid taighde ardchaighdeán ar thomhaltóirí agus tugaimid faoi mheastóireacht riosca a úsáidtear chun ár gcuid oibre a threorú, rud a chinntíonn go mbíonn an tomhaltóir i gcroílár na caoi ina sainaitheann na rioscaí. Is í an aidhm a chinntiú go gcaitheann gnólachtaí lena dtomhaltóirí agus lena n-infheisteoirí ar bhealach cothrom agus trédhearcach agus go gcomhlíonann siad go hiomlán na rialacháin agus na hionchais.

An creat um chosaint tomhaltóirí a neartú

Léirigh paindéim COVID-19 go raibh an obair a rinneadh le blianta beaga anuas chun creat láidir cosanta tomhaltóirí a fhorbairt tairbheach do gach tomhaltóir agus go bhfuil an creat sofhreagrach agus éifeachtach i ngéarchéim den chineál seo, go háirithe agus muid ag láimhseáil na gcorraíolacha tosaigh agus an tionchair ar thomhaltóirí.

Mar sin féin, aithníonn an Banc Ceannais an tábhacht a bhaineann lena chreataí rialála a oiriúnú agus lean sé air ag díriú a chuid iarrachtaí ar a chinntiú go bhfuil an creat um chosaint tomhaltóirí sofhreagrach, ábhartha agus iomchuí agus go bhféadann sé freagairt do na saincheistanna agus do na dúshláin atá amach romhainn.

Sa bhliain 2020, thug an Banc Ceannais isteach Rialacháin nua maidir le hiasachtóirí ceadúnaithe airgid agus thángthar i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2021. Díríonn na rialacha nua ar chosaint a neartú do thomhaltóirí a fhaigheann iasachtaí airgid agus ar na caighdeáin ghairmiúla san earnáil seo

a fheabhsú. Is gá rabhadh ceart a thabhairt i ngach fógra anois le haghaidh creidmheas ardchostais agus tomhaltóirí a spreagadh chun roghanna eile a mheas. Cuirtear srian ar iasachtóirí airgid maidir leis an gcaoi ina dtugann siad iasachtaí do thomhaltóirí agus ina gcuireann siad chun cinn iad.

Comhoibriú agus Rannpháirtíocht

Bíonn an Banc Ceannais i dteagmháil go gníomhach le go leor eagraíochtaí eile chun creat éifeachtach um chosaint tomhaltóirí a chur ar fáil. Oibríonn an Banc Ceannais go dlúth leis na comhlachtaí eile atá freagrach as seirbhísí airgeadais maidir le cosaint tomhaltóirí in Éirinn, is iad sin an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, chun ár gcomhchuspóir, cosaint láidir agus torthaí iontaofa, a chur ar fáil do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí. Bíonn an Banc Ceannais ag lorg tuairimí agus ionchur rialta ó dhaoine lasmuigh den eagraíocht. Áirítear leis sin, teagmháil a dhéanamh le hionadaithe tomhaltóirí agus infheisteoirí agus léargas a lorg ó ghrúpaí ionadaithe tionscail agus ó ghnólachtaí rialáilte ar ábhair a bhaineann go sonrach leis an earnáil.

I mí na Samhna 2020, chuir an Banc Ceannais tús le hathbhreithniú spriocdhírthe ar an ráiteas airgeadais caighdeánach (SFS), a úsáidtear chun faisnéis a bhailiú uathu siúd atá i gcruachas ó thaobh airgid de. Thugamar grúpa oibre de pháirtithe leasmhara le chéile a bhfuil taithí acu ar chúnamh a thabhairt d'iasachtaithe atá i gcruachas chun éisteacht agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag iasachtaithe agus an SFS á chomhlíonadh acu. Mar thoradh ar an teagmháil sin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais comhairliúchán poiblí ar athruithe ar an SFS i Márta 2021. Rachaidh na feabhsuithe atá beartaithe ar an SFS agus na tacaíochtaí gaolmhara chun leasa ní hamháin d'iasachtaithe a ndeachaigh paidéim COVID-19 i bhfeidhm orthu go díreach, ach freisin d'iasachtaithe a bhféadfadh deacrachtaí airgeadais a bheith acu sa todhchaí.

Lean an Banc Ceannais air ag úsáid taighde tomhaltóirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcadh na dtomhaltóirí. Sa bhliain 2020, rinneadh taighde ar na margaí príobháideacha árachas gluaisteán agus tí mar chuid den obair a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Phraghsáil Dhifreálach. Cuireadh taighde i gcrích freisin ar an gcaoi a n-úsáideann tomhaltóirí táirgí agus uirlisí digiteacha i seirbhísí baincéireachta agus airgeadais. Leanadh den obair freisin chun taithí tomhaltóirí aonair ar ghnéithe den mhargadh morgáiste a scrúdú agus a thuiscint níos fearr.

An Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí

Is Painéal Comhairleach reachtúil é an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí (CAG) a bunaíodh faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010. Cuireann an CAG comhairle ar fáil don Bhanc Ceannais

maidir lena chuid feidhmeanna i ndáil le cosaint tomhaltóirí. Cuimsíonn an CAG saineolaithe tomhaltóirí, tionscail, rialála agus acadúla.

I rith na bliana 2020, tionóladh trí cinn de chruinnuithe CAG ar líne mar gheall ar shrianta COVID-19. I measc na n-ábhar ar riosca tomhaltóirí a pléadh, áirítear an méid seo a leanas:

- COVID-19: Deacrachtaí airgeadais do FBManna agus do thomhaltóirí.
- Rialacháin Nua maidir le hAirgead a thabhairt.
- Maoirseacht ar Idirghabhálaithe Miondíola.
- Praghsáil Dhifreálach i dTáirgí Árachais.
- Taighde Tomhaltóirí ar an bpróiseas Iarratais ar Mhorgáiste.
- Fiachas Anásta.
- Saincheisteanna a bhaineann le Brexit.

Maoirseacht agus Forfheidhmiú

Maoirseacht Éifeachtach ar Ghnólachtaí agus ar Mhargáí

Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa

Lean an Banc Ceannais de bheith ag díriú ar athléimneacht an chórais airgeadais a chinntiú chun dul i ngleic le dúshlán phaindéim COVID-19 sa bhliain 2020. Lean sé ar aghaidh ag cur a straitéis ilbhlianta i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú go mbeidh na rudaí seo a leanas ag gnólachtaí rialáilte:

- Go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais acu, lena n-áirítear déileáil le dianstrus sochreidte.
- Go bhfuil samhlacha inbhuanaithe gnó acu don fhadtearma.
- Go bhfuil siad dea-rialaithe, go bhfuil cultúr iomchuí acu, go léiríonn siad éagsúlacht, agus, chomh maith leis sin, go bhfuil socruithe éifeachtacha um bainistíocht agus rialú riosca curtha i bhfeidhm acu.
- Go bhfuil siad in ann teacht slán má bhíonn deacrachtaí acu agus, mura bhfuil siad in ann teacht slán, gur féidir iad a réiteach gan aon seachtrachtaí suntasacha ná costais do cháiníocóirí.

Mar thoradh ar na bearta atá déanta ag rialtóirí agus gnólachtaí ón ngéarchéim airgeadais dheireanach i leith, bhí córas baincéireachta na hÉireann níos athléimní ag tús ghéarchéim COVID-19 agus bhí maoláin níos mó caipitil acu chun caillteanais a iompar. Chinntigh na tosca sin go raibh bainc in ann leanúint ar aghaidh ag tacú lena gcustaiméirí agus leis an bhfíorgheilleagar i rith na bliana 2020.

Bhí rannpháirtíocht luath le príomhpháirtithe leasmhara, anseo in Éirinn agus ar leibhéal Eorpach, mar chuid lárnach dár gcur chuige maidir le rioscaí a bhí ag athrú go tapa in 2020 agus a bhain leis an bpaindéim a bhainistiú agus a mhaolú. Chinntigh an teagmháil sin freagairt chomhleanúnach rialála ar fud na hEorpa, agus ar fud na n-earnálacha rialála. Ag tús na géarchéime, chuir an Banc Ceannais leibhéal solúbthachta maoirseachta i bhfeidhm maidir leis na bainc lena chinntiú go leanfaidís orthu ag freastal ar chustaiméirí agus ar an ngeilleagar i gcoitinne, rud a bhí i gcomhréir le bearta a d'fhógair SAM agus ÚBE. Cé go rabhthas ag súil go leanfadh bainc orthu ag comhlíonadh oibleagáidí rialála agus reachtúla ar bhonn leanúnach, áirítear sna [bearta](#), na cinn seo a leanas, ar ceadaíodh cuid díobh ar feadh tréimhse theoranta:

- Spriocdhátaí a chur siar le haghaidh tuairisceáin rialála áirithe agus gníomhartha / bearta feabhais.
- Bearta faoisimh maidir le riachtanais chóimheas caipitil, leachtachta agus gearála.

Mar thoradh ar an bhfreagra maoirseachta ar thús na paindéime díríodh níos sainiúla ar chúig phríomhréimse riosca, eadhon: creidmheas go háirithe fiachas anásta, athléimneacht airgeadais (caipiteal agus leachtacht), athléimneacht oibríochtúil, agus téarnamh agus réiteach. I measc réimsí eile fócais sa bhliain 2020, áiríodh tacú le forbairt treoirlínte, caighdeán agus modheolaíochtaí maidir le maoirseacht agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil an Banc Ceannais ag oibriú de réir noirm mhaoirseachta Eorpacha agus go mbíonn tionchar aige ar na noirm sin. Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil freisin leis an BCE agus leis na hInstitiúidí is lú Suntas (LSIanna) maidir le rioscaí a bhaineann leis an aeráid a leabú i maoirseacht stuamachta.

Creidmheas - Fiachas Anásta

Tá tuilleadh faisnéise maidir le hobair an Bhainc Ceannais ar an ábhar seo le fáil san alt Cosaint Tomhaltóirí a Neartú i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1. Thairis sin, i rith na bliana, thug an Banc Ceannais agus SAM breac-chuntas ar ionchais mhaoirseachta do ghnólachtaí agus thug siad treoir ar shaincheistanna a bhaineann le fiachas anásta agus le hoibleagáidí iasachtóirí. Dhírigh an aidhm ar a chinntiú go ndéanfaí aon mheath i bpróifil riosca na n-iasachtaithe a shainaithint go tráthúil agus go cruinn.

Caipiteal

De réir rialacháin Eorpacha, tá sé de cheangal ar ghnólachtaí rialáilte dóthain caipitil a shealbhú chun taisceoirí agus scairshealbhóirí a chosaint ar chaillteanais gan choinne. I bhfianaise an róil rithábhachtaigh atá ag caipiteal i dtaca le hathléimneacht gnólachtaí agus i dtaca leis an gcóras airgeadais, is réimse é a leagann an Banc Ceannais béim mhór air. Déantar obair shuntasach gach bliain lena chinntiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte caipitlithe go leormhaith. De bhun a shainordaithe maidir le cobhsaíocht airgeadais, úsáideann an Banc Ceannais uirlisí beartais macrastuamachta amhail an cúlchiste fritimthriallach (féach Bosca 2, Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1).

D'fhan cóimheasa caipitil os cionn na gceanglas rialála ar fud an chórais sa bhliain 2020. Léiríonn [Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2020: II](#) measúnú níos réamhbhreathnaithí ar athléimneacht na hearnála baincéireachta miondíola intíre.

Le linn na bliana 2020, d'eisigh an BCE, ÚBE agus BERS moltaí go mbeadh institiúidí creidmheasa an-chúramach agus iad ag cinneadh díbhinní nó ag íoc díbhinní nó ag ceannach ais-scaireanna chun scairshealbhóirí a íoc.¹⁴ Is í

¹⁴ Moltaí ón BCE ([ECB/2020/62](#)) agus ó BERS ([ESRB/2020/15](#)) agus ón ÚBE ([EBA Statement](#))

an aidhm a chinntiú go gcoinníonn gnólachtaí méid oiriúnach caipitil chun smacht a choinneáil ar chaillteanais fhéideartha agus chun tacú leis an bhfíorgheilleagar. Tá an Banc Ceannais ar aon intinn leis na tuairimí sin gur cheart d'institiúidí cur chuige coimeádach a chur i bhfeidhm maidir le díbhinní agus le dáiltí eile i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le paidéim COVID-19.

Leachtacht

Ag tús na paidéime, chuir maoirseoirí tús le faireachán feabhsaithe ar phróifíilí leachtachta institiúidí creidmheasa lena chinntiú go n-aithneofaí go luath aon strus tobann leachtachta féideartha. D'fhan staid leachtachta an chórais baincéireachta athléimneach i rith na héiginnteachta a bhí ann sa bhliain 2020.

Is é atá sa Chóimheas Cumhdaigh Leachtachta (LCR) beart rialála atá ceaptha chun a chinntiú go mbeidh stoc dóthanach sócmhainní leachtacha ag gnólachtaí rialáilte, amhail airgead tirim, bannaí cisteáin nó fiachas ardchaighdeáin corparáideach, chun oibleagáidí conarthacha íocaíochta a chomhlíonadh thar thréimhse ghearr struis (30 lá). Bhí LCR na ngnólachtaí rialáilte ar fad os cionn an riachtanais 100% le linn na bliana go dtí Ráithe 3 2020.¹⁵

Athléimneacht Oibríochtúil

Amhail na bearta a rinneadh maidir le hathléimneacht airgeadais, thosaigh maoirseoirí ar fhaireachán feabhsaithe a dhéanamh ar ullmhacht oibríochtúil na mbanc agus ar a gcumas seirbhísí a chur ar fáil agus iad faoi bhrú ollmhór. I rith na bliana, rinne maoirseoirí measúnú agus faireachán ar rioscaí oibriúcháin, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le foinsiú allamuigh, feidhmeanna criticiúla, TF/ cibear-choireacht agus feidhmíocht na n-ionad teagmhála. Chonacthas den chuid is mó gur ghlac bainc na céimeanna riachtanacha chun leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil in ainneoin na timpeallachta dúshlánaí agus chonacthas go raibh go leor teagmhas acu chun feidhmeanna criticiúla a chothabháil.

Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Is é atá i sainordú an Bhainc Ceannais, a leagtar amach in Alt 84 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, a chinntiú go ndéanann gach comhar creidmheasa ar leith cistí a chomhaltáí a chosaint agus cobhsaíocht agus leas airgeadais na gcomhar creidmheasa i gcoitinne a choimeád ar bun.

I bhfianaise na paidéime, cé gur bhliain gan fasach a bhí sa bhliain 2020 do Chomhair Chreidmheasa ó thaobh oibríochtaí agus airgeadais de, chuaigh siad i ngleic leis na dúshláin a tháinig chun cinn. Ó thaobh oibríochta de, bhí

¹⁵ I gcás na mbanc miondíola, b'ionann LCR agus tuairim is 173% ag deireadh R3 2020 (147% ag deireadh R3 2019). I gcás na mbanc a bhfuil fócas idirnáisiúnta acu, b'ionann LCR agus 177% ag deireadh R3 2020 (175% ag deireadh R3 2019).

comhair chreidmheasa éifeachtach maidir le leanúnachas seirbhísí a choimeád ar bun dá mbaill, go mór mór mar gheall ar obair agus ar thiomantas na n-oibrithe deonacha agus na foirne ar leibhéal na gcomhar creidmheasa aonair agus trí chomhoibriú éifeachtach idir comhair chreidmheasa. Ó thaobh airgeadais de, bhí staideanna láidre cúlchistí agus leachtachta ag comhair chreidmheasa ag tús na géarchéime. Is comhartha dearfach iad na leibhéil chaipitil agus leachtachta a bheith fós slán den chuid is mó, cé go bhfuil an bhearna atá ag fás idir coigilteas agus iasachtaí fós ina hábhar imní, agus is dúshlán fós é inbhuanaitheacht go leor comhair chreidmheasa aonair.

Is í fíis an Bhainc Ceannais don earnáil, atá mar bhonn agus taca leis an sainordú reachtúil, 'Comhair Chreidmheasa Láidre faoi Stiúradh Stuama', agus cuirtear é sin i bhfeidhm trí cheithre thosaíocht straitéiseacha:

1. Maoirseacht agus Rannpháirtíocht
2. Idirghabháil agus Athstruchtúrú
3. Creat Rialála atá in oiriúint do Chomhair Chreidmheasa
4. Rannpháirtíocht a bhaineann le Samhail Ghnó.

Maoirseacht agus Rannpháirtíocht

Le linn na bliana 2020, thug an Banc Ceannais faoi mhaoirseacht riosca-bhunaithe, a dhíríonn ar thorthaí, ó thaobh athléimneacht oibríochta agus airgeadais araon. Tá rialachas agus bainistíocht láidir riosca riachtanach agus mar sin bhí cumasóirí criticiúla gnó sa timpeallacht seo mar phríomhfhócas inár straitéis mhaoirseachta. Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil go réamhghníomhach le comhair chreidmheasa chun leanúnachas gnó a éascú agus chun a chinntiú go leanfaí ag freastal ar riachtanais na mball. Leis an gcur chuige maoirseachta, cuireadh iarmhairtí na paidéime agus Brexit san áireamh, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go gcoinneoidh comhair chreidmheasa cur chuige stuama i leith gach gné dá ngnóthaí gnó, cur chuige a bheidh ag teacht le rioscaí agus a mbeidh rialachas láidir, cumas oibríochtúil agus creataí bainistíochta riosca mar bhonn agus mar thaca leis.

Tugadh faoi rannpháirtíocht fhairsing dhá bhealach leis an earnáil agus le páirtithe leasmhara trí réimse bealaí lena n-áirítear glaonna maoirseachta, cruinnithe fíorúla, cur i láthair, foilseacháin ([Tráchttaireacht Maoirseachta](#), [Coinníollacha Airgeadais](#)) agus [ciorcláin](#). Foilsíodh comhfhreagras mionsonraithe ar shaincheisteanna tábhachtacha beartais ar [shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais](#). Reáchtáil an Banc Ceannais Seimineár Faisnéise bliantúil do chomhair chreidmheasa trí [sheimineár gréasáin](#) agus d'fhreastail os cionn 250 duine air.

Idirghabháil agus Athstruchtúrú

Le linn 2020, leanadh le hathstruchtúráil na hearnála, chun go bhforbrófaí comhair chreidmheasa a bheadh níos inbhuanaithe ó thaobh airgeadais agus oibríochta de, rinneadh 12 aistriú agus forbrófar aistrithe eile sa todhchaí. Leanann an comhdhlúthú leanúnach sin air ag athmhúnlú na hearnála, agus tá 64% de shócmhainní na hearnála ag 62 comhar creidmheasa le sócmhainní os cionn €100m anois.

Mar a léirítear san alt Athléimneacht a Neartú i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1, mí Iúil 2020, rinne an Banc Ceannais iarratas ar fhoirceannadh [Chomhar Creidmheasa Dhroim Conrach agus Dúiche Teo](#). Cosnaíodh coigilteas na mball faoin Scéim Ráthaíochta Taiscí. Thacaigh an Banc Ceannais le tograí ó chomhair chreidmheasa eile chun a chinntiú go leanfaí ar aghaidh de sheirbhísí comhair chreidmheasa a chur ar fáil sa cheantar áitiúil.

Creat Rialála Saincheaptha

Sa bhliain 2020, lean an Banc Ceannais air ag cinntiú go raibh an creat rialála saincheaptha sofheagrach agus nuashonraithe de réir mar is gá nuair a bhíonn údar stuamachta leis. Áiríodh leis sin [athbhreithniú](#) ar an teorainn €100,000 ar choigilteas baill aonair a tugadh isteach in 2016, de réir shainordú reachtúil an Bhainc Ceannais, chun a chinntiú go gcosnódh comhair chreidmheasa cistí a gcomhaltaí agus go ndéanfaí cobhsaíocht airgeadais na hearnála a choimeád ar bun. Ba é toradh an athbhreithnithe sin an teorainn a choinneáil, rud a thaispeánann nár léiríodh gur ghá do chomhair chreidmheasa coigiltis ar mhórsála a ghlacadh isteach agus go raibh an maoiniú a bhí ar fáil do chomhair chreidmheasa i bhfad níos airde ná an t-éileamh reatha a bhí ag baill ar iasachtaí. Cuireadh athruithe i bhfeidhm ar an gcreat infheistíochta mar fhreagairt ar ábhair shonracha a sainithníodh, lena n-áirítear socrú idirthréimhseach a bhain le Brexit d'infheistíochtaí áirithe a bhí bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus atá i seilbh comhar creidmheasa. Chuir ionchur rialála le hathruithe ar an Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, chun go mbeadh an rogha ag comhair chreidmheasa [cruinnithe ginearálta fóirúla](#) a chur ar fáil dá mbaill don bhliain 2020 agus sa todhchaí.

Samhail Ghnó agus Rannpháirtíocht

Chuir an Banc Ceannais tús le Fóram CEO sa bhliain 2018 chun comhoibriú faoi stiúir CEO a spreagadh i dtaca le forbairt samhlacha gnó, le tacaíocht rúnaíochta ón gClárann. I mí na Nollag 2020, sheol an Fóram a shuíomh gréasáin féin ar a bhfuil foilseacháin ar réimse ábhar. Leanfaidh Príomhfheidhmeannaigh comhar creidmheasa orthu ag treorú an tionscnaimh sin, agus beidh ionchur ón mBanc Ceannais amach anseo dírithe ar a ról mar gheatóir i dtaca le measúnú rialála agus ar an dúshlán a bhaineann le tograí i leith samhlacha gnó.

Maoirseacht ar Árachas

Dhírigh clár árachais riosca-bhunaithe 2020 ar dhul i ngleic le COVID-19, ar fhaireachán agus ar athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil gnólachtaí a chinntiú. Chuimsigh sé sin measúnuithe iomlána riosca, cruinnithe rannpháirtíochta agus athbhreithnithe téamacha, agus chuir maoirseoirí os cionn 900 gealltanais i gcrích. Le linn 2020, láimhseáil maoirseoirí líon síormhéadaitheach idirbheart a bhain le comhdhlúthú agus le hathruithe ar straitéisí agus ar struchtúir gnólachtaí. Cuireadh torthaí athbhreithnithe téamacha in iúl freisin maidir le hOiriúnacht & Ionracas agus Éagsúlacht & Ionchuimsiú in L2 2020.

Ó thaobh cosaint tomhaltóirí de, dhírigh an fócas ar rannpháirtíocht le gnólachtaí rialáilte chun a chinntiú go mbeadh réitigh dírithe ar thomhaltóirí ar fáil i réimsí lacáistí beartais árachais agus éilimh ar bheartas árachais. Ar an 5 Lúnasa 2020, d'fhoilsigh an Banc Ceannais [Creat Maoirseachta maidir le COVID-19 agus Árachas um Chur Isteach ar Ghnó](#) (Féach Bosca 5 i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1). Leanann an obair sin ar aghaidh sa bhliain 2021, agus breithiúnais chúirte ábhartha á gcur san áireamh. Sheol an Banc Ceannais Athbhreithniú ar Phraghsáil Dhifreálach sna Margaí Árachais Cairr agus Tí Phríobháidigh (an tAthbhreithniú) sa bhliain 2020 agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil eatramhach i mí na Nollag 2020 (féach Bosca 4 i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1).

Agus béim ar anailís fhadtéarmach fheabhsaithe a bhaineann le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus ar 'fhaire na fáistine', tugadh faoi rannpháirtíocht an tionscail ar riosca aeráide (lena n-áirítear clúdach in aghaidh tuile) agus rioscaí cibirgheallta. Cuirfidh sé sin le cumas maoirseoirí rioscaí san earnáil árachais a aithint agus freagairt dóibh ar bhealach éifeachtach tráthúil.

Mar a leagtar amach san alt Brexit de Chuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 1, chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais maidir le córas sealadach caillteanas a fhorbairt d'árachóirí agus do bhróicéirí.

I dtaca le cumarsáid, leanadh de rannpháirtíocht chuimsitheach leis an tionscal, le comhlachtaí ionadaíocha agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde le linn na tréimhse maidir le himpleachtaí COVID-19, rioscaí atá ag teacht chun cinn amhail athrú aeráide, mar aon le foilsiú nuachtlitreacha an tionscail árachais agus Treoir ar an Tionscal Árachais i mí na Samhna 2020.

I rith mhí Lúnasa 2020, leathadh Tairseach an Bhainc Ceannais amach chuig gnóthais árachais mar chuid de thionscadal ar fud na heagraíochta.

Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní agus Infheistíochtaí

Sa bhliain 2020, lean an Banc ceannais air ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí maidir le húdarú, maoirseacht stuamachta agus iniúchadh eintiteas rialáilte laistigh d'earnáil bhainistíocht sócmhainní agus bhaincéireacht infheistíochta na hÉireann.

Baineadh é sin amach trí chur chuige maoirseachta riosca-bhunaithe chomh maith le béim láidir ar chosaint chliaint, agus tacaíocht ó acmhainní oiliúna, cumarsáid éifeachtach agus comhoibriú leanúnach ar fud an Bhainc Ceannais.

Maoirseacht

Rinneadh athbhreithniú ar stráitéis mhaoirseachta an Bhainc Ceannais le haghaidh earnáil na bainistíochta sócmhainní agus earnáil na baincéireachta infheistíochta mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus mar gheall ar luaineacht shuntasach margaidh i Ráithe 2.

Le linn an ama sin, díriodh an mhaoirseacht ar athléimneacht oibríochtúil na hearnála agus ar leanúnachas na seirbhísí.

Tagann an cur chuige sin lenár gcur chuige riosca-bhunaithe agus chabhraigh sé le rannpháirtíocht a neartú le gnólachtaí ar fud na hearnála. Ar bhealach suntasach, chuir sé le roinnt torthaí maoirseachta tábhachtacha lena n-áirítear:

- Measúnuithe riosca lárnacha ar fud príomhrioscaí amhail TF, riosca rialachais agus riosca oibríochtúil.
- Rannpháirtíocht réamhghníomhach le heintitis faoi mhaoirseacht maidir lena n-ullmhacht do Brexit agus rioscaí a gcaithfidh a múnla gnó dul i ngleic leo.
- An t-athbhreithniú téamach ar thrádáil algartamach a thabhairt chun críche d'fhoill measúnú a dhéanamh ar na creata bainistíochta riosca agus rialachais a leagadh amach le haghaidh gnólachtaí trádála algartamacha.
- Gníomhartha Forfheidhmiúcháin chun comhlíontacht riachtanais rialála a chur chun cinn.
- Léirmheas duine oile ar bhainistíocht riosca, comhlíontacht agus feidhmeanna rialála.
- Athbhreithniú téamach a thabhairt chun críche ar Threoir maidir le hÉifeachtacht na gCuideachtaí Bainistithe Cistí. Tá tuilleadh eolais faoi sin i mBosca 17 thíos.

Bosca 17: Athbhreithniú Téamach ar Threoir maidir le hÉifeachtacht na gCuideachtaí Bainistithe Cistí

Tháinig forálacha Éifeachtacht na gCuideachtaí Bainistíochta Cistí de chuid an Bhainc Ceannais i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2018, agus cuireadh athruithe in iúl le haghaidh Cuideachtaí Bainistithe Cistí (CBCanna).¹⁶ Cuireann an treoir sin, chomh maith le riachtanais an Bhainc Ceannais, creat ar fáil de rialacha agus de threoracha cuimsitheacha ar rialachas, ar bhainistíocht agus ar eagrúchán éifeachtach na n-eintiteas sin.¹⁷

Sa bhliain 2019, chuir an Banc Ceannais athbhreithniú téamach i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar chomhlíon CBCanna ceanglais an Bhainc Ceannais agus treoracha gaolmhara i dtaca le heagrú na CBCanna.¹⁸ Tugadh faoin athbhreithniú téamach ar thrí bhealach (ceistneoir, athbhreithniú deascbhunaithe agus sraith de chigireachtaí ar an láthair) agus cuireadh i gcrích é le foilsiú litreach *Dear Chair* don tionscal sa bhliain 2020.

Mar achoimre, leagadh amach san athbhreithniú nár chuir go leor de na CBCanna an creat do rialachas, do bhainistíocht ná do mhaoirseacht i bhfeidhm go hiomlán. Mar thoradh air sin, d'iarr an Banc Ceannais feabhsúchán pras ó na cuideachtaí sin inar aithníodh easnaimh.

Is gá do na CBCanna eile ar fad athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar a gcuid oibríochtaí laethúla i gcomparáid leis na riachtanais, agus iad ag cur torthaí an athbhreithnithe san áireamh, agus na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm chun gnéithe uile riachtanais an Bhainc Ceannais agus treoir ghaolmhar a leabú go héifeachtach agus go hiomlán.

Sócmhainní Cliant

Le linn na bliana 2020, bhí ard-infheictheacht ag an mBanc Ceannais ar eintitis faoi mhaoirseacht agus é ag déanamh maoirseachta ar shócmhainní cliant a thagann leis an gcur chuige riosca-bhunaithe. Áirítear leis sin, rannpháirtíocht fheabhsaithe gnólachtaí ar leith maidir le hathléimneacht airgeadais i dtaca le dúshlán COVID-19, leanúint lenár gceangaltas do chigireachtaí sócmhainní cliant, iarratais ar údarú a mheas agus faireachán

¹⁶ Tagraíonn Cuideachta Bainistíochta Cistí do chuideachta bainistíochta UCITS, do Bhainisteoir údaraithe Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFM), do chuideachta infheistíochta fhéinbhainistithe UCITS agus do Chiste Infheistíochta Malartaí a bhainistítear go himheánach ar AIFM údaraithe é.

¹⁷ Tá na riachtanais le feiceáil i rialacháin UCITS an Bhainc Ceannais agus i leabhar rialacha an AIF.

¹⁸ Tacaíonn Treoir ón mBanc Ceannais dar teideal Cuideachtaí Bainistíochta Cistí - Forálacha; a foilsíodh i mí na Nollag 2016, leis na riachtanais.

a dhéanamh ar aistriú sócmhainní cliant a dhíríonn ar chumaisc agus éadálacha.

Córas Stuaamachta Nua do Ghnólachtaí Infheistíochta

Faoi dheireadh, le linn na bliana 2020 d'fhorbair an Banc Ceannais a ullmhacht le haghaidh chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Gnólachtaí Infheistíochta (IFR) agus na Treorach maidir le Gnólachtaí Infheistíochta (IFD). Áiríodh leis sin, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar an IFR / IFD a ionchorprú inár gcreat maoirseachta sa Bhanc Ceannais agus dul i dteagmháil lenár gcomhghleacaithe ar fud na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEanna) maidir le téacsanna éagsúla leibhéal a dó agus leibhéal a trí a fhorbairt.

Maoirseacht ar Úrrúis agus ar Mhargáí

Sa bhliain 2020, ba iad teagmhais COVID-19 agus Brexit ar dhírigh maoirseacht margaí urrúis an Bhainc Ceannais orthu den chuid is mó. I measc na gcúraimí a cuireadh i gcrích, bhí idirghabhálacha bunaithe ar spreagthaí de bhun faireachán laethúil ar an margadh chomh maith le hidirghabhálacha réamhghníomhacha i bhfoirm athbhreithnithe téamacha agus rannpháirtíochtaí spriocdhírithe le príomhchodanna de mhargadh na n-urrús, lena n-áirítear cistí infheistíochta. I measc na n-idirghabhálacha téamacha, bhí cur i gcrích athbhreithniú an Bhainc Ceannais ar chur chun feidhme chreat an Bhainc Ceannais maidir le rialachas, bainistiú agus éifeachtacht na gcuideachtaí bainistíochta ciste (féach Bosca 17), gníomhaíochtaí comhordaithe maoirseachta le ESMA agus le húdaráis inniúla náisiúnta eile maidir le bainistiú leachtachta in UCITS, cistí bannaí corparáideacha agus cistí réadmhaoine. Mar thoradh ar gach ceann de na hidirghabhálacha sin, bhí ceanglais shonracha ann do ghnólachtaí aonair agus, más cuí, d'earnáil ábhartha an tionscail i gcoitinne chun cláir shonracha oibre a chur chun feidhme chun na rioscaí a aithníodh a mhaolú.

Mar fhreagairt ar thionchar margaidh COVID-19 agus ar an méadú a tháinig ar thrádáil mhargaidh, mhéadaigh an Banc Ceannais freisin faireachán ar dhíol folamh agus nochtadh don mhargadh ag eisitheoirí liostaithe, chomh maith le tús a chur le hathbhreithniú ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag eisitheoirí agus ag gnólachtaí rialáilte faoin Rialachán um Dhrochúsáid Margaidh.

Le linn na hoibre sin, lean an Banc Ceannais air ag cur lena chumas chun na sonraí agus an fhaisnéis eile atá ar fáil a úsáid chun bonn eolais a chur faoina mhaoirseacht ar margaí urrús, lena n-áirítear cistí. Chomh maith le feabhas a chur ar na huirlisí faireacháin margaidh a úsáidtear in obair laethúil an Bhainc Ceannais agus scála an tuairiscithe a mhéadú mar fhreagairt ar fhorbairtí COVID-19, áiríodh mar chuid den obair tacaí nua

struchtúrtha sonraí i réimsí na gcistí margaidh airgid agus na n-idirbheart maoinithe urrús.

Is cosaint thábhachtach é geatóir éifeachtach chun a chinntiú go n-oibreoidh margaí urrús agus rannpháirtithe sa mhargadh ar bhealach soiléir agus freagrach, go háirithe i gcomhthéacs na leibhéal ardaithe luaineachta sa mhargadh atá feicthe le linn na bliana. Sa bhliain 2020, údaraíodh 717 gciste infheistíochta nua, tar éis dianmheasúnú a dhéanamh, lenar áiríodh líon suntasach measúnuithe oiriúnachta agus ionracais i ndáil le daoine aonair a bhfuil na cistí á reáchtáil acu. Formheasadh freisin 906 réamheolaire faoin Rialachán Réamheolaire, lena n-áirítear measúnú agus athbhreithniú ar 3,372 aighneacht aonair, chomh maith le cur chun feidhme an Rialacháin nua Réamheolaire.¹⁹

Sa bhliain 2020, lean an Banc Ceannais air ag úsáid cur chuige atá ag éirí níos riosca-bhunaithe i leith na hoibre geatóireachtachta seo a leabú, agus rinneadh grinnskrúdú ar na hiarratais sin is mó a bhaineann lena chuspóirí. B'ionann iarratais atá faoi réir grinnskrúdú feabhsaithe agus thart ar 15% de na haighneachtaí uile maidir le réamheolairí agus áiríodh leo sin, tairiscintí d'infheisteoirí miondíola agus iarratais a raibh iarraidh maolaithe acu ar cheanglais nochta réamheolairí. Is é a bhí i gceist leis freisin a chinntiú go gcomhlíonann tairiscintí urrús, a chuireann síos orthu féin mar urrúis shócmhainn-bhunaithe, na critéir maidir le bunsócmhainní agus sreafaí airgid inaitheanta a bheith acu, chomh maith lena chinntiú go nochtar coinbhleachtaí leasa go cuí. Tugadh faoi ghrinnskrúdú feabhsaithe freisin do 95 iarratas ar chiste infheistíochta, rud a d'fhág gur tugadh 11 iarratas ar ais i rith na bliana. Déantar grinnskrúdú feabhsaithe i gcás ina mbaineann gnéithe áirithe le hiarratas ar chiste infheistíochta a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar infheisteoirí nó a bhféadfadh impleachtaí cobhsaíochta airgeadais a bheith acu.

Forfheidhmiú

Thug an Banc Ceannais 139 ngníomh forfheidhmiúcháin i gcrích, rud a d'fhág go raibh pionóis airgeadaíochta de níos mó ná €123m ann agus gur dícháilíodh 16 dhuine aonair.²⁰ D'eisigh an Banc Ceannais toirmisc maidir le naonúr agus é ag baint úsáid as a chumhachtaí imscrúdaithe faoin gcóras Oiriúnachta agus Ionracais.²¹ Tá fairsinge uirlisí forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais, ar fud a shainordaithe maidir le gnólachtaí rialáilte, margaí agus maidir le gníomhaíocht neamhúdaraithe, leagtha amach [sa](#)

¹⁹ Rialachán (AE) 2017/1129 (Rialachán Réamheolaire) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017.

²⁰ Amhail ar an 31 Nollaig 2020.

²¹ Amhail ar an 31 Nollaig 2020.

[mhír a bhaineann le Forfheidhmiú](#) ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais. Tá sonraí [faoi thorthaí agus faoi chásanna](#) ar fáil ansin freisin.

Bhain an Banc Ceannais roinnt torthaí suntasacha forfheidhmiúcháin amach sa bhliain 2020, bunaithe ar imscrúduithe ilsrathacha fóiréinseacha. I measc na bpríomhthorthaí agus na ngarspriocanna bhí:



Ghearr an Banc Ceannais fíneáil de réir an phointe is airde dá chumhachtaí smachtbhannaí ar [KBC Bank Ireland plc](#). Is í an fhíneáil de bhreis agus €18.3m an dara fíneáil a tugadh i sraith imscrúduithe morgáiste rianúcháin atá ar siúl faoi láthair, tar éis na fíneála €21m a gearradh ar permanent tsb p.l.c. sa bhliain 2019. Léirigh an fhíneáil a thromchúisí atá tionchar theipeanna KBC ar a chustaiméirí, lenar áiríodh praghas ró-ard a ghearradh ar chustaiméirí agus caillteanas 66 réadmhaoin, a thiocfadh a sheachaint i gcásanna áirithe. Tá imscrúduithe a bhaineann le morgáiste rianúcháin i dtaca roinnt iasachtóirí eile fós ag dul ar aghaidh.

Ar leith uaidh sin, gearr an Banc Ceannais fíneáil €1.66m ar [Ghobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann](#) as teipeanna iar-fhochuideachta, Banc na hÉireann Um Baincéireacht Phríobháideach Teoranta, ar teipeanna iad a bhain le cibearshlándáil. Tá bagairtí cibearshlándála fós ina ndúshlán do ghnólachtaí seirbhísí airgeadais agus leagann an toradh forfheidhmiúcháin seo béim ar a thábhachtaí atá an faireachas leanúnach sa réimse. Tugadh an fhíneáil freisin mar thoradh ar theipeanna suntasacha i gcomhoibriú leis an mBanc Ceannais, rud a chuir frustrachas agus fad leis an imscrúdú.

Chuir an Banc Ceannais in iúl go poiblí go ndíríonn sé ar chuntasacht aonair agus, sa bhliain 2020, chuir sé pionós ar iarstiúrthóir feidhmíocháin agus Príomhoifigeach Airgeadais [RSA Insurance Ireland DAC](#).

Íoctar gach fíneáil a bhailíonn an Banc Ceannais leis an Státchiste.

Bosca 18: Próiseas Fiosrúcháin faoin Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin

Is féidir leis an mBanc Ceannais tús a chur le himscrúdú forfheidhmiúcháin faoina Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin (ASP) i gcás ina mbeidh imní air gur sáraíodh ceanglais rialála (ar a dtugtar sáruithe forordaithe). Tar éis imscrúdú den sórt sin, lena mbaineann bailiú agus ceistiú faisnéise, agallaimh a chur ar fhinnéithe agus measúnú ar fhianaise le hais riachtanais rialála, déanfaidh an Banc Ceannais a mheas an bhfuil forais réasúnacha aige a bheith in amhras go ndearnadh sárú forordaithe. Ag an bpointe sin, féadfaidh an Banc Ceannais a chinneadh:

- Gan aon ghníomhartha eile a ghlacadh
- Rabhadh maoirseachta a thabhairt
- An fhadhb a réiteach trí ghníomh maoirseachta a ghlacadh
- Socrú a chomhaontú lena bhforchuirfear pionóis
- An cás a tharchur chuig Fiosrúchán lena chinneadh agus le pionóis a fhorchur.

Bealach éifeachtach is ea cumhacht an Bhainc Ceannais chun cásanna ASP a thabhairt chun críche, agus smachtbhannaí a fhorchur, trí shocrú comhaontaithe chun straitéis forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais a chur i gcrích, agus gearradh féineálacha iomlána €123m faoin bpróiseas socraíochta faoi dheireadh 2020. Leis an nós imeachta socraíochta, cuirtear bealach ar fáil don Bhanc Ceannais agus don ghnólacht/duine aonair araon chun acmhainní agus costais a choigilt. Beartaítear leis an nós imeachta go bhféadfar lascaine suas le 30% a chur i bhfeidhm ar an smachtbhanna chun coigilteas an chostais agus na n-acmhainní sin a aithint tríd an imscrúdú a réiteach.

Tá cásanna ann, áfach, nach mbeidh oiriúnach do shocraíocht nó beidh gnólachtaí nó daoine aonair ann a bheidh faoi réir phróiseas ASP nach n-admhóidh na sáruithe ná nach n-aontóidh leis na smachtbhannaí atá riachtanach i dtuairim an Bhainc Ceannais chun bonn socraíochta a bhunú. Cuirtear cásanna den sórt sin ar aghaidh chuig Fiosrúchán lena gcinneadh.

Is cinnteoir(i) neamhchlaonta a dhéanann an fiosrúchán, arna cheapadh nó arna gceapadh ag an mBanc Ceannais chun fianaise a éisteacht. Is é ról an fhiosrúcháin i ndeireadh na dála cinneadh a dhéanamh ar tharla an sárú / na sáruithe amhrasta nó an bhfuil siad ag tarlú faoi láthair agus, má tá, chun an smachtbhanna / na smachtbhannaí cuí a chinneadh.

Bhunaigh an Banc Ceannais na chéad fhiosrúcháin, maidir le daoine a bhíodh ag bainistiú Quinn Insurance Limited agus Irish Nationwide Building Society sa bhliain 2015. Cuireadh roinnt dúshlán dlí os a chomhair, agus d'éirigh leis an mBanc Ceannais iad a chosaint, i ndáil leis na fiosrúcháin sin.

Chun an próiseas fiosrúcháin a sheachadadh, mar atá sainordaithe faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942, bhí infheistíocht shuntasach ag teastáil ón mBanc Ceannais, lena n-áirítear a chinntiú go raibh fiosrúcháin oiriúnach dá bhfeidhm ó thaobh oibríochta de. Ós rud é nach bhféadfaí fiosrúcháin a chur ar bun in iar-áitreabh an Bhainc Ceannais, ba ghá áitreabh cuí a léasú agus a fheistiú le haghaidh éisteachtaí poiblí agus príobháideacha chomh maith le próisis rialála eile. Áiríodh leis freisin teicneolaíocht chuí chun cabhrú le dul chun cinn éifeachtúil na n-éisteachtaí fiosrúcháin, a bhféadfadh méid mór cáipéisíocht chasta a bheith i gceist leo chomh maith le rannpháirtithe iomadúla agus foirne dlí. Is é seo a leanas breac-chuntas ar na costais oibríochtúla a bhí i gceist chun cumas an Bhainc Ceannais a fhorbairt ionas go bhféadfaí an dá fhiosrúchán a reáchtáil ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2020, arbh ionann iad agus €7,820,621 san iomlán:

Costas	Suim
Saoráidí agus Cothabháil	€831,570
Riarachán Oifige	€115,272
Cumarsáid agus TF	€1,199,791
Cíos agus Fónais	€1,501,988
Táillí Gairmiúla (Teicneolaíocht agus Bonneagar AV)	€4,172,000
Iomlán	€7,820,621

Tar éis don Bhanc Ceannais bogadh go campas NWQ, freastalófar ar fhiosrúchán amach anseo agus ar éisteachtaí eile maidir lenár bpróisis forfheidhmiúcháin ar an gcampas.

Mar chuid den Chreat Aonair Cuntasachta, a mholfaidh an Roinn Airgeadais i dtograí reachtacha, tá an Banc Ceannais ag súil le roinnt feabhsuithe maidir leis an bpróiseas Fiosrúcháin.

Fiosrúchán Quinn Insurance Limited

Sa bhliain 2020, cuireadh fiosrúchán an Bhainc Ceannais faoin Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin i gcrích faoi bheirt iarstiúrthóirí de chuid Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán) (QIL) de bhun comhaontuithe socraíochta leis an mbeirt iarstiúrthóirí. Is garsprioc shuntasach agus toradh suntasach é sin don Bhanc Ceannais toisc gur léirigh sé cumas agus toilteanas an Bhainc a bheith in ann fairsinge iomlán na gcumhachtaí a úsáid agus cásanna a tharchur chuig fiosrúchán nuair is

cuí. Tá faisnéis faoi QIL agus faoi chomhaontuithe an tsocraithe ar fáil ar [shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais](#) freisin. Sna blianta 2016 agus 2017, d'éirigh leis an mBanc Ceannais imeachtaí na hArd-Chúirte a chosaint tar éis do bheirt stiúrthóirí QIL agóid a dhéanamh i gcoinne an imscrúdaithe agus an fhiosrúcháin agus bronnadh costais ar an mBanc Ceannais.

Bhain fiosrúchán QIL le sárú forordaithe amhrasta amháin maidir le beirt iarstiúrthóirí QIL. Tar éis ocht gcruinniú bainistíochta fiosrúcháin phríobháidigh (ar réachtáladh an chéad cheann acu i mí Aibreáin 2016 agus an ceann deireanach i mí Aibreáin 2019), cuireadh tús le héisteacht phoiblí seacht lá i ndáil leis an bhfiosrúchán ar an 28 Bealtaine 2019 ar bhonn gan pháipéar (thart ar 1,300 doiciméad lena mbreithniú). B'ionann na costais a tabhaíodh i bhfiosrúchán QIL agus €1,896,303 agus is mar seo a leanas a bhristear síos iad:

Costas	Suim
Táillí agus costais na gComhaltaí Fiosrúcháin	€216,202
Táillí gairmiúla dlí (comhairleoirí don Fhiosrúchán agus d'Fhorfheidhmiú)	€725,539
Seirbhísí bainistithe doiciméad agus gearrscríbhneoireachta	€954,562

B'ionann agus €364,844 na costais a bhaineann le dlíthíocht ghaolmhar na hArd-Chúirte a chosaint go rathúil agus cuimsíonn sé sin táillí gairmiúla dlí sa bhreis ar chaiteachas eile amhail táillí gearrscríbhneoireachta agus cuntasóirí costais dlí.

Fiosrúchán maidir leis an Irish Nationwide Building Society

Lean fiosrúchán Irish Nationwide Building Society (INBS), ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2015, ar aghaidh maidir le beirt lena mbaineann, an tUasal Stan Purcell agus an tUasal Gary McCollum. Baineann fiosrúchán INBS le seacht sárú forordaithe amhrasta, agus ón tús bhain sé le cúigear. Rinne beirt acusan (an tUasal Michael Walsh agus an tUasal Tom McMenamin) comhaontuithe socraíochta leis an mBanc Ceannais sa bhliain 2018. Sa bhliain 2019, cuireadh bac buan ar an bhfiosrúchán i ndáil le heasláinte duine amháin (an tUasal Michael Fingleton).

Roinntear an fiosrúchán, a fheidhmíonn ar bhonn gan pháipéar, i gceithre mhodúl, i bhfianaise scála na sonraí (os cionn 110,000 doiciméad le breithniú), castacht an cháis agus líon na rannpháirtithe. Rinneadh éisteachtaí fianaise ar na chéad trí mhodúl sa bhliain 2018 agus sa bhliain 2019 thar 73 lá. Ina theannta sin, réachtáladh 11 chruinniú bainistíochta fiosrúcháin réamhéisteachta, chomh maith le dhá chruinniú eile tar éis tús a chur le héisteachtaí, chun líon suntasach iarratas agus aighneachtaí a láimhseáil. Réachtáladh trí éisteacht phríobháideacha eile chun éisteacht le

fianaise liachta rúnda. Tá 20 cinneadh eisithe ag comhaltaí an fhiosrúcháin maidir le hiarratais a thionscnaíonn daoine agus nithe eile a bhaineann le reáchtáil INBS.

Sa bhliain 2020, cuireadh tús le héisteachtaí sa mhodúl deiridh, a bhaineann le ceithre shárú forordaithe amhrasta maidir le leabhar iasachtaí tráchtála INBS. Lean na héisteachtaí ar aghaidh le linn 2020, agus úsáideadh áiseanna sainamhairc an fhiosrúcháin le haghaidh éisteachtaí cianda. Mar gheall ar an méid suntasach faisnéise rúnda de chuid iasachtaithe a bhí i gceist, d'ordaigh comhaltaí an fhiosrúcháin go dtionólfai éisteachtaí i leith fianaise iasachtaí aonair go príobháideach. Eagrófar an éisteacht deiridh sa mhodúl go poiblí, is é sin fianaise ó roinnt finnétithe a chur san áireamh, agus meastar go dtiocfaidh deireadh le fiosrúchán na n-éisteachtaí fianaiseacha sa bhliain 2021. Is féidir leis an bpobal agus leis na meáin freastal ar chianéisteachtaí i seisiún poiblí.

Banc Angla-Éireannach

Sa bhliain 2011, cuireadh siar imscrúdú an Bhainc Ceannais de bhun an ASP maidir leis an mBanc Angla-Éireannach (Irish Bank Resolution Corporation Limited (faoi leachtú speisialta)) (IBRC) chun go bhféadfaí na himscrúduithe coiriúla agus na hionchúisimh choiriúla arnsa seoladh ag an nGarda Síochána, ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur i gcrích. Tionscnaíodh agus tugadh chun críche roinnt ionchúiseamh maidir le príomhdhaoine aonair IBRC idir 2014 agus 2018. Rinne an Banc Ceannais iarratas chuig an gCúirt sa bhliain 2018 chun rochtain a fháil ar fhianaise ar a rabhtas ag brath in ionchúisimh áirithe. Rinneadh an t-iarratas chun a chinntiú go mbeadh fianaise ar fáil, i gcás inarb ábhartha, lena breithniú mar chuid d'aon mheasúnuithe ábhartha oiriúnachta agus ionracais do shainordú geatóra an Bhainc Ceannais. Tabharfar leachtú speisialta IBRC chun críche go luath amach anseo. Sna cúinsí sin, ní bheidh an Banc Ceannais ag tabhairt faoi imscrúdú ASP a cuireadh siar sa bhliain 2011.

Cinntí Rialála

Sa bhliain 2020, chuir an Banc Ceannais tús le próiseas chun painéal nua cinnteoirí a cheapadh ar féidir leo éisteacht le roinnt próiseas rialála lena n-áirítear fiosrúcháin agus cinneadh a ghlacadh ina leith. Ar na comhaltaí, beidh cleachtóirí gairmiúla sinsearacha agus ceannairí sinsearacha gnó a earcófar go seachtrach chomh maith le baill foirne shinsearacha an Bhainc Ceannais. Is sa bhliain 2021 a dhéanfar ceapacháin chuig an bpainéal, ar le haghaidh téarma seasta é.

Gnólachtaí Neamhúdaraíthe

Fuair an Banc Ceannais 86 nochtadh cosanta sa bhliain 2020 agus léiríonn an figiúr sin méadú 62% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (fuarthas 53 nochtadh cosanta sa bhliain 2019). Tá [liosta gnólachtaí neamhúdaraíthe](#) ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais. Déanann an Banc Ceannais idirchaidreamh dlúth leis an nGarda Síochána, maidir le gníomhaíocht neamhúdaraíthe chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar éagóir den sórt sin ar bhealach éifeachtach trí thionscnaimh choiscthe coireachta agus cosanta tomhaltóirí.

Tuigeanann an Banc Ceannais go rímhaith gur féidir sceamáil a dhéanamh trí mhodhanna éagsúla a úsáid chun díriú ar thomhaltóirí, mar shampla, na meáin shóisialta, láithreáin ghréasáin bhréige, clónáil / úsáid a bhaint as sonraí na ngnólachtaí údaraíthe ar a láithreáin ghréasáin chun dlisteanacht a thabhairt do rud. Mar chabhair do thomhaltóirí, sheol an Banc Ceannais feachtas le tomhaltóirí a spreagadh chun [tástáil SAFE](#) a dhéanamh sula dtéann siad i dteagmháil le gnólacht.

Tástáil SAFE

Sceamáil airgeadais a sheachaint

Bíonn bealaí sofaisticiúla nua á n-aimsíú i gcónaí ag calaoiseoirí airgeadais chun díriú orainn.

Ba cheart do thomhaltóirí **tástáil SAFE** a dhéanamh sula nglacann siad cinntí airgeadais nó sula dtugann siad faisnéis phearsanta:

S Stop:

smaoinigh & ceistigh - Cad? Cé? Cén fáth? An bhfuil brú á chur orm rud éigin a dhéanamh faoi dheifir?



A Athbhreithnigh:

déan cinnte gur gnólacht dlisteanach é.



F Fíricí a sheiceáil:

faigh comhairle chun a chinntiú gur seirbhís nó táirge iontaofa atá ann.



E É a nochtadh & a thuairisciú:

má tá inní ar bith ort, déan teagmháil leis an mBanc Ceannais.



Cuimhnigh, má thairgtear rud éigin duit atá **rómhaith le bheith fóir**, chuile sheans gur **sceamáil** atá ann!

Nochtadh Cosanta

Is uirlis thábhachtach iad tuairiscí i bhfoirm Nochtadh Cosanta a chuidíonn leis an mBanc Ceannais an córas airgeadais agus tomhaltóirí a chosaint. Fuair an Banc Ceannais 202 nochtadh le linn na bliana 2020 (200 sa bhliain 2019).

Molann an Banc Ceannais do dhaoine aonair ábhair inní nó faisnéis a bhaineann le héagóir rialála amhrasta i seirbhísí airgeadais a thuairisciú. Déanann saineolaithe ábhartha measúnú críochnúil ar gach nochtadh cosanta.

Is féidir leis an mBanc Ceannais roinnt gníomhartha a dhéanamh de bhun faisnéise a fhaightear mar nochtadh cosanta. Bhí gníomhaíochtaí a rinneadh le linn na bliana 2020 de bhun faisnéise a fuarthas rithabhachtach do shraith torthaí tábhachtacha lena n-áirítear tabhairt faoi obair mhaoirseachta bhreise amhail cigireachtaí, a cheangal ar ghnólacht tabhairt faoi ghníomhaíochtaí feabhsúcháin, gnólachtaí a chur faoi fhócas maoirseachta níos airde, cláir um Maolú Riosca a chur chun feidhme chomh maith le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin.

Beartas Rialála agus Creat Maoirseachta

An Creat Maoirseachta a Neartú

Sa bhliain 2020, leanadh den obair ar athbhreithniú agus feabhsú PRISM. Áirítear in Athbhreithniú Tionchair PRISM, athbhreithniú ar íos-rannpháirtíocht mhaoirseachta agus tuilleadh machnaimh agus idirghníomhaíochta maidir le spéis riosca maoirseachta an Bhainc Ceannais. Féachann sé lena chinntiú go leanfaidh an Banc Ceannais air ag úsáid cur chuige láidir, riosca-bhunaithe a dhíríonn ar thorthaí maidir le maoirseacht, agus a éascaíonn úsáid acmhainní teoranta chun na torthaí maoirseachta is fearr a bhaint amach. Cuireadh samhlacha athbhreithnithe stuamachta i bhfeidhm do ghnólachtaí sna hearnálacha bainistíochta sócmhainní, bonneagair mhargaidh, soláthraithe seirbhíse ciste, (ath)árachas, comhar creidmheasa agus íocaíochtaí agus ríomh-airgead. Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú freisin ar shamhlacha rannpháirtíochta íosta i roinnt de na hearnálacha sin, chuir sé feabhas ar a chreat maoirseachta maidir le hiompar miondíola chun go gcuimseofaí maoirseacht ar ghnólachtaí chomh maith le maoirseacht earnála agus dhírigh sé ar fheabhas a chur ar chreat an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca maoirseachta. Leanfar leis an obair sin le linn na bliana 2021 agus béim ar leith ar earnáil na gcistí.

Forbairt Beartais

Déanann an Banc Ceannais beartas rialála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ndáil le hinstiúidí creidmheasa, gnóthais árachais, gnólachtaí infheistíochta, cistí infheistíochta, agus urrúis agus margaí, agus déantar an obair sin ar bhonn intíre agus ar bhonn idirnáisiúnta araon.

Le linn na bliana 2020, tugadh bearta beartais isteach go tapa chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais agus rioscaí geilleagracha a bhaineann leis an bpaindéim a mhaolú. Chuir an Banc Ceannais comhairle ar an Roinn Airgeadais le linn idirbheartaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le leasuithe ar an Rialachán i dtaca le Ceanglais Chaipitil mar fhreagairt ar COVID-19. Rinne sé dlúth-theagmháil lena chomheagraíochtaí san Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta. Chabhraigh an Banc Ceannais le beartais a fhorbairt maidir le saincheisteanna lena n-áirítear dáiltí, tuairisciú maoirseachta, moratóirí íocaíochta, agus bearta faoisimh cóimheasa caipitil, leachtachta agus giarála.

Sa chríoch baile, ba thosaíocht é Creat Cuntasachta Daoine Aonair feabhsaithe a fhorbairt. Lean an Banc Ceannais air ag déanamh teagmhála leis an Roinn Airgeadais chun tograí reachtacha a thabhairt chun cinn don chreat feabhsaithe seo. Meastar go leagfaidh an creat sin amach caighdeán iompraíochta réasúnta a bhfuiltear ag súil leo i dtionscal na seirbhísí airgeadais rialáilte. Cuirfidh sé sin de cheangal ar ghnólachtaí freisin a

bheith soiléir maidir le freagracht agus cinnteoireacht. Cinnteoidh sé sin go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus le leas an gheilleagair níos leithne.

Is príomhthosaíocht de chuid an Bhainc Ceannais é sócmhainní cliant a chosaint. D'fhoilsigh sé [páipéar comhairliúcháin \(CP133\)](#) ina moltar feabhsuithe suntasacha ar na riachtanais sócmhainne cliant chun an córas a neartú tuilleadh i bhfianaise athruithe i sócmhainní na gcliant in Éirinn. Tugadh deis do pháirtithe leasmhara freagraí a chur faoi bhráid an Bhainc Ceannais roimh an 10 Márta 2021.

Ar bhonn leanúnach, déanann an Banc Ceannais athbhreithniú ar na ceanglais rialála maidir le cistí agus soláthraithe seirbhísí cistí. Sheol sé comhairliúcháin ar [ghnéithe cineálacha scaireanna de chistí infheisteoirí cáilithe \(CP132\)](#) agus [treoir nua maidir le táillí feidhmíochta do UCITS agus do chineálacha áirithe cistí miondíola \(CP134\)](#).

Bhí seachfhoinsiú fós ina thosaíocht sa bhliain 2020, agus cuireadh le gníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo. D'fhorbair an Banc Ceannais dréacht-treoir maidir le seachfhoinsiú tras-tionscail, le haghaidh [comhairliúchán poiblí](#) sa bhliain 2021. Is é cuspóir na treorach feabhas a chur ar chaighdeán rialachais agus bainistíochta riosca seachfhoinsithe na ngnólaíochtaí rialáilte.

Is tosaíocht mhéadaitheach don Bhanc Ceannais é maoiniú inbhuanaithe. Mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán Eorpach maidir leis an Straitéis Airgeadais Inbhuanaithe Athnuaite, leagadh amach tuairimí maidir leis [na dúshlán a bhaineann le maoiniú inbhuanaithe a fhorbairt agus rioscaí inbhuanaitheachta a mhaolú](#). Chuir an Banc Ceannais le forbairt rialacháin agus threoir an Aontais Eorpaigh maidir le maoiniú inbhuanaithe ag na ÚEanna. Chuir sé go mór le forbairt [threoir BCE maidir le riosca a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol](#).

Ba thosaíocht i gcónaí é creat rialála an Aontais Eorpaigh a leabú i gcleachtais mhaoirseachta sa bhliain 2020. Chabhraigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais chun athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD V) a thrasú. Leis an Treoir sin, tugtar isteach roinnt ceanglas nua d'institiúidí Éireannacha. Áirítear orthu sin próiseas athbhreithnithe maoirseachta, caipiteal, rialachas, luach saothair agus próiseas formheasa do struchtúir ghrúpa an Aontais Eorpaigh agus tríú tíortha.

Nuálaíocht Airgeadais

Bhí Nuálaíocht Airgeadais mar phríomhthosaíocht ag an mBanc Ceannais don bhliain 2020. Bhí rannpháirtíocht éifeachtach ag an mBanc Ceannais

agus rinne sé dul chun cinn maith ar réimse saincheistanna a bhaineann leis an nuálaíocht, faoi cheannaireacht a Ghrúpa Stiúrtha Nuálaíochta.

De réir mheon na rannpháirtíochta oscailte, rinneadh 90 teagmháil le nuálaithe agus le páirtithe leasmhara eile tríd an Mol Nuálaíochta. Chuaigh an Mol Nuálaíochta i dteagmháil le nuálaithe freisin trí dhá imeacht for-rochtana fíorúla.

Ba bhliain shuntasach í do rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh i leith na nuálaíochta. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Straitéis fhadréimseach ilghnéitheach Airgeadais Dhigitigh, a ndearna an Banc Ceannais measúnú air agus d'aithin sé príomhghníomhaíochtaí thar théarma na straitéise. Leag an Banc Ceannais amach a sheasamh i dtaca le dhá phríomhchomhairliúchán phoiblí de chuid an Aontais Eorpaigh: creat do mhargaí i sócmhainní criptithe agus creat don athléimneacht oibríochtúil dhigiteach le haghaidh seirbhísí airgeadais. Cuireann sé comhairle theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais le linn na hidirbheartaíochta maidir leis an dá dhréacht-téacs reachtacha sin.

Ina theannta sin, d'oibrigh an Banc Ceannais i gcomhar leis an bhFóram Eorpach Nuálaíochta, leis na coistí / líonraí nuálaíochta ag na ÚMEanna, ag SAM, ag BCE, ag an mBanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS) agus ag IOSCO. Bhí an Banc Ceannais agus seacht mbanc ceannais eile ina rannpháirtithe lárnacha in iarratas rathúil an Eurochórais chun lárionad de Mhol Nuálaíochta BIS a óstáil.

Maoiniú agus Soláthar Foirne don Rialáil Airgeadais

Maoiniú don Rialáil Airgeadais

Leanann straitéis mhaoiniúcháin an Bhainc Ceannais uirthi ag athrú, ar bhonn céimnithe, chuig staid ina ndéantar costas iomlán na rialála airgeadais a ghnóthú ón tionscal.

Gach bliain, déanann an Banc Ceannais rialacháin lena gceanglaítear ar ghnólachtaí rialáilte tobhach maoiniúcháin a íoc leis an mBanc Ceannais i leith a chuid seirbhísí rialála airgeadais.

Maidir leis na rialacháin sin, ina leagtar amach an bonn ar a gcuirtear tobhaigh i bhfeidhm maidir le heintits rialáilte aonair i ngach aicme maoiniúcháin ar leith den tionscal, tagann siad i bhfeidhm tar éis don Aire Airgeadais iad a cheadú.

Léiríonn an ceanglas maoiniúcháin bliantúil costas na rialála airgeadais, na rátaí téarnaimh atá faofa ag an Aire Airgeadais agus coigeartuithe i ndáil le hionaid nó le hioncam iarchurtha ó bhlianta roimhe sin.

Bosca 19: Straitéis Maoiniúcháin an Bhainc Ceannais a Chur i bhFeidhm

Féachann straitéis maoiniúcháin trí bliana don tréimhse ó 2018 go 2020 leis na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

1. An ráta foriomlán téarnaimh a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí maoiniúcháin d'fhonn maoiniú iomlán ag an tionscal a bhaint amach sa mheántearma.
2. An tobhach a fhorchur ar bhonn costais iarbhír seachas ar bhonn costais bhuiséadaithe d'fhonn deireadh a chur le luaineacht mar thoradh ar choigeartuithe a bhaineann le gníomhaíochtaí na bliana roimhe sin.
3. Leanúint de mhionchoigeartú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí a bhaineann leis an tobhach i gcás ina bhfuil malairtí ar fáil lena chinntiú go bhfuil tobhaigh comhréireach agus go léiríonn siad méid shonrach agus rioscaí sonracha eintitis.

Is é seo a leanas an dul chun cinn maidir leis na míreanna sin:

- An ráta téarnaimh a mhéadú: I Meitheamh 2019, tar éis ceadú a fháil ón Aire Airgeadais, d'fhoilsigh an Banc Ceannais an chonair bheartaithe i leith an athraithe chuig maoiniú 100% ag an tionscal sa

tréimhse cúig bliana atá romhainn. Tá rátaí beartaithe téarnaimh san áireamh freisin i [dTreoir Maoinithe Tionscail](#) an Bhainc Ceannais.

- Tobhach ar bhonn an chostais iarbhír: Déanfar sciar an tionscail de chostais 2020 a thobhach arís i riaráistí i R3 2021. Rinneadh an t-aistriú chuig tobhach i riaráistí ar bhonn an chostais iarbhír i a chur i bhfeidhm den chéad uair maidir le costais 2019.
- Modheolaíochtaí tobhaigh mhalartacha: Is dócha go ndéanfar athbhreithniú airgid faoi réir aiseolais ó [CP 137](#) ar an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm maidir le hinstiúidí íocaíochta tobhaigh agus instiúidí ríomh. Sa bhliain 2021, leanfaidh an Banc Ceannais d'athbhreithniú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí tobhaigh agus molfaidh sé feabhsuithe i gcás ina bhfuil na hathruithe sin comhsheasmhach le gnóthú tobhach atá intuartha, trédhearcach agus comhréireach.

Ar mhaithe le trédhearcacht, táthar ag leanúint den rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaitheacha ón tionscal i ndáil le forbairtí a bhaineann le maoiniú.

Soláthar Foirne don Rialáil Airgeadais

Ag deireadh mhí na Nollag 2020, bhí coibhéis 1,028.5 fostaí lánaimseartha (FTEs) ag gabháil do ghníomhaíochtaí rialála, aníos ó 978 i mí na Nollag 2019. Is í an phríomhchúis leis an méadú ar an bhfoireann sa bhliain 2020 forbairt rathúil na leibhéal acmhainní ar fud gach ceann de na stiúrthóireachtaí rialacháin i gcomhréir le leibhéil fhaofa an Choimisiúin do thréimhse an timthrialla straitéisigh:

Is iad seo a leanas na príomhréimsí a raibh tionchar acu ar an tógáil sin:

1. Brexit: De réir mar a d'fhill gníomhaíocht údaráithe ar ghnáthleibhéil gnó, athlonnaíodh acmhainní chun foirne maoirseachta a fhorbairt d'eintitis nuarialaithe.
2. Cosanta Tomhaltóirí a fhorbairt i gcomhréir lenár dTéamaí Straitéiseacha 2019-2021.
3. Foirne tosaíochta a neartú maidir le hiompar mórdhíola, anailísíocht chainníochtúil agus sonraí, cibear-riosca & rioscaí TF.
4. Grúpaí a ghactar isteach go bliantúil faoi Chláir Luathghairme an Bhainc Ceannais agus a thacaíonn le forbairt tallainne trí na cláir scoláireachta agus iarchéime.

Caighdeán Seirbhíse i leith Próiseáil Iarratas agus Bainistíocht Teagmhála

Caighdeán Seirbhíse


Foilsíonn an Banc Ceannais dhá thuarascáil leathbhliantúla²² ina leagtar amach a fheidhmíocht i gcomparáid le gealltanais i leith caighdeán seirbhíse maidir le (i) measúnú ar iarratais Oiriúnachta & Ionracais (F&P), (ii) údarú soláthraithe seirbhíse airgeadais agus cistí infheistíochta agus (iii) seirbhísí bainistíochta teagmhála.

Seirbhísí Idirbheart Rialála


Oibríonn an Banc Ceannais seirbhís lárnaithe, shruthlínithe, uathoibrithe le haghaidh idirbhearta lárnacha, amhail oiriúnacht agus ionracas, údaruithe cistí agus soláthraithe seirbhísí cistí, nós imeachta an phas, bainistíocht tuairisceán agus próisis bainistíochta teagmhála, agus, ar an dóigh sin, cuirtear feabhas ar chomhsheasmhacht na cinnteoireachta, laghdaítear rioscaí agus soláthraítear seirbhís intomhaiste, thrédhearcach lena ngabhann agaí slánúcháin feabhsaithe.

Bhí 28,298 bhfiosrú san iomlán ann sa bhliain 2020, is é sin méadú 13% i gcomparáid le líon na bhfiosruithe sa bhliain roimhe sin. Léirigh an méadú ar fhiosruithe treochtaí a chonacthas i rith na bliana, de réir mar a d'fhéach gnólachtaí le tacaíocht bhreise a fháil mar gheall ar shocrúithe cianoibre le linn phaindéim COVID-19. De bhreis air sin, tháinig méadú 21% ar an líon tuairisceán rialála a bhí dlite ó ghnólachtaí rialáilte, aníos ó 31,367 dtuairisceán sa bhliain 1918 go dtí 37,834 thuairisceán sa bhliain 2020. Ba i réimse an tuairiscithe staidrimh a bhí an méadú ba mhó.

Cairt 2: An líon fiosruithe a láimhseáil an tIonad Teagmhála um Idirbhearta Rialála



²² [Tuarascáil L1](#) agus [Tuarascáil L2](#)



Le linn 2020, rinneadh measúnú ar 3,553 iarratas ar Fheidhm Rialaithe Réamhcheadaithe (PCF), is é sin laghdú 29% (2019: 4,586). Ba é tionchar COVID-19 ba chúis leis an laghdú sin den chuid is mó.

I gCairt 3, léirítear iarratais Oiriúnachta agus Ionracais de réir stádais. Sa bhliain 2020, cuireadh 101 iarratasóir faoi réir an phróisis agallaimh agus tharraing 8 n-iarratasóir (8%) a n-iarratais siar. Maidir leis na hiarratais a measúnaíodh, ceadaíodh 81% díobh. I gcás an 19% eile díobh, cuireadh a n-iarratais ar ais mar iarratais neamhiomlána nó tarraingíodh siar iad ag an iarratasóir (2019: 82% agus 18% faoi seach).

Sa bhliain 2021, cuirfidh an Banc Ceannais roinnt gníomhartha straitéiseacha i gcrích, lena n-áirítear feabhas a chur ar a sheirbhís bainistíochta teagmhála agus idirghníomhaíocht idir an Banc Ceannais agus gnólachtaí rialáilte a fhorbairt tuilleadh trí thairseach nua an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, seoladh Tairseach nua BCE chun iarratais PCF a chur isteach do bhainc SAM sa chéad ráithe de 2021 atá comhtháite le córais an Bhainc Ceannais.

Iníúcháireacht Inmheánach

Féach Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 4: Iníúcháireacht Inmheánach, ina soláthraítear mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí iníúcháireachta inmheánaí agus faoi phróisis rialachais an Bhainc Ceannais.

Caibidil 2:
**Tosaíochtaí
Straitéiseacha do 2021**

Caibidil 2: Tosaíochtaí Straitéiseacha do 2021

Is é cuspóir na rialála airgeadais córas airgeadais athléimneach iontaofa a chruthú, a fhreastalaíonn go hinbhuanaithe ar riachtanais an gheilleagair agus ar a chustaiméirí, ina gcloíonn gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothroime agus ardchaighdeáin. Comhlíonann an Banc Ceannais a dhualgais trí chreat rialála ardcháilíochta, lena ndéantar maoirseacht éifeachtach gheatóra agus maoirseacht threallúsach a bhfuil bagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn agus mar thaca leis.

Leanfaidh Plean Straitéiseach reatha an Bhainc Ceannais go dtí deireadh 2021 agus leanfaidh a théamaí tosaíochta de bheith ag treorú cuid mhaith d'fhócas an Bhainc Ceannais sa rialáil airgeadais don bhliain 2021. Ó thaobh na dtéamaí sin, tá an obair a bhaineann le Brexit críochnaithe den chuid is mó, agus mar sin déanfar dul chun cinn ar Athléimneacht a Neartú, Cosaint Tomhaltóirí a Neartú, Rannpháirtíocht agus Tionchar agus Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú.²³ Cé go láimhseáiltear Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú leis féin thíos, áirítear na rudaí seo a leanas ar thosaíochtaí uile-Bhainc Ceannais faoi na trí théama eile, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- 1. Maoirseacht rioscabhunaithe a sheachadadh trí straitéisí maoirseachta** a fhéachann lena chinntiú: go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna oidhreacht; go n-aithnítear agus go maolaítear rioscaí agus saincheisteanna a thagann chun cinn; go ndéantar athléimneacht a chothabháil agus a fheabhsú sa chóras airgeadais; go mbaintear amach torthaí córa do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí; agus go gcosnaítear sláine an chórais ar úsáid aindleathach ag coirpigh agus ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta.
- 2. An creat rialála agus maoirseachta a fheabhsú** chun cobhsaíocht an chórais agus fóntacht ghnólachtaí agus mhargaí a chosaint; chun tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint; chun gnólachtaí agus daoine aonair a thabhairt chun cuntais as sáruihte rialála.
- 3. A chinntiú gur féidir leis an gcóras airgeadais seirbhísí atá de dhíth ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a sholáthar**, i ndea-thréimhsí agus i ndrochthréimhsí araon, agus go ndéanann siad é sin ar bhealach cothrom, le gnólachtaí a bhfuil socruithe éifeachtacha bainistíocht riosca agus rialaithe i bhfeidhm acu.

²³ Ó thaobh na rialála airgeadais de, rinneadh cuid mhór den obair faoi théama Brexit roimh imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus roimh an idirbheartaíocht trádála ina dhiaidh sin.

4. **Tionchar straitéiseach a imirt** ar phríomhbheartais san Eoraip agus go hidirnáisiúnta agus é mar aidhm acu athléimneacht agus rialáil an chórais airgeadais a neartú, agus iad ag díriú ar thomhaltóirí agus ar infheisteoirí a chosaint i gcónaí.

Leagtar amach na príomhghníomhaíochtaí faoi na tosaíochtaí sin thíos.

Maoirseacht theallúsach, riosca-bhunaithe a sheachadadh trí straitéisí maoirseachta

- Aghaidh a thabhairt ar fhiachas anásta sa chóras, agus a chinntiú go gcaitear go cothrom le hiasachtaithe atá i gcruachás ó thaobh airgid de agus go gcosnaítear cobhsaíocht airgeadais. Díríonn an Banc Ceannais ar a chinntiú go bhfuil tacaíocht chuí ann d'iasachtaithe atá i gcruachás agus go gcaitheann iasachtóirí go cothrom leo, trí phróisis sheasmhacha, agus go mbíonn siad i gcomhréir le cóid agus rialacháin ábhartha. Is é a bheidh i gceist leis sin go ndéanfaidh iasachtóirí teagmháil éifeachtach le hiasachtaithe i gcruachás chun réitigh chuí agus inbhuanaithe a thabhairt agus chun cabhrú leis an oiread iasachtaithe agus is féidir filleadh ar a bhfiachas a aisíoc ar bhealach inbhuanaithe, agus ag an am céanna go dtabharfaidh siad aitheantas stuama don leibhéal anáis ina gcuid leabhar.
- Fócas maoirseachta an Bhainc Ceannais a choinneáil ar athléimneacht airgeadais agus athléimneacht oibríochtúil gnólachtaí agus margaí, lena chinntiú go leanann siad orthu ag tacú le teaghlach agus le gnólachtaí tríd an suaithheadh eacnamaíoch de bharr COVID-19, agus go bhfeidhmíonn siad ar mhaithe le leas an gheilleagair i gcoitinne. Cé nach raibh daoine ag súil le turraing COVID-19, d'aithin an Banc Ceannais le tamall fada dosheachantacht turraingí agus cúlú eacnamaíochta, agus dá bharr sin, leagadh béim le deich mbliana anuas ar athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil chóras airgeadais na hÉireann a atógáil agus a mhéadú, mar aon le creataí cosanta tomhaltóirí agus infheisteoirí a neartú. Leanfar leis an obair sin.
- Díriú ar chumas láidre rialachais agus bainistíochta riosca i ngnólachtaí agus i margaí chun cultúr agus cinnteoireacht a fheabhsú (e.g. béim a leagan ar ról na héagsúlachta agus an ionchuimsithe) agus chun a chinntiú go ndéanfar na rioscaí a shainnithint, a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach, lena n-áirítear rioscaí ó athrú suaiteach amhail nuálaíocht theicneolaíoch agus margaidh, chomh maith le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Ní mór do ghnólachtaí rialáilte machnamh a dhéanamh ar an todhchaí, agus rioscaí agus deiseanna sa todhchaí a thuar lena chinntiú go leanfaidh siad de bheith athléimneach san fhadtárma. Tá cultúr éifeachtach riachtanach chuige sin. Ní mór do ghnólachtaí na caighdeáin chuí a leagan síos agus ní mór iad sin a léiriú i ngach réimse gnó, idir struchtúir rialachais corparáidigh agus

struchtúir aonair freagrachta; idir shocrú straitéise agus fhorbairt táirgí; idir bhainistíocht riosca agus bhainistíocht daoine; agus idir dhúshlán inmheánach agus an chaoi a gcaitear le sceithirí.

- Maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar AML / CFT, agus tionchar a imirt ar athruithe éifeachtacha ar an gcreat Eorpach um AML / CFT, mar chuid den chomhrac i gcoinne sciúradh airgid maoiniú sceimhlitheoireachta.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt príomhréimsí amhail cleachtaí tástála struis de chuid an ÚBE, an Próiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta bliantúil, cosaint sócmhainní cliant agus éifeachtacht na gcuideachtaí bainistíochta agus forbairt agus cur chun feidhme creataí agus beartas cuí. Mar shampla, leanfaidh an Banc Ceannais ar aghaidh le tionscadal CARE chun a chinntiú go bhfuil córas neartaithe i bhfeidhm le haghaidh réimse níos leithne eintiteas a bhfuil sócmhainní cliant acu. Leanfaidh an Banc Ceannais air ag déanamh dul chun cinn freisin le hullmhú do chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Gnólachtaí Infheistíochta / na Treorach maidir le Gnólachtaí Infheistíochta chun a chinntiú go ndéanfar maoirseacht ar ghnólachtaí infheistíochta MiFID i gcomhréir leis an gcreat nua sin.

An creat rialála agus maoirseachta a fheabhsú

- Cur chuige an Bhainc Ceannais i leith maoirseachta a bhrú chun cinn trí chumais fheabhsaithe sonraí agus trí chreat maoirseachta riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais a fhorbairt agus a fheabhsú, ionas go mbeidh a mhaoirseacht treallúsach, dúshlánach agus réalaióch maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn.
- Tabhairt faoi straitéisí maoirseachta ilbhliantúla an Bhainc Ceannais chun an méid seo a leanas a chinntiú:
 - Go sainaithníonn gnólachtaí rioscaí / bagairtí d'inhuanaitheacht fhadtéarmach a samhlacha gnó agus go gcuireann siad straitéisí digiteacha agus gnó chun cinn chun tacú le hinbhuanaitheacht agus claochlú samhlacha gnó.
 - Ní mór do bhoird agus d'fheidhmeannaigh (i) tuiscint, úinéireacht, agus maoirseacht chuí a léiriú ar fheidhmíocht ghnó, ar fhorbairt samhlacha gnó agus ar phríomhrioscaí ionas go mbeidh cinntí straitéiseacha ag teacht leis an gcumas eagraíochtúil, le hinghlacthacht riosca, leis an bPróiseas Inmheánach um Measúnú ar Leordhóthanacht Caipitil agus leis an bPróiseas Inmheánach Um Measúnú ar Leordhóthanacht Leachtachta, (ii) a chinntiú go bhfuil comhiomlánú sonraí agus cleachtais maidir le tuairisciú riosca faoi réir mhaoirseacht láidir an Bhoird agus, (iii) a

mheasúnú cibé acu an dtacaíonn an cultúr luaite le cultúr na heagraíochta nó nach dtacaíonn.

- Feabhas a chur ar rialáil agus ar mhaoirseacht an Bhainc Ceannais ar ghnólachtaí maidir leis an riosca aeráide. Is mian leis an mBanc Ceannais go mbeadh gnólachtaí ullmhaithe go maith chun timpeallacht oibriúcháin atá ag athrú go tapa a láimhseáil – lena n-áirítear an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe.
- Ullmhúchán a fhorbairt do chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Gnólachtaí Infheistíochta agus na Treorach maidir le Gnólachtaí Infheistíochta chun a chinntiú go ndéanfar maoirseacht ar ghnólachtaí infheistíochta MiFID i gcomhréir leis an gcreat nua sin. Cuirfear formhór na gceanglas nua i bhfeidhm ón 26 Meitheamh 2021 agus beidh sraith chomhréireach ceanglas ann maidir le tuairisciú stuamachta, caipiteal, leachtacht, rialachas agus luach saothair do ghnólachtaí infheistíochta MiFID.
- An creat um chosaint tomhaltóirí a neartú tríd an athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí. Is é cuspóir an athbhreithnithe a chinntiú go léiríonn an Cód tírdhreach athraitheach na seirbhísí airgeadais, agus beidh gá le comhairliúchán agus plé forleathan ar shaincheistanna beartais agus reachtaíochta ina leith.
- Rialacháin a beartaíodh a thabhairt isteach de réir Alt 48 d'Acht an Bhainc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú), 2013. Is é tuairim an Bhainc Ceannais go bhfuil gá le planáil téarnaimh réamhghabhálach chun feasacht agus ullmhacht a éascú laistigh de ghnólachtaí. Cuirfidh planáil téarnaimh réamhghabhálach bonn eolais faoi phróisis straitéiseacha cinnteoireachta le linn géarchéime. Má fhorbraítear straitéis le linn tréimhse mhórstruis tá an baol ann go dteorannófar raon feidhme na planála, mionsonraí an athbhreithnithe, agus éifeachtúlacht na cinnteoireachta.
- Córas Cuntasachta Feidhmeannach Sinsearach (SEAR) a thabhairt isteach. Ón mbliain 2018 i leith, tá an Banc Ceannais ag obair leis an Roinn Airgeadais chun na forálacha reachtaíochta seo agus Creat Freagrachta Daoine Aonair a chur chun cinn i gcomhthéacs Bhille beartaithe an Bhainc Ceannais (Leasú) 2019. Is faoin Oireachtas atá sé cinntí a dhéanamh ar na hathchóirithe a beartaíodh i ndeireadh na dála, ach déanfar dul chun cinn i dtreo próiseas comhairliúchán seachtrach sa bhliain 2021. Is í an aidhm atá ann go mbeadh cuntasacht níos soiléire ann trí oibleagáidí a chur ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair sinsearach ionas gur léir cé orthu a bhfuil an fhreagracht agus cé a dhéanann na cinntí ina ngnólachtaí.

A chinntiú gur féidir leis an gcóras airgeadais seirbhísí a theastaíonn ó theaghlaigh agus ó ghnólachtaí a chur ar fáil, agus go ndéanann siad é sin ar bhealach cothrom

- Teachtaireach maidir le saincheisteanna árachais in aghaidh briseadh gnó a eascraíonn as COVID-19 trína chinntiú go nglacann gnólaigh cur chuige atá dírithe ar chustaiméirí agus trí dhul i ngleic le haon ábhar imní maidir le cobhsaíocht airgeadais a thagann chun cinn. Dearadh creat an Bhainc Ceannais chun cur chuige árachóirí i leith na gcineálacha sin beartas a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu, chun a ionchais maidir leo sin a leagan amach, agus chun gníomhú dá réir i gcás nach bhfuil na hionchais sin á gcomhlíonadh. Cuirtear breithiúnais ábhartha cúirte san áireamh freisin in obair mhaoirseachta an Bhainc Ceannais sa réimse seo.
- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar chleachtais difreála praghaís i margadh árachais na hÉireann agus moltaí beartais a dhéanamh má chaitear go héagórach le tomhaltóirí mar thoradh ar chleachtais. Ós rud é gur féidir le praghsáil dhifreálach a bheith bainteach le sochair agus le costais do thomhaltóirí araon, tá sé ríthábhachtach go gcuirfean an anailís mhionsonraithe seo i gcrích chun meon iomlán margaidh a chinntiú, chomh maith le conclúidí bunaithe ar fhianaise, agus idirghabhálacha rialála atá calabraithe mar is cóir. Tá sé ríthábhachtach freisin breithniú a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí is dócha a bheadh ag aon réiteach féideartha ar rioscaí a sainaithníodh, agus go dtabharfar aird ar aon éifeachtaí ionchasacha ar phraghsanna margaidh agus ar thomhaltóirí.
- Leanúint de ghnólaigh rialáilte agus de bhainisteoirí a thabhairt chun cuntais i gcás ina mbeidh sárúithe tromchúiseacha ar cheanglais agus ar chaighdeán rialála. Bainfidh an Banc Ceannais úsáid as an tsraith iomlán uirlisí forfheidhmiúcháin atá ar fáil chun torthaí láidre a bhaint amach.

Tionchar straitéiseach a imirt ar bheartas rialacháin san Eoraip agus go hidirnáisiúnta agus na beartais sin a mhúnlú

- Féachaint lena chinntiú go bhfuil an córas airgeadais athléimneach agus go bhfeidhmíonn sé ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne in Éirinn agus san Aontas Eorpach. Dírionn an obair sin ar ghnóthú torthaí rialála, maoirseachta agus inréiteachta ar ardchaighdeán a thacaíonn le feidhmiú éifeachtach an chórais airgeadais, agus a chinntíonn go mbeidh an córas ina iomláine athléimneach agus in ann turraingí díobhálacha a laghdú, seachas iad a mhéadú.
- Cuidiú le comhtháthú leanúnach an mhargaidh aonair i seirbhísí airgeadais agus tionchar a imirt air i gcomhthéacs an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Tacaíonn an Banc Ceannais le comhtháthú leanúnach an Mhargaidh Aonair do sheirbhísí airgeadais san Aontas Eorpach a bunaíodh ar rialáil, maoirseacht, inréiteacht agus beartas macrastaumachta ar ardchaighdeán mar go gcinnteoidh sé feidhmiú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla na

margaí airgeadais, lena gcuirfear torthaí níos fearr ar fáil don gheilleagar, do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí. Cuid thábhachtach den obair sin is ea forbairt an Leabhair Rialacha Aonair don chóras airgeadais Eorpach agus cineálacha cur chuige inréimneach i leith torthaí maoirseachta ar fud an Aontais Eorpaigh.

- Tabhairt faoi chreat rialála an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs na nuálaíochta teicneolaíochta gasta. Sa chaoi is go bhforbróidh an t-athrú teicneolaíoch ar sheirbhísí airgeadais go tapa, is gá feabhas comhfhreagrach a chur ar an gcreat rialála chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a mhaolú agus chun na rioscaí a bheidh ann amach anseo a réamh-mheas.
- Feabhas a chur ar rialáil na hearnála neamh-bhainc. Rinne an Banc Ceannais feabhsuithe ar idirghabhálacha suntasacha maoirseachta cheana féin chun céimeanna a ghlacadh chun athléimneacht na hearnála rialáilte in Éirinn, go háirithe cistí infheistíochta, a fhorbairt. I mbliana, leanfaidh an Banc Ceannais air ag obair le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le creat macrastuamachta cuimsitheach réamhghníomhach a fhorbairt d'earnáil na neamh-bhanc.
- Leanfaidh sé air ag cothú caidrimh le húdaráis inniúla náisiúnta eile trí rannpháirtíocht dhéthaobhach maidir le cúrsaí maoirseachta agus údaráithe.

I rith na bliana 2021, leanfaidh an Banc Ceannais de thosaíocht a thabhairt do shaincheisteanna oidhreachta, do shaincheisteanna a eascraíonn as paidéim COVID-19, agus sainaitheoidh sé rioscaí a bhíonn ag teacht chun cinn chun a chinntiú go ndéanfar bearta cuí chun iad a mhaolú. Tá an Banc Ceannais ag súil freisin go mbeidh gnólachtaí rialáilte réamhghníomhach agus réamhbhreathnaitheach maidir le deiseanna agus bagairtí amach anseo a réamh-mheas, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as nuálaíocht táirgí nua / teicneolaíochta agus athrú aeráide.


Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Chomh maith le hobair chun na tosaíochtaí thuas a bhaint amach, leanfaidh an Banc Ceannais air ag cur feabhais ar a chumas, a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht eagraíochtúil. Agus an tuairisc á scríobh, tá formhór d'oibrithe an Bhainc Ceannais ag obair ón mbaile de bharr phaindéim COVID-19. Tá ag éirí leis na hoibrithe obair a dhéanamh ón mbaile mar thoradh ar an infheistíocht shuntasach i mbonneagar TF agus pleanáil fhairsing leanúnachais an Bhainc Ceannais a rinneadh roimh an bpaindéim. Leanfaidh an Banc Ceannais den infheistíocht ina chultúr, ina acmhainní agus ina chumas d'fhonn tacú le comhlíonadh éifeachtach, éifeachtúil a shainordaithe agus, ag an am céanna, déanfaidh sé cothabháil ar na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíocht riosca.

Caibidil 3:
**Athbhreithnithe Píaraí
Idirnáisiúnta**

Caibidil 3: Athbhreithnithe Piaráí Idirnáisiúnta

Le hAlt 32M den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta a dhéanamh ar a laghad gach ceithre bliana. In 2020, bhí an Banc Ceannais ag díriú ar fhreagairt a thabhairt do na rioscaí méadaithe a tháinig chun cinn de bharr ghéarchéim COVID-19. Sna himthosca sin, ní dhearnadh aon athbhreithnithe piaraí faoi Alt 32M le linn na tréimhse seo.



Gluais

Gluais

APP - An Clár Ceannaigh do Shócmhainní - I gclár leathnaithe ceannaigh an Eurochórais do shócmhainní, áirítear na cláir cheannaigh go léir faoina gceannaíonn an tEurochóras urrúis de chuid na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le tréimhse fhadaíthe de bhoilsciú íseal. Cuimsíonn sé an tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (CBPP3), an clár ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe (ABSPP), clár ceannaigh na hearnála poiblí (PSPP) agus clár ceannaigh na hearnála corparáidí (CSPP).

CBPP3 – An Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach - Ceannaíonn an tEurochóras bannaí cumhdaithe faoin tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach. Cabhraíonn an beart seo le feabhas a chur ar fheidhmiú an tsásra tarchuir beartais airgeadaíochta, tacaíonn sé le dálaí maoiniúcháin sa limistéar euro, éascaíonn sé soláthar creidmheasa don fhíorgheilleagar agus gineann sé iarmhairtí dearfacha ar mhargaí eile.

CCyB - An Cúlchiste Fritimthriallach - Is ceanglas caipitil athraithe ama é CCyB a mbíonn feidhm aige maidir le bainc agus gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann. Tá sé ceaptha a chur faoi deara go mbeidh an córas baincéireachta níos athléimní agus nach mbeidh sé chomh comhthimthriallach céanna. Go bunúsach, méadóidh CCyB ceanglas caipitil na mbanc nuair a bhíonn fás creidmheasa 'iomarcach'.

ÚBE - An tÚdarás Baincéireachta Eorpach - Is Údarás neamhspleách AE é an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a áirithíonn go ndéantar rialáil agus maoirseacht éifeachtúil, chomhsheasmhach stuamachta ar an earnáil baincéireachta Eorpach. Is iad cuspóirí foriomlána ÚBE cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun san Aontas Eorpach agus sláine, éifeachtúlacht agus oibriú ordúil an chórais baincéireachta a chosaint.

ÚMEanna - Na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha - Bíonn na hÚdaráis seo ag obair lena chéile i líonra, agus bíonn caidreamh acu leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta reatha chun fóntacht airgeadais na n-institiúidí airgeadais a áirithiú agus chun úsáideoirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

CEBC - Córas Eorpach Banc Ceannais - Cuimsíonn CEBC an BCE agus bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) Bhallstáit uile AE, is cuma an bhfuil an euro glactha acu nó nach bhfuil.

ESMA- An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí - Is Údarás neamhspleách AE é ESMA a rannchuidíonn le cobhsaíocht chóras airgeadais AE a choimirciú trí chosaint infheisteoirí a fheabhsú agus trí mhargaí cobhsaí, rianúla airgeadais a chur chun cinn.

BERS – An Bord Eorpach um Riosca Sistémach - Tá freagracht ar BERS i ndáil le formhaoirseacht macrastuamachta a dhéanamh ar chóras airgeadais AE agus i ndáil le rioscaí sistémacha a chosc agus a mhaolú. Dá bhrí sin, tá raon feidhme leathan aige lena gcumhdaítear bainc, árachóirí, bainisteoirí sócmhainne, scáthbhainc, margaí agus bonneagair margaí airgeadais. Chun a shainordú macrastuamachta a shaothrú, déanann BERS faireachán agus measúnú ar rioscaí sistémacha, agus más cuí, eisíonn sé rabhaidh agus moltaí.

FSB - An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais - Tá FSB freagrach as beartas macrastuamachta atá dírithe ar rioscaí sistémacha don chobhsaíocht airgeadais a chosc agus a mhaolú.

IOSCO - Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCoimisiún Slándála - Is comhlacht idirnáisiúnta é a thugann rialtóirí urrús an domhain le chéile agus a aithnítear mar shocraitheoir na gcaighdeán domhanda d'earnáil na n-urrús.

OAFanna - Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha - Seolann an tEurochóras oibríochtaí míosúla athmhaoinithe buntairisceana níos fadtéarmaí a ngabhann aibíocht trí mhí leo, d'fhonn an soláthar leachtachta a chobhsú agus d'fhonn cabhrú le bainc atá gníomhach sa mhargadh airgid maidir le slándáil a gcuid oibríochtaí.

MiFID - An Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais - Rialachán Eorpach lena méadaítear trédhearcacht ar fud mhargaí airgeadais AE agus lena ndéantar caighdeánú ar an nochtadh rialála a cheanglaítear ar ghnólachtaí atá ag gníomhú in AE.

CMA - Ciste Margaidh Airgid - Cineál ciste fhrithpháirtigh a dhéanann infheistíocht in ionstraimí gearrthéarmacha fíorleachtachta. Ar na hionstraimí sin, áirítear airgead tirim, urrúis i gcoibhéis airgid, agus urrúis fiachasbhunaithe a ngabhann rátáil chreidmheasa ard agus aibíocht ghearrthéarmach leo.

MREL - An Ceanglas Íosta le haghaidh Cistí Dílse agus Dliteanais Cháilithe - Is ceanglas nua é seo do bhainc agus do ghnólachtaí infheistíochta a tugadh isteach faoi Airteagal 45 den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc chun tarrtháil inmheánach a éascú agus chun cumas ioniomparthachta caillteanais na mbanc a mhéadú.

PA – Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe - Is ionann PA, a ngabhann minicíocht sheachtainiúil agus aibíocht aon seachtaine amháin leo, agus na hionstraimí beartais airgeadaíochta is tábhachtaí a úsáideann an tEurochóras chun an margadh airgid a bhainistiú. Oibríochtaí rialta margaidh oscailte de chuid an Eurochórais ina gcuimsítear oibríochtaí aon seachtaine amháin chun leachtacht a sholathar in euro.

PSPP - Is ionann **Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí** agus an clár is mó de na ceithre chlár. Is é an tEurochóras a chuireann an clár seo i bhfeidhm agus, dá réir, ceannaítear urrúis de chuid na hearnála poiblí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le tréimhse fhadaíthe de bhoilsciú íseal.

PEPP - Is beart neamhchaighdeánach beartais airgeadaíochta é an **Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paidéime** ar cuireadh tús leis i Márta 2020 chun dul i ngleic leis na rioscaí tromchúiseacha a bhí ag bagairt ar an sásra tarchuir beartais airgeadaíochta agus ar an ionchas don limistéar euro de bharr ghearchéim COVID-19.

BRA - An Bord Réitigh Aonair - Gníomhaireacht Eorpach a cuireadh ar bun chun a chinntiú go mbeadh córas réitigh éifeachtach ann do na bainc d'fhonn tarrtháil a sheachaint amach anseo. Is comhlacht cinnteoireachta é an BRA a bhfuil de chúram air a chinntiú go nglacfar cinntí réitigh sna Ballstáit rannpháirteacha ar mhodh éifeachtach, comhordaithe.

CRA - An Ciste Réitigh Aonair - Is ciste réitigh é seo atá á riaradh ag BRA agus a bhfuiltear ag cur leis faoi láthair chun sprioc €55bn a bhaint amach thar thréimhse ocht mbliana (dar críoch 2023). Tá sé déanta suas de ranníocaíochtaí ó thionscal bainc éireachta bhallstáit an aontais bainc éireachta.

SRA - An Sásra Réitigh Aonair - Institiúid lárnach réitigh bainc in AE agus ceann de cholúin an aontais bainc éireachta.

SAM - An Sásra Aonair Maoirseachta - An córas don mhaoirseacht ar bhainc éireacht san Eoraip. Cuimsíonn sé BCE agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta na dtíortha rannpháirteacha.

OAFS - Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha Spriocdhírithe - Oibríochtaí Eurochórais a sholáthraíonn maoiniúchán d'institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí suas le ceithre bliana. Tairgeann siad maoiniúchán fadtéarmach do na bainc ar choinníollacha tarraingteacha chun coinníollacha creidmheasa earnála príobháidí a éascú agus chun iasachtú bainc don fhíorgheilleagar a spreagadh.



Cuid 3: **Oibríochtaí Airgeadais**

Cuid 3: Oibríochtaí Airgeadais

Torthaí Airgeadais don bhliain 2020

An Comhthéacs

Is léiriú fós é méid agus comhdhéanamh Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ar na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta arna gcur chun feidhme ag an Eurochóras, go háirithe le blianta beaga anuas, agus a shainordú maidir le cobhsaíocht praghasanna á chomhlíonadh aige.

I measc na bpríomhfhorbairtí den chineál sin le linn 2020, tá na cinn seo a leanas:

- Leanadh de bhearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais a chur chun feidhme tríd an gClár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paidéime (PEPP) a thabhairt isteach mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, trí leanúint de na glancheannacháin sócmhainní faoi Chlár Ceannaigh an BCE do Shócmhainní (APP), trí leathnú an tríú sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírthe Fadtéarmacha (OASF-III) agus trí leanúint de chóras dhá leibhéal maidir le luach saothair cúlchistí. De bhreis ar na bearta sin, leanfar d'íocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a thiocfadh in aibíocht, ar urrúis iad a ceannaíodh faoin APP, a athinfeistiú i gcomhréir le réamhthreoir ón gComhairle Rialaithe.
- Tuilleadh diúscairtí ar shealúchais an Bhainc Ceannais sa Phunann Speisialta de Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (FRNanna), ar sealúchais iad a d'éirigh as leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC). Chuir an t-ioncam úis ar na FRNanna agus na gnóthachain ó na diúscairtí²⁴ go mór le brabús an Bhainc Ceannais in 2020. Bhí an Banc Ceannais in ann €1.0bn de shealúchais ainmniúla FRNanna a dhiúscairt le linn 2020 mar gheall ar na dálaí margaí a bhí i réim agus cheannaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) iad.
- Sealúchais níos ísle urrús faoi Chlár na Margáí Urrús (CMU) de chuid an Eurochórais, ar cuireadh deireadh leis in 2012, de réir mar a tháinig bannaí in aibíocht. Ba é aidhm an chlár sin doimhneacht agus leachtacht a áirithiú i ndeighleoga mífheidhmiúla de mhargaí fiachurrús an limistéir

²⁴ Níl aon athrú ar an mbeartas diúscairt don phunann seo agus tá sé beartaithe sealúchais a dhiúscairt a luaithis féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2020-2023 (€1bn in aghaidh na bliana), agus ó 2024 ar aghaidh (€2bn in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

euro agus sásra tarchuir iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

Ag féachaint romhainn, is é measúnú an Bhainc Ceannais go mbeidh a risíochtaí riosca airgeadais ag teacht, a bheag nó a mhór, leis an measúnú ag deireadh 2020, fad a leanann glancheannacháin faoi PEPP agus faoin APP. Dá ainneoin sin, tá éiginnteacht mhór ag baint leis na risíochtaí sin de bharr tosca geopholaitiúla agus eacnamaíocha, agus d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar dhálaí margaí airgeadais sa mheántéarma. Sa Treoirlíne Chuntasaíochta²⁵ ón BCE (an Treoirlíne), foráiltear go ndéanfaidh Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) soláthar do rioscaí airgeadais. I gcomhréir leis an treoirlíne seo, tá soláthar €1,300.0m curtha ar leataobh ag an mBanc Ceannais (2019: €900.0m) i gcuntais 2020 i leith neamhchosaintí ar an riosca ráta úis. Is ionann é sin agus méadú €400.0m (2019: €150.0m).

Torthaí Airgeadais

B'ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2020 agus €829.6m, laghdú €1,729.9m i gcomparáid le méid comhréireach €2,559.5m in 2019.

Tháinig laghdú €1,086.8m ar ghnóthachain réadaithe ar dhíolacháin urrús arna sealbhú sa Phunann Speisialta go dtí €649.8m in 2020 (2019: €1,736.6m) de bharr díolacháin laghdaithe in 2020 go dtí €1.0bn ainmniúil (2019: €3.0bn ainmniúil). Áiríodh táille soláthair €398.4m in 2020 (2019: €104.2m) a bhí déanta suas go príomha de mhéadú ar an soláthar i leith rioscaí airgeadais arb ionann é agus €400.0m.

Ioncam Úis

B'ionann an t-ioncam úis agus €944.3m, laghdú €60.3m ar an méid comhréireach de €1,004.6m in 2019.

Bhí an laghdú seo inchurtha go príomha d'ús i bhfad ní b'ísle arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc Ceannais (arna sealbhú i bPunann MÓM) (2020: €192.5m, 2019: €246.4m) de bharr meán-sealúchas níos ísle den chuid is mó. Tháinig laghdú €52.4m freisin ar an bpunann sealbhaithe go dtí aibíocht (CGA) de chuid an Bhainc Ceannais go dtí €192.0m (2019: €244.4m) de bharr sealúchas níos ísle toisc bannaí a bheith ag teacht in aibíocht.

Tháinig laghdú ar ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis (seachas Punann Speisialta an Bhainc Ceannais) i bpunann MÓM go dtí €16.2m (2019: €18.1m). Tá sé seo inchurtha do thorthaí laghdaithe ar infheistíochtaí airgeadra eachtraigh de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear punann

²⁵ Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34) arna leasú.

Dhollar Shingeapór (SGD), punann Dhollar SA (USD), punann Dhollar na hAstráile (AUD) agus punann Renminbi na Síne (CNY), mar aon le torthaí diúltacha méadaithe ar infheistíochtaí euro.

Tháinig laghdú €15.8m ar ioncam arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta in 2020 go dtí €259.4m (2019: €275.2m), rud a léiríonn sealúchais níos ísle i bpunann CMU de réir mar a thagann bannaí in aibíocht mar aon le sealúchais níos ísle i bpunann CBPP3. Le tabhairt isteach phunann PEPP, laghdaíodh tuilleadh an t-ús arna thuilleamh de bharr toradh diúltach ar na hurrúis sin. Déantar é seo a fhritháireamh go páirteach le méadú ar mheánsealúchais i bpunanna PSPP de bharr ceannacháin leanúnacha faoi APP an Eurochórais.

Thuill an Banc Ceannais ioncam úis ar thaiscí rialtais agus ar thaiscí institiúidí creidmheasa a bhí comhionann le € 136.3m (2019: €103.5m) agus €129.8m (2019: €91.7m) faoi seach le linn 2020.

Úschostas

B'ionann úschostas agus €56.9m in 2020 (2019: €39.5m), méadú €17.4m don bhliain. Bhí príomhspreagadh an athraithe seo inchurtha d'úschostas €31.5m (2019: €8.2m) ar na hOibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírthe Fadtéarmacha (OASF-II agus OASF-III). Tugadh an tríú babhta de OASFanna - OASF-III - isteach in 2019 agus tá ús á fhabhrú air de réir ráta - 1.0% (don tréimhse ón 24 Meitheamh go dtí 23 Meitheamh 2022) go dtí go socrófar an ráta iarbhair, toisc go meastar gurb é seo an ráta is stuama.

Tháinig méadú €2.7m ar úschostas ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in 2020 go dtí €15.6m (2019: €12.9m), ag freagairt do rátaí idirbhirt níos airde.

Tá an t-úschostas níos ísle ar bhabhtálacha, arb ionann é agus €8.2m (2019: €14.8m) inchurtha do laghdú ginearálta ar rátaí úis an chiseáin d'airgeadraí a dhéanann suas cearta tarraingthe speisialta (SDR) de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, mar aon le laghdú 25% ar mhéid na gconarthaí i malairt eachtrach in 2020.

Glantóradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

B'ionann glantóradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí in 2020 agus gnóthachan €122.6m (2019: €1,637.4m). Tháinig laghdú ar ghnóthachain réadaithe praghaís ar phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais go dtí €652.1m (2019: €1,740.1m), rud a fhreagraíonn go príomha do ghnóthachain réadaithe arbh ionann iad agus €649.8m in 2020 (2019: €1,736.6m) ar dhíolacháin pháirteacha ar an bPunann Speisialta.

Baineann táille soláthair €398.4m in 2020 (2019: €104.2m) go príomha le méadú ar an soláthar i leith rioscaí airgeadais atá comhionann le €400.0m (2019: €150.0m).

Glantóradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Ba í glaníocaíocht €79.1m in 2020 an glantóradh a bhí ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais (2019: glanfháltas €31.7m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar BCNanna i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil faoi seach. Ina theannta sin, rinneadh athmheas €3.1m ar athdháileadh na bliana roimhe sin (2019: €0.3m) rud ba chúis le híocaíocht iomlán de €82.2m le BCE (2019: glanfháltas €31.4m).

In 2020, rinneadh sócmhainní i bpunann CSPP a dhíol, ar sócmhainní iad a cuireadh ar fáil de thoradh na tástála bliantúla lagaithe in 2019, agus réadaíodh caillteanas a clúdáíodh faoin soláthar reatha. Dá bhrí sin, bhain an Banc Ceannais úsáid as €1.1m de sholáthar €1.5m um lagú a bhí fós amuigh ag deireadh na bliana 2019 chun an caillteanas a chlúdach agus scaoileadh an soláthar a bhí fágtha arbh ionann é agus €0.4m chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais. Níor cruthaíodh aon soláthairtí nua BCE in 2020.

Caiteachais Oibriúcháin

Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibriúcháin an Bhainc Ceannais i Nóta 9 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas. Tháinig méadú €40.0m ar chaiteachais iomlána oibriúcháin an Bhainc Ceannais atá déanta suas de chostais pá, neamhphá, costais nótaí bainc agus costais dímhheasa go dtí €339.9m (2019: €299.9m). Tá an méadú seo ar chaiteachais oibriúcháin inchurtha go príomha don chostas pinsin seirbhíse reatha, do chostais bhreise a bhaineann le saoire bhliantúil nár glacadh, do mhéaduithe ar an bhfoireann agus do mhéadú ar chaiteachais a bhaineann le nótaí bainc.

Tháinig méadú €34.5m ar chostais foirne, pá san áireamh, go dtí €232.1m (2019: €197.6m). Bhain €21.8m le méadú ar na táillí pinsin seirbhíse reatha arna spreagadh ag laghdú ar an ráta lascaire a úsáidtear sa luacháil achtúireach, bhain €5.0m le méadú ar laethanta saoire a bhí dlite do chomhaltaí foirne mar gheall ar thimpeallacht na paidéime, agus bhain an chuid eile le méaduithe breise ar an bhfoireann agus ar phá i dtaca le Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí.

Tháinig laghdú €2.2m ar chaiteachais oibriúcháin eile go dtí €82.0m (2019: €84.2m), rud atá inchurtha go príomha do tháillí gairmiúla níos ísle, costais earcaíochta & foirne níos ísle, costais taistil gnó níos ísle agus go páirteach don timpeallacht paidéime.

Tháinig méadú €9.2m ar chostais táirgthe airgeadra go dtí €11.2m (2019: €2.0m), rud a bhaineann le méadú ar chostas na nótaí bainc a eisíodh. Tharla sé seo toisc gur eisíodh leithdháileadh 2019 agus 2020 le linn 2020.

Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Tar éis aistrithe a dhéanamh chuig cúlchistí agus coigeartuithe, ar aistrithe iad a bhain le glanchaillteanas achtúireach ar scéim pinsin an Bhainc Ceannais a shainaithint, mar a cheanglaítear faoi *Financial Reporting Standard 102* (FRS 102), b'ionann Ioncam Barrachais an Bhainc is Iníoctha leis an Státchiste agus €665.7m (2019: €2,050.4m).

Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €141.5bn sócmhainní/dlíteanais iomlána an chláir chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2020, méadú €25.1bn (22%) ar an iarmhéid comhréireach ag deireadh 2019 (€116.4bn).

Sócmhainní

Tháinig méadú €11.9bn ar iarmhéid na n-urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta go dtí €49.5bn ag deireadh na bliana 2020 (2019: €37.6bn) mar gheall ar thabhairt isteach PEPP den chuid is mó.

Tháinig méadú ar iarmhéid TARGET 2 de chuid BCE go dtí €46.1bn ag deireadh na bliana 2020 (2019: €35.4Bn), is é sin méadú €10.7bn. Tá an méadú seo inchurtha den chuid is mó d'insreafaí arna dtreorú trí chuntais cúlchiste institiúidí creidmheasa.

Tháinig méadú ar iarmhéid na nlasachtaí chuig Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro i ndáil leis an mbeartas airgeadaíochta go dtí €7.3bn in 2020 (2019: €2.0bn) mar gheall ar thabhairt isteach oibríochtaí OASF-III.

Bhí méadú €19.6m ar ghnóthachan neamhréadaithe praghais go dtí €86.6m (2019: €67.0m) ar an gciste cothromais in 2020 inchurtha do phraghsanna cothromais níos airde ag dáta an chláir chomhardaithe, i gcomparáid le 2019 (Nóta 34).

Rinneadh an méadú seo a fhritháireamh go páirteach le laghdú €1.3bn ar luach na sócmhainní a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC (an Phunann Speisialta) mar gheall ar dhíolacháin €1.0bn (ainmniúil) agus athluacháil ar an gcuid eile den phunann (Nóta 17(ii)(a)(i)).

Dlíteanais

Tháinig méadú €21.8bn ar dhlíteanais faoi chóras na gcúlchistí íosta go dtí €48.8bn (2019: €27.0bn), rud a bhí inchurtha go páirteach do chóras athbhreithnithe dhá leibhéal maidir le luach saothair (lena n-eisiatar cuid de shealúchais róleachtachta na n-institiúidí creidmheasa ó luach saothair

diúltach) arna thabhairt isteach ag Comhairle Rialaithe BCE agus a tháinig in éifeacht an 30 Deireadh Fómhair 2019 agus go páirteach do choigiltis mhéadaithe teaghlach de thoradh ghéarchéim COVID-19 (Nóta 24).

Tháinig méadú €3.6bn ar thaiscí thar oíche go dtí €13.3bn in 2020 (2019: €9.7bn) (Nóta 24).

Tháinig laghdú €2.8bn ar thaiscí rialtais go dtí €19.2bn in 2020 (2019: €22.0bn) (Nóta 26).

Fuascailt Nótaí Bainc Éireannacha

Stad nótaí punt Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais roimhe seo de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar á chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí punt Éireannacha atá fós amuigh agus fuasclaíodh €0.3m as an soláthar sin in 2020 (2019: €0.7m), rud a d'fhág go raibh €224.1m nótaí bainc Éireannacha fós amuigh ag deireadh 2020 (2019: €224.4m) agus iarmhéid €4.4m sa soláthar ag deireadh na bliana (2019: €4.7m) (Nóta 33 (ii)).

Fáltais Monaí

Le linn 2020, b'ionann glanluach na monaí euro a fuasclaíodh agus €8.1m (2019: €9.6m eisihe), rud a léiríonn laghdú ar éileamh ón bpobal. Tar éis caiteachais a bhaineann le táirgeadh monaí a asbhaint, d'íoc an Banc Ceannais glanfháltais €11.9m leis an Stáitchiste (2019: €10.0m glanfháltais íoctha ag an mBanc Ceannais leis an Stáitchiste). Leanann an Banc Ceannais de mhonaí Éireannacha a fhuascailt, ar monaí iad a eisíodh sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002. In 2020, b'ionann agus €0.1m san iomlán na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2019: €0.1m).

Íoc Pras Cuntas 2020

Tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le hÍoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2020, mar aon leis na figiúirí comhréireacha don bhliain 2019.

	2020	2019
Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	51	86
Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A)	€3,622,628	€2,193,753
Luach iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B)	€182,284,858	€184,419,087
A mar % de B	1.99%	1.19%
Luach iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha	€15,085	€13,658

Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Choimisiúin

Réamhrá

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) le hAcht an Bhainc Cheannais, 1942 (an tAcht). Tá dhá bhunfheidhm ag an mBanc Ceannais. Ar an gcéad dul síos, is banc ceannais na hÉireann é agus is comhalta é den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC). Ar an dara dul síos, tá an Banc Ceannais freagrach as rialáil a dhéanamh ar earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann. Tá feidhmeanna an Bhainc Ceannais leagtha amach in alt 5A den Acht (arna leasú) agus tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach in alt 18B den Acht (arna leasú). Foráiltear san Acht go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) a bhainistiú agus a rialú.

Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc Ceannais. Tá a chuid téarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus is sna téarmaí tagartha sin a leagtar amach an bealach is fearr chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.

Foráiltear in alt 18F den Acht go bhféadfar aon cheann d'fheidhmeanna reachtúla arna ndílsiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus ar mhaithe le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Coimeádfaidh an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann d'fheidhmeanna agus de chumhachtaí an Bhainc Ceannais arna dtarmligean chuige ó am go ham ag an gCoimisiún a fheidhmiú i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún Plean um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) i ndáil le haon tarmligean a rinneadh.

Tá formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún agus tá an Plean (a ndearnadh an t-athbhreithniú is déanaí air i mí Iúil 2019) formheasta aige i leith shannadh

na bhfreagrachtaí sin. Tá an Coimisiún cuntasach i gcónaí i maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc Ceannais (seachas na cinn sin ar ina leith a thugtar freagracht don Ghobharnóir amháin) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás ina mbeidh cumhacht sannta i gcomhréir leis an bPlean, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe sa sannadh maidir le feidhmiú na cumhachta sin.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc Ceannais (ar leith ó fheidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Formheasann an Coimisiún Plean Straitéiseach an Bhainc Ceannais agus déanann sé athbhreithniú ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh ar bhonn leathbhliantúil trí Chreat Straitéiseach um Chur Chun feidhme agus Fhaireachán (SIM).

Freagrachtaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhórlacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III den Acht. Anuas air sin, faoi Alt 32J den Acht, tá an Banc Ceannais freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo freisin an Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais mar aon le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras um rialuithe inmheánacha sa Bhanc Ceannais, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc Ceannais a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúir iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúcháireachta agus na hIniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus comhaltaí de lucht bainistíochta an Bhainc Ceannais le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúcháireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach an Treoirlíne, agus i gcás ina bhfuil sí sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na fórlacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais, agus tá an Coimisiún sásta go

raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama.

De réir mar is eol don Choimisiún, ní hann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta a bhfuil iniúcháirí an Bhainc Ceannais aineolach uirthi. Tá gach beart glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a shuíomh go raibh iniúcháirí reachtúla an Bhainc Ceannais ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí ex-officio seo a leanas:

- An Gobharnóir (Cathaoirleach)
- An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)
- An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stumachta)
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

De bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhaltaí.

Sa tábla thíos, tá liosta de na comhaltaí a bhí ar an gCoimisiún i rith 2020 mar aon lena gcuid dátaí ceapacháin nó athcheapacháin (féadfar comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh go ceann téarma breise amháin):

Comhaltaí den Choimisiún	Dáta Ceapacháin (nó Athcheapacháin)
Gabriel Makhlouf*	1 Meán Fómhair 2019
Alan Ahearne ²⁶	8 Márta 2015
Patricia Byron	1 Eanáir 2019
Shay Cody	1 Nollaig 2020
Sharon Donnery*	1 Márta 2016
John Fitzgerald ²⁷	1 Deireadh Fómhair 2015
Sarah Keane	1 Nollaig 2020
David Miles	1 Nollaig 2020
Niamh Moloney	11 Meán Fómhair 2018
Derek Moran*	15 Iúil 2014
Ed Sibley*	1 Meán Fómhair 2017
John Trethowan	11 Meán Fómhair 2018

*Comhaltaí ex-officio

²⁶ Tháinig deireadh le téarma Alan Ahearne mar chomhalta den Choimisiún an 7 Márta 2020. D'fhormheas an Coimisiún ceapachán an Uas. Ahearne mar Chathaoirleach an Choiste Riosca ag an gcrúinniú dá chuid i mí Feabhra 2020 d'fhonn bearna saineolais a mhaolú i ndiaidh dheireadh théarma an Uas. Ahearne, agus in éagmais ceapachán chuig an gCoimisiún ag an Aire Airgeadais. D'éirigh an tUas. Ahearne as mar Chathaoirleach an Choiste Riosca an 20 Iúil 2020 nuair a ceapadh ina chomhairleoir speisialta don Taoiseach é.

²⁷ Tháinig deireadh le téarma John Fitzgerald mar chomhalta den Choimisiún an 30 Meán Fómhair 2020

I mí na Nollag 2020, rinne an tAire Airgeadais trí cheapachán chuig an gCoimisiún ar bhain téarma cúig bliana le gach ceann díobh. De thoradh na gcheapachán sin, b'ionann agus sé chomhalta líon na gcomhaltaí ceaptha den Choimisiún agus comhlíonadh an ceanglas chun aird a thabhairt ar na scileanna, an éagsúlacht agus an meascán inscne ar Bhoird Stáit a foilsíodh le déanaí ag an Rialtas san larscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ioncuimsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. I bhfianaise líon na bhfolúntas ar an gCoimisiún le linn 2020, ní dhearnadh athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht an Choimisiúin nó a chuid fochoistí ach déanfar iad a sceidealú in 2021.

Coistí an Choimisiúin

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana:

- An Coiste Iniúcháireachta;
- An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair; agus
- An Coiste Riosca.

An Coiste Iniúcháireachta

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Iniúcháireachta agus bíonn trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Ba iad Patricia Byron (an Cathaoirleach), John FitzGerald agus John Trethowan comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta le linn na bliana. Nuair a tháinig deireadh le téarma an Uas. FitzGerald an 30 Meán Fómhair, ní raibh ach dhá chomhalta ar an gCoiste Iniúcháireachta. Tionóladh cruinniú den Choiste an 9 Samhain. I gcomhréir le téarmaí tagartha an Choiste, bhí córam de bheirt chomhaltaí ann.

Bhunaigh an Coimisiún an fochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le riosca airgeadais, rialú agus rialachas. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas dearbhuithe a thugtar don Choimisiún.

An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus bíonn beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin nó triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus an bheirt Leas-Ghobharnóirí ar an gCoiste sin. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2020: Niamh Moloney (an Cathaoirleach), Patricia Byron, Sharon Donnery agus Ed Sibley. Ní bhíonn comhaltaí feidhmiúcháin i

láthair ag cruinnithe den Choiste nuair a bhíonn nithe a bhaineann lena luach saothair nó le luach saothair an Ghobharnóra á bplé.

Bhunaigh an Coimisiún an fochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le bainistiú buiséid, beartas luacha saothair, agus luach saothair. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas dearbhuithe a thugtar don Choimisiún.

De bharr na bhfolúntas leanúnach ar an gCoimisiún, chomhaontaigh an Coimisiún ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair go ndéanfaí na cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair a bhí le tarlú a chur ar atráth go dtí go gceapfaí comhaltaí nua. Na nithe a bhíonn le breithniú ag an gCoiste de ghnáth, rinneadh iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina áit.

An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Riosca agus bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Gobharnóirí. Bhunaigh an Coimisiún an fochoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith: infheistiú shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais, beartais agus cleachtais infheistíochta, neamhchosaintí riosca agus straitéis a athbhreithniú, faireachán ar riosca oibríochtúil agus riosca leanúnachais ghnó agus maoirseacht ar bhainistíocht riosca sa Bhanc Ceannais.

Ó tharla go raibh téarma Chathaoirleach an Choiste Riosca ceaptha teacht chun críche an 7 Márta 2020 agus ó tharla nach raibh aon cheapacháin déanta fós ag an Aire Airgeadais chun an folúntas seo, nó aon fholúntais reatha eile ar an gCoimisiún, a líonadh, cruthaíodh bearna saineolais. Mar gheall ar líon na bhfolúntas ar an gCoimisiún, agus chun go mbeadh saineolas riachtanach neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste Riosca, cheap an Coimisiún an tUas. Ahearne chuig an gCoiste Riosca ar feadh tréimhse eatramhach, ar a laghad go dtí cibé tráth a ndéanfaidh an tAire Airgeadais ceapacháin nua chun na folúntais ar an gCoimisiún a líonadh.

Comhaontaíodh freisin go bhfanfaidh an tUas. Ahearne ina Chathaoirleach ar an gCoiste Riosca agus go bhfreastalódh sé ar chruinnithe den Choimisiún ina cháil mar Chathaoirleach an Choiste Riosca. D'éirigh an tUas. Ahearne as mar Chathaoirleach an Choiste Riosca an 20 Iúil nuair a ceapadh ina chomhairleoir speisialta don Taoiseach é.

Dá bhrí sin, agus de bharr folúntais leaúnacha ar an gCoimisiún agus mar gheall nach raibh dóthain comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ann a thuilleadh, chomhaontaigh an Coimisiún ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair go gcuirfí ar athlá na cruinnithe den Choiste Riosca a bhí le tarlú, go dtí go gceapfaí

comhaltaí nua²⁸. In éagmais chruinnithe an Choiste Riosca i mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag, bhreithnigh an Coimisiún nithe a chuirtear faoi bhráid an Choiste de ghnáth. Amhail ar an 31 Nollaig 2020, ba iad Sharon Donnery, Ed Sibley agus John Trethowan na comhaltaí den Choiste Riosca.

Sceideal Freastail

Leagtar amach thíos an sceideal freastail do na cruinnithe den Choimisiún agus den Choiste in 2020.

Comhalta den Choimisiún	Coimisiún	An Coiste Iniúchóireachta	An Coiste Riosca	An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair	Comhchruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus den Choiste Riosca
Gabriel Makhoul	17/17	-	-		-
Alan Ahearne ²⁹	2/2	-	6/6		1/1
Patricia Byron	17/17	5/5	-	1/1	1/1
Shay Cody	1/1	-	-	-	-
Sharon Donnery	17/17	-	6/6	1/1	1/1
John FitzGerald	14/14	4/5	-	-	1/1
Sarah Keane	1/1	-	-	-	-
David Miles	1/1	-	-	-	-
Niamh Moloney	15/17	-	-	1/1	-
Derek Moran	13/17	-	-	-	
Ed Sibley	16/17	-	5/6	0/1	1/1
John Trethowan	17/17	5/5	6/6	-	1/1

Athruithe ar Chomhaltas

Tháinig deireadh le téarma Alan Ahearne mar chomhalta den Choimisiún an 7 Márta 2020 Tháinig deireadh le téarma oifige John FitzGerald an 30 Meán Fómhair 2020. Cheap an tAire Airgeadais Shay Cody, David Miles agus Sarah Keane chuig an gCoimisiún an 1 Nollaig 2020.

Nochtadh Faisnéise is gá faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 9 - Caiteachas:

²⁸ Athbhunaíodh an Coiste Riosca nuair a ceapadh comhaltaí nua chuig an gCoimisiún i mí na Nollag 2020.

²⁹ D'fhreastail Alan Ahearne ar chruinnithe i mí Eanáir agus Feabhra 2020 mar chomhalta den Choimisiún. Nuair a tháinig deireadh lena théarma mar chomhalta den Choimisiún an 7 Márta 2020, ceapadh é ina Chathaoirleach ar an gCoiste Riosca. Ansin, d'fhreastail sé ar chruinnithe den Choimisiún sa chail sin amháin i mí an Mhárta, mí Aibreáin, mí Bealtaine agus mí an Mheithimh.

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe;
- Costais Chomhairleachta;
- Costais Dhlíthiúla agus Caiteachas;
- Caiteachais Taistil agus Cothaithe;
- Caiteachas Fáilteachais; agus
- Luach saothair agus caiteachais a íocadh le comhaltaí an Choimisiúin in 2020.

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód), arna oiriúnú i gcásanna áirithe chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a chinntiú go gcuirfí forálacha ábhartha i bhfeidhm maidir leis an gCód. Sa chomhthéacs sin, rinneadh measúnú ar gach foráil agus, faoi láthair, tá an Banc Ceannais i mbun an fhoráil a chur i bhfeidhm, nó a ghlacadh, nó a oiriúnú, d'fhoilligh ceanglais reachtúla an Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Measadh nár bhain forálacha áirithe leis an mBanc Ceannais. I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe larscríbhinn nua leis an gCód ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ionchuimsiú. Rinne an tAire Airgeadais na ceapacháin chuig an gCoimisiún i mí na Nollag 2020 i gcomhréir le forálacha na hlarscríbhinn sin.

I gcás ina ndéantar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh feidhm leo, tá sé sin amhlaidh d'fhoilligh córas reachtúil an Bhainc Ceannais a shainaithint. In Acht 1942, foráladh do chóras reachtúil an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear an caidreamh a bheadh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

I mí Aibreáin 2017, chinn an Coimisiún go nglacfaí forálacha áirithe den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód) (Páipéar Uimh. 115 de 2017). I gcásanna áirithe, oiriúnaíodh an Cód chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais.

I gcomhréir leis an gCód, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú maidir le feidhmiú chóras rialuithe inmheánacha an Bhainc Ceannais don tréimhse tuairiscithe bhliantúil, dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Thar ceann an Choimisiúin, deimhnímid ár bhfreagracht fhoriomlán as córas rialuithe inmheánacha an Bhainc Ceannais, as ailíniú ceaptha an chórais sin lenár bhfonn riosca formheasta agus leis na próisis dearbhaithe a bunaíodh chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheasúnú.

Cuimsíonn córas rialuithe inmheánacha an Bhainc Ceannais sraith fhairsing beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseachta. Is í aidhm an chórais sin a áirithiú go bhfuil bearta comhréireacha i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as comhlíonadh shainordú fadréimseach reachtúil an Bhainc Ceannais agus as cuspóirí Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais. Ní fhéachann na bearta rialaithe seo le rioscaí a dhíchur (toisc nach bhféadfar é sin a dhéanamh). Ina ionad sin, féachann siad le dearbhú réasúnach (seachas dearbhú iomlán) a thabhairt in aghaidh caillteanas, earráid nó mainneachtain ábhartha.

Chun a áirithiú go bhfuil córas na rialuithe inmheánacha ar comhréir leis na rioscaí a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu, tá próiseas comhréireach um shainaithint agus measúnú riosca bunaithe ag an gCoimisiún lena mbreithnítear an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn agus na himpleachtaí ionchasacha oibriúcháin, airgeadais agus clú. Le linn 2020, fuair an Coimisiún agus a chuid fochoistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí riosca oibríochtúil, airgeadais, agus straitéisigh de chuid an Bhainc Ceannais agus maidir le gnéithe éagsúla de chóras na rialuithe inmheánacha, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an chórais ina iomláine trí nós imeachta tuarascála bliantúla. Ba iad na rannáin seo a leanas sa Bhanc Ceannais a d'ullmhaigh na tuarascálacha sin: an Rannán um Rialachas Inmheánach (IGD), an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) agus an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach (IAD). Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbheathnú thíos

léiriú cruinn ar stádas chóras na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Ina theannta sin, i gcomhréir leis na trí líne cosanta, tacaítear le hoibriú chóras na rialuithe inmheánacha chun a áirithiú go gcuirtear creataí formheasta bainistíochta riosca de chuid an Choimisiúin i bhfeidhm go córasach, lena n-áirítear dúshlán treallúsach do na rannáin chéadlíne, ar bhonn sceidealaithe timthriallach, chun a áirithiú go bhfuil comhsheasmhacht ann ó thaobh riosca a shainaithint agus a ghrádú agus chun tuairisciú rioscaí in ord tosaíochta a éascú.

Sa raiteas seo, leagtar amach an fhaisnéis a bhaineann le córas na rialuithe inmheánacha sa Bhanc Ceannais lena n-áirítear príomhghnéithe na timpeallachta rialaithe, sainaithint agus measúnú riosca, príomhghníomhaíochtaí rialaithe, faireachán ar riosca agus ar rialuithe agus athbhreithniú bliantúil ar chóras na rialuithe inmheánacha.

Timpeallacht Rialaithe

Ar phríomhghnéithe na timpeallachta rialaithe arna bunú ag an gCoimisiún, áirítear: struchtúr cuimsitheach rialachais, cód iompair eiticiúil leabaithe, ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach i bPlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais.

Tá an Cód oiriúnaithe ag an mBanc Ceannais i gcásanna áirithe chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Dá bharr seo, tá líon teoranta mínithe tugtha ag an mBanc Ceannais i gcásanna ina raibh air foráil ar leith den Chód a oiriúnú. D'ainneoin an méid sin thuas, creideann an Banc Ceannais go bhfuil cuspóirí an Chóid bainte amach aige i ndáil le timpeallacht láidir rialaithe trí bhíthin bearta sonracha reachtúla nó rialachais.

I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc Ceannais a bhfuil bord reachtúil aige, an Coimisiún, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra. Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú;

- a áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc Ceannais comhtháite agus comhordaithe; agus
- a áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Faoin Acht, tugtar cumhacht don Choimisiún feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean don Ghobharnóir, do Leas-Ghobharnóir, nó d'fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Déantar tarmligean den sórt seo ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus chun a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhall go cuí. Dá bhrí sin, tá formhór feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún. Tá cumhacht tugtha do gach duine de na daoine thuasluaite gníomhú thar ceann an Bhainc Ceannais chun na feidhmeanna, cumhachtaí agus freagrachtaí a shanntar dóibh ó am go ham a chomhall, lena n-áirítear tuairimí a fhoirmiú, cinntí a ghlacadh, gníomh a dhéanamh, agus cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais arna dtarmligean ó am go ham a fheidhmiú. Beidh an duine dá sanntar freagracht as feidhm a chomhlíonadh freagrach don Ghobharnóir as comhlíonadh na feidhme sin. Déanann an Coimisiún, trí bhíthin a thrí fhochoiste (An Coiste Iniúcháireachta, an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus an Coiste Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú chóras rialuithe inmheánacha an Bhainc Ceannais. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid fochoistí leagtha amach i dTearmaí Tagartha ar leithligh.

Ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta, áirítear maoirseacht agus athbhreithniú ar an Ráiteas Cuntas, na hiniúcháirí seachtracha, iniúcháireacht inmheánach agus bainistíocht riosca, comhlíontacht agus rialú inmheánach, agus maoirseacht rialachais. Ar fhreagrachtaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair, áirítear maoirseacht ar shaincheistean a bhaineann le bainistíocht buiséid, le beartas luacha saothair, agus le luach saothair. Ar fhreagrachtaí an Choiste Riosca, áirítear an t-athbhreithniú ar neamhchosaintí riosca reatha agus ar straitéis bainistíochta riosca de chuid an Bhainc Ceannais, agus faireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

D'fhorghas an Coimisiún Creat Rialachais lena mbunaítear creat láraithe don Bhanc Ceannais ina leagtar amach struchtúir eagraíochtúla rialachais. Déantar iad seo a dhoiciméadú sa Chreat agus leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear ról na gcoistí traseagraíochtúla. Ina theannta sin, áirítear sa Chreat clár Beartas Corparáideach a bhfuil

teimpléid agus treoir ábhartha mar thaca leo, agus clár agus treoir do Mheabhrán Tuisceana.

Tá Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) ann ar leibhéal feidhmiúcháin a gcuirtear de chúram air maoirseacht a dhéanamh agus dúshlán a thabhairt ar fud na n-earnálacha riosca go léir agus comhlíonadh inmheánach agus nithe gaolmhara a dhéanamh agus tacaíonn an Coiste sin le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais. Chomh maith leis sin, tá Coiste Buiséid agus Airgeadais (BFC) ann ar leibhéal feidhmiúcháin a thacaíonn le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais. Is é cuspóir BFC buiséad bliantúil an Bhainc Ceannais a fhoirmiú agus a mholadh, agus faireachán a dhéanamh air, agus comhairle a thabhairt don Phríomh-Oifigeach Oibríochtaí (laistigh de theorainneacha tarmligthe) maidir le nithe clúdaigh infheistíochta a fhorghnóthú agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcéanna, agus nithe a bhaineann le tobhach maoiniúcháin tionscail a bhreithniú ó thaobh próisis.

Leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla a shannadh laistigh den Bhanc Ceannais. Sainítear freagrachtaí bainistíochta agus foirne trí bhíthin chreat cuimsitheach próifíle ról agus córas bainistíochta feidhmíochta. Is é an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, i gcomhar leis an gCoimisiún, a shonraíonn cuspóirí uileghabhálacha (leibhéal eintitis) an Bhainc Ceannais laistigh de Phlean Straitéiseach trí bliana. Tá Plean Straitéiseach ag an mBanc Ceannais don tréimhse 2019-2021.

Formheasann an Coimisiún an Plean Straitéiseach agus cuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais é. Tá an Plean Straitéiseach don tréimhse 2019 - 2021 leagtha amach ina dhá chuid. I gcuid a haon, leagtar amach cuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais agus iad ailínithe le cúig théama straitéiseacha. I gcuid a dó den Phlean Straitéiseach, leagtar amach cuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais faoina chuspóirí reachtúla agus faoina chuspóirí eagraíochtúla. Tá próiseas sainithe eagraíochtúil ag an mBanc Ceannais chun an dul chun cinn i dtreo ghnóthú chuspóirí an Phlean Straitéiseigh a chur chun feidhme agus a thuairisciú agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sin. Faoi gCreat um Chur Chun Feidhme agus um Fhaireachán Straitéise (SIM), léirítear na gníomhaíochtaí atá mar bhonn taca ag gach cuspóir straitéiseach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo ghnóthú na ngníomhaíochtaí sin. Faoi Chreat SIM, sanntar cuspóirí straitéiseacha do chomhaltaí an Choiste Ardcheannaireachta (SLC). Tuairisciú cisealta deaise a bhíonn i gceist, áit a bhfaightear tuairisc chun dáta ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gach cuspóir straitéiseach ó uinéir an chuspóra sin ar SLC. Déantar é seo a achoimriú ansin chun forbhreathnú a thabhairt ar an dul chun cinn iomlán atá déanta maidir le gach téama straitéiseach agus gach cuspóir reachtúil agus, ar an gcaoi sin, cumasaítear don Bhanc Ceannais measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá an

Plean Straitéiseach á bhaint amach. Maidir le rialachas Chreat SIM, déanann SLC agus Coiste an Ghobharnóra athbhreithniú ráithiúil ar dheaiseanna achoimre gach ceann de na téamaí straitéiseacha agus na cuspóirí reachtúla. Déanann an Coimisiún athbhreithniú leathbhliantúil freisin ar SIM. I R4 2020, rinneadh athbhreithniú meántearma ar Phlean Straitéiseach 2019-2021 agus comhaontaíodh nach mbeadh aon athruithe ar an bPlean reatha.

Anuas air sin, déanann an Coimisiún maoirseacht i gcónaí ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc Ceannais, Cód a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice i measc bhaill foirne agus oifigigh an Bhainc Ceannais a áirithiú. Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún Beartas Inmheánach Sceithireachta agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mBeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil d'fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc Ceannais gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta air.

Sainaithint agus Maolú Riosca

Is gné lárnach d'oibriú éifeachtach chóras na rialuithe inmheánacha de chuid an Bhainc Ceannais iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc Ceannais ar leibhéal fiontair agus ar leibhéal rannáin araon.

Creat Foinn Riosca

Tá Creat formheasta Foinn Riosca (RAF), lena n-áirítear folamhátais i leith phríomhrioscaí an Bhainc Ceannais, mar bhonn eolais faoin measúnú a dhéantar ar neamhchosaintí riosca. Sonraítear i RAF an leibhéal riosca agus na cineálacha riosca atá inghlactha don Bhanc Ceannais i saothrú a chuid cuspóirí. Ó thaobh cúrsaí rialachais de, cuirtear athbhreithniú bliantúil i gcrích ina mbreathnaítear ar an bpróifíl riosca le hais na dtairseach atá leagtha amach i RAF. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún don bhliain 2020 ar a mhéid a d'oibrigh an Banc Ceannais laistigh de pharaiméadair RAF agus tá sé sáta go bhfuil na bearta riachtanacha glactha ag an lucht bainistíochta chun a áirithiú go bhfanfaidh neamhchosaintí ar rioscaí ábhartha laistigh de lamhátais shainithe a mhéid is féidir.

I dteannta le RAF, tá ceanglas ann a áirithiú go ndéanfar rioscaí straitéiseacha, rioscaí airgeadais, agus rioscaí oibríochtúla a shainaithint agus a mheasúnú go beacht, toisc go gcuireann sé seo bonn ar fáil lenar féidir neamhchosaintí próifíle riosca a chur i gcomparáid le RAF agus, ar an gcaoi sin, is féidir aon athruithe atá ina n-ábhar imní ó thaobh bainistíocht

riosca de nó aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní amhlaidh a chinneadh.

Measúnú Riosca Straitéisigh

Ar leibhéal fiontair ó bharr anuas, tugtar faoi Mheasúnú Riosca Straitéisigh (SRA) a fhéachann le rioscaí straitéiseacha a shainaithint, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais. Léirítear i SRA comhairle ón Rannán um Riosca Eagraíochtúil do pháirtithe sinsearacha leasmhara. Ina dhiaidh sin, déanann an Coiste Feidhmiúcháin Riosca agus Coiste Riosca an Choimisiúin tátail SRA a athbhreithniú agus a cheistiú.

Féinmheasúnú ar Rialú Riosca

Ó bhun aníos, tá an creat riosca oibríochtúil ceaptha comhordú comhsheasmhach a éascú ar shainaithint agus ar mheasúnú riosca agus rialaithe do na rannáin go léir sa Bhanc Ceannais. Tá próiseas rannáin um measúnú riosca agus rialaithe (RCSA) i gceist leis an gcur chuige atá formheasta ag an gCoimisiún. Le RCSA, áirithítear go mbunaíonn agus go gcothabhálann gach rannán sa Bhanc Ceannais clár caighdeánaithe de neamhchosaintí ábhartha riosca oibríochtúil. Déantar sraith iomlán de chlár riosca na rannán a chothabháil, a athbhreithniú agus a thuairisciú do RMC agus don Choiste Riosca.

I dteannta le RCSAanna, coimeádann gach rannán clár teagmhas, agus déantar aon teagmhais oibríochtúla arna rangú mar theagmhais mheánacha nó níos airde a chur faoi bhráid an Choiste Riosca. Glacann an Banc Ceannais cur chuige 'milleán ar bith' maidir le teagmhais sa chaoi nach mbeidh aon spreagadh ann gan teagmhais a thuairisciú. Déantar anailís bunchúise ar gach teagmhas, ina sainaithnítear deiseanna chun an timpeallacht rialaithe a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, chun an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas athuair a íoslaghdú.

Ceanglaítear ar gach rannán clár riosca agus rialuithe atá cothrom le dáta a chothabháil. Ina theannta sin, tugann ORD faoi nós imeachta tréimhsiúil rioscabhunaithe um dhearbhu cáilíochta, dá dtagraítear rannpháirtíochtaí Riosca Neamhairgeadais (NFR), chun na rioscaí sainaitheanta agus éifeachtacht na rialuithe a bhailíochtú. Chun críocha an nós imeachta seo, athbhreithníonn agus ceistíonn ORD ábhar na gclár agus cinntíonn sé go mbeidh aon ghníomhartha feabhais is gá mar chuid de phlean bainistíochta riosca an Rannáin. Deimhníonn Ceannasaí an rannáin atá i gceist agus an Stiúrthóir iomláine a gcuid clár mar chuid den nós imeachta seo um dhearbhu cáilíochta le ORD. Tá athbhreithniú déanta ag RMC ar thuarascálacha ar stádas na rioscaí rannán agus tá breithniú déanta aige ar na gníomhartha atá glactha ag an lucht bainistíochta chun gníomhartha

feabhais a chur chun feidhme agus chun rialuithe a fheabhsú le linn na tréimhse tuairiscithe, agus bhí maoirseacht bhreise ann ó Choiste Riosca an Choimisiúin.

Próiseálann an Banc Ceannais sonraí pearsanta le linn dó roinnt dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, agus próiseálann sé sonraí pearsanta i ndáil le fostaíocht foirne agus lena chaidreamh le soláthraithe seirbhíse. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), leagtar síos rialacha maidir leis an gcaoi ina mbailítear, ina bpróiseáiltear agus ina nochtar sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire. Forbraíodh Beartas an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí d'fhonn comhlíonadh na rialacha seo a áirithiú. Sa bheartas seo, leagtar amach na róil agus freagrachtaí maidir le cosaintí sonraí, tugtar samplaí de na sonraí pearsanta a shealbhaítear agus a phróiseáiltear sa Bhanc Ceannais agus leagtar amach na seacht bprionsabal a bhaineann le cosaint sonraí. De réir na gceanglais maidir le cosaint sonraí, tá Oifigeach um Chosaint Sonraí (DPO) ceaptha ag an mBanc Ceannais, mar a cheanglaítear faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), agus tá an t-oifigeach sin freagrach as faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta agus na gceanglas éagsúil maidir le cosaint sonraí, comhordú a dhéanamh ar aon teagmhais a bhaineann le cosaint sonraí, agus tuairisciú go rialta do choistí maoirseachta.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar chreat tiomanta um measúnú riosca airgeadais. Bíonn an creat um measúnú riosca airgeadais ag díriú go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh chur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus rinne sé breithniú ar mholtaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis na lamháltais atá leagtha amach ina Ráiteas formheasta Inghlathachta Riosca.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, de bharr gur éirigh Cathaoirleach an Choiste Riosca as i mí Iúil agus de bharr folúntais leaúnacha ar an gCoimisiún agus mar gheall nach raibh dóthain comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ann a thuilleadh, chomhaontaigh an Coimisiún ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair go gcuirfear ar athlá na cruinnithe den Choiste Riosca a bhí le tarlú, go dtí go gceapfaí comhaltaí nua. In éagmais chruinnithe an Choiste Riosca i mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag, bhreithnigh an Coimisiún nithe a chuirtear faoi bhráid an Choiste de ghnáth.

Príomhghníomhaíochtaí Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún maoirsiú ar chur chun feidhme raon leathan gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go maolófaí go héifeachtach aon rioscaí do ghnóthú na gcuspóirí sin, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na gníomhaíochtaí rialaithe seo á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc Ceannais lena gcuimsítear rialú a chuid sócmhainní airgeadais, fisiceacha agus faisnéise, a chuid próiseas gnó, agus a thimpeallacht teicneolaíochta, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann gach ceann díobh le dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil cuspóir rialaithe ar leith bainte amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear:

- **Creat Rialachais:** Doiciméad Creata Rialachais chun na socruithe rialachais sa Bhanc Ceannais a chomhdhlúthú agus a chur in iúl go soiléir; struchtúr eagraíochtúil agus coiste atá ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc Ceannais agus ina bhfuil línte freagrachta agus leibhéil údarais sainithe go soiléir; Creat Beartais Chorporáidigh chun a bhfuil i gceist le Beartas Corparáideach a shainiú agus chun clár de Beartas Corparáideach a chur ar fáil ina sainaithnítear an t-údarás ábhartha formheasa; agus doiciméad ina sonraítear ról agus freagrachtaí na gceannairí sinsearacha agus ina leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm agus a thacaíonn le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais.
- **Príomhoibleagáidí Reachtúla an Bhainc Ceannais:** I gcomhréir leis an gCód, tugadh liosta de na hoibleagáidí is tábhachtaí reachtúla agus rialachais atá ag an mBanc Ceannais, mar aon le tuairisc ina sainaithnítear, ar ardleibhéal, an reachtaíocht is infheidhme, sannadh freagrachtaí agus conas a dhéantar faireachán ar chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Acmhainní Daonna:** Creat rialachais d'acmhainní daonna ina n-áirítear plean arna fhormheas ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní a chur ar fáil, beartas earcaíochta, cláir fhoirmiúla oiliúna don fhoireann, breithmheas bliantúil feidhmíochta agus nósanna imeachta ábhartha eile chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oilte go leordhóthanach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Airgeadais:** Pleanáil airgeadais agus próisis um buiséadú bliantúil arna bhformheas ag an gCoimisiún, le córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe cuntas iníochta, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht agus ón gCoimisiún ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc Ceannais;

- **Bainistíocht Riosca:** Creataí cuimsitheacha don bhainistíocht riosca lena n-áirítear riosca oibríochtaí agus bainistíocht teagmhas ar fud na hoibríochta, bainistíocht riosca airgeadais a bhaineann le sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais agus oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus bainistíocht fhoriomlán an chláir chomhardaithe;
- **Bainistíocht Calaoise:** Beartais agus nósanna imeachta um bainistíocht riosca caolaoise ina leagtar amach go soiléir freagrachtaí maidir le rioscaí caolaoise a shainaithint, agus an cur chuige maidir le teagmhais calaoise nó teagmhais calaoise amhrasta laistigh den Bhanc Ceannais a thuairisciú agus a imscrúdú.
- **Leanúnachas Gnó:** Creat chun a áirithiú go mbeidh an Banc Ceannais in ann teagmhais shuaiteacha a bhainistiú, áitribh theagmhaisacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.
- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Gníomhaíochtaí rialaithe lena n-áirítear creat sainithe rialachais chun athrú ábhartha a bhainistiú laistigh den Bhanc Ceannais, ar creat é ina n-ionchorpraítear nósanna imeachta maidir le bainistíocht athruithe agus bainistíocht tionscadal, formheas agus beartú tosaíochta infheistíochta.
- **Slándáil Fhisiciúil agus Faisnéise:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, na háitribh agus sócmhainní fisiceacha a chosaint. agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraíthe, ar chaillteanas nó ar chontúirt de bharr timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla. Ina theannta sin, tá straitéis agus plean níos fadtéarmaí forbartha ag an Rannán um Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíochta chun a áirithiú go leanfaidh teicneolaíochtaí an Bhainc Ceannais de bheith ag tacú lena chuid cuspóirí.
- **Iniúcháireacht Inmheánach:** Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúcháireachta Inmheánaí a úsáideann plean rioscabhunaithe iniúcháireachta inmheánaí, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhorghabháil ag an gCoiste Iniúcháireachta; agus
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha a chothabháil maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta do Choiste Iniúcháireachta an Choimisiúin.

Oibríonn an Banc Ceannais Beartas Corparáideach Soláthair (an Beartas) atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an mBeartas seo agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Tá an Beartas i gcomhréir le prionsabail na rialacha agus treoirlínte soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ach amháin i leith tairiscintí iomaíocha le haghaidh earraí agus seirbhísí faoi bhun Thairseach AE (€214,000). Sa chás sin, chinn an Banc Ceannais go mbeadh pointe tosaigh €50,000 seachas €25,000 ann mar thairseach Tairiscintí Náisiúnta ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht oibriúcháin. Bíonn trí mheastachán i scríbhinn de dhíth le haghaidh tairiscintí soláthar/seirbhíse idir €5,000 agus €50,000.

In imthosca teoranta áirithe, féadfar conarthaí a dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairisceana:

- I gcás ina bhforáiltear do dhíolúine/d'eisceacht ábhartha sna rialacha soláthair, nó
- In imthosca eisceachtúla, e.g. gur lú an luach ná tairseach AE agus nach bhfuil aon leas trasteorann i gceist.

Meastar gur “conarthaí neamhchomhlíontacha” iad aon chonarthaí eile a dhámhtar gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairisceana agus tuairiscítear iad go tréimhsiúil don Choiste Buiséid & Airgeadais agus don Choiste Iniúcháireachta. Níor dhámh an Banc Ceannais aon chonarthaí neamhchomhlíontacha in 2020. Le linn 2020, tabhaíodh caiteachas €0.02m i leith dhá cheann de na trí chonradh neamhchomhlíontacha a bhí ann cheana (2019: €0.23m i leith ocht gconradh). Is ionann é sin agus 0.03 faoin gcéad de chaiteachas geallta an Bhainc (2019: 0.1 faoin gcéad). I R4 2019, tugadh dhá chonradh chun rialtachta³⁰ (caiteachas iarmharach gaolmhar tabhairthe go dtí mí Bealtaine 2020). Leanfaidh an conradh eile go dtí deireadh a théarma nuair a bheidh na seirbhísí tugtha chun críche. Tá miondealú ar na conarthaí neamhchomhlíontacha seo sa tábla thíos. As na trí chonradh atá liostaithe, sháraigh an caiteachas carnach ar dhá chonradh an tairseach oiriúnaithe náisiúnta (€50k).

I bhfianaise mhóorthábhacht an chonartha, chinn an Banc Ceannais i mí Aibreáin 2020 go ndámhfaidh sé conradh le haghaidh Óstáil Ionaid Sonraí agus Seirbhísí Bainistithe gan dul ar iontaoibh nós imeachta iomaíoch mar gheall ar dhálaí ‘fíorphráinne’ (de bhun Rialachán 32(2)(c) de I.R. Uimh. 284 de 2016) de bharr éigeandáil COVID-19. D’fhoilsigh an Banc Ceannais Fógra Trédhearcachta Ex-Ante Saorálach (VEAT) an 3 Lúnasa 2020 inar cuireadh in iúl go soiléir go raibh sé i gceist aige conradh nua a dhámhachtain.

³⁰ Déantar amhlaidh trí phróiseas tairisceana a chur i gcrích, i gcomhréir leis an mBeartas Corparáideach Soláthair; trí bhreithniú a dhéanamh ar dhíolúine incheadaithe don dámhachtain dhíreach atá i bhfeidhm; nó i gcás ina bhfuil deireadh théarma na dámhachtana sroichte agus nach bhfuil aon cheanglas leanúnach gnó ann, scoirfid den dír-dámhachtain.

Tábla 1.1 Miondealú ar Chonarthaí Neamhchomhlíontacha

An fáth le dírdhámhachtain	Líon na gconarthaí 2020	Caiteachas €2020	Líon na gconarthaí in 2019	Caiteachas € in 2019
Cosc ar phróiseas tairisceana iomaíche de bharr chineál íogair nó rúnda na hoibre	1*	0	1	3,600
Tar-rolladh conartha reatha go dtí go dtabharfar próiseas tairisceana chun críche	2	24,369	5	169,307
Tar-rolladh conartha reatha a leanfaidh go dtí deireadh an téarma	0	0	2	57,030
Iomlán	3	24,369	8	229,937

*Ag deireadh 2020, ba é seo an t-aon chonradh dírdhámhachtana amháin a bhí fágtha (arna dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas tairisceana).

Athbhreithniú agus Faireachán ar Rioscaí agus Rialuithe

Chun a áirithiú go bhfuil córas na rialuithe inmheánacha ag oibriú de réir a ionchas, tá nósanna imeachta dearbhairthe neamhspleácha bunaithe ag an gCoimisiún chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Bhainc Ceannais. Is é IAD don chuid is mó a thugann faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus faireacháin.

Tuairiscíonn IAD go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhtheoranta aige ar an gCoise Iniúcháireachta agus ar an gCoiste Ardcheannaireachta (SLC). Bíonn gníomhaíochtaí IAD faoi stiúir ag Cairt na hIniúcháireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúcháireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúcháireachta. Déanann IAD measúnú ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialachán infheidhme, agus cuireann sé dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bainistíochta riosca, chóras na rialuithe inmheánacha agus na bpróiseas rialaithe trí iniúcháireachtaí rialta agus measúnú leanúnach a dhéanamh.

Déanann IAD a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúcháireachta. Leagtar béim sna tuarascálacha sin ar laigí, más ann dóibh, i gcóras na rialuithe inmheánacha agus cláraítear na bearta comhaontaithe ceartaitheacha a ghlacfar i gcás ina meastar gur gá. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna n-ardú ag na iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go nglacfar gníomhartha iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha sa Bhanc Ceannais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú mionsonraithe ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Aibreáin 2021. San athbhreithniú sin ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha, áiríodh an méid seo a leanas:

- Breithniú ar thuarascálacha arna gcur ar fáil ag an Rannán um Riosca Eagraíochtúil agus ina leagfar amach neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla agus ar thuarascálacha ar ghnéithe eile de chóras na rialuithe inmheánacha arna gcur ar fáil ag an Rannán um Rialachas Inmheánach;
- Breithniú ar obair an Rannáin um Iniúcháireacht Inmheánach agus a chuid tuarascálacha agus fionnachtana;
- Forbhreathnú ar thuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach maidir le stádas timpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais agus stádas saincheistanna arna gcur in iúl roimhe seo ina chuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúcháirí seachtracha; agus
- Breithniú ar shaincheistanna rialaithe inmheánaigh airgeadais arna sainaithint ag na hiniúcháirí seachtracha.

Ina theannta, breithníodh san athbhreithniú sin na dúshláin a bhaineann le rialacha inmheánacha éifeachtacha a chothabháil agus tionchar phaindéim COVID-19 a bhainistiú ag an am céanna. Tríd is tríd, is féidir leis an 2nd agus 3^ú líne dearbhú réasúnach a thabhairt, ar bhonn na dtionscnamh a glacadh de láimh, gur thug an Banc Ceannais freagra ar bhonn tosaíocht riosca chun na héifeachtaí ar an timpeallacht rialaithe de bharr COVID-19 a bhainistiú:

- Leis na bearta bainistíochta teagmhas, leanúnachais agus riosca oibríochtúil agus rialaithe, bhíodhas in ann aistriú go rianúil chuig socrú cianoibre den chuid is mó, agus ina dhiaidh sin, bhíodhas ábalta struchtúir fhoirmeálta um bainistíocht clár a bhunú chun rialuithe breise agus cumas breise a chur chun feidhme maidir leis na céimeanna éagsúla de shrianta sláinte poiblí;
- Oiriúnaíodh modheolaíochtaí maidir le riosca a shainaithint agus a mheasúnú agus tugadh tosaíocht do neamhchosaintí oibríochtúla chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm rialuithe leordhóthanacha coisctheacha, braiteacha a bhí bunaithe ar athbhreithnithe. Tá faisnéis maidir le rioscaí a thagann chun cinn go sonrach i gcomhthéacs na paindéime ar fáil sa stór fianaise; agus

- D'éirigh go maith leis an gcreat maoirseachta ó thaobh freagra a thabhairt ar an ngéarchéim trína ligean do na rannáin maoirseachta béim mhaoirseachta a dhíriú ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn i gcomhthéacs COVID-19.

Bunaithe ar an méid sin thuas, measann an Banc Ceannais go bhfuil córas na rialuithe inmheánacha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 éifeachtach.

Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

13 Aibreán 2021

CUNTAS LEITHGHABHÁLA BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Ioncam Úis	2	944,318	1,004,580
Caiteachais Úis	3	(56,887)	(39,511)
Glanioncam úis		887,431	965,069
Glan-ghnóthachain a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais	4	652,206	1,743,543
Díluacháil sócmhainní airgeadais agus staideanna airgeadais	4	(131,121)	(1,937)
Aistriú chuig soláthairtí	4	(398,447)	(104,186)
Glanoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí	4	122,638	1,637,420
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	5	3,262	2,790
Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha	6	37,122	33,065
Glanoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta	7	(80,742)	32,622
Glanioncam eile	8	199,760	188,419
Ioncam ón tobhach maoiniúcháin		174,401	160,051
Eile		25,359	28,368
GLANIONCAM IOMLÁN		1,169,471	2,859,385
Caiteachais foirne	9	(232,122)	(197,622)
Caiteachais oibríochtúla eile	9	(81,972)	(84,151)
Dímheas	9	(14,609)	(16,131)
Amhábhair um tháirgeadh airgeadra	9	(11,159)	(1,954)
CAITEACHAIS IOMLÁNA	9	(339,862)	(299,858)
BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, CAILLTEANAS ACHTÚIREACH AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS		829,609	2,559,527
Glanghluaiseacht ar ghnóthachain neamhréadaithe	34	(240,523)	(306,393)
Aistrithe chuig na cuntais athluachála	34	240,523	306,393
Caillteanas aachtúireach ar an scéim pinsin	32	(216,134)	(223,710)
Aistriú brabús coimeádta chuig cúlchiste ginearálta	35	(163,906)	(509,079)
Aistriú ó cúlchistí	35	216,134	223,710
BARRACHAS IONCAIM IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE	10, 31	665,703	2,050,448

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 43 mar chuid de na cuntais seo.

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2020

SÓCMHANNÍ	Nóta	2020 €000	2019 €000
Ór agus infhaighteachtaí óir	11	299,039	262,114
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	12	5,747,665	4,898,882
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro	13	229,401	77,014
Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	14	2,263,577	4,159,896
lasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	15	7,288,900	2,032,720
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	16	3,988,928	2,348,406
Urrúis in euro ag cónaitheoirí sa limistéar euro	17	72,776,455	64,542,578
<i>Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta</i>		49,533,972	37,590,497
<i>Urrúis Eile</i>		23,242,483	26,952,081
Éilimh laistigh den Eurochóras		47,056,242	36,315,234
<i>Leas rannpháirteachais sa BCE</i>	18	216,609	213,449
<i>Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha</i>	19	683,175	681,157
<i>Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)</i>	20	46,156,458	35,420,628
Sócmhainní Eile	21	1,839,518	1,739,464
Sócmhainní iomlána		141,489,725	116,376,308

13 Aibreán 2021

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 43 mar chuid de na cuntais seo.

Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

13 Aibreán 2021

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2020

DLITEANAIS	Nóta	2020 €000	2019 €000
Nótaí bainc i gcúrsaíocht	23	22,349,697	20,082,747
Dliteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	24	62,073,627	36,672,142
Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	25	3,101,460	955,997
Dliteanais in euro do chónaitheoirí eile sa limistéar euro	26	19,229,123	21,970,801
Dliteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	27	186,200	1,892,530
Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	28	913,917	956,791
Dliteanais laistigh den Eurochóras		19,681,389	18,868,571
<i>Dliteanais a bhaineann le leithroinnt nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras</i>	29	19,599,173	18,868,571
<i>Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)</i>	30	82,216	-
Dliteanais eile	31	958,969	2,343,634
Sochair scoir	32	868,570	610,172
Soláthairtí	33	1,304,420	907,840
Cuntais athluachála	34	5,838,261	6,078,784
Caipiteal agus cúlchistí	35	4,984,092	5,036,299
Dliteanais iomlána		141,489,725	116,376,308

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 43 mar chuid de na cuntais seo.

Sharon Donnery
Leas-Gobharnóir
Baincéireacht Cheannais

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

13 Aibreán 2021

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

Nóta 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

(a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma “an Banc Ceannais”, aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc Ceannais ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Airgeadais. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc Ceannais laistigh de chreat CEBC³¹ mar aon lena raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí.

(b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe³² sa Treoirlíne³³. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais don bhliain 2020 i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla³⁴ a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc Ceannais. Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus an Caighdeán um Thuairisciú

³¹ An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 27 mBanc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2020 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma ‘an tEurochóras’ do na 19 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta le BCE amhail ar an dáta céanna.

³² Is í an Chomhairle Rialaithe príomhchomhlacht cinnteoireachta an BCE. Tá sé bhall den Bhord Feidhmiúcháin uirthi mar aon le gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na 19 dtír atá sa limistéar euro.

³³ Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34) arna leasú.

³⁴ Is iad seo a leanas na príomhrechtanna lena rialaítear an Banc Ceannais: Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2014, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Sna Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943, foráiltear do ríomh bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais gach bliain agus íoctar an ioncam barrachais sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d’Acht an Bhainc Cheannais 1942. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach freisin agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear Reachtaíocht an CEBC agus an BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe de chuid an AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta de chuid an CEBC.

Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc Ceannais idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

- a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe.
- b. Níl gá le ráiteas ar shreafaí airgid.
- c. Áirítear soláthar i leith rioscaí airgeadais faoin mír dliteanais “Soláthairtí”.

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil an Treoirlíne tostach i ndáil le hionstraimí airgeadais, leanann an Banc Ceannais ceanglais alt 11 agus alt 12 ina iomláine faoi FRS 102. I Nóta 1 (n) “Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta”, cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó measúnachta leo. Déantar sócmhainní airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear na glanmhéideanna in iúl sa Ráiteas Cuntas nuair atá ceart is infheidhmithe le dlí ann na méideanna atá sainaitheanta a fhritháireamh agus nuair a bheartaítear réiteach a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach.

(c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta an BCE glactha ag an mBanc Ceannais. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne.

(i) Cuntasaíocht Dáta Trádála³⁵

Sonraítear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as an “gnáthchur chuige” nó as an “gcur chuige malartach”. Baineann an Banc Ceannais úsáid as an gcur chuige malartach

³⁵ Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).

agus, dá bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteannais a thaifeadadh ar an dáta socraíochta (go hiondúil an dáta trádála móide dhá lá oibre), seachas an gnáthchur chuige³⁶ trína ndéantar idirbhearta a thaifeadadh ar an dáta trádála.

(ii) *Iarmhéideanna laistigh den CEBC*

Eascraíonn iarmhéideanna laistigh den CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann san AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú i TARGET2 - an tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 20(ii)) agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha i gcuntais TARGET2 de chuid bhainc cheannais an AE astu.

Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha sin a ghlanluacháil agus a shannadh ansin don BCE ar bhonn laethúil, sa chaoi nach mbíonn ach suíomh glan déthaobhach aonair ag gach BCN i leith an BCE amháin. Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras de chuid an Bhainc Ceannais i leith BCE arna n-eascairt as TARGET2, mar aon le hiarmhéideanna eile laistigh den Eurochóras arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais mar shuíomh glan sócmhainne aonair nó mar shuíomh glan dliteannais aonair agus nochtar faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 20, Nóta 30) iad. Iarmhéideanna laistigh den CEBC seachas BCNanna lasmuigh den limistéar euro a eascraíonn as TARGET2, déantar iad a nochtadh faoi “Dliteannais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro” (Nóta 27).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi “Dliteannais a bhaineann le dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(iv), Nóta 23, Nóta 29).

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais sa BCE, tuairiscítear iad faoi “Leas Rannpháirteachais sa BCE” (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 18).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as aistriú cúlsóchmainní eachtracha chuig an BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi

³⁶ BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den chlár comhardaithe a aisiompú agus taifeadfar iontrálacha laistigh den chlár comhardaithe.

“Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 19).

(iii) Scála Caipitil

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa an BCE atá a sealbhú ag gach ceann de na BCNanna faoi seach sa CEBC. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit an AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braithfeann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Is gá suibscríbhinní a choigeartú freisin i gcás ina n-imeoidh BCN as CEBC. Tharla an coigeartú deireanach an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe (RA) imeacht as AE. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa an BCE ó 1.1754% go dtí 1.3772% tar éis do RA imeacht as AE.

An dara scála, “Scála caipitil an Eurochórais”, arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa an Eurochórais ó 1.6883% go dtí 1.6934% tar éis do RA imeacht as AE.

(iv) Nótaí bainc i gcúrsaíocht

Is iad an BCE agus BCNanna an limistéir euro, a dhéanann suas an tEurochóras, a eisíonn nótaí bainc euro³⁷. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN³⁸.

Tá scair arb ionann í agus 8% de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht leithdháilte ar an BCE fad atá 92% leithdháilte ar na BCNanna i gcomhréir lena n-ualuithe i scála caipitil an BCE. An scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN, nochtar í faoin mír dliteanais ar an gClár Comhardaithe “Nótaí bainc i gcúrsaíocht” (Nóta 23).

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le

³⁷ Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, Ich. 26, arna leasú.

³⁸ Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a eascraíonn as scair BCE d’eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8%) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92%).

scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. I gcás easnamh in eisiúint maidir le scála leithdháilte nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 1(c)(ii), Nóta 20). I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dliteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi ‘Dlíteanais laistigh den Eurochóras (glan): dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras’ (Nóta 1(c)(ii), Nóta 29). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil³⁹. Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi “Ioncam úis” (Nóta 2) nó faoi “Úschostas” (Nóta 3) sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

(v) *Leithdháiltí ag an BCE*

Chinn an Chomhairle Rialaithe go mbeadh sé seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhraíonn sé: ioncam seigniorage an BCE a eascraíonn as scair 8% de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar an BCE agus an t-ioncam a eascraíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP), agus (e) Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paidéime (PEPP). Mura gcinntí an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis⁴⁰. Déantar é a dháileadh ina iomláin mura mó é ná glanbhrabús BCE don bhliain agus faoi réir aon chinntí ag an gComhairle Rialaithe chun aistriú a dhéanamh i leith rioscaí airgeadais. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag an BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim arna thabhtú ar nótaí bainc euro i gcúrsaíocht.

Cuirtear an méid arna dháileadh ar na BCNanna in iúl sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi “Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leasa rannpháirteachais” (Nóta 6(i), Nóta 20(ii)).

(vi) *Glantóradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta*

Gach méid d'ioncam airgeadaíochta gach BCN de chuid an Eurochórais, i.e. an glanioncam a thuilltear ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír ó na

³⁹ Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna Ballstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, lch.26.

⁴⁰ Cinneadh (AE) 2015/1195 ón BCE an 2 Iúil 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam an BCE (BCE/2015/25)..

sócmhainní comharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanas a thomhas.

Tá an bonn dliteanas comhdhéanta de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanas d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro: glandliteanas laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanas laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanas a áirítear sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtaí le hinstiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eactracha chuig an BCE; glanéilimh laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach⁴¹ agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach⁴² agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha⁴³, meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí⁴⁴ arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déantar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú leis an

⁴¹ Cinneadh (AE) 2009/522 ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009.

⁴² Cinneadh (AE) 2011/17 ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011..

⁴³ Cinneadh (AE) 2015/744 ón BCE an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.

⁴⁴ Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh iarbhir arna thuilleamh ar bhannaí institiúide idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsaítear.

ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú, nó a asbhaint as, de réir mar is iomchuí.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais "An glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 7).

I gcás ina dtabhóidh an BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

(vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 1992 agus in alt 5B d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc Ceannais "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reachtaíocht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc Ceannais méid a bhí coibhéiseach le €424.8m go dtí an BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis an BCE leis an méid sin. Aistríodh €683.2m san iomlán ón 1 Eanáir 1999 i leith. An t-éileamh arna eascairt as seo ar an BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 19).

(viii) Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den chlár comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sna cuntais athluachál ar bhonn gach urrúis ar leith.

Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi "Sócmhainní eile"

(Nóta 21) nó faoi “Dliteanais eile” (Nóta 31) i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear lena n-úsáid ag an CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den chlár comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Déantar conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a shainaithint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais, faoi “Ioncam úis” (Nóta 2) nó “Úschostas” (Nóta 3).

(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc Ceannais na hurrúis sin faoi raon feidhme na gclár ceannaigh do Bhannaí Cumhdacha⁴⁵(CCBC1, CCBC2 agus CCBC3) agus fuarthas urrúis fiachais phoiblí faoi raon feidhme CMU⁴⁶, PSPP⁴⁷, agus PEPP⁴⁸. Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(i), Nóta 17(ii), Nóta 33(ii)). Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú. Tacaíonn an Treoirlíne leis an gcur chuige cuntasíochta seo.

(d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhráithe.

(e) Maoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreacht

Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

⁴⁵ Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22.

⁴⁶ Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8..

⁴⁷ Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

⁴⁸ Cinneadh ón BCE an 18 Márta 2020 lena mbunaítear clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (BCE/2020/17), IO L 91, 25.03.2020, lch. 1.

(i) Tomhas

Déantar Maoin, Gléasra, Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha agus ní dhéantar athluacháil orthu.

(ii) Dímheas

Déantar dímheas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Baineann an Banc Ceannais úsáid as meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais. Le linn déanamh amhlaidh, féadfaidh go n-imeoidh an saol úsáideach measta ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Áitreabh	- 20 - 50 bliain
Gléasra agus Innealra	- 5 - 15 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
Trealamh Eile	- 5 bliana
Troscán, Feistis agus Daingneáin	- 5 bliana

Sócmhainní Doláimhsithe

Bogearraí Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
--------------------------	----------------

(iii) Lagú

Déantar athbhreithniú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i leith lagú má thugann teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh a suim ghlanluacha inghnóthaithe.

(iv) Dí-aithint

Déantar MGT nó Sócmhainní Doláimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh siad diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as ndiúscairt amach anseo. D'eascródh gnóthachain nó caillteanais as an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chaillteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne amhail ar dháta an idirbhirt.

(v) Sócmhainní á dTógáil

Déantar sócmhainní dochta a chomhlíonann critéir chaipitlithe ach atá fós á dtógáil nó á bhforbairt, a thaifeadadh faoin gceannteideal 'Sócmhainní á dTógáil'. Déantar na costais ghaolmhara a aistriú chuig an gceannteideal iomchuí sócmhainní dochta a luaithe a bheidh na sócmhainní ar fáil lena n-úsáid.

Sócmhainní Oidhreacht

Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais nach n-aithnítear ina chuntais bhliantúla ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 22(i)(b)).

(f) Sochair Scoir

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc Ceannais, faigheann comhaltaí foirne buana de chuid an Bhainc Ceannais na sochair aoisliúntais chéanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc Ceannais na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlite. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003*. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc Ceannais an tráth sin (Willis), aistríodh €400m ó acmhainní an Bhainc Ceannais chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim Pinsin do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc Ceannais tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime sa todhchaí. Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a bhfuil an téarma céanna acu atá ag na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo

(Nóta 9) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 8). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dliteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta⁴⁹. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 32(ii)).

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boillsíu praghaís, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. I nóta 32, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dliteanais agus costais pinsin do 2020.

(g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisiúint an Banc Ceannais monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáлтаis agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Déantar an costas táirgthe monaí a ghearradh ar an gCúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáлтаis ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 26(ii)). In alt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, (arna chur isteach le halt 137 den Acht Airgeadais 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfáltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfáltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a aisíoc leis an mBanc Ceannais.

(h) Airgeadra Feidhme agus Tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhme agus tuairiscithe an Bhainc Ceannais. Idirbhearta cuntasáíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotráta ag dáta an chláir chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 34).

⁴⁹ Bíonn Banc Ceannais na hÉireann ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire for Airgeadais le linn dó monaí euro a tháirgeadh agus a eisiúint. Tugtar an seigniorage ar fad a fhaghtear ar ais don Státchiste. Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra.

(i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta agus áirítear iad i nglanioncam úis (Nóta 2, Nóta 3).

(j) Beartas Luachála

- (i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 34). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.
- (ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith, ach amháin más infheistíochtaí, go príomha, iad na hurrúis seo i gcistí cothromais a luacháiltear ar bhonn glan. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh, déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 12(i)(a), Nóta 13(ii), Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(a)).

I gcomhréir leis an Treoirlíne is infheidhme maidir le hionstraimí cothromais inmhargaidh, déantar athluacháil infheistíochtaí i gcistí cothromais ar bhonn glan seachas ar bhonn scair leithleach. Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála (Nóta 1(k)).

Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa chuntas athluachála.

- (iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe. Déantar athbhreithniú lagaithe ar bhonn bliantúil (Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(b)).
- (iv) Déantar ór a luacháil ar mheánphraghas scoir margaidh (Nóta 11, Nóta 34).
- (v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc Ceannais a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite arna n-áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraithe i leith na sócmhainní nó i leith an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraithe). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 12(i)(a), Nóta 13(ii), Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(a)).

(k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir a ríomh faoi threoir meánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc Ceannais (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús, nó ar bhonn glan i leith cistí cothromais. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas

Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

(l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc Ceannais sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe (Nóta 25, Nóta 27(i)). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc Ceannais. Coinníonn an Banc Ceannais formhór na rioscaí agus luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht. Déileálar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh mar ioncam úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe (Nóta 12(i)(b), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 16(i)) ach ní áirítear iad i sealúchais urrús an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais. Eascraíonn ioncam úis nó úschostas astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Déileálar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh mar ioncam úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

(m) Soláthairtí

(i) Lagú

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 33). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní indibhidiúla).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc Ceannais, ar dháta an chláir chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní

thabhfófar caillteanas lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis ('teagmhas caillteanas') agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanas (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanas seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

- (i) mainneachtain in íocaíocht príomhshuime nó in íocaíocht úis;
- (ii) deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí;
- (iii) tabhairt faoi shocrú um athstruchtúrú fiachais;
- (iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh;
- (v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha; agus
- (vi) dálaí díobhálacha eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar dhaláí tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc Ceannais cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú go hindibhidiúil ar urrúis atá suntasach go hindibhidiúil, agus gur tharla lagú go hindibhidiúil nó le chéile ar urrúis nach bhfuil suntasach go hindibhidiúil. Má chinneann an Banc Ceannais nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis arna measúnú go hindibhidiúil, cibé acu an urrúis shuntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheasúnú le chéile i ndáil le lagú.

Urrúis a mheastar go hindibhidiúil maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanas a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir bunráta úis éifeachtaigh de chuid an urrúis.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús arna measúnú le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheasúnú ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanas lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú

sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 4(iii), Nóta 33(ii)).

(ii) Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc Ceannais, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí airgeadais.

Rinneadh réimse na soláthairtí i leith rioscaí ginearálta a leathnú in 2019 chun go gcuimseofar na rioscaí airgeadais go léir ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Roimhe sin, bhí sé teoranta do rioscaí a bhain le ráta malairte, ráta úis, creidmheas agus praghas an óir amháin. Sa chomhthéacs seo, sainítear na rioscaí airgeadais go léir mar rioscaí margaidh, leachtachta agus creidmheasa.

Tá an soláthar bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc Ceannais ar a neamhchosaint ar an riosca seo, agus raon tosca á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithneofar scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 4(iii), Nóta 33(i)).

(iii) Soláthar um Athstruchtúrú

Is éard is athstruchtúrú ann clár arna bheartú agus arna rialú ag an mbainistíocht, ar clár é a athraíonn go bunúsach réimse an ghnó a dhéanann eintiteas nó an chaoi ina ndéantar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais ghinearálta do sholáthairtí.

Déanann an Banc Ceannais cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 4(iii), Nóta 33(iv)).

(iv) Soláthar i leith Riosca Contrapháirtí in Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta an Eurochórais

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir na Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain (Nóta 33(iii)).

(n) Meastacháin agus Breithniúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Cuntas:

- Lagú: (Nóta 1(j)(iii),(m)(i), Nóta 4(iii), Nóta 33(iii))
- Soláthairtí: (Nóta 33)
- Rátaí dímheasa: (Nóta 1(e)(ii), Nóta 22)
- Luacháil ar an Scéim Pinsin le Sochar Sainithe: (Nóta 32)
- Luacháil ar an bPunann Speisialta: (Nóta 1 (j), Nóta 17(ii)(a)(i))
- Ioncam Tobhaigh (Nóta 41(ii))

(o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*. Féadfaidh an Banc Ceannais suas go 20% ar a mhéad den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a chur chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 10, Nóta 31(i)).

(p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

Tomhas Tosaigh

Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar costas ar dtús, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i “Sócmhainní Eile” (Nóta 21(vii)).

Tomhas ina dhiaidh sin

Réadmhaoin infheistíochta a bhféadfar a luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar í a thomhas ar luach chóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana. Déantar laghduithe ar luach cóir a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

Ioncam Cíosa

Tugtar cuntas i leith ioncam cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in Ioncam Úis (Nóta 2(viii)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

Nóta 2: Ioncam Úis

	2020 €000	2019 €000
Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	259,443	275,182
Urrúis – MÓM (ii)	208,698	264,468
Urrúis – CGA (iii)	192,018	244,409
Taiscí Rialtais (iv)	136,275	103,455
Taiscí Institiúidí Creidmheasa (iv)	129,768	91,704
Comhaontuithe Athcheannaigh (v)	10,145	8,223
Eile (vi)	3,518	630
CST (vii)	1,891	8,183
Ioncam Cíosa (viii)	1,583	1,583
Ioncam Taisce (ix)	682	5,997
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (v)	161	639
Ioncam Chiste Ranníocach SRT (x)	136	107
Iomlán	944,318	1,004,580

- (i) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus déantar é a mhiondealú mar seo a leanas (Nóta 1(c)(ix), Nóta 17(i)):

Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

	2020 €000	2019 €000
PSPP	220,017	208,344
CMU	30,985	53,547
CBPP3	11,870	13,291
PEPP	(3,429)	-
Iomlán	259,443	275,182

I mí an Mhárta 2020, sheol an tEurochóras PEPP. Folaíonn ceannacháin faoin PEPP na sócmhainní go léir ata incháilithe faoin APP agus roinnt sócmhainní breise, lena n-áirítear sócmhainní na hearnála poiblí a mbeidh aibíocht 70 lá ar a laghad fágtha orthu (seachas aon bhliain amháin faoin PSPP).

Léiríonn t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2020 leibhéil ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár agus na torthaí coibhneasta ar na sócmhainní (Nóta 17(i)).

Ar na hurrúis i leith ioncam beartas airgeadaíochta, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh.

- (ii) Baineann an mhír seo le hioncam úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais.

B'ionann agus €192.5m an t-ioncam arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú sa Phunann Speisialta (2019: €246.4m). Cuimsíonn an phunann urrús seo nótaí ráta chomhlúthaigh agus fuarthas í tar éis leachtú Chorporaíd na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) i mí Feabhra 2013. Freagraíonn an laghdú ar ús arna thuilleamh ar an bPunann Speisialta do mheán-iarmhéideanna níos ísle de thoradh díolachán le linn na tréimhse (Nóta 17(ii)(a)).

Tháinig laghdú ar ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis (seachas an phunann speisialta) i bpunanna MÓM go dtí €16.2m in 2020 (2019: €18.1m). Tá an laghdú seo inchurtha do thorthaí laghdaithe ar infheistíochtaí an Bhainc Ceannais in airgeadra eachtrach, lena n-áirítear punann Dhollar Shingeapór (SGD), punann Dhollar SA (USD), punann Dhollar na hAstráile (AUD) agus punann Renminbi na Síne (CNY), mar aon le torthaí diúltacha méadaithe ar infheistíochtaí euro.

- (iii) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí atá aicmithe mar bhannaí a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Tá laghdú tagtha ar an ús arna thuilleamh ar na hurrúis sin go dtí €192.0m in 2020 (2019: €244.4M)

mar gheall ar shealúcháis níos ísle i bpunann CGA de réir mar a thagann bannaí in aibíocht (Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(b)).

- (iv) I mí an Mheithimh 2014, thug an BCE ráta diúltach isteach ar an tsaoráid taisce a bhaineann le taiscí áirithe arna sealbhú leis an mBanc Ceannais. I Meán Fómhair 2019, tháinig laghdú ar an ráta úis diúltach ar an tsaoráid taisce faoi 10 mbonnphointe ó -0.4% go dtí -0.5%. Thuill an Banc Ceannais ioncam úis ar thaiscí rialtais agus ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa a bhí comhionann le €136.3m (2019: €103.5m) agus €129.8m (2019: €91.7m) faoi seach. Leanann an Banc Ceannais d'ús a ghearradh ar na taiscí sin suas le tairseach chomhaontaithe de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe⁵⁰ (Nóta 24, Nóta 26).

Taiscí Institiúidí Creidmheasa

	2020 €000	2019 €000
Cuntais reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta)	95,488	53,487
Saoráid Taisce	34,280	38,217
Iomlán	129,768	91,704

- (v) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ag an mBanc Ceannais mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann na t-ioncam arna ghineadh don difríocht idir praghsanna díola agus athcheannaigh / praghsanna ceannaigh agus díola ina dhiaidh sin (Nóta 1(i), Nóta 12(ii)(b), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 16(i), Nóta 25, Nóta 27(i)).
- (vi) Folaítear an méid seo a leanas in Eile: a) ioncam úis a bhaineann le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí €2.0m in 2020 (2019: caiteachas €2.3m) (Nóta 3 (iv), Nóta 38(ii) b) €0.5m maidir le hioncam infheistíochta ar chonarthaí i malairt eachtrach (2019: €0.5m) c) €0.6m in ioncam maoiniúcháin USD (2019: Nialas).
- (vii) Baineann sé seo le hús ar Chuóta na hÉireann sa CAI agus ar shealúcháis CST na hÉireann (Nóta 12(ii)). Freagraíonn an méadú ar ús arna thuilleamh ar an sealúchas seo don laghdú comhiomlán ar thorthaí foluiteacha ar chomhpháirteanna chiseán CST le linn 2020.

⁵⁰ Is é 0.00% an rata úis imeallaigh atá á úsáid faoi láthair ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

- (viii) Baineann ioncam cíosa le fálaí ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer a ligtear le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 21 (vii)).
- (ix) Baineann ioncam taisce go príomha le hioncam arna thuilleamh ar thaiscí airgeadra eachtraigh. Tá an laghdú ar ioncam go dtí €0.7m (2019: €6.0m inchurtha go príomha do laghdú ar thaiscí CNY in 2020).
- (x) Baineann sé seo le hioncam ar Chiste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (SRT) (Nóta 31(ii)).

Nóta 3: Úschostas

	2020 €000	2019 €000
Oibríochtaí Margaidh Oscailte (i)	31,474	8,206
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	15,626	12,884
Caiteachais Babhtála (iii)	8,159	14,834
Eile (iv)	865	2,856
Taiscí (v)	762	651
Comhaontuithe Athcheannaigh (ii)	1	80
Iomlán	56,887	39,511

- (i) Cuimsíonn an mhír seo an glanchaiteachas ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc Ceannais. In 2016, tugadh isteach an dara sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha (OASFanna), ar a dtugtar TLTRO-II⁵¹ agus in 2019 thug an Chomhairle Rialaithe an tríú sraith d'OASFanna isteach, ar a dtugtar OASF-III. Is ceann d'uirlisí neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta an BCE iad na hoibríochtaí seo. Bhí an méid airgid a d'fhéadfadh na bainc a fháil ar iasacht agus costas na hiasachtaíochta sin ag brath ar mhéid na n-iasachtaí a chuirfidís ar fáil don fhíorgheilleagar. Bhí an ráta úis ab infheidhme i leith oibríochtaí OASF-II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socraíodh an ráta iarbhair i mí an Mheithimh 2018 nuair a cuireadh ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (0%) chun feidhme maidir le hiasachtú contrapháirtithe áirithe, agus nuair a cuireadh ráta na saoráide taisce (-0.4%) chun feidhme maidir le hiasachtú contrapháirtithe eile de chuid an Eurochórais. D'fhéadfadh an ráta úis ab infheidhme i leith gach oibríocht OASF-III a bheith chomh híseal leis an meánráta úis ar an tsaoráid taisce thar shaolré na hoibríochta. Mar fhreagra ar thurraing COVID-19, chinn an Chomhairle Rialaithe in 2020 go bhféadfadh, don tréimhse ón 24 Meitheamh 2020 go dtí an 23 Meitheamh 2022 - dá dtagraítear tréimhse an ráta úis speisialta - an

⁵¹ Seoladh an chéad sraith den OASF in 2014

ráta úis ab infheidhme bheith chomh híseal le 50 bonnphointe faoi bhun an mheánráta úis ar an tsaoráid taisce thar an tréimhse chéanna, ach nach bhféadfadh sé bheith níos ísle ná -1.0%.

Go dtí go mbeidh an ráta ar OASF-III ar eolas, tá ús á ghearradh de réir ráta na saoráide taisce lúide 50 bonnphointe (-1%) do thréimhse an ráta úis speisialta agus de réir ráta na saoráide taisce (-0.5%) don chuid eile de shaolré na hoibríochta toisc go meastar gur stuama déanamh amhlaidh.

Tharla an méadú ar an gcaiteachas go dtí €31.5m (2019: €8.2m) mar gheall ar mhéadú ar iasachtaí OASF in 2020 de bharr dálaí fabhracha iasachtaíochta (Nóta 15).

- (ii) Léiríonn na míreanna seo ús arna thabhtú ar idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Léiríonn caiteachais arna nginiúint an difríocht idir praghsanna díola agus athcheannaigh / praghsanna ceannaigh agus díola ina dhiaidh sin (Nóta 1(i), Nóta 12(i)(b), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 16(i), Nóta 25, Nóta 27(i)).
- (iii) Tá an caiteachas níos ísle inchurtha do laghdú ginearálta ar rátaí úis chiseán foluiteach airgeadra a dhéanann suas an CST agus do laghdú 25% ar mhéid chonarthaí airgeadra eachtraigh CST in 2020 (Nóta 38(i)).
- (iv) Maidir leis an laghdú ar Úschostas Eile, baineann sé go príomha le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí. Thuill na conarthaí todhchaíochtaí seo ioncam €2.0m in 2020 (2019: caiteachas €2.3m) (Nóta 2(vi), Nóta 38(ii)).
- (v) Baineann sé seo le caiteachas úis is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taiscí (Nóta 16).

Nóta 4: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

(I) Glanghnóthachain arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais

	2020 €000	2019 €000
Caillteanais Praghaís Réadaithe ar Urrúis	652,149	1,740,136
- <i>Punann Speisialta (i)</i>	649,750	1,736,600
- <i>Punanna MÓM (ii)</i>	2,399	3,211
- <i>Punann Beartais Airgeadaíochta (iii)</i>	-	325
Gnóthachain Réadaithe ar Rátaí Malairte (iv)	57	3,407
Iomlán	652,206	1,743,543

- (i) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin na Nótaí Ráta Comhlúthaigh (NRCanna) (Nóta 17(ii)(a)(i)). Tháinig laghdú €1,086.9m ar ghnóthachain ar dhíolacháin na punainne speisialta in 2020 go dtí €649.8m (2019: €1,736.6m) de bharr díolacháin laghdaithe in 2020 (€1.0bn ainmniúil) i gcomparáid le 2019 (€3.0bn ainmniúil).
- (ii) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar urrúis i bpunanna MÓM seachas ar urrúis sa phunann speisialta (Nóta 12(i)(a), Nóta 13(ii), Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(a)).
- (iii) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin sócmhainní ón bpunann beartais airgeadaíochta. Cuirtear díolacháin i gcrích i ndáil leis an bpunann beartais airgeadaíochta, nuair is gá sin, chun comhlíonadh leanúnach laistigh den chreat teoranta a áirithiú (Nóta 17(i)).
- (iv) Léiríonn sé seo gnóthacháin réadaithe ráta malairte ar dhíolacháin sócmhainní i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais (Nóta 17(ii)(a)).

(ii) Díluachálacha Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais

	2020 €000	2019 €000
Gluaiseacht in:		
Caillteanais Neamhréadaithe ar Rátaí Malairte (i)	(130,382)	(1,249)
Caillteanais Praghaís Neamhréadaithe ar Urrúis (ii)	(739)	(688)
Iomlán	(131,121)	(1,937)

- (i) Tá na caillteanais neamhréadaithe ar ráta malairte inchurtha go príomha d'éagsúlú a chuid sócmhainní infheistíochta ag an mBanc Ceannais go punanna neamhfhálaite malairte eachtraí agus baineann siad go príomha le caillteanais ar phunanna Dhollar SA (USD), Dhollar Shingepór (SGD) agus Renminbi na Síne (CNY) (Nóta 12 (i)(a)) mar aon le caillteanais neamhréadaithe ar chearta speisialta tarraingthe (CST) (Nóta 12(ii)(b)).
- (ii) Níl mórán athraithe ar na caillteanais neamhréadaithe praghais ar urrúis arb ionann iad agus €0.7m (2019: €0.7m). Baineann na caillteanais seo le luach margaidh laghdaithe na n-urrús ag deireadh na bliana.

(iii) Aistriú chuig Soláthairtí

	2020 €000	2019 €000
Scaoileadh Soláthair i leith Urrús	-	50,000
Soláthar um Athstruchtúrú (Nóta 33(iv))	1,553	(4,186)
Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais (Nóta 33(i))	(400,000)	(150,000)
Iomlán	(398,447)	(104,186)

Nóta 5: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

	2020 €000	2019 €000
Iasachtú Urrús	1,475	1,466
Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2	1,145	697
Táillí agus Muirir Seirbhíse	642	627
Iomlán	3,262	2,790

Nóta 6: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

	2020 €000	2019 €000
Scair de bhrabúis BCE (i)	37,122	30,492
Díbhinn BSI (ii)	-	2,573
Iomlán	37,122	33,065

- (i) Léiríonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de bhrabús an BCE (Nóta 1(c)(v)).

Mar thoradh ar an gcoigeartú ar scaireanna scála caipitil BCNanna i ndiaidh imeacht na Ríochta Aontaithe as AE agus chinntí na Comhairle Rialaithe ar chaipiteal BCE, méadaíodh caipiteal láníochta BCE ag BCNanna an limistéir euro faoi €48.0m go dtí €7.584.0m (2019: €7,536.0m). Le méid chaipiteal láníochta BCE ag BCNanna an limistéir euro, sainítear uasteorainn reachtúil sholáthar BCE i leith rioscaí ginearálta. Dá bhrí sin, tá an soláthar i leith rioscaí ginearálta níos ísle faoi láthair ná a uasteorainn. Dá thairbhe sin, aistríodh €480m chuig soláthar BCE i leith rioscaí ginearálta an 31 Nollaig 2020.

Íocadh €1,260.0m (2019 €1,430.9m) le BCNanna an Eurochórais an 29 Eanáir 2021 i gcomhréir lenascála caipitil Eurochórais mar dháileadh eatramhach ar bhrabúis BCE don bhliain. B'ionann scair an Bhainc Ceannais sa soláthar seo agus €21.3m (2019: €24.2m) (Nóta 20(ii)). Maidir le dáileadh deireanach an bhrabúis do 2019 arna íoc i mí Feabhra 2020 agus arbh ionann é agus €15.8m, cuirtear in iúl é sna figiúirí do 2020 freisin (b'ionann agus €6.3m an figiúr comhréireach do 2018, a íocadh in 2019). An 19 Feabhra 2021, íocadh dáileadh deiridh bhrabúis BCE don bhliain 2020 agus tabharfar cuntas ina leith i gcuntais 2021 an Bhainc Ceannais (Nóta 40)

- (ii) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta. Ní bhfuarthas aon díbhinní ar scaireanna BIS in 2020. (Nóta 21(vii), Nóta 36(i)).

Nóta 7: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

	2020 €000	2019 €000
Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (i)	(82,216)	31,440
Scaoileadh/(Cruthú) soláthair do Scair d'Urrúis Lagaithe Eurochórais (ii) (Nóta 33(iii))	425	1,182
Úsáid soláthair do Scair d'Urrúis Lagaithe Eurochórais (ii) (Nóta 33(iii))	1,049	-
Iomlán	(80,742)	32,622

- (i) Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais, arbh ionann é agus €152.3m (2019: €159.1m), agus an méid a athdháileadh ar an mBanc Ceannais arbh ionann é agus €73.2m (2019: €190.8m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, i dteannta úis mar atá léirithe sa tábla thíos.

San fhiúir d'athdháileadh ioncaim airgeadaíochta, áirítear coigeartú ar na glantorthaí do na blianta roimhe sin arbh ionann é agus €3.1m (2019: €0.3m) (Nóta 1(c)(vi)).

	2020 €000	2019 €000
Ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe	(152,312)	(159,098)
Ioncam airgeadaíochta athdháilte	73,171	190,801
Glan(ranníocóir)/Glacadóir Ioncaim Airgeadaíochta	(79,141)	31,703
Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo	(3,075)	(263)
Iomlán (Nóta 30)	(82,216)	31,440

- (ii) Cuimsíonn na míreanna seo scair an Bhainc Ceannais de ghiantoradh an tsoláthair i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, ar soláthar é a bunaíodh i ndáil le hurrúis arna sealbhú ag BCN de chuid an Eurochórais ina phunann CSPP. Na sócmhainní ar cuireadh soláthar ar fáil ina leith ag an tosach, diúscaíodh iad in 2020 agus réadaíodh caillteanas a clúdaíodh leis an soláthar reatha. Bhain an Banc Ceannais úsáid as €1.1m den soláthar seo chun an caillteanas a réadaíodh ar an diúscairt a chlúdach agus scaoileadh méid €0.4m a bhí fágtha ag deireadh na bliana 2020. Níor bunaíodh aon soláthairtí gaolmhara nua in 2020 (Nóta 33(iii)).

Nóta 8: Glanioncam Eile

	2020 €000	2019 €000
Glantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais (i)	170,062	154,576
Pionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais (ii)	24,685	30,262
Toradh Ionchais ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 32 (i))	8,600	13,600
Eile (iii)	7,373	5,406
Ioncam Eile na Rialála Airgeadais (Nóta 41)	4,340	5,475
Ús ar Dhliteanas na Scéime Pinsin (Nóta 32 (i))	(15,300)	(20,900)
Iomlán	199,760	188,419

- (i) I Nóta 41, léirítear comhdhéanamh Ghlantobhach Maoiniúcháin an Tionscail i leith Rialáil Airgeadais.
- (ii) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna is iníoctha leis an mBanc Ceannais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais tar éis comhaontuithe socraíochta a chur i gcrích leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála. Déantar méid iomlán na bpionós sin arbh ionann é

agus €24.7m in 2020 (2019: (€30.3m) a áireamh san Ioncam Barrachais is Iníoctha leis an Státchiste (Nóta 10).

- (iii) Ioncam an Phríomh-Chláir Creidmheasa (CCR) arb ionann é agus €5.8m (2019: 3.2m) agus a áirítear in Eile, léiríonn sé táillí arna ngearradh ar Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna) i leith tuarascálacha creidmheasa a eisíodh. Gearradh muirir ar iasachtóirí i leith fiosruithe ar an CCR ón 1 Iúil 2019 i leith (Nóta 21 (ix)).

Nóta 9: Caiteachais Iomlána

	Iomlán na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála*		An Mionta**		Iomlán	
	2020	2019	2020	2019	2020	2019
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Tuarastail/Liúntais (i)	157,292	145,656	859	776	158,151	146,432
ÁSPC	15,330	14,265	88	77	15,418	14,342
Pinsin (Nóta 32(ii))	59,500	37,701	-	199	59,500	37,900
Caiteachais Foirne	232,122	197,622	947	1,052	233,069	198,674
Cumarsáid agus TF	36,851	35,704	120	28	36,971	35,732
Táillí Gairmiúla (ii)	9,396	11,088	4	5	9,400	11,093
Saoráidí & Cothabháil	8,042	7,234	32	37	8,074	7,271
Íocaíochtaí agus Táillí						
Bainistíochta Sócmhainní	6,406	6,614	4	9	6,410	6,623
Ilghnéitheach (iii)	5,766	3,604	(2)	12	5,764	3,616
Rent and Utilities	4,810	4,694	-	-	4,810	4,694
Earcaíocht & Costais Foirne (iv)	3,811	5,635	-	-	3,811	5,635
Taighde Seachtrach agus Síntiúis						
Chorparáideacha	2,828	2,707	1	3	2,829	2,710
Oiliúint, Oideachas &						
Comhdhálacha	2,742	3,138	10	-	2,752	3,138
Foilsitheoireacht & Caidreamh				-		
Poiblí	580	862	-		580	862
Taisteal Gnó (v)	504	2,512	2	5	506	2,517
Caiteachas Riaracháin Oifige	236	359	7	-	243	359
Caiteachais Oibríochtúla Eile	81,972	84,151	178	99	82,150	84,250
Dímheas	14,609	16,131	116	111	14,725	16,242
Amhábhair um Tháirgeadh						
Airgeadra (vi)	11,159	1,954	1,172	1,278	12,331	3,232
Caiteachais Iomlána	339,862	299,858	2,413	2,540	342,275	302,398

*I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 26 (ii)).

- (i) Ní dhearnadh íocaíochtaí in ionad fógra le linn na bliana (2019: íocaíocht amháin arbh ionann san iomlán í agus €919).

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí le comhaltaí foirne i ndáil le socraíochtaí (2019: 2 chomhalta foirne €34,500). B'ionann agus €87,680 na costais dhlíthiúla a bhain leis na socraíochtaí sin.

Déantar anailís bhreise mar a leanas ar Chaiteachais Foirne:

Caiteachais Foirne (lena n-áirítear an Mionta)

	2020 €000	2019 €000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	158,151	146,396
Sochair foirceannadh fostaíochta	-	36
Pinsin	59,500	37,900
ÁSPC Fostóra	15,418	14,342
Iomlán	233,069	198,674
Líon Foirne (FTE) ar an 31 Nollaig	2,115	2,061

FTE - Coibhéis Lánaimseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirigh

Déantar Tuarastail agus Liúntais Foirne a anailísiú mar a leanas:

Sochair Ghearrthéarmacha (lena n-áirítear an Mionta)

	2020 €000	2019 €000
Bunphá	156,626	143,828
Ragobair	638	813
Liúntais	887	1,755
Iomlán	158,151	146,396

Áirítear i mBunphá fabhrú €11.9m i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2019: €6.9m). Tá méadú suntasach tagtha air seo de bharr thimpeallacht na paidéime (Nóta 31(iv)).

Luach saothair le comhaltaí Feidhmiúcháin den Choimisiún in 2020

Ainm	2020	Tuarastal €	2019	Tuarastal €
Gabriel Makhoul				
Gobharnóir (a) (b)	1 Eanáir - 31 Nollaig	288,224	1 Meán Fómhair - 31 Nollaig	95,597
Caiteachas Athlonnaithe		-		8,932
Sharon Donnery				
Gobharnóir Gníomhach (a)	-	-	1 Meitheamh - 31 Lúnasa	70,466
An Leas-Ghobharnóir Baintéireacht Cheannais (a)	1 Eanáir - 31 Nollaig	250,630	1 Eanáir - 31 Nollaig	183,635
Ed Sibley				
An Leas-Ghobharnóir Rialáil Stiuamachta (a)	1 Eanáir - 31 Nollaig	250,630	1 Eanáir - 31 Nollaig	244,909
Philip R. Lane				
Gobharnóir (a)	-	-	1 Eanáir - 31 Bealtaine	139,433

Méadaíodh tuarastail i gcomhréir le comhaontuithe pá na Seirbhíse Poiblí ó 2013 i leith.

Táillí Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

Ainm	2020 €	2019 €
Alan Ahearne (Ar scor - 7 Márta 2020) (c) (d)	Nialas	Nialas
Derek Moran (c)	Nialas	Nialas
John Trethowan (c)	Nialas	Nialas
Des Geraghty (Ar scor - 30 MF 2019)	-	11,202
John FitzGerald (Ar scor - 30 MF 2020)	11,202	14,936
Patricia Byron	14,936	14,936
Niamh Moloney	14,936	14,936
Shay Cody (Ceaptha - 1 Noll 2020)	1,245	-
Sarah Keane (Ceaptha - 1 Noll 2020)	1,245	-
David Miles (Ceaptha - 1 Noll 2020)	1,245	-

Caiteachais Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

Ainm	Taisteal €	Cóiríocht agus Cothú €	Iomlán do 2020 €	Iomlán do 2019 €
Alan Ahearne	Nialas	Nialas	Nialas	€360
Derek Moran	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
John Trethowan	1,052	405	1,457	1,907
Des Geraghty	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
John FitzGerald	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Patricia Byron	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Niamh Moloney	Nialas	Nialas	Nialas	1,206
Shay Cody	Nialas	Nialas	Nialas	N/B
Sarah Keane	Nialas	Nialas	Nialas	N/B
David Miles	Nialas	Nialas	Nialas	N/B

- (a) Ní théann teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra, Gabriel Makhoul, an Leas-Ghobharnóra, Sharon Donnery, an Leas-Ghobharnóra, Ed Sibley, agus an iar-Ghobharnóra Philip R. Lane, thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 32).
- (b) Tá pinsean seirbhíse poiblí á fháil ag an nGobharnóir Gabriel Makhoul ón Ríocht Aontaithe freisin.
- (c) I gcomhréir leis an bprionsabal ‘Duine amháin, Tuarastal amháin’, níor íocadh aon táillí leis an triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún (2019: triúr).
- (d) Mar gheall ar an tiomantas ama a bhíonn ag teastáil chun feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh, tá ceannach amach ama i bhfeidhm chun fostóirí lánaimseartha earnála poiblí de chuid comhalta amháin (2019: comhalta amháin) a chúiteamh i leith costas arna dtabhú de thoradh a gcuid asláithreachta ar ghnó an Choimisiúin. Le linn 2020, tabhaíodh caiteachas €3,246 (2019: €17,443) i ndáil le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (lena n-áirítear caiteachas taistil €476 a tabhaíodh in 2020 (2019: €2,507)).

Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta⁵²

	2020 €000	2019 €000
Tuarastal	€10,859	€10,211
Iomlán	€10,859	€10,211

Oibríonn an Banc Ceannais scéim iasachta saoire, atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim, don fhoireann go léir. Rinneadh airleacain arbh ionann san iomlán iad agus €22,700 (2019: €27,250) le cúigear Príomhphearsanra Bainistíochta (2019: Comhalta Feidhmiúcháin amháin den Choimisiún agus ochtar Príomhphearsanra Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2020, rinneadh na hairleacain go léir faoin scéim seo a aisíoc ina n-iomláine (2019: go léir aisíochta).

Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe de bhreis ar €60,000⁵³

Bandaí Pá	2020 Líon Daoine	2019 Líon Daoine
60,000-70,000	440	386
70,000-80,000	169	196
80,000-90,000	176	149
90,000-100,000	251	203
100,000-110,000	100	93
110,000-120,000	13	20
120,000-130,000	58	61
130,000-140,000	32	31
140,000-150,000	23	21
150,000-160,000	20	10
160,000-170,000	-	2
170,000-180,000	2	9
180,000-190,000	9	5
190,000+	9	4
Iomlán	1,302	1,190

⁵² Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Ceannasáí Rannán agus níos airde agus áirítear comhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 9 mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Seachas na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.

⁵³ Ar na socair ghearrthéarmacha, áirítear Bunphá, Liúntais agus Íocaíochtaí le comhaltaí foirne i leith Ragoibre.

- (ii) Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúcháirí is infoctha le Mazars agus leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus arbh ionann iad agus:

Táillí Iniúcháirí ⁵⁴	2020 €000	2019 €000
Iniúchadh Cuntas Indibhidiúil	304	304
Mazars	155	155
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	149	149
Seirbhísí Dearbhaithe Eile	53	34
Mazars	53	34
Seirbhísí Neamhiniúcháireachta Eile	398	315
Mazars	398	315
Iomlán	755	653

Áirítear costais Comhairleachta €5.8m sna Táillí Gairmiúla agus déantar anailísíú orthu sa tábla seo a leanas (2019: €6.3m). Áirítear iarmhéid €0.6m (2019: €1.6m) in MGT agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22).

Comhairleacht

	2020 €000	2019 €000
TF	2,177	1,199
Comhairle Dlí	1,010	1,719
Áitribh	1,009	1,210
Eile	937	141
Airgeadas	875	1,113
Pinsin & AD	330	142
Feabhsú Gnó	106	2,390
Iomlán	6,444	7,914
Costais Chaipitlithe Chomhairleachta	571	1,648
Costais Chomhairleachta muirearaithe ar loncam agus Caiteachas	5,873	6,266
Iomlán	6,444	7,914

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais dhlíthiúla €1.7m a bhaineann le himeachtaí dlí (2019: €3.4m).

Táillí Dlí

	2020 €000	2019 €000
Táillí dlí - imeachtaí dlí	1,707	3,378
Iomlán	1,707	3,378

⁵⁴ Léirítear Táillí Iniúcháirí ar leith ó CBL chun go nochtfar an méid glan a bheidh faighte ag an soláthraí.

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dhlíthiúla go léir a tabhaíodh i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc Ceannais nó i gcoinne an Bhainc Ceannais. An costas sin thuas i ndáil le himeachtaí dlí, baineann sé le 14 chás dlí ar leith (2019: 14).

D'íoc cuideachta árachais an Bhainc Ceannais €0.2m (2019: Nialas) i ndáil le costais dhlíthiúla agus socraíochtaí dlíthiúla.

- (iii) Áirítear in Ilghnéitheach, caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais €0.1m (2019: €0.1m) a íocann an Banc Ceannais i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Bunaíodh an Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR) ar an mbonn go ndéanfaí na costais go léir a bhaineann leis a fháil ar ais trí tháillí a ghearrfaí ar CIPanna. Áirítear costais foirne agus costais eile san aicme ábhartha costais do na costais sin. Áirítear na míreanna ábhartha eile go léir (lena n-áirítear leithdháileadh costas indíreach) i gCaiteachais Ilghnéitheacha, sa chaoi go ndéanfar na costais go léir arna dtabhú i ndáil le bunú, cothabháil agus oibriú an CCR, ar costais iad nach bhfuil faighte ar ais go fóill trí ioncam táille, a léiriú i gcuntas sócmhainne an CCR (Nóta 8, Nóta 21(ix)). Leis an gcur chuige seo, cinnteofar nach neascróidh aon bhrabús nó aon chaillteanas as oibriú an CCR.

- (iv) In Earcaíocht & Costais Foirne Eile thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.05m don bhliain 2020, arna anailísiú mar a leanas:

Caiteachas Fáilteachais	2020 €000	2019 €000
Fáilteachas Foirne	46	218
Fáilteachas Cliant	-	-
Iomlán	46	218

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ní bhíonn an Banc Ceannais ag gabháil d'Fháilteachais Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe.

(v) Déantar an caiteachas ar Thaisteal a anailísiú mar a leanas:

Taisteal (lena n-áirítear an Mionta)

	2020 €000	2019 €000
Intíre		
An Coimisiún*	3	13
Baill Foirne	68	263
Idirnáisiúnta		
An Coimisiún*	11	105
Baill Foirne	424	2,136
Iomlán	506	2,517

*Folaíonn an Coimisiún comhaltaí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin araon.

(vi) Baineann an caiteachas Amhábhair Airgeadra le táirgeadh nótaí bainc €2.0m (2019: €2.0m) agus Monaí €1.2m (2019: €1.3m). Bhí méadú ar chostas nótaí bainc toisc gur eisíodh leithdháileadh 2019 agus 2020 le linn 2020.

Nóta 10: Ioncam barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Tá ioncam barrachais €665.7m iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020 (2019: €2,050.4m) (Nóta 1(o), Nóta 31(i)).

Tá an méid comhlán iníoctha leis an Státchiste toisc go bhfuil an Banc Ceannais díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil faoi alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Nóta 11: Ór agus Infhaighteachtaí Óir

	2020 €000	2020 Unsaí Míne d'Ór	2019 €000	2019 Unsaí Míne d'Ór
Ór agus Infhaighteachtaí Óir	299,039	193,693	262,114	193,571
Iomlán	299,039	193,693	262,114	193,571

Cuimsíonn ór agus infhaighteachtaí óir stoic monaí atá á sealbhú sa Bhanc Ceannais, mar aon le barraí óir atá á sealbhú i mBanc Shasana. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2020 inchurtha, don chuid is mó, don athrú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2019 go dtí deireadh na bliana 2020 (Nóta 1 j(iv), Nóta 34).

Nóta 12: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí Iasmuigh den Limistéar euro

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile (i)	3,996,215	3,079,574
Infhaighteachtaí ón CAI (ii)	1,751,450	1,819,308
Iomlán	5,747,665	4,898,882

(i) Iarmhéideanna le Bainc agus le hInfheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

	2020 €000	2019 €000
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a)	3,015,617	2,135,958
Iarmhéideanna le Bainc	964,707	906,230
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (b)	15,891	37,386
Iomlán	3,996,215	3,079,574

- (a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)(ii)).

Léiríonn an méadú seo i gcomparáid le 2019 an méadú ar infheistíocht i bpunanna urrús SGD, USD agus AUD mar chuid de phunanna airgeadra eachtraigh an Bhainc Ceannais le linn 2020.

- (b) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an tsócmhainn don chomaoín arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe lena n-athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhráithe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoín a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach (Nóta 1(i)). Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi “Ioncam Úis” (Nóta 2(v)) agus faoi “Úschostas” (Nóta 3(ii)) agus fabhraítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

An laghdú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais le cónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro go dtí €15.9m in 2020 (2019: €37.4m) baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid Comhaontuithe Athcheannaigh

Droim Ar Ais, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit.

Próifíl Aibíochta

	2020 €000	2019 €000
0 - 3 mhí	1,518,415	1,504,471
3 mhí - 1 bhliain	794,043	788,113
1 bhliain - 5 bliana	1,683,757	786,990
Iomlán	3,996,215	3,079,574

(ii) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

	2020 €000	2019 €000
Cuóta	4,079,925	4,262,064
Lúide Sealúchais CAI arna gcothabháil ag an mBanc	(3,129,098)	(3,266,631)
Suíomh Cúlchiste sa CAI (a)	950,827	995,433
Sealúchais CST (b)	800,623	823,875
Iomlán	1,751,450	1,819,308

(a) Suíomh Cúlchiste sa CAI:

Seasann an tsócmhainn seo don difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig 2010, chuir Bord Gobharnóirí an CAI pacáiste d'athchóirithe i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme na méaduithe comhaontaithe ar chuótaí⁵⁵. Ag an tús, b'ionann sealúchais euro an CAI arna gcothabháil leis an mBanc Ceannais agus 75% den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena chuid iasachtaí le ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 77% (2019: 77%).

(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CST):

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhoill leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig

⁵⁵ Mar thoradh air sin, méadaíodh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3m ó CST 1,257.6m go dtí CST 3,449.9m an 19 Feabhra 2016.

airgeadra (Dollar na Stát Aontaithe, Steirling, Yen na Seapáine, Renminbi na Síne agus an euro) (Nóta 28).

Nóta 13: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro

	2020 €000	2019 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i)	151,942	-
Infheistíochtaí Slándála (MÓM) - (ii)	77,038	76,064
Iarmhéideanna le Baint	421	950
Iomlán	229,401	77,014

Próifíl Aibíochta

	2020 €000	2019 €000
0 - 3 mhí	162,195	1,952
3 mhí - 1 bhliain	28,540	1,885
1 bhliain - 5 bliana	38,666	73,177
Iomlán	229,401	77,014

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Léiríonn an tsócmhainn an chomaoín arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe lena n-athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraíthe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoín a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach (Nóta 1(i)). Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi “Ioncam Úis” (Nóta 2(v)) agus faoi “Úschostas” (Nóta 3(ii)) agus fabhraítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

An laghdú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais le cónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro go dtí €151.9m in 2020 (2019: Nialas), baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid Comhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit.

- (ii) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí de chuid an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1 (j)(ii)). Baineann iarmhéid dheireadh na bliana 2020 le bannaí USD arna n-eisiúint ag cónaitheoirí an AE.

Nóta 14: Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro

	2020 €000	2019 €000
Infheistíochtaí Slándála - CGA (i)	1,926,346	2,101,427
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	185,623	1,846,517
Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i)	110,306	191,627
Iarmhéideanna le Bainc	41,302	20,325
Iomlán	2,263,577	4,159,896

Próifíl Aibíochta

	2020 €000	2019 €000
0 - 3 mhí	310,688	1,911,134
3 mhí - 1 bhliain	110,327	194,688
1 bhliain - 5 bliana	1,278,582	1,169,729
5 bliana - 10 mbliana	563,980	884,345
Iomlán	2,263,577	4,159,896

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)(ii)), Nóta 1(j)(iii)).

(ii) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Léiríonn an tsócmhainn an chomaoín arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe lena n-athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraíthe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoín a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach (Nóta 1(l)). Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi “Ioncam Úis” (Nóta 2(v)) agus faoi “Úschostas” (Nóta 3(ii)) agus fabhraítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

An laghdú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais le cónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro go dtí €185.6m in 2020 (2019: €1,846.5m), baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid Comhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit.

Nóta 15: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2020 €000	2019 €000
Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha <i>mar atá OASFanna</i>	7,288,900	2,032,720
Iomlán	7,288,900	2,032,720

Próifílí aibíocht OASFanna

	2020 €000	2019 €000
0 - 3 mhí	-	-
3 mhí - 1 bhliain	-	1,523,000
1 bhliain - 5 bliana	7,288,900	509,720
Iomlán	7,288,900	2,032,720

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais in oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais. Tá na hairleacain go léir urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras⁵⁶. Amhail ar an 31 Nollaig 2020, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €1,793.2bn (2019: €624.2bn), agus bhí €7.3bn den mhéid sin á shealbhú ag an mBanc Ceannais (2019: €2.0bn). De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanais ó iasachtú le hInstitiúidí creidmheasa sa limistéar euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. I gcás comhthaobhacht sonrach a bhféadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag Comhairle Rialaithe BCE (Nóta 37).

Ní fhéadfaidh caillteanais teacht chun cinn ach amháin má theipeann ar an gcontrapháirtí agus mura leor aisghabháil na gcistí a fhaightear ó réiteach na comhthaobhachta arna soláthar ag an gcontrapháirtí.

Thug an Chomhairle Rialaithe sraith nua oibríochtaí OASF-II isteach i mí an Mhárta 2016. Bhí tréimhse aibíochta ceithre bliana ag na hoibríochtaí sin, agus bhíothas in ann iad a aisíoc tar éis dhá bhliain. Bhí an ráta úis ab infheidhme i leith oibríochtaí OASF-II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socraíodh an ráta iarbhír i mí an Mheithimh 2018 nuair a

⁵⁶ Tá na comhthaobhachtaí formheasta liostaithe ar shuíomh gréasáin an BCE ar: <http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html>

cuireadh ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (0%) chun feidhme ar iasachtú contrapháirtithe áirithe, agus nuair a cuireadh ráta na saoráide taisce (-0.4%) chun feidhme ar iasachtú contrapháirtithe eile de chuid an Eurochórais. Bhí ceithre dheis ag contrapháirtithe Eurochórais le linn 2020 chun iasachtaí OASF-II a aisíoc go luath. Seoladh na hoibríochtaí aisíocaíochta luaithe seo i mí an Mhárta, mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag.

I mí an Mhárta 2019, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe an tríú sraith d'oibríochtaí OASFanna, OASF-III. Cuimsíonn an tríú clár OASF, sraith de sheacht n-oibríocht athmhaoinithe spriocdhírithe fhadtéarmacha a ngabhann téarma aibíochta trí bliana le gach ceann díobh agus ar cuireadh tús leo i Meán Fómhair 2019 faoi réir minicíocht ráithiúil⁵⁷. Cosúil le OASF II, tá an ráta úis nasctha le pátrún iasachtaithe na mbanc rannpháirteach agus socrófar é tar éis dheireadh na tréimhse iasachtaithe incháilithe ó dheireadh mhí an Mhárta 2019 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2021. Dá mhéid na hiasachtaí a eisíonn na bainc rannpháirteacha chuig corparáidí neamhairgeadais agus chuig teaghlaigh (seachas iasachtaí chuig teaghlaigh do cheannach tí), is ea is tarraingtí a bheidh an ráta úis ar a gcuid iasachtaí OASF III, agus d'fhéadfadh sé bheith chomh híseal le meánráta úis na saoráide taisce (-0.5%) a bheidh i réim thar shaolré na hoibríochta. Mar fhreagra ar thurraing COVID-19, chinn an Chomhairle Rialaithe in 2020 go bhféadfadh, don tréimhse ón 24 Meitheamh 2020 go dtí an 23 Meitheamh 2022 - dá dtagraítear tréimhse an ráta úis speisialta - an ráta úis ab infheidhme bheith chomh híseal le 50 bonnphointe faoi bhun an mheánráta úis ar an tsaoráid taisce (-1.0%).

Ó tharla nach mbeidh na rátaí iarbhir úis ar eolas go dtí go dtiocfaidh gach oibríocht in aibíocht agus nach bhféadfar meastachán iontaofa a dhéanamh go dtí an tráth sin, bainfear úsáid as ráta na saoráide taisce lúide 50 bonnphointe, a mbeidh uasteorainn -1.0% air, chun ús OASF-III a ríomh thar thréimhse an úis speisialta, agus bainfear úsáid as ráta na saoráide taisce chun ús OASF-III a ríomh thar a mbeidh fágtha de shaolré oibríochta.

Nóta 16: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro

	2020 €000	2019 €000
Aibíochtaí níos lú ná aon bhliain amháin:		
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i)	3,833,460	2,195,997
Iarmhéideanna le Bainc	155,468	152,409
Iomlán	3,988,928	2,348,406

⁵⁷ I mí na Nollag 2020, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí trí oibríocht bhreise OASF-III, lena ngabhann aibíocht trí bliana, a choinroinnt i mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2021.

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Léiríonn an tsócmhainn an chomaoín arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe lena n-athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraíthe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoín a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach (Nóta 1(i)). Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi “Ioncam Úis” (Nóta 2(v)) agus faoi “Úschostas” (Nóta 3(ii)) agus fabhraítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

An méadú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais le cónaitheoirí sa limistéar euro go dtí €3,833.5m in 2020 (2019: €2,196.0m), baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid Comhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit.

Nóta 17: Urrúis in Euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro

	2020 €000	2019 €000
Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	49,533,972	37,590,497
Urrúis Eile (ii)	23,242,483	26,952,081
Iomlán	72,776,455	64,542,578

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann:

- (i) “Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta”, a tugadh isteach chun go léireofaí punann CBPP3 arna hainmniú in euro agus ar cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair 2014, CMU ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010, PSPP ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2015, agus PEPP a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 mar fhreagra ar pháindéim COVID-19.
- (ii) Folaíonn “Urrúis Eile” urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais.

(i) Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Amhail ar an 31 Nollaig, cuimsíodh sa mhír seo urrúis a fuair an Banc Ceannais faoi raon feidhme CBPP3⁵⁸, SMP⁵⁹, PSPP⁶⁰ agus PEPP⁶¹.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

Is iad seo a leanas costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena margadhluachanna (nach dtaifeadtar sa Chlár Comhardaithe nó sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ach a chuirtear in iúl chun críocha comparáideacha amháin):

	2020 €000 Costas Amúchta	2020 €000 Margadhluach	2019 €000 Costas Amúchta	2019 €000 Margadhluach
CBPP3	3,213,626	3,269,070	4,016,411	4,073,934
CMU	359,752	397,680	767,126	834,812
PSPP mar atá	36,024,340	39,303,188	32,806,960	34,833,418
<i>Earnáil Rialtais (Riosca Dílse)</i>	31,594,062	34,571,052	27,656,882	29,509,378
<i>Fornáisiúnta (Riosca Dílse)</i>	4,430,278	4,732,136	5,150,078	5,324,040
PEPP mar atá	9,936,254	10,134,974	-	-
<i>Earnáil Rialtais (Riosca Dílse)</i>	9,930,303	10,129,010	-	-
<i>Bannaí Cumhdaithe (Riosca Comhroinnte)</i>	5,951	5,964	-	-
Iomlán	49,533,972	53,104,912	37,590,497	39,742,164

⁵⁸ Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, Ich. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, Ich. 22

⁵⁹ Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margaí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

⁶⁰ Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, Ich. 20.

⁶¹ Cinneadh ón BCE an 24 Márta 2020 lena mbunaítear clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (BCE/2020/17), IO L 91, 25.03.2020, Ich. 1.

Próifil Aibíochta

	2020 €000 Costas Amúchta	2019 €000 Costas Amúchta
0 - 3 mhí	921,719	669,424
3 mhí - 1 bhliain	1,136,884	3,502,255
1 bhliain - 5 bliana	17,296,096	13,165,711
5 bliana - 10 mbliana	18,156,893	10,192,737
10 mbliana - 15 bliana	5,468,430	5,537,327
>15 bliana	6,553,950	4,523,043
Iomlán	49,533,972	37,590,497

Cuireadh deireadh le ceannacháin faoi CMU an 6 Meán Fómhair 2012.

In 2020, lean an tEurochóras de na glancheannacháin sócmhainní faoin APP⁶² ina gcuimsítear CBPP3, ABSPP⁶³, PSPP⁶⁴ agus Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP)⁶⁵. I mí an Mhárta 2020, chinn an Chomhairle Rialaithe go gcuirfí clúdach sealadach €120.0bn ar fáil de ghlancheannacháin bhreise sócmhainní go dtí deireadh 2020. Tá an Chomhairle Rialaithe ag súil go leanfaidh na glancheannacháin chomh fada agus is gá chun iarmhairt in-chomhfhoirmeach a cuid rátaí beartais a threisiú agus go dtiocfaidh siad chun críche sula n-ardóidh sí príomhrátaí úis an BCE. Tá sé i gceist aici freisin leanúint leis na hathinfheistíochtaí ar feadh tréimhse fhadaithe i ndiaidh an dáta a thosóidh rátaí úis BCE ag ardú, agus ar aon chaoi, chomh fada agus is gá chun dálaí fabhracha leachtachta agus beartas airgeadaíochta réidh a chothabháil.

Ina theannta sin, i mí an Mhárta 2020, sheol an tEurochóras PEPP⁶⁶ sealadach a ngabhann clúdach foriomlán €750.0bn leis, chun cur i gcoinne na rioscaí tromchúiseacha a bhí ann do shásra tarchuir beartais airgeadaíochta agus don ionchas don limistéar euro de thoradh phaindéim COVID-19. Folaíonn ceannacháin faoin gclár seo na haicmí sócmhainní go léir ata incháilithe faoin APP reatha agus roinnt sócmhainní breise, lena n-áirítear sócmhainní na hearnála poiblí a bhfuil aibíocht 70 lá ar a laghad

⁶² Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le EAPP ar shuíomh gréasáin an BCE <https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/omt/html/index.en.html>

⁶³ Cinneadh 2014/45 ón BCE an 19 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe.

⁶⁴ Faoin gclár seo, féadfaidh an BCE agus na BCNanna urrúis arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla de chuid an limistéir euro, ag gníomhaireachtaí aitheanta atá lonnaithe sa limistéar euro agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha atá lonnaithe sa limistéar euro, a cheannach.

⁶⁵ Faoin gclár seo, féadfaidh BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc, a cheannach..

⁶⁶ Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le PEPP ar shuíomh gréasáin an BCE (<https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/pepp/html/index.en.html>)

fágtha orthu (seachas aon bhliain amháin mar atá faoi PSPP). Ar dtús, foráladh do cheannacháin go dtí deireadh 2020.

Chinn an Chomhairle Rialaithe go méadófaí an clúdach do PEPP faoi €600.0bn i mí an Mheithimh 2020 go dtí €1,350.0bn san iomlán agus faoi €500.0bn breise i mí na Nollag go dtí €1,850.0bn agus cuireadh síneadh leis an tréimhse le haghaidh glancheannachán go dtí deireadh mhí an Mhárta 2022 ar a laghad. Ina theannta sin, tá sé i gceist ag an gComhairle Rialaithe na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis atá ag teacht in aibíocht agus a ceannaíodh faoi PEPP a athinfheistiú go dtí deireadh 2023 ar a laghad.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir lagaithe. Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis atá á sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chláir CMU, ABSPP, CBPP3 agus PSPP amhail ar an 31 Nollaig 2020 (2019: Nialas).

B'ionann sealúchais chomhiomlána an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2020 agus €3,694.6bn, as a raibh €49.5bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2019: €2,632.1bn as a raibh €37.6bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais) (féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix)):

Costas Amúchta	Bliain	CMU €m	CBPP1 €m	CBPP2 €m	CBPP3 €m	PSPP €m	ABSPP €m	CSPP €m	PEPP €m	Iomlán €m
An tEurochóras	2020	28,663	452	2,764	287,545	2,341,608	29,497	250,403	753,711	3,694,643
	2019	47,908	1,760	2,911	263,612	2,102,927	28,435	184,505	-	2,632,058
Banc	2020	360	-	-	3,214	36,024	-	-	9,936	49,534
	2019	767	-	-	4,016	32,807	-	-	-	37,590

(ii) Urrúis Eile

	2020 €000	2019 €000
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a)	14,879,389	16,665,455
Infheistíochtaí Slándála (CGA) - (b)	8,363,094	10,286,626
Iomlán	23,242,483	26,952,081

Próifíl Aibíochta

	2020 €000	2019 €000
0 - 3 mhí	1,005,641	944,006
3 mhí - 1 bhliain	2,414,395	2,538,802
1 bliana - 5 mbliana	5,747,119	6,956,250
5 bliana - 10 mbliana	1,079,986	2,250,639
10 mbliana - 15 bliana	-	-
>15 bliana	12,995,342	14,262,384
Iomlán	23,242,483	26,952,081

(a) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

	Margadhluach Deiridh 2020 €000	Margadhluach Deiridh 2019 €000
Punann Speisialta (i)	12,995,343	14,262,384
Billí Stáitchiste	1,005,398	800,087
Bannaí Eisithe ag an Rialtas	798,635	1,353,869
Bannaí Eisithe ag Institiúidí Airgeadais	80,013	249,115
Iomlán	14,879,389	16,665,455

(i) Punann Speisialta - Sócmhainní a fuarthas tar éis leachtú IBRC

Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna)

In 2013, fuair an Banc Ceannais ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0bn mar chuid de mhalartú sócmhainní tar éis leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Le linn 2020, dhíol an Banc Ceannais NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €1.0bn agus réadaíodh gnóthachain arbh ionann iad agus €0.6bn (2019: díoladh méid ainmniúil €3.0bn, réadaíodh €1.7bn) (Nóta 4(i)). Ar bhonn carnach, tá NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €17.5bn diúscartha ag an mBanc Ceannais. Tá sealúchais uile NRCanna 2038, 2041, 2043, 2045, 2047 agus 2049 diúscartha anois. Amhail ar an 31 Nollaig 2020, b'ionann agus €13.0bn luach ainmniúil na NRCanna a bhí fágtha (2019: luach ainmniúil €8.5bn) (2019: €14.3bn), as ar eascair gnóthachan neamhréadaithe €5.5bn (2019: €5.7bn) (Nóta 34(i)).

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach in NRCanna ann, déanann an Banc Ceannais luach cóir na NRCanna a thomhas trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála a shainaitnítear mar chinn atá caighdeánach laistigh den tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

- (a) Cuar Euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i

ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boillsiú.

- (b) Cuar toraidh gan chúpón arna thiomsú ón gcuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuair toraidh Eorpacha ábhartha a bhíonn á dtrádáil ar mhargaí gníomhacha.

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Déanann an Banc Ceannais measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Chun críocha léiriúcháin, bheadh laghdú de thuairim is €0.8bn ar an luacháil dá mbeadh méadú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail phraghsála (2019: €0.8bn). Bheadh méadú thart ar €0.8bn ar an luacháil dá mbeadh laghdú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail phraghsála (2019: €0.8bn).

€000	LUACHANNA DE RÉIR NA LEABHAR			GLUAISEACHTAÍ ATHLUACHÁLA				ACHOIMRE		
	2019 Iarmhéid Deiridh	Ceannacháin	Díolacháin / Fuascailtí	2020 Iarmhéid Deiridh	2019 Iarmhéid Deiridh	Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairt	Gluaiseacht ar Phunann Choinnithe	Iarmhéid Deiridh 2020	Margadhluach Deiridh 2019	Margadhluach Deiridh 2020
Nótaí Ráta Chomhlúthaigh	8,534,000	-	(1,000,000)	7,534,000	5,728,384	(651,930)	384,889	5,461,343	14,262,384	12,995,343
Iomlán	8,534,000	-	(1,000,000)	7,534,000	5,728,384	(651,930)	384,889	5,461,343	14,262,384	12,995,343

Sa Tábla thuas, léirítear an ghluaiseacht ar luachanna leabhar agus ar luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Tá sé ar intinn ag an mBanc Ceannais punann NRCanna a dhíol a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais freisin go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2020-2023 (€1.0bn in aghaidh na bliana), agus ó 2024 ar aghaidh (€2.0bn in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

(b) Infheistíocht Urrúis - CGA

Is ionann urrúis coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe mar aon le tréimhse shocraithe aibíochta agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc Ceannais iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)). Baineann laghdú €1.9bn ar phunann CGA go dtí €8.4bn (2019: €10.3bn) le cinneadh ón mBanc Ceannais chun méid CGA a laghdú.

Nóta 18: Leas rannpháirteachais sa BCE

	2020 €000	2019 €000
Leas rannpháirteachais sa BCE	216,609	213,449
Iomlán	216,609	213,449

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal an BCE.

De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana nó i gcás ina n-imeoidh BCN as an CEBC. Tharla an coigeartú is déanaí ar an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe (RA) imeacht as AE.

Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa an ECB go dtí 1.3772% in 2020 (2019: 1.1754%) tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht as an AE agus, dá bhrí sin, tháinig méadú €14.4m ar leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais sa BCE go dtí €213.4m mar thoradh ar ranníocaíocht chaipitiúil bhreise a aistríodh chuig BCE (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii)).

Nóta 19: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

	2020 €000	2019 €000
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	683,175	681,157
Iomlán	683,175	681,157

Seasann siad seo d'éilimh an Bhainc Ceannais arna n-eascairt as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig an BCE nuair a chuaigh an Banc Ceannais isteach san Eurochóras.

Mar thoradh ar na coigeartuithe ar ualú scála caipitil an BCE an 1 Feabhra 2020, rinneadh coigeartú ar éileamh an Bhainc Ceannais i ndáil le sócmhainní cúlchistí eachtracha arna n-aistriú chuig an BCE. D'fhonn a scála caipitil méadaithe a léiriú, tháinig méadú €2.0m ar éileamh an Bhainc Ceannais arna ainmniú in euro go dtí €683.2m ar an 1 Feabhra 2020, ar éileamh é atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála caipitil san Eurochóras (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vii)).

B'ionann scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras amhail ar an 31 Nollaig 2020 agus 1.6934% (2019: 1.6883%).

Déantar na héilimh a ainmiú in euro de réir luacha a shocraítear tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú.

Nóta 20: Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid (glan) TARGET2 (i)	46,135,118	35,365,028
Scair de bhrabúis BCE (ii)	21,340	24,160
Glantordh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (iii)	-	31,440
Iomlán	46,156,458	35,420,628

- (i) Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc Ceannais don BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC arbh ionann iad agus €46.1bn ag deireadh na bliana 2020 (2019: €35.4bn) (Nóta 1(c)(ii)). Freagraíonn méadú €10.7bn ar shócmhainn TARGET2 do ghlan-insreabhadh euro isteach sa Stát trí chuntas TARGET2 an Bhainc Ceannais le linn na tréimhse. Rinneadh na hinsreafaí a threorú trí chuntais chúlchiste na n-institiúidí creidmheasa don chuid is mó (Nóta 24).

Ag deireadh na bliana 2020, bhí cúig thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh sa phróiseas iltaobhach glanluachála iad. Déantar an luach saothair i leith suíomhanna TARGET2, cé is moite d'iarmhéideanna arna n-eascairt as idirbhearta babhtála droim ar ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

- (ii) Tar éis cinneadh ón gComhairle Rialaithe, b'ionann agus €1,260.0m an méid a bhí dlite do BCNanna an limistéir euro i ndáil le dáileadh eatramhach brabúis an BCE do 2020. B'ionann agus €21.3m scair an Bhainc Ceannais de dháileadh eatramhach brabúis an BCE do 2020 (2019: €24.2m) (Nóta 1(c)(v), Nóta 6(i)).
- (iii) Léiríonn sé seo an t-ioncam airgeadaíochta is infhaighte de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 7(i)). Is suim iníoctha in 2020 é (Nóta 30).

Nóta 21: Sócmhainní Eile

	2020 €000	2019 €000
Ioncam Úis Fabhraithe (i)	661,055	673,255
Maoín, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22)	448,668	432,986
- Inláimhsithe - Gléasra, Maoín, Trealamh (Nóta 22(i))	429,238	411,476
- Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 22 (ii))	19,430	21,510
Ciste Cothromais (ii)	305,107	285,745
Tobhach Maoiniúcháin (iii)	181,176	165,715
Eile (iv)	65,688	60,001
Ús Fabhraithe Ceannaithe (v)	49,328	15,822
Ghnóthachain Neamhréadaithe (vi)	44,665	14,651
Réadmhaoín Infheistíochta (vii)	51,400	55,170
Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (viii)	20,852	21,183
Costais In-aisghabhála an Phríomh-Chláir Creidmheasa (ix)	7,062	7,815
Réamhíocaíochtaí	4,517	4,207
Stoic Ábhar do Tháirgeadh Nótaí Bainc	-	2,914
Iomlán	1,839,518	1,739,464

- (i) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhraithe arna thuilleamh ar na hurrúis.
- (ii) Déanann an Banc Ceannais infheistíocht i gciste cothromais mar chuid dá straitéis infheistíochta. Rianaíonn an ciste cothromais Innéacs Domhanda MSCI. Bíonn an ciste á bhainistiú ag cuideachta bainistíochta sócmhainní thar ceann an Bhainc Ceannais, fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeádaí (Nóta 1(j)(ii), Nóta 1(k), Nóta 34, Nóta 37).
- (iii) Baineann an glantobhach maoiniúcháin arb ionann é agus €181.2m (2019: €165.7m) le hioncam €184.6m atá dlite don Bhanc Ceannais ó eintitis rialáilte tionscail (2019: €166.9m) agus a ghearrfar in 2021, mar aon le soláthar i leith thobhaigh €3.4m atá fós gan íoc (2019: €1.2m) (Nóta 41(ii)).
- (iv) Áirítear in Eile suim €30.3m (2019: €28.2m) a bhaineann le hioncam úis atá fabhraithe ar chuntais rialtais.
- (v) Tá méadú tagtha ar ús fabhraithe ceannaithe go dtí €49.3m (2019: €15.8m), rud atá á spreagadh go mór mór ag an infheistíocht mhéadaithe in urrúis beartais airgeadaíochta.
- (vi) Tá méadú tagtha ar Ghnóthchain Neamhréadaithe ar chonarthaí i malairt eachtrach go dtí €44.7m (2019: €14.7m).

(vii) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Ceannais Bloc R, Duga Spencer.

Baineann an Banc Ceannais úsáid pháirteach as an réadmhaoín seo, a bhfuil spás tráchtála agus miondíola inti, ina chuid oibríochtaí reatha. Tá an chuid eile di ar ligean nó ar fáil lena ligean ar an margadh oscailte agus, dá bhrí sin, aithnítear an chuid seo mar réadmhaoín infheistíochta. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoín infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

Le linn na bliana, leanadh den mhaoín infheistíochta a ligean le tríú páirtí. Tá téarma 16 bliana fágtha ar an léas seo agus tá clásáil scoir ann i gceann 10 mbliana. Foráiltear sa léas d'athbhreithniú cíosa cúigbhliantúil i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim.

Cinneadh luach cóir na réadmhaoíne infheistíochta ag luachálaí seachtrach, neamhspleách réadmhaoíne a raibh cáilíochtaí cuí, aitheanta, gairmiúla aige nó aici mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoíne a bhí á luacháil. Mar thoradh ar an tomhas luacha chóir, tháinig laghdú €3.8m ar an luach ó €55.2m in 2019 go dtí €51.4m in 2020. Déileálar le haon chaillteanas neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo i gcomhréir leis an Treoirlíne (Nóta 1(p), Nóta 2(viii), Nóta 34).

Cuireadh an réadmhaoín seo ar an margadh lena dhíol i mí na Samhna 2020. Ní raibh aon díol curtha i gcrích anuas go dtí dáta formheasta an Ráitis Cuntas.

Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo

	2020 €000	2019 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	1,583	1,583
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	6,332	6,332
Tar éis cúig bliana	14,815	16,398
Iomlán	22,730	24,313

(viii) Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair (2019: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €20.9m a gcoibhéis euro (2019: €21.2m) (Nóta 6(ii), Nóta 36(i)).

(ix) B'ionann an t-iarmhéid i gcuntas sócmhainne an CCR agus €7.1m (2019: €7.8m) a sheasann do chostais an CCR atá fós le forchúiteamh trí tháillí arna muirearú ar CIPanna (Nóta 8(iii)).

Nóta 22: Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

(i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

	Áitribh		Gléasra & Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Trosacán, Feistithe & Daingneáin		Sócmhainní á dTógáil (c)		Sócmhainní Dochta Inláimhsithe Iomlána	
	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000
Ar Costas – 1 Eanáir	163,844	163,708	79,927	79,221	15,267	14,673	6,939	7,498	16,119	15,408	231,368	4,311	513,464	284,819
Ceartú costais	-	(78)	-	(31)	-	(63)	-	-	-	-	-	-	-	(172)
Aistriú	85	1,039	148	737	201	657	200	18	726	754	(1,360)	(3,298)	-	(93)
Eadálacha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	30,232	230,355	30,232	230,355
Diúscairtí	(140)	(825)	-	-	(147)	-	-	(577)	-	(43)	(346)	-	(633)	(1,445)
Ar Costas – 31 Nollaig	163,789	163,844	80,075	79,927	15,321	15,267	7,139	6,939	16,845	16,119	259,894	231,368	543,063	513,464
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	24,676	20,760	51,161	47,850	8,476	5,367	6,748	7,243	10,927	8,996	-	-	101,988	90,216
Dímheas don Bhliain (a)	3,964	3,938	2,697	3,311	3,104	3,121	78	82	2,157	1,974	-	-	12,000	12,426
Aistriú	-	-	-	-	-	(12)	-	-	-	-	-	-	-	(12)
Diúscairtí	(16)	(22)	-	-	(147)	-	-	(577)	-	(43)	-	-	(163)	(642)
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig	28,624	24,676	53,858	51,161	11,433	8,476	6,826	6,748	13,084	10,927	-	-	113,825	101,988
Glanluach leabhar amhail ar an 31 Nollaig	135,165	139,168	26,217	28,766	3,888	6,791	313	191	3,761	5,192	259,894	231,368	429,238	411,476

(a) As muirear iomlán dímheasa €12.0m (2019: €12.4m), rinneadh €0.1m a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2019: €0.1m).

(b) Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais, a luacháiltear ar €2.0m bunaithe ar luacháil a rinneadh in 2016 (2019: €2.0m), agus nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

(c) Baineann Sócmhainní á dTógáil le caiteachas caipitil arna thabhtú ar shócmhainní nach raibh in úsáid fós faoi dheireadh na bliana. Baineann méid €253.6m le tógáil an áitribh ar Shráid an Mhéara atá mar chuid de straitéis an Bhainc Ceannais um Fhorbairt Campais.

(ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta		Sócmhainní á dTógáil (a)		Sócmhainní Dochta Doláimhsithe Iomlána	
	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000	2020 €000	2019 €000
Ar Costas – 1 Eanáir	46,633	42,174	14,039	12,838	60,672	55,012
Aistriú	2,110	4,459	(2,110)	(4,459)	-	-
Eadálacha	-	-	3,653	5,660	3,653	5,660
Disposals (b)	(9,507)	-	(3,009)	-	(12,516)	-
Ar Costas – 31 Nollaig	39,236	46,633	12,573	14,039	51,809	60,672
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	39,162	35,346	-	-	39,162	35,346
Dímheas don Bhliain	2,724	3,816	-	-	2,724	3,816
Diúscairtí	(9,507)	-	-	-	(9,507)	-
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig	32,379	39,162	-	-	32,379	39,162
Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig	6,857	7,471	12,573	14,039	19,430	21,510

- a) Baineann Sócmhainní á dTógáil le caiteachas caipitil arna thabhtú ar shócmhainní nach raibh in úsáid fós faoi dheireadh na bliana. Baineann clár Aontas (arb ionann é agus €9.9m d'iarmhéid €12.6m) le seachadadh réitigh straitéisigh le haghaidh bainistíocht máistirshonraí agus le feabhas a chur ar chumas féinseirbhíse anailísíochta trí sholáthar máistirshonraí mar aon le seachadadh tairsí seachtraí don tionscal. Folaíonn sé seo cumas nua feabhsaithe a sholáthar i dtaca le sonraí tuairisceán arna gcur isteach ag custaiméirí a ghabháil, a phróiseáil agus a anailísiú agus le tabhairt isteach na tairsí inmheánaí.

Seasann méid diúscairta €3.0m in 2020 don chaiteachas ar thrí thionscadal. Tar éis na tuarascálacha clabhsúir a fháil, measadh nach raibh an caiteachas incháilithe a thuilleadh le haghaidh caipitliú agus aistríodh chuig caiteachas oibríochtúil é (Nóta 9) i gcomhréir le beartas.

- b) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, rinneadh trealamh ríomhaireachta arna dhímheas ina iomláine agus ar ghabh costas stairiúil €9.5m leis, a dhíscríobh in 2020 (2019: Nialas).

Nóta 23: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

	2020 €000	2019 €000
Líon iomlán nótaí bainc euro eisithe i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais	41,948,870	38,951,318
Dliteanas arna eascairt as scair an BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	(1,943,336)	(1,746,097)
Dliteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil an BCE	(17,655,837)	(17,122,474)
Iomlán	22,349,697	20,082,747

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Déantar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nótaí bainc.

Tháinig méadú 7.7% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhair ag an mBanc Ceannais in 2020 (2019: 5.5%) ó €39.0bn go dtí €41.9bn. Tháinig méadú 10.9% ar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht san Eurochóras (2019: 5.0%) ón 1 January 2020 go dtí deireadh mhí na Nollag 2019. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €22.4bn i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana 2020, i gcomparáid le €20.1bn ag deireadh na bliana 2019. Ó tharla gur mó na nótaí bainc arna n-eisiúint iarbhair ag an mBanc Ceannais ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht arbh ionann é agus €19.6bn (2019: €18.9bn) in 'Dliteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 1(c)(iv), Nóta 29).

Nóta 24: Dliteanas d'Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2020 €000	2019 €000
Cuntais Reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) (i)	48,761,443	26,992,916
Saoráid Taisce (ii)	13,312,184	9,679,226
Iomlán	62,073,627	36,672,142

(i) Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíocht leachtachta. Íoctar ús ar na taiscí sin de réir ráta PA an BCE.

Ó mhí an Mheithimh 2014 i leith, déantar aon chúlchistí arna sealbhú de bhreis ar na ceanglais íosta a mhuirearú de réir 0% nó de réir ráta na saoráide taisce.

Thug an Chomhairle Rialaithe córas dhá leibhéal isteach, dar thús an 30 Deireadh Fómhair 2019, maidir le luach saothair cúlchistí, lena n-eisiatar cuid de shealúchais róleachtachta institiúidí creidmheasa ó luach

saothair diúltach de réir an ráta is infheidhme ar an tsaoráid taisce. Tugtar luach saothair i leith na coda seo de réir an ráta bhliantúil 0%. Rinneadh méid na sealúchas cúlchiste de bhreis ar na ceanglais cúlchiste íosta a bhí eisiata ón ráta saoráide taisce ag deireadh na bliana 2020 - an leibhéal eisiata - a chinneadh mar iolra de 6 ar íoscheanglais cúlchiste institiúide. Leantar de luach saothair a thabhairt i leith an leibhéil neamheisiata de shealúchais róleachtachta de réir 0% nó de réir ráta na saoráide taisce, cibé acu is ísle.

- (ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce (Nóta 2(iv)).

Nóta 25: Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro

	2020 €000	2019 €000
Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	3,101,460	955,997
Iomlán	3,101,460	955,997

Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an dliteanas don airgead tirim a fuarthas ó dhíol na n-urrús faoi chomhaontuithe lena n-athcheannach ar dháta sonraithe amach anseo. Aithnítear an t-airgead tirim a fuarthas mar dhliteanas toisc go bhfuil oibleagáid chomhréireach ann é a thabhairt ar ais, lena n-áirítear ús fabhraithe mar dhliteanas, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais (Nóta 1(i)). Déileáiltear leis an difríocht idir na praghsanna díola agus athcheannaigh mar ghlanioncam úis agus fabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe í ag baint úsáid as an nglanráta úis (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

An méadú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh le cónaitheoirí sa limistéar euro go dtí €3,101.5m in 2020 (2019: €956.0m), baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid Comhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit.

Nóta 26: Dliteanais do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

	2020 €000	2019 €000
Taiscí Rialtais Ghinearálta (i)	19,215,112	21,968,033
Dliteanais Eile	9,588	-
Cúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii)	4,423	2,768
Iomlán	19,229,123	21,970,801

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

(i) Folaíonn taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh agus atá á sealbhú ag an mBanc Ceannais.

(ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáлтаis a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a aisíoc leis an mBanc Ceannais. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(g)). Nochtar na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh monaí i Nóta 9. Déantar caiteachais a bhaineann le sochair scoir a nochtadh i Nóta 32. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

	2020 €000	2019 €000
Monaí (fuascailte)/eisthe i gcúrsaíocht	(8,141)	9,572
Foirne Monaí Samplacha	609	1,500
Monaí Éireannacha tarraingthe siar	(120)	(132)
Lúide Costais Oibríochtúla (Nóta 9)	(2,413)	(2,540)
Glanfháltais ó Eisiúintí Monaí	(10,065)	8,400
Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra (Nóta 32)	(131)	-
Aistriú ón/(chuig an) Státchiste	11,851	(10,009)
Iarmhéid Tosaigh	2,768	4,377
Iarmhéid Deiridh	4,423	2,768

Mar thoradh ar an Acht Airgeadais 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste nó na glanfháltais ó mhonaí a fháil go díreach ón Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €8.1m glaneisiúint monaí ón mBanc Ceannais in 2020 (2019: glaneisiúint

€9.6m). Dá bhrí sin, ghin sé seo aistriú €11.9m a íocadh leis an Státchiste an 24 Nollaig 2020 (2019: €10.0m a d'íoc an Banc Ceannais leis an Státchiste).

Nóta 27: Dlíteanas in euro do Chónaitheoirí Iasmuigh den

Limistéar euro

	2020 €000	2019 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh (i)	185,623	1,846,517
Gníomhaireachtaí AE	516	505
Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta	61	45,508
Iomlán	186,200	1,892,530

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna thuas.

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an dlíteanas don airgead tirim a fuarthas ó dhíol na n-urrús faoi chomhaontuithe chun iad a athcheannach ar dháta sonraithe amach anseo. Aithnítear an t-airgead tirim a fuarthas mar dhlíteanas toisc go bhfuil oibleagáid chomhréireach ann é a thabhairt ar ais, lena n-áirítear ús fabhraíthe mar dhlíteanas, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais (Nóta 1(i)). Déileálar leis an difríocht idir na praghsanna díola agus athcheannaigh mar úschostas agus fabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe í ag baint úsáid as an nglanráta úis (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

An laghdú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh le cónaitheoirí Iasmuigh den limistéar euro go dtí €185.6m in 2020 (2019: €1,846.5m), baineann sé le hathlonnú an chontrapháirtí, lena ndéanann an Banc Ceannais a chuid Comhaontuithe Athcheannaigh, ón Ríocht Aontaithe chuig an limistéar euro de thoradh Brexit.

Nóta 28: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna

Leithdháileadh ag an CAI

	2020 €000	2019 €000
Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag an CAI	913,917	956,791
Iomlán	913,917	956,791

Is ionann é seo agus dlíteanas an Bhainc Ceannais don CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna) ar Éirinn. Féadfar go

n-athrófar CSTanna an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh mhalartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI agus sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháileadh CST (Nóta 12(ii)).

Nóta 29: Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

	2020 €000	2019 €000
Dlíteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil an BCE	17,655,837	17,122,474
Dlíteanas arna eascairt as scair an BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	1,943,336	1,746,097
Iomlán	19,599,173	18,868,571

Cuimsíonn an mhír seo dlíteanas an Bhainc Ceannais i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc Ceannais agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii), (c)(iii) agus (c)(iv), Nóta 23). Déantar an luach saothair i leith an dlíteanais sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

Nóta 30: Dlíteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)

	2020 €000	2019 €000
Glantóradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta	82,216	-
Iomlán	82,216	-

Léiríonn sé seo an t-ioncam airgeadaíochta is iníoctha de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 7(i), Nóta 20(iii)). Ba shuim infhála é seo in 2019 (Nóta 20).

Nóta 31: Dliteanais Eile

	2020 €000	2019 €000
Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (i)	665,703	2,050,448
Ciste Ranníocach SRT (ii)	140,532	114,563
Dliteanais Eile	47,920	35,020
An Ciste Cúitimh Árachais (iii)	40,938	92,279
Fabhruithe Eile (iv)	33,979	23,432
Fabhruithe Úis (iv)	29,892	27,878
An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (vi)	5	14
Iomlán	958,969	2,343,634

- (i) Léiríonn sé méid an Ioncaim Barrachais is iníoctha leis an Stáitchiste (Nóta 1(o), Nóta 10).
- (ii) Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) (Rialacháin SRT), bhunaigh an Banc Ceannais Ciste Ranníocach an SRT in 516. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais arb ionann iad agus 0.8% de thaiscí cumhdaithe a bhaint amach faoi 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an gciste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca.

Faoi Rialachán 18(1) de Rialacháin SRT, bainisteoidh agus riarfaidh an t-údarás ainmnithe (an Banc Ceannais) Ciste Ranníocach an SRT agus faoi Rialachán 18(2), infheisteoidh an t-údarás ainmnithe an Ciste ar mhodh atá sách éagsúlaithe agus lena ngabhann riosca íseal.

Gluaiseacht ar Chiste Ranníocach SRT	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid Tosaigh	114,563	165,788
Ranníocaíochtaí	128,219	112,746
Íocaíochtaí	(13,458)	(68)
Ús - íoc amach	(136)	(109)
Díbhínní (a)	9,344	10,206
Clár Nóta Stáitchiste GBCN (b)	(98,000)	(174,000)
Iarmhéid Deiridh	140,532	114,563

- (a) Díbhinní arna n-eascairt as leachtú Chomhar Creidmheasa Dhroim Chonrach, IBRC agus Chomhar Creidmheasa an Rois, rinneadh iad a aistriú chuig Ciste Ranníocach an SRT in 2020 mar atá leagtha amach thíos:

Díbhinní	2020 €000	2019 €000
Comhar Creidmheasa Dhroim Conrach	9,000	-
IBRC	325	7,506
Comhar Creidmheasa na Rátha	19	-
Comhar Creidmheasa an Rois	-	2,700
Iomlán	9,344	10,206

- (b) Rinneadh an t-airgead seo a thaisceadh leis an GBCN.

- (iii) San Acht Árachais 1964, déantar socrú chun an Ciste Cúitimh Árachais a bhunú faoi chomhair dliteanas áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, chun deontas agus iasachtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag an Aire Airgeadais agus ranníocaíochtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag árachóirí agus chun na gcríocha sin agus críocha eile do leasú agus do leathnú na nAchtanna Árachais 1909 go 1961.

I gcomhréir le halt 2(2) d'Acht 1964, déantar an Ciste a chothabháil agus a riaradh faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó nó di tríd an gCuntasóir. San Acht Árachais (Leasú) 2018, rinneadh socrú maidir le riarachán an Chiste Cúitimh Árachais a aistriú chuig an mBanc Ceannais. Ghlac an Banc Ceannais freagracht as riarachán an Chiste Cúitimh Árachais an 25 Lúnasa 2018. Ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil ar leith don Chiste dá ngairtear Tuarascáil maidir le Riaradh agus Gluaiseacht an Chiste Cúitimh Árachais.

Seasann iarmhéid €40.9m (2019: €92.3m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste.

- (iv) I bhFabhrúithe Eile, áirítear fabhrú €11.9m (2019: €6.9m) i leith saoire bhliantúil nár glacadh (Nóta 9 (ii)).
- (v) Baineann an figiúr seo go príomha leis an úschostas fabhrúithe ar oibríochtaí OASF-II agus OASF-III (Nóta 15).
- (vi) Bunaíodh Ciste Réitigh Foras Creidmheasa in 2011 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Seasann iarmhéid €0.01m (2019: €0.01m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste.

Nóta 32: Sochair Scoir

Nochtann an Banc Ceannais an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar luacháil iomlán achtúireach ar an Scéim ar bhonn tríbhlíantúil. Chuir achtúirí an Bhainc Ceannais, Lane Clark Peacock (LCP), an luacháil iomlán achtúireach dheireanach i gcrích amhail ar an 31 Nollaig 2019 d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Thug LCP tuarascáil achtúireach chun críche amhail ar an 31 Nollaig 2020 d'fhonn ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 102 a chomhlíonadh.

(i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála/ar an gCúlchiste Airgeadra

	Brabús agus Caillteanas	Cúlchiste Airgeadra	Iomlán	Brabús agus Caillteanas	Cúlchiste Airgeadra	Iomlán
	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000	2019 €000	2019 €000
Toradh Ionchais ar Shócmhainní Ús ar Dhliteanais na Scéime	8,600	-	8,600	13,600	-	13,600
Pinsin	(15,300)	-	(15,300)	(20,900)	-	(20,900)
Costas Seirbhíse Reatha*	(59,500)	-	(59,500)	(37,701)	(199)	(37,900)
Costas Iomlán Pinsin na Scéime le Sochar Sainithe	(66,200)	-	(66,200)	(45,001)	(199)	(45,200)

*Rinneadh costais pinsin d'fhoireann an Mhionta a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra bunaithe ar ranníocaíocht an fhostóra a d'íoc an Banc Ceannais leis an gCiste Aoisliúntais in 2020 (Nóta 26). Bhí costais pinsin 2019 bunaithe ar chostas seirbhíse reatha 2019 a dtugtar cuntas ina leith i gcuntas Brabúis agus Caillteanais an Bhainc (Nóta 9) agus muirearaítear é ar an Aire Airgeadais tríd an gCiste Airgeadra.

B'ionann agus €59.5m na costais Seirbhíse Reatha arna muirearú ar an gCuntas Brabúis, Caillteanais agus Leithghabhála in 2020 (2019: €37.7m) agus tá sé bunaithe ar thiomhdí achtúireacha a shocraítear ag tús gach bliana. Bhí an méadú ar an muirear i gcomparáid le 2019 inchurtha go príomha don laghdú ar an ráta lascaire ó 2.00% amhail ar an 31 Nollaig 2018 go dtí 1.10% ar an 31 Nollaig 2019 agus don mhéadú leanúnach ar líon na foirne atá ag obair sa Bhanc Ceannais ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh agus ar comhaltaí de scéim CARE iad (Meántuilleamh Athluacháilte Gairme).

B'ionann an toradh ar an gciste in 2020 agus 3% (2019: 12%).

Amhail ar an 31 Nollaig 2020, ní raibh aon bharrachas gan aithint roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

(ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an dliteanas pinsin	(231,228)	(291,921)	622	35,345	(177,207)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar shócmhainní an phlean	15,094	68,211	(34,533)	25,232	4,267
Iomlán	(216,134)	(223,710)	(33,911)	60,577	(172,940)

(iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000
Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach (iv)	(1,697,988)	(1,393,987)	(1,043,408)	(993,442)	(971,598)
Luach cóir shócmhainní an phlean (v)	829,418	783,815	679,157	687,561	638,695
Dlitéanas Glanphinsin	(868,570)	(610,172)	(364,251)	(305,881)	(332,903)

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh “an aonaid réamh-mheasta”. Barrachas de dhliteanais na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

(iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

	2020 €000	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000
Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime	(1,393,987)	(1,043,408)	(993,442)	(971,598)	(750,095)
Costas Seirbhíse Reatha	(59,500)	(37,900)	(39,300)	(45,100)	(30,900)
Pinsin Íoctha	15,442	14,691	14,519	12,314	11,908
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(13,062)	(13,843)	(6,632)	(5,631)	(4,979)
Aistrithe Faighte	(353)	(706)	(275)	(272)	(25)
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	(15,300)	(20,900)	(18,900)	(18,500)	(20,300)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(231,228)	(291,921)	622	35,345	(177,207)
Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime	(1,697,988)	(1,393,987)	(1,043,408)	(993,442)	(971,598)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2020 €000	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000
Luach Cóir Tosaigh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)	783,815	679,157	687,561	638,695	608,714
Toradh Ionchais	8,600	13,600	13,100	12,100	16,400
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	15,094	68,211	(34,533)	25,232	4,267
Ranníocaíochtaí an Fhostóra	23,936	22,989	20,641	17,945	16,218
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	13,062	13,843	6,632	5,631	4,979
Pinsin Íoctha	(15,442)	(14,691)	(14,519)	(12,314)	(11,908)
Aistrithe Faighte	353	706	275	272	25
Luach Cóir Deiridh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*	829,418	783,815	679,157	687,561	638,695

*Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá á sealbhú leis an mBanc Ceannais. B'ionann agus €0.7m an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €2.1m) agus €8.9m (2019: €7.8m) faoi seach.

(vi) Toimhdí Airgeadais

	2020 %	2019 %	2018 %	2017 %	2016 %
Ráta Lascaine	0.60	1.10	2.00	1.90	1.90
An Ráta Méadaithe maidir le Tuarastail Inphinsin	3.30	3.30	3.30	3.30	3.30
Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin	3.30	3.30	3.30	3.30	3.30
Ráta an Bhoilscithe ar Phraghsanna	1.90	1.90	1.90	1.90	1.90

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaine, laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.9%/3.0% (2019: 2.7%/2.9%) ar dhliteanas na scéime.

Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

Is éard atá i ILT15(fireann) & ILT15 (baineann), táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Ríomhtar na hionchais saoil trí úsáid a bhaint as na rátaí báis sna táblaí seo.

	2020	2019
Básmhaireacht Réamhscoir	73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann)	73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann)
Básmhaireacht larscoir	58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann)	58% PNFL00(i) (fireann) 62% PNFL15 (baineann)
Liúntas d'fheabhsuithe amach anseo ar bhásmhaireacht Scoir	Dearfach Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Dearfach Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)
Scor ar fhorais drochshláinte	Curtha san áireamh	Curtha san áireamh
Luathscor	As an áireamh	As an áireamh
Tarraingthe Siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán atá pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir chéilí	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile
Ionchas Saoil Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Fireannach: 86.8 Baineannach: 89.2	Fireannach: 86.7 Baineannach: 89.1

(vii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Aicme	Dáileadh	
	Dáileadh	Dáileadh Fadtéarmach
	%	%
Bannaí	39.2	40.0
Airgead Tirim	1.5	-
Cothromas	42.5	40.0
Cistí ilsócmhainne (MAF)	8.9	10.0
Maoin	7.9	10.0
Iomlán	100.0	100.0

In 2014, d'fhormheas Coimisiún an Bhainc Ceannais an cinneadh chun an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 50:50 bannaí/cothromas go dtí 40:40:10:10 bannaí/cothromas/MAF/maoin. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhain leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh

chun críche í sa chéad leath de 2016. In 2018, d'athfhormheas an Coimisiún dáileadh fadtéarmach na sócmhainní agus d'fhormheas sé athdháileadh meántéarmach 5% ó chothromais go maoin. Déanfar an t-athdháileadh seo a chur chun feidhme faoi réir infhaighteachta laistigh den chiste roghnaithe maoin. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoin arna sealbhú ag an mBanc Ceannais.

Nóta 33: Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2020:

	Iarmhéid Tosaigh			Scaoilte chuig B&C	Iarmhéid Deiridh
	2020 €000	Cruthaithe €000	Úsáidte €000	€000	2020 €000
Soláthar i leith rioscaí airgeadais (i)	900,000	400,000	-	-	1,300,000
Nótaí punt neamhfhuascailte (ii)	4,715	-	-	(295)	4,420
Soláthar i leith na Scaire d'Urrúis Lagaithe an Eurochórais (iv)	1,474	-	(1,049)	(425)	-
Soláthar um Athstruchtúrú (iv)	1,651	98	(98)	(1,651)	-
Iomlán	907,840	400,098	(1,147)	(2,371)	1,304,420

- (i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí airgeadais (Nóta 37). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sa mheasúnú sin, aithníodh neamhréir ráta úis ar an gclár comhardaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta ar chás ina méadóidh rátaí úis ar dhliteanais níos tapúla ná sócmhainní thar an meántearma, agus comhfhreagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Bhí an anailís bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh na bliana agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí caillteanas féideartha maidir leis an riosca seo a chainníochtú. I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántearma, baineadh úsáid as breithniúnas agus meastachán chun an riosca a mheas agus chun soláthar iomchuí a chinneadh.

Áirítear soláthar €1,300.0m sa ráiteas cuntas don bhliain 2020. Is ionann é sin agus méadú €400.0m i gcomparáid leis an soláthar a rinneadh don riosca céanna in 2019 (2019: €900.0m). Tá an méadú á inchurtha go príomha do thabhairt isteach an PEPP agus do na ceannacháin leanúnacha faoin APP, agus tá de thoradh air leibhéal méadaithe riosca ráta úis don Bhanc Ceannais.

(ii) Stad nótaí punt Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais roimhe seo de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí punt (IEP). Fuasclaíodh €0.3m as an soláthar sin in 2020, rud a fhágann gurb é €4.4m an t-iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €4.7m) (Nóta 36 (iii)).

(iii) Cuimsíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de ghlantoradh an tsoláthair in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, ar soláthar é a bunaíodh i ndáil le hurrúis arna sealbhú ag BCN de chuid an Eurochórais ina phunann CSPP. Maidir leis an soláthar a bunaíodh in 2018 mar thoradh ar an tástáil bhliantúil um lagú ar phunann CSPP, úsáideadh méid €63.6m chun go gcumhdófaí an caillteanas a réadaíodh tar éis don Chomhairle Rialaithe an dá phunann lagaithe a bhí fágtha a dhíol. Is ionann agus €1.0m scair an Bhainc Ceannais d'úsáid an tsoláthair chun an caillteanas ar mhéideanna díola a chumhdach.

Bhí iarmhéid €25.8m nár úsáideadh de thoradh mhéid iarmharach an tsoláthair a bhí ann tar éis an caillteanas réadaithe a chumhdach, agus léirítear é i gcuntas brabúis agus caillteanais BCNanna na mBallstát i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE in 2018. B'ionann agus €0.4m scair an Bhainc Ceannais sa soláthar arna scaoileadh chuig P&L agus €0.4m.

(iv) Le linn na bliana, cruthaíodh agus úsáideadh ina iomláine soláthar €0.05m (2019: €2.48m) i ndáil le hiomarcaíocht éigeantach mar gheall ar an gcinneadh chun deireadh a chur le táirgeadh nótaí euro. Comhaontaíodh téarmaí na scéime idir an Banc Ceannais agus na ceardchumainn ionadaíocha agus ní dheachaigh siad thar na téarmaí atá ar fáil san earnáil phoiblí.

In 2020, freaschuireadh soláthar €1.65m arna bhunú in 2019 i leith innealra priontála nach n-úsáidtear a thuilleadh ó tharla go raibh luach agus margadh don innealra sin aitheanta. Gheofar réidh leis an innealra le linn 2021 agus déanfar aon bhrabús nó aon chaillteanas arna ghiniúint a scaoileadh chuig P&L.

Le linn na bliana, cruthaíodh agus úsáideadh soláthar um athstruchtúrú i ndáil le scor ról faoi chomhaontú Synergy. Rinneadh íocaíocht théarfa €0.05m (bhí an íocaíocht seo i gcomhréir le téarmaí scéim bhunaithe shaorálach téarfa na seirbhíse poiblí).

Nóta 34: Cuntais Athluachála

	2020 €000	2019 €000	Glanghluaiseacht ar Ghnóthachain Neamhréadaithe €000
Urrúis (i)	5,476,979	5,738,275	(261,296)
Ór (ii)	250,815	214,080	36,735
Ciste Cothromais (iii)	86,580	67,032	19,548
Airgeadra Eachtrach (iv)	18,035	49,754	(31,719)
Maoin Infheistíochta (Nóta 21(vii))	5,852	9,622	(3,770)
Athluacháil MGT	-	21	(21)
Amhail ar an 31 Nollaig	5,838,261	6,078,784	(240,523)

- (i) Baineann an athluacháil urrús go príomha le gluaiseachtaí ar ghnóthachain caipitil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana 2020 ar na hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an laghdú inchurtha do dhíolacháin NRCanna in 2020 arbh ionann a luach ainmniúil agus €1.0bn, arna fhritháireamh go páirteach le méadú ar phraghsanna NRC. (Nóta 1 (j)(i), Nóta 17(ii)(a)).
- (ii) Tá an méadú ar an iarmhéid óir ag deireadh 2020 inchurtha, don chuid is mó, don athrú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2019 go dtí deireadh na bliana 2020 (Nóta 1 j(iv), Nóta 11).
- (iii) Tá an méadú ar luach an chiste cothromais inchurtha do phraghsanna níos airde cothromais ag deireadh na bliana 2020 i gcomparáid le deireadh na bliana 2019 (Nóta 1(j)(ii), Nóta 1(k), Nóta 21(ii), Nóta 37).
- (iv) Tá an laghdú ar luach airgeadra eachtraigh ag deireadh na bliana 2020 inchurtha go príomha do rátaí malairte eachtraí níos airde ar airgeadraí USD, CNY agus SGD i gcomparáid le deireadh na bliana 2019 (Nóta 1(j)(i), Nóta 4(ii)(i), Nóta 12(i)(a), Nóta 13 (ii), Nóta 37).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear vis-à-vis an euro do luachálacha dheireadh na bliana 2020:

Airgeadra	2020 Ráta	2019 Ráta
Dollar na hAstráile	1.5896	1.5995
Dollar Cheanada	1.5633	1.4598
Yuan Renminbi na Síne	8.0225	7.8205
Krone na Danmhairge	7.4409	7.4715
Yen na Seapáine	126.4900	121.9400
CST	0.8485	0.8104
Dollar Shingeapór	1.6218	1.5111
Steirling	0.8990	0.8508
Krona na Sualainne	10.0343	10.4468
Franc na hEilvéise	1.0802	1.0854
Dollar SA	1.2271	1.1234
Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh: Euro in aghaidh an unsa fhíneáilte	1,543.884	1,354.1040

Nóta 35: Caipiteal agus Cúlchistí

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	30	4,399,247	351,648	4,750,925
Brabús coinnithe don bhliain	-	509,079	-	509,079
Caillteanas Achtúireach ar an Scéim Pinsin	-	(223,710)	-	(223,710)
Athluacháil MGT	-	5	-	5
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	30	4,684,621	351,648	5,036,299

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	30	4,684,621	351,648	5,036,299
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	-	163,906	-	163,906
Caillteanas Achtúireach ar an Scéim Pinsin	-	(216,134)	-	(216,134)
Athluacháil MGT	-	21	-	21
Amhail ar an 31 Nollaig 2020	30	4,632,414	351,648	4,984,092

- (i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc Ceannais mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus a bhfuil gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Beidh an t-iarmhéid

iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire Airgeadais é.

- (ii) Faoi na Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €163.9m ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála chuig an gCúlchiste Ginearálta agus go n-aistreofaí €216.1m ón gCúlchiste Ginearálta chuig an gCuntas Dliteanais Pinsin, rud ba chúis le laghdú €52.2m ar an gcúlchiste ginearálta ag deireadh na bliana (Nóta 32(ii)).

Nóta 36: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

Dliteanais Theagmhasacha

(i) *An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta*

Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus tá 2,564 díobh sin láníoctha. Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach i leith an iarmhéid (Nóta 6(ii), Nóta 21(viii)).

(ii) *Sócmhainní Caipitil agus Cúl sócmhainní Eachtracha atá Geallta don BCE*

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc Ceannais amach anseo, mar aon leis na BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúl sócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig an BCE (Nóta 18, Nóta 19).

(iii) *Nótaí Puint Éireannacha*

Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach i leith nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2020, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €224.1m fós amuigh (2019: €224.4m) a bhfuil soláthar €4.4m ag an mBanc ina leith (2019: €4.7m) (Nóta 33 (ii)).

(iv) *Dlíthíocht*

Tá ceithre chás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais (2019: trí chás) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc Ceannais a bheith mar thoradh orthu sna cásanna ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc Ceannais. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc Ceannais. Tá sé róluath an toradh a chinneadh ná ní féidir eis-sreabhadh féideartha acmhainní eacnamaíocha a mheas go cruinn agus, dá bhrí sin, ní aithnítear aon soláthairtí dlíthiúla sna Ráitis Cuntas i leith na gcásanna sin (2019: Ceann ar bith).

Ceangaltais

(i) Léasanna Oibriúcháin

Ní dheachaigh an Banc Ceannais faoi aon léas oibriúcháin nua in 2020.

Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo	2020 €000	2019 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	107	447
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	374	377
Tar éis cúig bliana	701	791
Iomlán	1,182	1,615
Íocaíochtaí Bliantúla Léasa	446	450

Nóta 37: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a ról reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc Ceannais, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail an APP agus an PEPP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, folaíonn na rioscaí seo go minic rioscaí creidmheasa, rioscaí ráta úis, rioscaí leachtachta agus rioscaí malairte eachtraí.

Féachann an Banc Ceannais leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Bíonn gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca airgeadais á maoirsiú ag Coiste Riosca an Choimisiúin, arna thacú leis an gCoiste Feidhmiúcháin um Rioscaí (RMC), agus ag an Meitheal um Riosca Airgeadais (FRWG), rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta. Tá an RMC faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais).

Bíonn ceithre phríomhrannán sa Bhanc Ceannais i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc Ceannais a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann an BCE (lena n-áirítear sócmhainní a cheannach faoin APP), déanann sé faireachán ar staid leachtachta na mbanc intíre agus cuireann Cúnamh Éigeandála Leachtachta ar fáil i gcás inar gá, cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun cúlchistí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus

scair leithdháilte an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta an BCE a bhainistiú. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, *inter alia*, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET2), forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le punann infheistíochta féin an Bhainc Ceannais agus scair an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta an BCE a bhainistiú. Cinntíonn an Rannán um Rialú Airgeadais (FCD) go bhfuil cuntasaíocht staid airgeadais agus tuairisciú airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn.

Is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD), mar an dara líne cosanta, atá freagrach as, *inter alia*, na beartais bainistíochta riosca a shainiú mar aon le measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar leis na rannáin eile. Sainíonn an Banc Ceannais na creataí do theorainneacha infheistíochta, déanann sé dícheall cuí ar chomhthaobhacht, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíochta agus beartais infheistíochta araon, agus déanann measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. I gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, tá saor-rochtain rúnda ag Ceannasaí an Rannáin um Riosca Eagraíochtúil ar Chathaoirleach an Choiste, agus tá an t-údarás ag an gCoiste a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus rochtain leordhóthanach ag an rannán ar fhaisnéis chun a fheidhm a chomhlíonadh go héifeachtach agus le neamhspleáchas leordhóthanach.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc Ceannais.

Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eistheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc Ceannais a chomhlíonadh. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail APP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc Ceannais a rialú trí chóras de theorainneacha atá faofa ag an gCoimisiún agus atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint chreidmheasa ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a mhaolú trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a

chothabháil. Déantar rioscaí creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht agus creidmheas ionlae a sholáthar) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAE) go gcomhlíontar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeán chreidmheasa i leith na sócmhainní incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, earlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte caillteanas an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanas arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil na BCNanna. I gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Chreidmheasa (comhthiomsú iasachtaí morgáiste áite cónaithe Éireannacha, i gcás an Bhainc Ceannais), is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht ábhartha a iompróidh an riosca. Sa chás sin, déantar rioscaí a mhaolú tuilleadh trí mheasúnú tiomnaithe díchill chuí a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar na hiasachtaí foluiteacha. Don bhliain 2020, áfach, rinneadh cleachtadh measúnaithe malartach in ionad an díchill chuí bhliantúil, i bhfianaise na srianta a bhí ann de bharr shocruithe oibre COVID-19. Bhí an t-athbhreithniú seo teoranta do mheasúnú oibríochtúil ar iasachtaí morgáiste faoi réir moratóir COVID-19 agus seiceálacha éagsúla oibríochtúla eile.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc Ceannais a iompróidh, ar bhonn scair scála caipitil, caillteanas ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras sa CMU, sa CSPP agus sa CBPP3, i dteannta le cion áirithe den PSPP agus den PEPP. Ar leithligh, tá sealúchais an Bhainc Ceannais in urrúis rialtas na hÉireann faoin PSPP agus PEPP ar seilbh ar bhonn riosca dílse.

Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca caillteanas ó athruithe díobhálacha i rátaí úis. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc Ceannais á mbainistiú i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déantar comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú don FRWG, don RMC agus do Choiste Riosca an Choimisiúin.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis, baineann sí le híogaireacht luach shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais i leith athruithe ar rátaí úis. Déanann an Banc Ceannais an neamhchosaint seo ar riosca ráta úis ar chuid den phunann infheistíochta a mhaolú trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht. Déantar sainroghanna bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de na sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc Ceannais a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LFR) agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh i leith phunanna an Bhainc.

Chomh maith leis sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a phunann de bhannaí caighdeánacha inmhargaidh Rialtas na hÉireann (nótaí ráta chomhlúthaigh nó NRCanna) a fuarthas i ndiaidh leachtú GNBS (Nóta 17(ii)(a)). De bhreis air sin, níl na punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis - folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta APP agus PEPP de chuid an Eurochórais.

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipitil agus do thuillimh an Bhainc Ceannais de thoradh gluaiseachtaí rátaí úis a dhéanann difear do shuíomhanna a chláir chomhardaithe. Ar an gcaoi seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar neamhréir ionchasach rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoin APP agus PEPP, fad atá a dhliteanais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc Ceannais measúnú rialta ar shuíomhanna a chláir chomhardaithe i gcomhthéacs gluaiseachtaí féideartha ar rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach faoi Riosca agus Easnamh Ionchais, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus de neamhréir ionchasach rátaí úis a shainaithint, measann an Banc Ceannais gur críonna an mhaise dó a sholáthar i leith rioscaí airgeadais a mhéadú faoi €400m go dtí €1,300m do 2020 (Nóta 33).

Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs na ballraíochta sa limistéar euro

agus an chur chuige dá réir sin maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, tá formhór shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro. Déantar leithdháileadh straitéiseach chuig sealúchais sócmhainní ioncaim sheasta arna n-ainmniú in airgead eachtrach, ar bhonn fálaithe agus neamhfháilithe araon, i gcomhthéacs punann infheistíochta agus bainistíocht chlár chomhardaithe an Bhainc Ceannais. Bunaíodh leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh na bliana 2020, bhí punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le méid beag óir ainmnithe i ndollair SA, bhí neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe, agus neamhchosaint ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfháilithe. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta freisin ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne in CSTanna an CAI. Bhí an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn páirt-fháilithe in 2020 (Nóta 12, Nóta 13, agus Nóta 28).

Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta i dtaca le hinfeistíocht nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun caillteanas a sheachaint nó a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais a leithdháileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a íoslaghdóidh neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar gá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa íosta chun go maolófar an dóchúlacht go dtarlóidh diúscairtí neamhsceidealaithe mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfar eisiúint a íosghrádú faoi bhun thairseach fhormheasta an Bhainc Ceannais do ghrád infheistíochta.

Riosca Margaidh Eile

Ó 2018 i leith, tá punann cothromais á sealbhú ag an mBanc a rianaíonn Innéacs Domhanda MSCI. Tá an infheistíocht seo faoi réir gluaiseachtaí ar phraghsanna cothromais (riosca praghaís). Bainistítear an riosca praghaís trí éagsúlú agus trí bhainistíocht éighníomhach a dhéanamh ar an bpunann faoin sainordú infheistíochta, agus déantar faireachán air ar bhonn rialta.

Nóta 38: Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

(i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

	31 Nollaig 2020				31 Nollaig 2019			
	DKK 000	EUR 000	JPY 000	SDR 000	DKK 000	EUR 000	JPY 000	SDR 000
Ceannacháin Neamhaibithe Díolacháin	7,760	1,684,204	66,959	-	10,247	1,959,052	50,873	-
Neamhaibithe	(1,876,260)	(1,599)	(115,266,959)	(409,427)	(2,040,347)	(1,787)	(121,750,873)	(545,827)
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	(1,868,500)	1,682,605	(115,200,000)	(409,427)	(2,030,100)	1,957,265	(121,700,000)	(545,827)

Baineann na méideanna atá fós amuigh le conarthaí in airgeadra eachtrach a úsáidtear chun neamhchosaintí malairte eachtraí a fhálú.

Tá na conarthaí uile in airgeadra eachtrach ceaptha teacht in aibíocht faoin 21 Meán Fómhair 2021.

(ii) Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí

	2020 €000	2019 €000
Ceannacháin Neamhaibithe	1,205,893	1,204,455
Díolacháin Neamhaibithe	(132,897)	-
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	1,072,996	1,204,455

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fhálú agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta. Folaítear infheistíochtaí EUR agus USD araon san iarmhéid.

Tá na todhchaíochtaí uile in airgeadra eachtrach ceaptha teacht in aibíocht faoin 31 Márta 2021.

Nóta 39: Páirtithe Gaolmhara

- (i) Cuireann an Banc Ceannais cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana anuas go dtí an 31 Nollaig 2020:

- seirbhísí baincéireachta a sholáthar lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a shealbhú (Nóta 26(i))
- Monaí a sholáthar agus a eisiúint (Nóta 26(ii))
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

(ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc Ceannais leis na BCNanna eile agus leis an BCE. Is iad seo a leanas na príomh-iarmhéideanna a bhaineann leis na BCNanna agus leis an BCE:

- Ioncam úis agus úschostas ar mhíreanna a bhaineann le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta (Nóta 2, Nóta 3, Nóta 4, Nóta 5, Nóta 7, Nóta 15, Nóta 17, Nóta 24)
- Scair de bhrabúis an BCE (Nóta 6(ii))
- Leas rannpháirteachais i gcaipiteal an BCE (Nóta 18)
- Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha chuig an BCE (Nóta 19)
- Iarmhéid TARGET2 (Nóta 20)
- Nótaí bainc i gcúrsaíocht (Nóta 23, Nóta 29)
- Soláthairtí (Nóta 33).

(iii) Tá an Banc Ceannais ar cheann de thrí scairshealbhóir sa “Chuideachta um Chúiteamh d’Infheisteoirí DAC” (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc Ceannais an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta seo. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d’infheisteoirí d’fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2020, rinne an Banc costais €0.8m a ghnóthú (2019: €0.8m). Amhail ar an 31 Nollaig 2020, bhí iarmhéid €171,140 dlite ón ICCL (2019: €59,092) (Nóta 21(iv)). Ullmhaíonn an Chuideachta a Tuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin.

(iv) Tá an Banc Ceannais freagrach as riaradh an Chiste Cúitimh Árachais de bhun an Achta Árachais 2018 a achtaíodh an 24 Iúil 2018. Bhí iarmhéid €40.9m (2019: €92.3m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2020 (Nóta 31(iii)).

(v) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d’Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Bhí iarmhéid €0.01m (2019: €60.01m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2020 (Nóta 8, Nóta 31(iv)).

(vi) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc Ceannais scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc Ceannais a oibríonn bainistíocht agus riaradh na scéime ar mhaithe le leas a chuid fostaithe. I Nóta 32, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc Ceannais leis na cistí pinsin.

- (vii) Tá leas neamh-urlámhais ag an mBanc Ceannais in Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh. Le linn 2018, ghearr an Banc Ceannais muirear arbh ionann san iomlán é agus €100 i leith leas léasachta de chomhlimistéir i limistéar forbartha níos leithne Dublin Landings. Tá an méid seo fós amuigh ag deireadh na bliana 2020.
- (viii) Tá leas neamh-urlámhais ag an mBanc Ceannais in Dublin Landings (Car Park Management) Designated Activity Company mar thoradh ar an mBanc Ceannais d'fháil fhoirgnimh Dublin Landings le linn 2019.

Nóta 40: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse

Tuairiscithe

(i) Dáileadh Deiridh Bhrabúis an BCE

Chinn an Chomhairle Rialaithe an 18 Eanáir 2021 go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha aige don bhliain 2020 agus arbh ionann é agus €383.1m a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníochta. B'ionann scair an Bhainc Ceannais den dáileadh deiridh seo agus €6.5m, arna íoc an 9 Feabhra 2021, agus tabharfar cuntas ina leith sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2021.

(ii) Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gcás Éigeandála

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, thug an AE iasachtaí do na Ballstáit faoina ionstraim nua maidir le Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE). Bíonn an BCE agus BCNanna na mBallstát is iasachtaithe ag tacú leis an gCoimisiún Eorpach chun na hiasachtaí sin a riaradh. Rinne Éire iarratas ar iasacht €2.5m faoi chlár SURE agus d'fhormheas an Coimisiún Eorpach an t-iarratas sin i mí na Samhna 2020. Íocadh iasacht €2.47bn le hÉirinn an 30 Márta 2021 agus léireofar an iasacht sin i Ráiteas Cuntas 2021 i gcomhréir le Treoir an BCE.

Nóta 41: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

				2020	2019
				€000	€000
Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais a Mhaoiniú	Ioncam Tobhaigh	Tobhaigh na bliana reatha		185,595	171,442
		Easnamh na bliana roimhe sin		(1,572)	(16,482)
		Forchúiteamh an Ioncaim Tobhaigh larchurtha (i)		(5,964)	-
		Ioncam Tobhaigh (i)		178,059	154,960
		Athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú (iii)		(5,788)	-
		Ioncam Tobhaigh Iomlán	A	172,271	154,960
	Soláthairtí	Soláthairtí Tosaigh do Thobhaigh Neamhíochta Tobhaigh Dhíscríofa		1,193	1,826
		Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta (iv)		(25)	(1,017)
		Muirear don Bhliain	B	(2,209)	(384)
	Glanmhaoiniú Tionscail don Rialáil Airgeadais (Nóta 8(ii))		C (A+B)	170,062	154,576
	Ioncam Eile	Táillí Margaídh Urrús		2,161	2,630
		Tobhach Breise Maoirseachta Ilghnéitheach		2,155	2,824
		Ioncam Eile (Nóta 8)	D	24	21
Ioncam Iomlán		E (C+D)	4,340	5,475	
Fóirdheontas	Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargáí Urrús		2,161	2,630	
	Costais Rialála Airgeadais eile nár gnóthaíodh		2,155	2,824	
	Athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú (iii)		24	21	
	Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (v)	F	4,340	5,475	
Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais		G (E+F)	174,402	160,051	
Costais Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	Caiteachais Dhíreacha	Tuarastail/Liúntais		83,405	77,012
		ÁSPC		8,210	7,656
		Soláthar Pinsin		12,691	12,312
		Caiteachais Foirne	H	104,306	96,980
		Oiliúint & Comhdhálacha		161	367
		Taisteal Gnó		324	1,386
		Táillí Gairmiúla		3,555	6,323
		Neamhphá eile		1,447	1,472
		Cumarsáid & TF		785	773
	Saoráidí, Cíos, Dímhéas		2,173	2,525	
		Caiteachais Oibríochta Neamhphá	I	8,445	12,846
		Caiteachais Dhíreacha Iomlána	J (H+I)	112,751	109,826
	Seirbhísí Tacaíochta	Áitribh & Saoráidí		15,841	14,372
		Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise		42,081	39,207
		Acmhainní Daonna		7,286	7,355
		Seirbhísí eile		34,717	33,729
		Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (vi)	K	99,925	94,663
	Soláthairtí Ioncam Eile	Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain	L	27	27
		Fáltais Ilghnéitheacha	M	(113)	(37)

	Athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú (iii)	N	110	-
Costais Iomlána Gnómháíochtaí Rialála Airgeadais		O (J+K+L+M+N)	212,700	204,479

(i) Forchúiteamh an Ioncaim Tobhaigh Iarchurtha

Rinne an Banc Ceannais costais pinsin ó 2015 go 2018 a thobhach trí úsáid a bhaint as modh leata chun iarracht a dhéanamh an tionchar ó luaineacht pinsin a laghdú thar thréimhse rollach deich mbliana, rud a fhágann ioncam tobhaigh iarchurtha arb ionann é agus €17.9m. In 2019, d'athraigh an Banc Ceannais an modh inar toibhíodh costais pinsin ó chostas seirbhíse leata reatha chuig bonn ranníocaíochta airgid. Meastar go ndéanfar an t-iarmhéid gan íoc d'ioncam tobhaigh iarchurtha arb ionann é agus €17.9m a ghnóthú ón tionscal thar na timthriallacha tobhaigh 2020 go 2022 agus, ar an gcaoi sin, déanfar difear do thobhaigh sna blianta féilire 2021 go 2023. Ar an mbonn seo, gnóthófar €6.0m ón Tionscal i dtimthriall tobhaigh 2020.

(ii) Ioncam Tobhaigh

Seasann Ioncam Tobhaigh do mheastachán ar thobhaigh a bhilleálfar ar bhonn chostais iarbhair na bliana reatha agus rátaí gnóthaithe formheasta. Déantar é seo a choigeartú go ghnóthú ioncaim tobhaigh iarchurtha agus d'aon bharrachas/easnamh atá tugtha ar aghaidh. Sa tábla thíos, tá miondealú ar ioncam tobhaigh iarbhair 2019.

	Meastachán ar Ioncam Tobhaigh 2020	Ioncam Tobhaigh Iarbhair 2019	Easnamh/ (Barrachas) 2018	Méid a toibhíodh i leith thobhaigh 2019	Easnamh/ (Barrachas) 2019
		A (C+D-B) €000	B €000	C €000	D €000
Institiúidí Creidmheasa		66,703	6,492	73,187	8
Gnóthais Árachais		41,013	1,488	42,131	370
Idirghabhálaithe & Gnólachtaí					
Bainistithe Fiachais		5,986	707	6,690	3
Gnólachtaí Urrús agus					
Infheistíochta		22,361	4,909	26,334	936
Cistí Infheistíochta		7,770	590	8,232	128
Comhair Chreidmheasa		2,770	-	2,775	(5)
Iasachtóirí Airgid		851	(79)	772	-
Comhlachtaí Formheasta Gairme		19	(12)	16	(9)
Bureaux de Change		12	-	12	-
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Creidmheasa Miondíola & Seirbhísithe					
Creidmheasa		799	1,563	2,233	129
Seirbhísí Iocaíochta & Institiúidí					
Ríomh-Airgid		888	824	1,700	12

Maoiniú Iomlán	178,059	149,172	16,482	164,082	1,572
-----------------------	----------------	----------------	---------------	----------------	--------------

(iii) Athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú (iii)

Seasann athraitheas na bliana roimhe sin ar fhabhrú don difríocht idir ioncam tobhaigh 2019 a fabhraíodh i gCuntais Bhliantúla 2019 agus an ceanglas maoiniúcháin deiridh chun costais 2019 a chumhdach. Bhain formhór na difríochta idir an ceanglas maoiniúcháin measta agus an ceanglas maoiniúcháin deiridh le fóirdheontas breise i dtaca le Brexit arna mhaoiniú ag an mBanc Ceannais.

	Deiridh 2019 €000	Fabhraithe 2019 €000	Athraitheas €000
Ioncam Tobhaigh Iomlán	149,172	154,960	(5,788)
Muirear Soláthair	(377)	(384)	7
Ioncam Eile	5,475	5,475	-
Fóirdheontas ón mBanc Ceannais	50,319	44,428	5,891
Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	204,589	204,479	110
Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	204,589	204,479	110

(iv) Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta

Coinníonn an Banc Ceannais soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlite laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus tuairiscítear mar thobhaigh gan íoc iad ó lá 29 ar aghaidh. Is é cuspóir an bheartais soláthar iomlán a dhéanamh i leith tobhach a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach gan íoc a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

(v) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais

Le comhaontú an Aire Airgeadais, tá an cion ábhartha de chostais iomlána gníomhaíochtaí rialála airgeadais á íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc Ceannais iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú).

Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc Ceannais, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe maoirseachta ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid

Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Déantar costas iomlán na ngníomhaíochtaí sin don Bhanc Ceannais a laghdú le táillí Margaidh Urrús a áirítear faoi Ioncam Eile. Déantar na costais mheasta atá fágtha i dtaca le maoirseacht ar mhargaí urrús, agus arb ionann iad agus €9.1m (2019: €9.4m) a áireamh in Fóirdheontas.

(vi) Seirbhísí Tacaíochta

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasaíocht, iniúcháireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc Ceannais. Is ionann costas measta na seirbhísí sin sa bhliain reatha agus €100.0m (2019: €95.0m).

Ríomhadh na costais seo trí chur i bhfeidhm na modheolaíochta um leithdháileadh costas. Tá leithdháileadh bunaithe ar chleachtas dea-aitheanta tionscail lena n-áirítear líon na bhfostaithe agus méadracht shonrach, de réir mar is cuí.

Nóta 42: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú chun go mbeadh sí comhsheasmhach le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

Nóta 43: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 13 Aibreán 2021.

INDEPENDENT AUDITOR'S REPORT
TO THE COMMISSION OF
THE CENTRAL BANK OF IRELAND

Report on the audit of the Statement of Accounts

Opinion

We have audited the Statement of Accounts of the Central Bank of Ireland ('the Bank') for the year ended 31 December 2020, which comprise the Profit and Loss and Appropriation Account, the Balance Sheet and the related notes 1 to 43. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is the Guideline of the European Central Bank on the legal framework for the accounting and financial reporting in the European System of Central Banks ('the Guideline') and, where the Guideline is silent, FRS 102 The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland.

In our opinion the Statement of Accounts:

- gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Bank as at 31 December 2020, and of the Surplus Income Payable to the Exchequer for the year then ended; and
- has been properly prepared in accordance with the Guideline and where the Guideline is silent, FRS 102.

Basis for opinion

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (Ireland) (ISAs (Ireland)) and applicable law. Our responsibilities under those standards are described in the Auditor's Responsibilities for the audit of the Statement of Accounts section of our report.

We are independent of the Bank in accordance with ethical requirements that are relevant to our audit of financial statements in Ireland, including the Ethical Standard for Auditors (Ireland) issued by the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority (IAASA), and we have fulfilled our other ethical responsibilities in accordance with these requirements.

We believe that the audit evidence we have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for our opinion.

Emphasis of matter – basis of accounting

We draw your attention to note 1 of the Statement of Accounts which describes the accounting principles and valuation methods applicable to the Bank, some of which are specific to the European System of Central Banks. The Statement of Accounts are prepared for the purpose as described therein. As a result, the Statement of Accounts of the Bank may not be suitable for another purpose.

Our opinion is not modified in respect of this matter.

INDEPENDENT AUDITOR'S REPORT
TO THE COMMISSION OF
THE CENTRAL BANK OF IRELAND

Conclusions relating to going concern

In auditing the Statement of Accounts, we have concluded that the Commission Members' use of the going concern basis of accounting in the preparation of the Statement of Accounts is appropriate.

Based on the work we have performed, we have not identified any material uncertainties relating to events or conditions that, individually or collectively, may cast significant doubt on the Bank's ability to continue as a going concern for a period of at least twelve months from the date when the Statement of Accounts are authorised for issue.

Our responsibilities and the responsibilities of the Commission Members with respect to going concern are described in the relevant sections of this report.

Other information

The Commission Members are responsible for the other information. The other information comprises the information included in the Statement of Accounts, other than the Profit and Loss Appropriation Account, the Balance Sheet, the related notes to the Accounts and our auditors' report thereon. Our opinion on the Statement of Accounts does not cover the other information and, except to the extent otherwise explicitly stated in our report, we do not express any form of assurance conclusion thereon.

Our responsibility is to read the other information in the Statement of Accounts and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the Profit and Loss Appropriation Account, the Balance Sheet, the related notes to the Accounts or our knowledge obtained in the course of the audit, or otherwise appears to be materially misstated. If we identify such material inconsistencies or apparent material misstatements, we are required to determine whether there is a material misstatement in the Profit and Loss Appropriation Account, the Balance Sheet and the related notes or a material misstatement of the other information. If, based on the work we have performed, we conclude that there is a material misstatement of this other information, we are required to report that fact.

We have nothing to report in this regard.

Respective responsibilities

Responsibilities of the Commission Members for the Statement of Accounts

As explained more fully in the Governance Statement and Commission Members' Report, the Commission is responsible for the preparation of the Statement of Accounts in accordance with the applicable financial reporting framework that give a true and fair view, and for such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of Statement of Accounts that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

INDEPENDENT AUDITOR'S REPORT
TO THE COMMISSION OF
THE CENTRAL BANK OF IRELAND

Auditor's responsibilities for the audit of the Statement of Accounts

Our objectives are to obtain reasonable assurance about whether the Statement of Accounts as a whole is free from material misstatement, whether due to fraud or error, and to issue an auditor's report that includes our opinion. Reasonable assurance is a high level of assurance but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with ISAs (Ireland) will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of this Statement of Accounts.

A further description of our responsibilities for the audit of the Statement of Accounts is located on the IAASA's website at: [http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description of auditors responsibilities for audit.pdf](http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf) . This description forms part of our auditors' report.

The purpose of our audit work and to whom we owe our responsibilities

Our report is made solely to the Commission of the Bank as a body, in accordance with Article 27 of the Statute of the European Central Bank. Our audit work has been undertaken so that we might state to the Commission Members those matters we are required to state to them in an auditors' report and for no other purpose. To the fullest extent permitted by law, we do not accept or assume responsibility to anyone other than the Commission for our audit work, for this report, or for the opinions we have formed.



Patrick Gorry

Date: 13 April 2021

for and on behalf of Mazars
Chartered Accountants & Statutory Audit Firm
Harcourt Centre, Block 3
Harcourt Road
Dublin 2



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Central Bank of Ireland

Opinion on the statement of accounts

I have audited the statement of accounts of the Central Bank of Ireland for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of the Central Bank Act 1942 (as amended). The statement of accounts comprises

- the profit and loss and appropriation account
- the balance sheet
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the statement of accounts gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Central Bank of Ireland at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with the financial reporting framework set out in note 1(b) of the notes to the accounts.

Basis of opinion

I conducted my audit of the statement of accounts in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Central Bank of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the statement of accounts, and on other matters

The Central Bank of Ireland has presented certain other information together with the statement of accounts. This comprises the annual report, the governance statement and Commission members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Procurement of data services

The Central Bank has engaged an external service provider to carry out data centre hosting and managed services, which are critical for the Central Bank's operations. A five-year contract with the service provider was entered into in November 2013, following an open and competitive procurement process. Subsequently, the Central Bank availed of an option to extend the contract for an additional two years (to November 2020) under similar terms.

In 2017, the Central Bank commenced a strategic review of the arrangements for data centre hosting and managed services. In November 2018, the Commission approved a proposal for revised arrangements, where the primary data centre would be owned and operated by the Central Bank, with a back-up service from the Office of the Government Chief Information Officer. To allow the required time for the strategic plan to be implemented, the Central Bank negotiated a new short-term contract with the existing service provider. In July 2020, the Commission approved proposed new contract terms. The contract will be in place until November 2022, with an option to extend for two further periods of 12 months each.

Report of the C&AG (continued)

The projected cost of the new contract over the period November 2020 to November 2022 was just under €30 million. The cost to the Central Bank of services provided under the terms of the new contract in November and December 2020 amounted to a total of €1.18 million.

As explained in the statement on internal control, the Commission takes the view that it was appropriate to award the new contract without a competitive procedure on grounds of extreme urgency conditions owing to the Covid-19 emergency. On that basis, it considers that the procurement was compliant with EU procurement rules.

EU procurement rules allow for departures from competitive procurement procedures on grounds of extreme urgency not attributable to the contracting authority and brought about by events unforeseeable to the contracting authority. However, based on the circumstances outlined above and on explanations received from the Central Bank, I am not persuaded that the procurement of services under the new contract is compliant with the relevant EU procurement rules.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

13 April 2021

Appendix to the report

Responsibilities of Commission members

The governance statement and Commission members' report sets out the Commission members' responsibilities for

- the preparation of the statement of accounts in the form prescribed under section 32J(3) of the Central Bank Reform Act 2010
- ensuring that the statement of accounts gives a true and fair view
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of a statement of accounts that is free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under the provisions of the Central Bank Act 1942 (as amended) to audit the statement of accounts of the Central Bank of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the statement of accounts as a whole is free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of the statement of accounts.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the statement of accounts whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Central Bank of Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the statement of accounts or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Central Bank of Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the statement of accounts, including the disclosures, and whether the statement of accounts represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the statement of accounts

My opinion on the statement of accounts does not cover the other information presented with that statement, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the statement of accounts, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the statement of accounts or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify any material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the statement of accounts to be readily and properly audited, or
- the statement of accounts is not in agreement with the accounting records.

